



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair
2024
(OR. en)

14764/11

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0249 (NLE)

WTO 329
AMLAT 84
SERVICES 96
COMER 193

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile

COMHAONTÚ TRÁDÁLA
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,
AGUS AN CHOLÓIM AGUS PEIRIÚ, DEN PHÁIRT EILE

TÁ RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

MÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear ‘Ballstáit an Aontais Eorpaigh’ anseo feasta,

agus

TÁ AN tAONTAS EORPACH,

de pháirt, agus

POBLACHT NA COLÓIME (dá ngairtear ‘an Cholóim’ anseo feasta)

agus

POBLACHT PHEIRIÚ (dá ngairtear ‘Peiriú’ anseo feasta)

dá ngairtear ‘na tíortha Aindéacha is sínitheoirí’

den pháirt eile,

I bhFIANAISE a thábhachtaí atá na naisc stairiúla agus chultúrtha agus naisc speisialta an chairdis agus an chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí, agus gur mian leo an comhtháthú eacnamaíoch idir na Páirtithe a chur chun cinn;

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU na naisc sin a neartú trí chur leis na sásraí atá ann cheana lena rialaítear an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe agus do Dhearbhu Uilechoiteann Chearta an Duine;

AG RANNCHUIDIÚ DÓIBH le forbairt chomhchuí agus leathnú na trádála domhanda agus réigiúnaí, agus cataleáoch don chomhar idirnáisiúnta á thairiscint acu;

ÓS MIAN LEO forbairt eacnamaíoch chuimsitheach a chur ar aghaidh d'fhonn an bhochtaineacht a laghdú agus deiseanna nua fostaíochta agus dálaí oibre feabhsaithe a chruthú mar aon le caighdeán mhaireachtála a ardú ina gcriócha faoi seach tríd an trádáil agus an infheistíocht idir a gcriócha a léirscaoileadh agus a leathnú;

Ó TÁ SIAD TIOMANTA don Chomhaontú seo a chur chun feidhme i gcomhréir le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear dul chun cinn eacnamaíoch, urramú ceart saothair agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn, i gcomhréir leis na gealltanais idirnáisiúnta arna nglacadh ag na Páirtithe;

AG TÓGÁIL ar a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi seach faoi Chomhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (dá ngairtear 'Comhaontú EDT' anseo feasta);

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU saobhadh ar a dtrádáil chómhálartach a dhíothú; agus cosc a chur le bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil a chruthú;

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU rialacha soiléire comhthairbheacha a bhunú lena rialófar a dtrádáil agus an trádáil agus infheistíocht eatarthu a chothú, agus idirphlé rialta a chur chun cinn eatarthu maidir leis na saincheisteanna sin;

ÓS MIAN LEO iomaíochas a gcuideachtaí a chur chun cinn ar mhargaí idirnáisiúnta trí chreat dlíthiúil intuartha dá gcaidreamh trádála agus infheistíochta a chur ar fáil dóibh;

I bhFIANAISE na difríochta san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit;

AG DEARBHÚ DÓIBH a gceart an úsáid is mó is féidir a bhaint as na solúbthachtaí dá bhforáiltear sa chreat iltaobhach chun leas an phobail a chosaint;

AG AITHINT DÓIBH gur comhaltaí de Chomhphobal na nAindéas iad Tíortha Aindéacha is sínitheoirí, agus go gceanglaítear le Cinneadh 598 ó Chomhphobal na nAindéas, nuair a bheidh a Bhallstáit i mbun comhaontuithe trádála le tríú tíortha a chaibidil, go gcaomhnófar córas dlí na nAindéas sa chaidreamh cómhálartach idir Balltíortha Chomhphobal na nAindéas;

Ag aithint dóibh a thábhachtaí atá próisis lánpháirtíochta réigiúnaí an Aontais Eorpaigh agus na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí faoi seach faoi chuimsiú Chomhphobal na nAindéas.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

TEIDEAL I

FORÁLACHA TOSAIGH

CAIBIDIL 1

EILIMINTÍ RIACHTANACHA

AIRTEAGAL 1

Prionsabail Ghinearálta

Tá urraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta bunúsacha an duine, mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus do phrionsabal an smachta reachta, mar bhonn taca le beartais inmheánacha agus idirnáisiúnta na bPáirtithe. Is gné bhunriachtanach den Chomhaontú seo é urraim do na prionsabail sin.

AIRTEAGAL 2

Dí -armáil agus neamhleathadh orm ollscriosta

1. Is é breith na gComhpháirtithe gurb é atá in iomadú na n-arm ollscriosta agus na bealaí lena seachadadh, ar ghníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta.
2. Dá bhrí sin, comhaontaíonn na Páirtithe, dá bhrí sin, oibriú i gcomhar agus cuidiú le cur i gcoinne iomadú arm ollscriosta agus na mbealaí lena seachadadh trí na hoibleagáidí atá orthu cheana a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme go náisiúnta faoi chomhaontuithe, conarthaí agus oibleagáidí idirnáisiúnta eile a bhaineann le hábhair dí-armála agus neamhleathaidh.
3. Agus iad ag obair i gcomhar le chéile chun rannchuidiú leis an gcuspóir maidir le dí-armáil agus neamhleathadh arm ollscriosta, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú le chéile chun uiliú agus cur chun feidhme na gconarthaí maidir leis na hábhair sin a bhaint amach.
4. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné bhunriachtanach den Chomhaontú seo iad míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo .

CAIBIDIL 2

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 3

Bunú Limistéir Saorthrádála

Bunaíonn na Páirtithe leis seo, i gcomhréir le hAirteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (dá ngairtear ‘CGTT 1994’ anseo feasta) agus le hAirteagal V den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (dá ngairtear ‘GATS’ anseo feasta), limistéar saorthrádála.

AIRTEAGAL 4

Cuspóirí

Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe seo:

- (a) trádáil in earraí a léirscaoileadh go céimnitheach agus de réir a chéile, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de CGTT 1994;

- (b) trádáil in earraí a éascú, go háirithe, trí na forálacha a chur i bhfeidhm a comhaontaíodh maidir le custam agus éascú trádála, caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta;
- (c) léirscaoileadh céimnitheach na trádála i seirbhísí, i gcomhréir le hAirteagal V de GATS;
- (d) timpeallacht a fhorbairt a bheadh fabhrach do mhéadú ar shreabha infheistíochta agus, go háirithe, d'fheabhas a chur ar na coinníollacha bunaíochta idir na Páirtithe, ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe;
- (e) trádáil agus infheistíocht i measc na bPáirtithe a éascú trí íocaíochtaí reatha agus gluaiseachtaí caipitil a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach a léirscaoileadh;
- (f) margaí soláthair rialtais na bPáirtithe a oscailt go héifeachtach agus go cómhalartach;
- (g) cosaint leordhóthanach éifeachtach ar chearta maoine intleachtúla, i gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta atá i bhfeidhm idir na Páirtithe, agus cothromaíocht idir cearta sealbhóirí cirt maoine intleachtúla agus leas an phobail á háirithiú ag an am céanna;
- (h) gníomhaíochtaí eacnamaíocha a sheoladh, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an gcaidreamh idir na Páirtithe, i gcomhréir le prionsabal na saoriomaíochta;

- (i) sásra um réiteach díospóidí atá gasta, éifeachtach agus intuatha a bhunú;
- (j) trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a rannchuidíonn le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, agus oibriú chun an cuspóir sin a chomhtháthú agus a léiriú i gcaidreamh trádála na bPáirtithe; agus
- (k) a áirithiú go rannchuideoidh an comhar le haghaidh cúnamh teicniúil agus neartú acmhainneachtaí trádála na bPáirtithe le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a chuireann sé ar fáil de réir an chreata dhlíthiúil agus institiúidigh atá ann cheana.

AIRTEAGAL 5

Ceangal le Comhaontú EDT

Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta agus na hoibleagáidí atá eatarthu faoi Chomhaontú EDT.

AIRTEAGAL 6

Sainmhíniú ar na Páirtithe

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, maidir leis na nithe seo a leanas:
 - ciallaíonn ‘Páirtí’ an tAontas Eorpach nó a Bhallstáit nó an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach mar a dhíorthaítear ón gConradh ar an Aontas Eorpach agus ón gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘Páirtí AE’ anseo feasta), nó gach ceann de na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí;
 - Ciallaíonn ‘Páirtithe’, ar thaobh amháin, Páirtí AE agus, ar an taobh eile, gach Tír Aindéach is Sínitheoir.
2. I gcás ina ndéantar foráil sa Chomhaontú seo maidir le gealltanais shonracha agus aonair i ndáil le Ballstát den Aontas Eorpach nó maidir le Tír Aindéach is sínitheoir, déanfar tagairt sa Chomhaontú seo don tír shonrach sin nó do na tíortha sonracha sin de réir mar is iomchuí.
3. I gcomhréir le hAirteagal 7, le haghaidh na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí, ciallóidh na téarmaí ‘páirtí eile’ nó ‘na Páirtithe eile’ Páirtí AE, nuair a úsáidtear na téarmaí sin sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 7

Caidreamh Trádála agus Eacnamaíoch arna Chumhdach ag an gComhaontú seo

1. Tá feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe seo maidir leis an gcaidreamh déthaobhach trádála agus eacnamaíoch idir, ar thaobh amháin, gach Tír Aindéach aonair is sínitheoir agus, ar an taobh eile, Páirtí AE; ?????ach ní bhaineann sé leis an gcaidreamh trádála agus eacnamaíoch idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí¹.
2. Ní dhéanfaidh na cearta ná na hoibleagáidí arna mbunú ag na Páirtithe sa Chomhaontú seo difear do na cearta ná na hoibleagáidí idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí mar Bhalltíortha de Chomhphobal na nAindéas.

AIRTEAGAL 8

Oibleagáidí a Chomhlíonadh

1. Tá gach Páirtí freagrach as forálacha uile an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh agus déanfaidh sé aon bheart is gá chun na hoibleagáidí faoin gComhaontú a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a chomhlíonadh ag rialtais agus údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla, chomh maith le comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí rialtais arna dtarmligean chucu ag na rialtais agus na húdaráis sin².

¹ Ní léirmhíneofar an fhoráil seo chun dochair do na hoibleagáidí arna mbunú idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí agus Páirtí AE in Airteagail 10 agus 105.

² Tuigeann na Páirtithe go n-áirítear le ‘rialtas agus údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla’ údaráis agus leibhéil rialtais uile na bPáirtithe.

2. Má mheasann Páirtí gur mhainnigh Páirtí eile a oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh, rachaidh an Páirtí sin ar iontaobh an tsásra um réiteach díospóidí arna bhunú faoi Theideal XII (Réiteach Díospóidí), agus déanfaidh sé dá réir.

3. Gan dochar do na sásraí atá ann cheana le haghaidh idirphlé polaitiúil idir na Páirtithe, féadfaidh aon Pháirtí bearta iomchuí a ghlacadh láithreach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta i gcás sárú ag Páirtí eile ar na heilimintí fíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 den Chomhaontú seo. Féadfaidh an Páirtí deireanach sin a iarraidh go ngairfí cruinniú práinneach chun na Páirtithe lena mbaineann a thabhairt le chéile laistigh de 15 lá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an staid d'fhonn teacht ar réiteach inghlactha. Beidh na bearta i gcomhréir leis an sárú. Tabharfar tosaíocht dóibh siúd is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo. Déanfar na bearta sin a chúlghairm a luaithé a bheidh deireadh le cúiseanna a nglactha.

AIRTEAGAL 9

Raon Feidhme Geografach

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ar a gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm faoi na coinníollacha a bhunaítear sna Conarthaí sin agus, ar an taobh eile, beidh feidhm aige maidir le críoch na Colóime agus Pheiriú, faoi seach³.

³ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, dearbhaíonn na Páirtithe leis seo go dtuigfear na tagairtí do chríoch atá sa Chomhaontú seo go heisiach chun tagairt a dhéanamh dá raon feidhme geografach.

2. D'ainneoin mhír 1, a mhéid a áirítear i gcríoch chustaim an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ina dhiaidh seo 'críoch chustaim AE' limistéir nach gcumhdaítear leis an sainmhíniú críochach roimhe sin, beidh feidhm ag an gComhaontú seo freisin maidir le críoch chustaim AE.

AIRTEAGAL 10

Comhtháthú Réigiúnach

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le lánpháirtíocht réigiúnach chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí agus an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, rud a cheadóidh neartú an chaidrimh idir na Páirtithe a neartú agus rud a rannchuideoidh le cuspóirí an Chomhaontaithe seo.
2. Aithníonn agus athdheimhníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá na próisis lánpháirtíochta réigiúnaí faoi seach idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus idir Balltíortha Chomhphobal na nAindéas mar shásra chun deiseanna trádála níos fearr a bhaint amach agus chun a gcomhtháthú éifeachtach sa gheilleagar domhanda a chothú.
3. Aithníonn na Páirtithe gurb iad Balltíortha Chomhphobal na nAindéas a chinnfidh an dul chun cinn maidir le lánpháirtiú réigiúnach na nAindéas.
4. Aithníonn na Páirtithe nach mór do na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí Córas Dlí na nAindéas a chaomhnú sa chaidreamh eatarthu, i gcomhréir le Cinneadh 598 ó Chomhphobal na nAindéas.

5. Ag féachaint d'uailmhian na bPáirtithe comhlachas a bhaint amach idir an dá réigiún, nuair a thiocfaidh Balltíortha uile Chomhphobal na nAindéas chun bheith ina bPáirtithe sa Chomhaontú seo, déanfaidh an Coiste um Thrádáil athscrúdú ar na forálacha ábhartha, go háirithe an tAirteagal seo agus Airteagal 105, d'fhonn iad a oiriúnú don staid nua agus tacú le próisis lánpháirtíochta réigiúnaí.

CAIBIDIL 3

SAINMHÍNITHE A bhFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

AIRTEAGAL 11

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, mura sonraítear a mhalairt:

- ciallaíonn ‘laethanta’ laethanta féilire, lena n-áirítear an deireadh seachtaine agus laethanta saoire;
- ciallaíonn ‘earra Páirtí’ nó ‘táirge Páirtí’ táirgí intíre mar a thuigtear iad in GATT 1994 nó cibé earraí nó táirgí a chomhaontóidh na Páirtithe, agus áirítear leo sin táirgí nó earraí de thionscnamh an Pháirtí sin mar a shainmhínítear in Airteagal 19;

- ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas dlíthiúil atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht rialtais, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;
- ciallaíonn ‘beart’ aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid Páirtí, lena n-áirítear dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta, cinntí, gníomhartha nó cleachtais riaracháin, nó aon fhoirm eile;
- ciallaíonn ‘duine’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach.

TEIDEAL II

FORÁLACHA AG RIALÚ NA nINSTITIÚIDÍ

AIRTEAGAL 12

Coiste um Thrádáil

1. Bunaíonn na Páirtithe Coiste um Thrádáil leis seo. Beidh an Coiste sin comhdhéanta d’ionadaithe ó Pháirtí AE agus d’ionadaithe ó gach Tír Aindéach is sínitheoir.

2. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil le chéile uair sa bhliain ar a laghad ar leibhéal na nAirí nó ar leibhéal na n-ionadaithe a fhéadfaidh an leibhéal sin a ainmniú. Ina theannta sin, ar iarraidh i scríbhinn ó Pháirtí, féadfaidh an Coiste um Thrádáil teacht le chéile tráth ar bith ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach arna n-ainmniú chun na cinntí is gá a dhéanamh.

3. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil le chéile ar bhonn uainíochta, i mBogató, sa Bhruiséil, agus i Líoma, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Déanfaidh gach Páirtí cathaoirleacht ar an gCoiste um Thrádáil ar feadh tréimhse bliana, ar bhonn uainíochta.

4. Gan dochar do mhír 1, féadfaidh an Coiste um Thrádáil teacht le chéile i seisiún ina mbeidh Páirtí AE agus Tír Aindéach amháin is sínitheoir, maidir le hábhair:

- (a) a bhaineann go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach idir Páirtí AE agus gach Tír Aindéach is sínitheoir; nó
- (b) a pléadh i seisiún laistigh de ‘chomhlacht speisialaithe’ nach raibh ach Páirtí AE agus Tír Aindéach is sínitheoir rannpháirteach ann, agus cuireadh an t-ábhar sin faoi bhráid an Choiste um Thrádáil.

Má léiríonn Tír Aindéach eile is sínitheoir spéis san ábhar atá le plé sa seisiún sin, féadfaidh sí páirt a ghlacadh sa seisiún faoi réir comhaontú a fháil roimh ré ó Pháirtí AE agus ón Tír Aindéach is sínitheoir lena mbaineann.

AIRTEAGAL 13

Feidhm an Choiste um Thrádáil

1. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil na nithe seo a leanas:
 - (a) oibriú an Chomhaontaithe seo agus feidhmiú ceart a fhorálacha a mhaoirsiú agus a éascú, agus bealaí eile a bhreithniú chun a chuspóirí ginearálta a bhaint amach;
 - (b) meastóireacht ar thoradh chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go háirithe forbairt an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe;
 - (c) maoirsiú a dhéanamh ar obair gach sainchomhlachta a bunaíodh faoin gComhaontú seo a agus aon ghníomhaíocht is gá a mholadh;
 - (d) cinntí maidir le haon ábhar a chuirfidh na sainchomhlachtaí a bunaíodh de réir an Chomhaontaithe seo faoina bhráid, déanann an Coiste um Thrádáil na cinntí sin a mheas agus a ghlacadh mar a bheartaítear sa Chomhaontú seo;
 - (e) maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Airteagal 105;
 - (f) maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt bhreise an Chomhaontaithe seo;

- (g) gan dochar do na cearta a thugtar le Teideal XII (Réiteach Díospóidí) agus d'fhorálacha eile an Chomhaontaithe seo, an bealach is iomchuí a fhiosrú chun aon deacracht a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a chosc nó a réiteach;
- (h) na Rialacha Nós Imeachta agus Cód Iompair na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 315 a ghlacadh ag a chéad chruinniú;
- (i) an luach saothair agus an caiteachas a bheidh le híoc le headránaithe a bhunú;
- (j) a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh, chomh maith lena sceideal cruinnithe agus clár oibre dá chruinnithe;
- (k) aon ábhar leasa eile a bhreithniú ar ábhar é a bhaineann le réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

2. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil:

- (a) freagrachtaí a bhunú agus a tharmligean chuig sainchomhlachtaí;
- (b) faisnéis a fháil nó a lorg ó aon duine leasmhar;

- (c) teacht ar chomhaontú maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht, d’fhonn an léirscaoileadh atá bainte amach cheana in earnálacha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a dhoimhniú;
- (d) breithniú a dhéanamh ar aon leasú nó modhnú ar fhorálacha an Chomhaontaithe seo, a bheidh faoi réir nósanna imeachta dlíthiúla inmheánacha gach Páirtí a thabhairt chun críche;
- (e) léirithe ar fhorálacha an Chomhaontaithe seo a ghlacadh⁴. Cuirfidh painéil eadrána arna mbunú faoi Theideal XII (Réiteach Díospóidí) na léirmhínithe sin san áireamh;
- (f) aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe;
- (g) dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach trí bhíthin modhnuithe dá bhforáiltear ann, maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (i) Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife), agus é mar aidhm earra amháin nó níos mó atá eisiata ó sceideal um Dhíothú Taraife Páirtí a chur leis;
 - (ii) na sceidil ama a bhunaítear in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife), d’fhonn dlús a chur le laghdú taraife;

⁴ Ní bheidh léirmhínithe arna nglacadh ag an gCoiste um Thrádáil ina leasú ná ina modhnú ar fhorálacha an Chomhaontaithe seo.

- (iii) na rialacha sonracha tionscnaimh arna mbunú in Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin);
- (iv) na heintitis soláthair a liostaítear i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais);
- (v) liostaí na ngealltanais a leagtar amach in Iarscríbhinn VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) agus in Iarscríbhinn VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí), agus na forchoimeádais a leagtar amach in Iarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreacha Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó); agus
- (vi) forálacha eile faoi réir modhnuithe ag an gCoiste um Thrádáil de bhun foráil fhollasach den Chomhaontú seo.

Déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena nósanna imeachta dlíthiúla is infheidhme, aon mhodhnú dá dtagraítear san fhomhír seo a chur chun feidhme.

3. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil scrúdú a dhéanamh ar thionchar an Chomhaontaithe seo ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide (dá ngairtear ‘mhicrifhiontair agus FBManna’ anseo feasta) na bPáirtithe, lena n-áirítear aon tairbhe a thiocfadh as sin.

4. Déanfaidh na Páirtithe, a mhéid is féidir, faisnéis a mhalartú laistigh den Choiste um Thrádáil maidir le comhaontuithe lena mbunaítear nó lena modhnaítear ceardchumainn chustaim nó limistéir saorthrádála agus, i gcás ina n-iarrtar sin, maidir le saincheisteanna móra eile a bhaineann le beartas trádála gach Páirtí maidir le tríú tíortha.

5. I bhfeidhmiú aon cheann de na feidhmeanna a leagtar amach san Airteagal seo, féadfaidh an Coiste um Thrádáil aon chinneadh a ghlacadh mar a bheartaítear sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 14

Cinnteoireacht

1. Is de chomhthoil a ghlacfaidh an Coiste um Thrádáil a chuid cinntí.
2. Is i gceangal ar na Páirtithe a bheidh na cinntí a ghlacfaidh an Coiste um Thrádáil agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena gcur chun feidhme.
3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 12, glacfaidh Páirtí AE agus an Tír Aindéach is sínitheoir le mbaineann aon chinneadh agus ní bheidh éifeacht leis ach amháin idir na Páirtithe sin, ar choinníoll nach ndéanfaidh na cinntí sin difear do chearta agus d'oibleagáidí Tíre Aindéi eile is sínitheoir.

AIRTEAGAL 15

Comhlachtaí Speisialaithe

1. Bunaítear leis an gComhaontú seo na fochoistí seo a leanas:
 - (a) An Fochoiste um Rochtain ar an Margadh;

- (b) An Fochoiste um Thalmhaíocht;
- (c) An Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil;
- (d) An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh;
- (e) An Fochoiste um Sholáthar Rialtais;
- (f) An Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe;
- (g) An Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta; agus
- (h) An Fochoiste um Maoin Intleachtúil.

2. Beidh aon chomhlacht speisialaithe arna bhunú faoin gComhaontú seo comhdhéanta d'ionadaithe ó Pháirtí AE agus d'ionadaithe ó gach Tír Aindéach is sínitheoir.

3. Déantar raon feidhme inniúlachta agus dualgais faoi seach na gcomhlachtaí speisialaithe a chruthaítear sa Chomhaontú seo a shainiú sna Teidil ábhartha.

4. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil fochoistí, meithleacha, nó aon sainchomhlachtaí eile a bhunú chun cabhrú leis a chúraimí a chomhlíonadh. Cinnfidh an Coiste um Thrádáil comhdhéanamh, dualgais agus rialacha nós imeachta na sainchomhlachtaí sin.

5. Cuirfidh na comhlachtaí speisialaithe an Coiste um Thrádáil ar an eolas, luath go leor roimh ré, faoi sceideal a gcrúnnithe agus faoi chlár oibre na gcrúnnithe sin. Tuairisceoidh siad freisin ar a ngníomhaíochtaí ag gach ceann de chruinnithe an Choiste sin.

6. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh aon chomhlacht speisialaithe teacht le chéile i seisiún ina mbeidh Páirtí AE agus ceann de na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí rannpháirteach, nuair a bhaineann an seisiún sin le hábhair a bhaineann go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach idir Páirtí AE agus an Tír Aindéach sin is sínitheoir.

7. Má léiríonn Tír Aindéach eile is sínitheoir spéis san ábhar atá le plé sa seisiún sin, féadfaidh Tír Aindéach sin is sínitheoir páirt a ghlacadh sa seisiún faoi réir comhaontú a fháil roimh ré ó Pháirtí AE agus ón Tír Aindéach is sínitheoir lena mbaineann.

AIRTEAGAL 16

Comhordaitheoirí an Chomhaontaithe

1. Ainmneoidh gach Páirtí Comhordaitheoir an Chomhaontaithe agus tabharfaidh sé fógra dá réir sin do na Páirtithe eile go léir, ar a dhéanaí, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo⁵.

⁵ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás Pháirtí AE, measfar an fógra a bheith éifeachtach nuair a bheidh sé tarchurtha chuig an gCoimisiún Eorpach.

2. Déanfaidh Comhordaitheoirí an Chomhaontaithe an méid seo a leanas:
 - (a) an clár oibre a ullmhú agus ullmhú chruinnithe an Choiste um Thrádáil a chomhordú;
 - (b) obair leantach a dhéanamh maidir leis na cinntí arna ndéanamh ag an Coiste um Thrádáil, de réir mar is iomchuí;
 - (c) gníomhú mar phointí teagmhála chun cumarsáid idir na Páirtithe a éascú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo;
 - (d) aon fhógraí agus aon fhaisnéis a chuirfear isteach faoin gComhaontú seo a fháil, lena n-áirítear aon fhógra nó faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choiste um Thrádáil mura bhforáiltear a mhalairt; agus
 - (e) aon ábhar eile a bhreithniú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú an Chomhaontaithe seo mar a iarrfaidh an Coiste um Thrádáil.
3. Féadfaidh Comhordaitheoirí an Chomhaontaithe teacht le chéile de réir mar is gá.

TEIDEAL III

TRÁDÁIL IN EARRAÍ

CAIBIDIL 1

ROCHTAIN AR AN MARGADH LE hAGHAIDH EARRAÍ

ROINN 1

FORÁLACHA COITEANNA

AIRTEAGAL 17

Cuspóir

Déanfaidh na Páirtithe trádáil in earraí a léirscaoileadh go céimnitheach thar idirthréimhse ag tosú ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo agus i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994.

AIRTEAGAL 18

RAON FEIDHME

Seachas mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le trádáil in earraí idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 19

Sainmhínithe

Chun críocha an Teidil seo:

- áirítear le ‘dleacht chustaim’ dleacht nó muirear d’aon chineál arna forchur nó arna fhorchur ar earra a allmhairiú nó i ndáil le hearra a allmhairiú, lena n-áirítear aon chineál forchánach nó formhuirir arna fhorchur ar an allmhairiú sin nó i ndáil leis, ach ní áirítear léi. Ní áirítear le ‘dleacht chustaim’:
 - (a) muirear atá coibhéiseach le cáin inmheánach arna forchur go comhsheasmhach le hAirteagal III de GATT 1994;
 - (b) dleacht frithdhumpála, frithchúitimh nó cosanta a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le CATT 1994; comhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (dá ngairtear an ‘Comhaontú Frithdhumpála’ anseo feasta), Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (dá ngairtear an ‘Comhaontú maidir le Fóirdheontais’ anseo feasta) agus Comhaontú EDT maidir le Bearta Coimirce (dá ngairtear an ‘Comhaontú maidir le Coimircí’ anseo feasta), de réir mar is ábhartha;

(c) táille nó muirear eile arna fhorchur i gcomhréir le hAirteagal VIII de CGTT 1994.

- chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn ‘táirge nó earra tionscnaimh’ táirge nó earra a cháilíonn faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach in Iarscríbhinn II Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin).

AIRTEAGAL 20

Aicmiú Earraí

Is é an t-aicmiú a dhéanfar ar earraí i dtrádáil idir na Páirtithe an t-aicmiú a leagtar amach in ainmníocht taraife gach Páirtí faoi seach i gcomhréir le Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí 2007 (dá ngairtear ‘CC’ anseo feasta) agus aon leasuithe ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 21

Cóir náisiúnta

1. Tabharfaidh gach Páirtí Cóir náisiúnta d'earraí Páirtí eile i gcomhréir le hAirteagal III de GATT 1994, lena n-áirítear na nótaí léiritheacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal III de GATT 1994, agus na nótaí léiritheacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar dlúthchuid den Chomhaontú seo *mutatis mutandis* díobh.
2. Ar mhaithe le soiléireacht níos fearr, deimhníonn na Páirtithe go gciallóidh cóir náisiúnta, i ndáil le haon leibhéal rialtais nó údaráis, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar leis an leibhéal sin rialtais nó údaráis d'earraí tís comhchosúla, atá iomaíoch go díreach nó inionadaithe, lena n-áirítear iad siúd de thionscnamh na críche ina bhfeidhmíonn an leibhéal sin rialtais nó údaráis dlínse⁶.

⁶ Tuigeann an Cholóim agus Páirtí AE nach gcuireann an fhoráil sin cosc ar chothabháil agus ar fhorfheidhmiú na monaplachtaí meisciúla atá bunaithe sa Cholóim.

ROINN 2

DÍOTHÚ DLEACHTANNA CUSTAIM

AIRTEAGAL 22

Díothú Dleachtanna custaim

1. Seachas má fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí a dhleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh an Pháirtí eile a laghdú nó a dhíothú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Sceidil um dhíothú taraifi).
2. I gcás gach earra, is é an bonnráta dleachtanna custaim a shonraítear in Iarscríbhinn I (Sceideal um dhíothú taraifi) an bonnráta dleachtanna custaim a mbeidh na laghduithe comhleantacha faoi mhír 1 le cur i bhfeidhm ina leith.
3. Más rud é, tráth ar bith tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go laghdóidh Páirtí an dleacht chustaim náisiún barrfhabhair (dá ngairtear ‘NBF’ anseo feasta) a chuir sé i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag an dleacht chustaim sin ach amháin más lú í ná an dleacht chustaim arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife).

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun breithniú a dhéanamh ar raon feidhme dhíchur na ndleachtanna custaim a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíchur Taraife) a luathú agus a leathnú.
5. Aon chinneadh ón gCoiste um Thrádáil raon feidhme dhíothú na dleachta custaim a luathú nó a leathnú i gcomhréir le hAirteagal 13, fomhír 2(g), glacfaidh sé ionad aon ráta dleachta nó aon chatagóir céimnithe arna chinneadh de bhun Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife).
6. Seachas má fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, ní mhéadóidh aon Pháirtí aon dleacht chustaim arna socrú mar an bonnráta in Iarscríbhinn I (Sceidil um dhíothú taraifí) ná ní ghlacfaidh sé aon dleacht chustaim nua ar earra de thionscnamh Páirtí eile.
7. Ní chuirfidh mír 6 bac ar aon Pháirtí ón méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) dleacht chustaim a ardú go dtí an leibhéal a bhunaítear in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife) don bhliain faoi seach, tar éis laghdú aontaobhach; nó
 - (b) dleacht chustaim a chothabháil nó a mhéadú i gcomhréir le Comhaontú EDT maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta lena Rialaítear Réiteach Díospóidí (dá ngairtear ‘CRD’ anseo feasta) nó Teideal XII (Réiteach Díospóidí).

ROINN 3

BEARTA NEAMHTHARAIFE

AIRTEAGAL 23

Srianta ar Allmhairiú agus ar Onnmhairiú

Ní ghlacfaidh aon Pháirtí aon toirmeasc nó srian ar allmhairiú aon earra de chuid Páirtí eile nó ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú aon earra atá ceaptha do chríoch Páirtí eile, ná ní choinneoidh sé an méid sin ar bun, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo nó i gcomhréir le hAirteagal XI de GATT 1994, agus leis na nótaí léiritheacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal XI de GATT 1994, agus na nótaí léiritheacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar dlúthchuid den Chomhaontú seo *mutatis mutandis* díobh.

AIRTEAGAL 24

Táillí agus Muirir

1. Áiríteoidh gach Páirtí, i gcomhréir le hAirteagal VIII de GATT 1994 agus leis na nótaí léirmhínitheacha a ghabhann leis, go mbeidh na táillí agus na muirir uile de chineál ar bith (seachas dleachtanna custaim, muirir atá coibhéiseach le cáin inmheánach nó muirir inmheánacha eile a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach le hAirteagal III de GATT 1994 Chaibidil seo, agus dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh), a fhorchuirtear ar allmhairiú nó ar onnmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú, go mbeidh siad teoranta i méid do neaschostas na seirbhísí a thugtar agus nach cosaint indéach iad ar earraí intíre ná cánachas ar allmhairí nó ar onnmhairí chun críoch fíoscach.
2. Ní beidh idirbhearta consalacha de dhíth ar aon Pháirtí⁷, lena n-áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le haon earra de chuid Páirtí eile a allmhairiú.
3. Déanfaidh gach Páirtí, tríd an Idirlíon más féidir, faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil agus a choinneáil ar bun maidir leis na táillí agus na muirir uile a fhorchuirtear i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú.

⁷ Chun críocha na míre seo ciallaíonn ‘idirbhearta consalachta’ ceanglais nach mór earraí de chuid Páirtí a bheartaítear a onnmhairiú chuig críoch Páirtí eile a chur isteach ar dtús chun maoirseacht a dhéanamh ar chonsal an Pháirtí is allmhaireoir i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir chun sonraise chonsalacha nó víosaí consalachta a fháil le haghaidh sonrasc tráchtála, deimhnithe tionscnaimh, lastliostaí, dearbhuithe onnmhairiúcháin loingseoirí, nó aon doiciméadacht chustaim eile a éilítear ar allmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú.

AIRTEAGAL 25

Dleachtanna nó Cánacha ar Onnmhairí

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, ní ghlacfaidh ná ní choinneoidh aon Pháirtí aon dleacht nó cáin, seachas muirir inmheánacha a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 21, ar onnmhairiú earraí chuig críoch Páirtí eile nó i ndáil leis an onnmhairiú sin.

AIRTEAGAL 26

Nósanna Imeachta Ceadúnúcháin maidir le hAllmhairiú agus Onnmhairiú

1. Ní dhéanfaidh aon Pháirtí beart a ghlacadh ná a choinneáil ar bun atá ar neamhréir le Comhaontú EDT maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí (dá ngairtear an ‘Comhaontú um Cheadúnú Allmhairí’ anseo feasta) a ionchorpraítear sa Chomhaontú seo agus a ndéantar cuid lárnach den Chomhaontú seo de, *mutatis mutandis*.
2. Cuirfidh gach Páirtí na forálacha atá sa Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairí i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le haon nós imeachta ceadúnúcháin le haghaidh onnmhairí chuig Páirtí eile. Déanfar an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairí idir na Páirtithe maidir le nósanna imeachta ceadúnúcháin le haghaidh onnmhairí.

3. ciallaíonn ‘nós imeachta um cheadúnú allmhairiúcháin’ nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear chun córais ceadúnaithe allmhairiúcháin a oibriú, lena gceanglaítear iarratas nó doiciméid eile a chur isteach, seachas iad siúd a cheanglaítear chun críoch custaim, chuig an gcomhlacht riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll le haghaidh allmhairiú chuig críoch an Pháirtí is allmhaireoir.

AIRTEAGAL 27

Fiontair Trádála Stáit

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn ‘fiontair trádála stáit’ fiontair phoiblí agus neamhphoiblí, cibé áit a bhfuil siad lonnaithe, ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal fo-lárnach, lena n-áirítear boird mhargaíochta, a gcuirtear cearta nó pribhléidí eisiacha nó speisialta de chúram orthu, lena n-áirítear trí chumhachtaí reachtacha nó bunreachtúla, trína mbíonn tionchar acu trí bhíthin a gceannachán nó a ndíolachán ar leibhéal nó treo allmhairí agus onnmhairí⁸.
2. Aithníonn na Páirtithe nár cheart d’fhiontair trádála stáit oibriú ar bhealach a chruthaíonn bacainní ar thrádáil, agus chun na críche sin, geallann siad go ndéanfaidh siad de réir na n-oibleagáidí a bhunaítear faoin Airteagal seo.

⁸ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigtear go gcuimsítear sa sainmhíniú seo ar Fhiontair Trádála Stáit fiontair deochanna a ghníomhaíonn faoi chuimsiú an ‘*monopolio rentístico*’ dá dtagraítear in Airteagal 336 de Bhunreacht Polaitiúil na Colóime.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta agus na hoibleagáidí atá acu cheana faoi Airteagal XVII de GATT 1994, a nótaí léirmhínitheacha agus a fhorálacha forlíontacha agus an Tuiscint maidir le Léiriú Airteagal XVII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994, a ionchorpraítear leis seo sa Chomhaontú seo agus a ndéantar cuid dhílis den Chomhaontú seo *mutatis mutandis* díobh.
4. Áiríteoidh gach Páirtí, go háirithe, go gcomhlíonfaidh fiontair trádála stáit, ina gceannacháin nó ina ndíolacháin, nó aon uair a fheidhmeoidh siad aon chumhacht, lena n-áirítear aon chumhacht reachtach nó bhunreachtúil a tharmligfidh Páirtí chucu ar an leibhéal lárnach nó ar an leibhéal fo-lárnach, na hoibleagáidí a ghabhann gach Páirtí chucu féin sa Chomhaontú seo.
5. Ní dhéanfaidh forálacha an Airteagail seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi Theideal VI (Soláthar Rialtais).
6. I gcomhthéacs an fhógra a chuir na Páirtithe isteach faoi Airteagal XVII de GATT 1994, agus iad ag déileáil le hiarraidh ar fhaisnéis bhreise maidir le héifeacht fiontar trádála stáit ar thrádáil dhéthaobhach, déanfaidh an Páirtí iarrtha a dhícheall an trédhearcacht is mó is féidir a áirithiú chun na hiarrataí sin a fhreagairt a lorgaíonn faisnéis ábhartha chun a chinneadh an gcomhlíonann na fiontair trádála stáit oibleagáidí ábhartha an Chomhaontaithe seo, i gcomhréir le forálacha Airteagal XVII.4 (d) de GATT 1994 maidir le faisnéis rúnda.

ROINN 4

EARRAÍ TALMHAÍOCHTA

AIRTEAGAL 28

RAON FEIDHME

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag na Páirtithe i ndáil le trádáil in earraí talmhaíochta (dá ngairtear ‘earraí talmhaíochta’ anseo feasta) eatarthu a chumhdaítear leis an sainmhíniú atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Talmhaíocht (dá ngairtear an ‘Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht’ anseo feasta)⁹. .

⁹ I gcás na Colóime, chun críocha chur i bhfeidhm an Airteagail seo, foláionn ‘earraí talmhaíochta’ na fo-cheannteidil seo a leanas freisin: 2905.45.00, 3302.10.10, 3302.10.90, 3823.11.00, 3823.12.00, 3823.13.00, 3823.19.00, 3823.70.10, 3823.70.20, 3823.70.30, 3823.70.90, 3824.60.00.

AIRTEAGAL 29

Coimirce Talmhaíochta

1. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 22, féadfaidh Páirtí beart coimirce talmhaíochta a chur i bhfeidhm i bhfoirm dleachtanna allmhairiúcháin breise ar earraí talmhaíochta tionscnaimh a áirítear sa liosta atá in Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta), ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo. Ní fhéadfaidh méid aon dleachta breise ar allmhairí agus aon dleachta custaim eile ar earraí den sórt sin a bheith níos mó ná an ceann is lú díobh seo a leanas:

(a) an ráta NBF a chuirtear i bhfeidhm; nó

(b) an bonnráta mar atá sonraithe in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife).

2. Féadfaidh Páirtí beart coimirce cainníochtbhunaithe a chur i bhfeidhm le linn aon bhliain féilire más rud é, ar theacht isteach earra tionscnaimh ina chríoch chustaim dó, gur mó méid allmhairí an earra tionscnaimh le linn na bliana sin ná an trucearleibhéal i leith an earra sin a leagtar amach i liosta an Pháirtí in Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta).

3. Aon dleacht bhreise a chuirfidh Páirtí i bhfeidhm faoi mhíreanna 1 agus 2, beidh sí i gcomhréir le liosta an Pháirtí in Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta).

4. Ní fhéadfaidh aon Pháirtí beart coimirce talmhaíochta a chur i bhfeidhm faoin Airteagal seo agus an tráth céanna an méid seo a leanas a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir leis an earra céanna:

- (a) beart cosanta faoi Chaibidil 2 (Leigheasanna Trádála); nó
- (b) beart faoi Airteagal XIX de GATT 1994 agus an Comhaontú um Choimirceí.

5. Ní fhéadfaidh aon Pháirtí beart coimirce talmhaíochta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun:

- (a) amhail ón dáta a mbeidh earra faoi réir cóir saor ó dhleacht faoi Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife), ach amháin má fhoráiltear a mhalairt i bhfomhír (b); nó
- (b) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse a leagtar amach i liosta an Pháirtí in Iarscríbhinn IV (Bearta Coimirce Talmhaíochta); nó
- (c) lena méadaítear dleacht chustaim laistigh de chuóta ráta taraife.

6. Laistigh de 10 lá ó chur i bhfeidhm birt coimirce talmhaíochta de bhun mhíreanna 1 agus 2, tabharfaidh an Páirtí a chuirfidh an beart i bhfeidhm fógra i scríbhinn don Pháirtí is onnmhaireoir lena mbaineann, agus soláthróidh sé sonraí ábhartha agus údar leis an mbeart. An Páirtí a chuirfidh an beart i bhfeidhm, tabharfaidh sé deis don Pháirtí is onnmhaireoir lena mbaineann dul i gcomhairle maidir leis na coinníollacha lena chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na míreanna sin.

7. Coinneoidh gach Páirtí ar bun a chearta agus a oibleagáidí faoi Airteagal 5 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht cé is moite de thrádáil talmhaíochta atá faoi réir cóir fhabhrach.

AIRTEAGAL 30

Córas Banda Praghsanna

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo:

- (a) Féadfaidh an Cholóim Córas Bannaí Praghsanna na nAindéas arna bhunú le Cinneadh 371 ó Chomhphobal na nAindéas agus na modhnuithe air, nó na córais ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm le haghaidh earraí talmhaíochta a chumhdaítear leis an gCinneadh sin;
- (b) Féadfaidh Peiriú an Córas Banda Praghsanna arna bhunú le Forathne Uachtarach 115-2001-EF agus na modhnuithe uirthi, nó córais ina dhiaidh sin le haghaidh earraí talmhaíochta a chumhdaítear leis an bhForathne sin, a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 31

Córas na bPraghsanna Iontrála

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, féadfaidh Páirtí AE an Córas Praghsanna Iontrála a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1580/2007 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2007 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2200/96, Rialachán (CE) Uimh. 2201/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 1182/2007 ón gComhairle, agus sna modhnuithe air nó sna córais ina dhiaidh sin, a chur i bhfeidhm in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

AIRTEAGAL 32

Fóirdheontais Onnmhairiúcháin agus Bearta eile a bhfuil éifeacht Choibhéiseach acu

1. Chun críocha an Airteagail seo, beidh le ‘fóirdheontais onnmhairiúcháin’ an bhrí a shanntar don téarma sin in Airteagal 1(e) den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht, lena n-áirítear aon leasú ar an Airteagal sin.
2. Tá sé de chuspóir ag na Páirtithe oibriú go comhpháirteach in EDT chun teacht ar chomhaontú chun deireadh a chur le fóirdheontais onnmhairiúcháin agus le bearta comhéifeachta eile le haghaidh earraí talmhaíochta.

3. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní dhéanfaidh aon Pháirtí fóirdheontais onnmhairiúcháin nó bearta eile a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu a choinneáil ar bun, a thabhairt isteach ná a thabhairt isteach an athuair ar earraí talmhaíochta atá léirscaoilte go hiomlán agus láithreach, nó atá léirscaoilte go hiomlán ach nach bhfuil léirscaoilte láithreach agus a bhaineann tairbhe as cuóta saor ó dhleacht ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife), agus atá ceaptha do chríoch Páirtí eile.
4. Ní dhéanfaidh aon Pháirtí fóirdheontais onnmhairiúcháin nó bearta eile a mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar earraí talmhaíochta atá léirscaoilte go hiomlán ach nach bhfuil léirscaoilte láithreach agus nach dtairbhíonn de chuóta saor ó dhleacht ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a choinneáil ar bun, a thabhairt isteach ná a thabhairt isteach an athuair, ón dáta a léirscaoiltear na hearraí sin go hiomlán.
5. Gan dochar do mhíreanna 3 agus 4, má dhéanann Páirtí fóirdheontais nó bearta eile a choinneáil ar bun, a thabhairt isteach nó a thabhairt isteach an athuair a mbeadh éifeacht choibhéiseach acu maidir le hearraí talmhaíochta atá léirscaoilte i bpáirt nó go hiomlán a onnmhairiú chuig Páirtí eile, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir taraif bhreise a chur i bhfeidhm a mhéadóidh dleachtanna custaim ar allmhairí an earra sin suas go dtí leibhéal na dleachta NBF a chuirtear i bhfeidhm nó an bhonnráta a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife), cibé acu is ísle, don tréimhse arna bunú chun an fóirdheontas onnmhairiúcháin a choinneáil.
6. Ionas go ndíothóidh an Páirtí is allmhaireoir an taraif bhreise a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le mír 5, cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir faisnéis mhionsonraithe ar fáil lena léireofar comhlíonadh fhorálacha an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 33

Cuótaí Ráta Taraife a Riaradh agus a Chur i bhFeidhm

1. Déanfaidh gach Páirtí taraif-chuótaí a chur chun feidhme agus a riar le haghaidh allmhairí earraí talmhaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife) i gcomhréir le hAirteagal XIII de GATT 1994, lena n-áirítear a nótaí léirmhínitheacha, agus an Comhaontú um Cheadúnú Allmhairí.
2. Is ar bhonn ‘tús freastail ar an gceann is túisce’ a riarfaidh na Páirtithe cuótaí rátaí taraife le haghaidh allmhairí earraí talmhaíochta.
3. Arna iarraidh sin do Pháirtí is onnmhaireoir, rachaidh Páirtí is allmhaireoir i gcomhairle leis an bPáirtí is onnmhaireoir maidir le riar tharaif-chuótaí an Pháirtí is allmhaireoir. Tiocfaidh na comhairliúcháin sin in ionad na gcomhairliúchán dá bhforáiltear faoi Airteagal 301 ar choinníoll go gcomhlíonann siad an ceanglas a leagtar amach i mír 9 den Airteagal sin.

ROINN 5

EARRÁIDÍ RIARACHÁIN A BHAINISTIÚ

AIRTEAGAL 34

Earráidí riaracháin a bhainistiú

I gcás earráid a bheith déanta ag údarais inniúla aon Pháirtí i mbainistíocht chuí an chórais fhabhraigh tráth an onnmhairithe, agus go háirithe i gcur i bhfeidhm fhorálacha Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin), agus i gcás ina n-eascraíonn iarmhairtí i dtéarmaí dleachtanna allmhairiúcháin as an earráid sin, féadfaidh aon Pháirtí a mbeidh na hiarmhairtí sin os a chomhair a iarraidh, tar éis dó an t-ábhar a phlé go teicniúil idir na Páirtithe lena mbaineann laistigh den Fhochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh a leagtar amach in Airteagal 68, go scrúdóidh an Coiste um Thrádáil na féidearthachtaí maidir le gach beart iomchuí a ghlacadh d’fhonn an cás a réiteach. Is trí chomhaontú na bPáirtithe lena mbaineann a ghlacfar cinneadh an Choiste um Thrádáil maidir leis na bearta iomchuí.

ROINN 6

FOCHOISTÍ

AIRTEAGAL 35

An Fochoiste um Rochtain ar an Margadh

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Fochoiste um Rochtain ar an Margadh ina mbeidh ionadaithe ó gach Páirtí.
2. Tiocfaidh an Fochoiste le chéile arna iarraidh sin do Pháirtí nó don Choiste um Thrádáil chun aon ábhar nach gcumhdaítear le fochoiste eile a eascraíonn as an gCaibidil seo a bhreithniú.
3. Áireofar an méid seo a leanas ar fheidhmeanna an Fhochoiste, *inter alia*:
 - (a) an trádáil in earraí idir na Páirtithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin maidir le díchur taraife faoin gComhaontú seo a luathú agus a raon feidhme a leathnú agus maidir le saincheistean eile, de réir mar is iomchuí;
 - (b) aghaidh a thabhairt ar aon bheart neamhtharaife a d'fhéadfadh srian a chur ar thrádáil earraí idir na Páirtithe agus, más iomchuí, ábhair den sórt sin a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil lena mbreithniú;

- (c) comhairle agus moltaí a chur ar fáil don Choiste um Thrádáil maidir le riachtanais chomhair i ndáil le hábhair a bhaineann le rochtain ar an margadh;
- (d) dul i gcomhairle maidir le haon difríocht a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na Páirtithe maidir le hábhair a bhaineann le leasuithe ar an gCóras Comhchuibhithe, lena n-áirítear aicmiú earraí, agus féachaint lena réiteach, chun a áirithiú nach n-athrófar oibleagáidí gach Páirtí faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 36

An Fochoiste um Thalmhaíocht

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Fochoiste um Thalmhaíocht ar a mbeidh ionadaithe ó Pháirtí AE agus ó gach Tír Aindéach is sínitheoir.
2. Déanfaidh an Fochoiste um Thalmhaíocht an méid seo a leanas:
 - (a) faireachán a dhéanamh ar an gcomhar maidir le cur chun feidhme agus riar Roinn 4 agus an comhar sin a chur chun cinn, chun trádáil earraí talmhaíochta idir na Páirtithe a éascú;
 - (b) aon bhacainn gan údar ar thrádáil earraí talmhaíochta idir na Páirtithe a réiteach;

- (c) dul i gcomhairle maidir le hábhair a bhaineann le Roinn 4 i gcomhar le fochoistí ábhartha eile, le meithleacha nó le haon chomhlacht speisialaithe eile faoin gComhaontú seo;
- (d) meastóireacht a dhéanamh ar fhorbairt na trádála talmhaíochta idir na Páirtithe agus ar thionchar an Chomhaontaithe seo ar earnáil talmhaíochta gach Páirtí, chomh maith le hoibriú ionstraimí an Chomhaontaithe seo, agus aon ghníomhaíocht iomchuí a mholadh don Choiste um Thrádáil;
- (e) aon obair bhreise a fhéadfaidh an Coiste um Thrádáil a shannadh dó a ghabháil de láimh; agus
- (f) torthaí a chuid oibre faoin mír seo a thuairisciú agus torthaí a chuid oibre faoin mír seo a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil.

3. Tiocfaidh an Fochoiste um Thalmhaíocht le chéile uair sa bhliain ar a laghad. I gcás ina dtiocfaidh imthosca speisialta chun cinn, arna iarraidh sin do Pháirtí, tiocfaidh an Fochoiste le chéile ar chomhaontú ó na Páirtithe tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta na hiarrata sin. Féadfar cruinnithe an Fhochoiste um Thalmhaíocht a thionól freisin ar leibhéal déthaobhach agus beidh ionadaithe ón bPáirtí atá ina óstach ar an gcrúinniú ina chathaoirleach orthu.

4. Glacfaidh an Fochoiste um Thalmhaíocht gach cinneadh de chomhthoil.

CAIBIDIL 2

LEIGHEASANNA TRÁDÁLA

ROINN 1

BEARTA FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITHCHÚITIMH

AIRTEAGAL 37

Forálacha Ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoin gComhaontú Frithdhumpála, faoin gComhaontú maidir le Fóirdheontais agus faoi Chomhaontú EDT maidir le Rialacha Tionscnaimh (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh’ anseo feasta).
2. I gcás ina ndéanfaidh údarás Comhphobail na nAindéas dleacht frithdhumpála nó beart frithchúitimh a chur i bhfeidhm nó i gcás ina nglacfaidh sé le gealltanas i dtaobh praghsanna, thar ceann dhá thír is ball nó níos mó de Chomhphobal na nAindéas, is é an comhlacht breithiúnach inniúil de chuid Chomhphobal na nAindéas an fóram aonair le haghaidh athbhreithniú breithiúnach.
3. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfidh údaráis réigiúnacha agus údaráis náisiúnta bearta frithdhumpála i bhfeidhm go comhuaineach i ndáil leis an táirge céanna. Beidh feidhm ag an riail chéanna maidir le bearta frithchúitimh.

AIRTEAGAL 38

Trédhearcacht

1. Aontaíonn na Páirtithe gur cheart leigheasanna trádála a úsáid i gcomhréir iomlán le ceanglais ábhartha EDT agus gur cheart dóibh a bheith bunaithe ar chóras trédhearcach.
2. Agus aitheantas á thabhairt do na tairbhí a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht d'oibreacha eacnamaíocha, áiríteoidh gach Páirtí go mbeidh a reachtaíocht intíre maidir le leigheasanna trádála i gcomhréir go hiomlán le rialacha ábhartha EDT.
3. Gan dochar d'Airteagal 6.5 den Chomhaontú Frithdhumpála agus d'Airteagal 12.4 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais, áiríteoidh gach Páirtí, a luaite is féidir i gcomhréir lena reachtaíocht intíre tar éis bearta sealadacha a fhorchur, agus in aon chás, sula ndéanfar aon chinneadh críochnaitheach, go ndéanfar na fíorais fhíor-riachtanacha atá á mbreithniú a nochtadh go hiomlán agus go fóinteach arb iad is bunús leis an gcinneadh i dtaobh bearta a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm. Is i scríbhinn a dhéanfar nochtadh na faisnéise sin agus tabharfar am leordhóthanach do pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt.
4. Ar choinníoll nach gcuirfidh sé moill gan ghá ar dhéanamh an imscrúdaithe, tabharfaidh an t-údarás imscrúdúcháin deis éisteachta, arna iarraidh sin d'aon pháirtí leasmhar, chun a gcuid tuairimí a chur in iúl le linn imscrúduithe a bhaineann le leigheasanna trádála.

AIRTEAGAL 39

Leas an Phobail a mheas

I gcomhréir lena ndlí náisiúnta, tabharfaidh Páirtí AE agus an Cholóim deis d'úsáideoirí tionsclaíocha agus d'allmhaireoirí an táirge atá faoi imscrúdú, agus d'eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí, de réir mar is iomchuí, faisnéis a sholáthar atá ábhartha don imscrúdú. Cuirfidh an t-údarás imscrúdúcháin an fhaisnéis sin san áireamh, a mhéid is ábhartha, agus fianaise á tacú go cuí léi agus comhdófar í laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear sa dlí náisiúnta.

AIRTEAGAL 40

Riail na Dleachta Níos Lú

D'ainneoin a gceart faoin gComhaontú Frithdhumpála agus faoin gComhaontú maidir le Fóirdheontais a mhéid a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a chur i bhfeidhm, measann Páirtí AE agus an Cholóim gurb inmhianaithe go mbeadh an dleacht a chuirtear i bhfeidhm níos lú ná an corrlach comhfhreagrach dumpála nó fóirdheontais, de réir mar is iomchuí, dá mbeadh an dleacht níos lú leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil don tionscal intíre.

AIRTEAGAL 41

Údaráis Imscrúdúcháin

Chun críocha na Roinne seo,

– ciallaíonn ‘údarás imscrúdúcháin’:

- (a) maidir leis an gColóim, an Aireacht Trádála, Tionscail agus Turasóireachta, nó a comharba;
- (b) maidir le Peiriú, an Institiúid Náisiúnta um Chosaint Iomaíochta agus Maoine Intleachtúla, nó a comharba; agus
- (c) maidir le Páirtí AE, an Coimisiún Eorpach

AIRTEAGAL 42

Eisiamh ón Sásra um Réiteach Díospóidí

Níl feidhm ag Teideal XII (Réiteach díospóidí) maidir leis an Roinn seo.

ROINN 2

BEARTA COIMIRCE ILTAOBHACHA

AIRTEAGAL 43

Forálacha Ginearálta

Coinníonn gach Páirtí a chearta agus a oibleagáidí faoi Airteagal XIX de GATT 1994, faoin gComhaontú maidir le Coimircí, agus faoin gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh.

AIRTEAGAL 44

Trédhearcacht

D'ainneoin Airteagal 43, arna iarraidh sin do Pháirtí eile, soláthróidh an Páirtí a thionscnaíonn imscrúdú nó a bhfuil sé beartaithe aige bearta coimirce a ghlacadh fógra ad hoc i scríbhinn láithreach maidir le gach faisnéis ábhartha lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, maidir le himscrúdú coimirce a thionscnamh, maidir le réamhchinneadh agus cinneadh críochnaitheach an imscrúdaithe.

AIRTEAGAL 45

Bearta Coimirce a chur i bhfeidhm go neamh-chomhuaineach

Ní fhéadfaidh aon Pháirtí iarratas a dhéanamh ag an am céanna, maidir leis an táirge céanna:

- (a) beart coimirce déthaobhach i gcomhréir le Roinn 3 (Bearta Coimirce Déthaobhacha) den Chaibidil seo; agus
- (b) beart faoi Airteagal XIX de GATT 1994 agus an Comhaontú maidir le Coimirce.

AIRTEAGAL 46

Údaráis Imscrúdúcháin

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘údarás imscrúdúcháin’:

- (a) maidir leis an gColóim, an Aireacht Trádála, Tionscail agus Turasóireachta, nó a comharba;
- (b) maidir le Peiriú, an Institiúid Náisiúnta um Chosaint Iomaíochta agus Maoine Intleachtúla; agus
- (c) maidir le Páirtí AE, an Coimisiún Eorpach.

AIRTEAGAL 47

Eisiamh ón Sásra um Réiteach Díospóidí

Seachas Airteagal 45, ní bheidh feidhm ag Teideal XII (Réiteach díospóidí) maidir leis an Roinn seo.

ROINN 3

CLÁSAL COIMIRCE DÉTHAOBHACH

AIRTEAGAL 48

Beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm

1. D'ainneoin Roinn 2 (Bearta Coimirce Iltaobhacha), más rud é, mar thoradh ar na lamháltais faoin gComhaontú seo, go bhfuil táirge de thionscnamh Páirtí á allmhairiú isteach i gcríoch Páirtí eile i gcainníochtaí méadaithe den sórt sin, i ndearbhthéarmaí nó i gcoibhneas le táirgeacht intíre, agus faoi choinníollacha a dhéanfadh nó a d'fhéadfadh mórdhíobháil do tháirgeoirí intíre a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí díriomaíocha, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir bearta iomchuí a ghlacadh faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos san Roinn seo.

2 Ní fhéadfaidh Páirtí bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ach amháin le linn na hidirthréimhse¹⁰.

AIRTEAGAL 49

Fógra agus Comhairliúchán

1. Tabharfaidh Páirtí fógra láithreach don Pháirtí is onnmhaireoir lena mbaineann ar imscrúdú a thionscnamh agus ar bhearta sealadacha agus cinntitheacha a chur i bhfeidhm.
2. I gcás ina measfaidh Páirtí gurb ann do na himthosca a bhunaítear in Airteagal 48 maidir le beart cinntitheach a chur i bhfeidhm nó a shíneadh, soláthróidh sé deiseanna leordhóthanacha comhairliúcháin a sheoladh leis an bPáirtí dá ndéantar difear, i gcomhréir le reachtaíocht gach Páirtí, d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil, tuairimí a mhalartú maidir le beart a chur i bhfeidhm nó síneadh a chur leis agus réiteach atá sásúil don dá thaobh a bhaint amach.
3. Cuirfear tús leis na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2 laistigh de 15 lá tar éis an dáta a bhfaighidh an Páirtí dá ndéantar difear an cuireadh chun dul i gcomhairle leis an údarás imscrúdúcháin.

¹⁰ Ciallaíonn ‘an idirthréimhse’ 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás aon earra a ndéantar foráil leis an Sceideal atá in Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife) de chuid an Pháirtí maidir le tréimhse díothaithe taraife 10 mbliana nó níos mó, ciallaíonn ‘an idirthréimhse’ an tréimhse le haghaidh dhíothú na taraife a leagtar amach sa Sceideal le haghaidh na n-earraí sin, móide 3 bliana.

4. Mura dtiocfar ar réiteach sásúil laistigh de 45 lá tar éis an dáta a bhfaighidh an Páirtí dá ndéantar difear an cuireadh chun dul i gcomhairle, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta a ghlacadh chun na himthosca a leigheas i gcomhréir leis an Roinn seo.

5. Féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, gan comhairliúcháin roimh ré.

AIRTEAGAL 50

Cineál na mbeart

Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a bheith in aon bheart coimirce déthaobhach a chuirfidh Páirtí is allmhaireoir i bhfeidhm faoi Airteagal 48:

- (a) an laghdú breise ar an dleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann dá bhforáiltear i sceideal an Pháirtí sin faoi Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife) a chur ar fionraí, nó
- (b) méadú ar an dleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann go leibhéal nach mó ná dleacht chustaim an náisiúin barrfhabhair a chuirtear i bhfeidhm ar an táirge agus atá i bhfeidhm tráth a ndéantar an beart nó an bonnráta mar a shonraítear i sceideal an Pháirtí sin faoi Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú Taraife), cibé acu is ísle.

AIRTEAGAL 51

Nósanna imeachta imscrúdúcháin

1. Ní chuirfidh Páirtí beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm ach amháin tar éis imscrúdú a bheith déanta ag údaráis inniúla an Pháirtí sin i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú maidir le Coimirce, agus chun na críche sin, go ndéanfar cuid dhílis den Chomhaontú seo den Airteagal sin, *mutatis mutandis*.
2. Aon imscrúdú a dhéanfaidh Páirtí de bhun mhír 1, comhlíonfaidh sé ceanglais Airteagal 4.2(a) agus 4.2(c) den Chomhaontú maidir le Coimirce, agus chuige sin, déanfar cuid dhílis den Chomhaontú seo d'Airteagal 4.2(a) agus 4.2(c) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta, *mutatis mutandis*.
3. De bhreis ar mhír 2, léireoidh an Páirtí imscrúdúcháin, ar bhonn fianaise oibiachtúla, gurb ann do nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí an táirge de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir agus mórdhíobháil nó bagairt mhórdhíobhála.
4. Áiríteoidh gach Páirtí go gcuirfidh a údaráis inniúla aon imscrúdú den sórt sin i gcrích laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos ina reachtaíocht intíre, ar teorainneacha ama iad nach faide ná 12 mhí ó dháta a thionscnaimh.

AIRTEAGAL 52

Coinníollacha agus Fad Birt

1. Ní fhéadfaidh aon Pháirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm:
 - (a) ach amháin a mhéid agus ar feadh cibé tréimhse is gá chun mórdhíobháil de bun Airteagal 48 a chosc nó a leigheas;
 - (b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain; féadfar, ar bhonn eisceachtúil, 2 bhliain eile a chur leis an tréimhse sin más rud é:
 - (i) go gcinntídh údaráis inniúla an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha in Airteagal 51, go leanann an beart de bheith riachtanach chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas de bhun Airteagal 48; agus
 - (ii) go bhfuil fianaise ann go bhfuil coigeartú á dhéanamh ag an tionscal intíre;

Nach rachaidh tréimhse fhoriomlán chur i bhfeidhm birt coimirce, lena n-áirítear tréimhse an chur i bhfeidhm tosaigh agus aon síneadh a chuirtear leis sin, thar 4 bliana.

2. Nuair a fhoirceannann Páirtí beart coimirce déthaobhach, is é an ráta dleachta custaim an ráta a bheadh i bhfeidhm gan an beart, de réir Iarscríbhinn I (Sceidil um Dhíothú) de chuid an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 53

Bearta Sealadacha

1. In imthosca criticiúla ina mbeadh moill ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí táirge de thionscnamh an Pháirtí is onnmhaireoir de thoradh dleacht a laghdú nó a dhíothú faoi Iarscríbhinn I (Sceideal um Dhíothú Taraifi), agus go bhfuil allmhairí den sórt sin ina gcúis, nó ag bagairt a bheith ina gcúis, le mórdhíobháil de bhun Airteagal 48.
2. Ní bheidh fad aon bhirt shealadaigh níos faide ná 200 lá, tréimhse ar lena linn a chomhlíonfaidh an Páirtí ceanglais Airteagail 49 agus 51, míreanna 1, 2 agus 3.
3. Aisíocfaidh an Páirtí go pras aon mhéadú ar dhleachtanna custaim a chuirtear i bhfeidhm de bhun mhír 1 mura gcinneann an t-imscrúdú go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 48. Áireofar fad aon bhirt shealadaigh mar chuid den tréimhse a thuairiscítear in Airteagal 52, fomhír 1(b).

AIRTEAGAL 54

Cúiteamh

1. Aon Pháirtí a fhéachfaidh le beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm, rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí a bhfuil a tháirgí faoi réir an bhirt chun teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le cúiteamh iomchuí i bhfoirm lamháltas a bhfuil éifeacht trádála choibhéiseach a bheag nó a mhór acu. Eagróidh an Páirtí is allmhaireoir deis do chomhairliúcháin den sórt sin a dhéanamh laistigh de 30 lá roimh an síneadh ar an mbeart cosanta déthaobhach.
2. Mura mbeidh comhaontú maidir le cúiteamh mar thoradh ar chomhairliúcháin faoi mhír 1 laistigh de 30 lá ón tairiscint dul i gcomhairle leis, agus má chinneann an Páirtí is allmhaireoir síneadh a chur leis an mbeart coimirce, féadfaidh an Páirtí a bhfuil a tháirgí faoi réir an bhirt coimirce cur i bhfeidhm lamháltas atá coibhéiseach tríd is tríd le trádáil an Pháirtí lena gcuirtear síneadh leis an mbeart a chur ar fionraí.

AIRTEAGAL 55

Beart a chur i bhfeidhm arís

Ní dhéanfar aon bheart coimirce dá dtagraítear sa Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú táirge a bhí faoi réir birt dá leithéid roimhe sin, ach uair amháin go ceann tréimhse arb ionann í agus leath na tréimhse inar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm roimhe, ar choinníoll gur bliain ar a laghad atá sa tréimhse gan feidhm.

AIRTEAGAL 56

Na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach¹¹

1. I gcás ina bhfuil táirge de thionscnamh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí á thabhairt isteach i gcríoch na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach (dá ngairtear ‘na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais Eorpaigh’ anseo feasta) sna cainníochtaí méadaithe sin agus faoi na coinníollacha sin a bheidh ina gcúis le mórmheathlú, nó a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le mórmheathlú, ar staid eacnamaíoch na réigiúin is forimeallaí den Aontas, féadfaidh Páirtí AE, tar éis réitigh mhalartacha a scrúdú, bearta cosanta a dhéanamh go heisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin nó na réigiún lena mbaineann.
2. Beidh feidhm ag na bearta coimirce le haghaidh na réigiún is forimeallaí san Aontas i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo.

¹¹ Ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, is iad seo a leanas na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach: Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Beidh feidhm ag an Airteagal seo go cothrom maidir leis an tír nó leis an gcríoch a athraíonn a stádas go dtí réigiún is forimeallaí trí chinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 355(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh amhail ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin. I gcás ina n-athróidh réigiún forimeallach de chuid an Aontais Eorpaigh a stádas mar réigiún is forimeallaí tríd an nós imeachta céanna, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis amhail ó dháta an chinnidh chomhfhreagraigh ón gComhairle Eorpach. Tabharfaidh Páirtí AE fógra do na Páirtithe eile faoi aon mhodhnú ar na críocha a mheastar a bheith mar ar na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach.

AIRTEAGAL 57

Údarás Inniúil

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘údarás inniúil’:

- (a) le haghaidh na Colóime, an Aireacht Trádála, Tionscail agus Turasóireachta, nó a comharba;
- (b) le haghaidh Pheiriú, an Aireacht Trádála Eachtraí agus Turasóireachta, nó a comharba; agus
- (c) le haghaidh Pháirtí AE, an Coimisiún Eorpach.

CAIBIDIL 3

CUSTAM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

AIRTEAGAL 58

Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá ábhair a bhaineann le héascú custaim agus trádála i dtimpeallacht shíorathraitheach na trádála domhanda. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar sa réimse sin a threisiú d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh reachtaíocht agus nósanna imeachta ábhartha gach Páirtí, chomh maith le cumas riaracháin a gcuid riarachán faoi seach, na cuspóirí maidir le rialú éifeachtach agus cur chun cinn éifeachtach ar éascú trádála.

2. Aithníonn na Páirtithe nach gcuirfear i mbaol ar bhealach ar bith cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí, lena n-áirítear cuspóirí a bhaineann le slándáil agus comhrac na calaoise.

AIRTEAGAL 59

Nósanna Imeachta a bhaineann le Custam agus Trádáil

1. Bunóidh gach Páirtí nósanna imeachta éifeachtúla, trédhearcacha agus simplithe chun costais a laghdú agus chun intuarthacht a áirithiú d'allmhaireoirí agus d'onnmhaireoirí.
2. Comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh a reachtaíocht, a bhforálacha agus a nósanna imeachta trádála agus custaim faoi seach bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) ionstraimí idirnáisiúnta agus caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i réimse an chustaim agus na trádála, lena n-áirítear eilimintí substainteacha Choinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto maidir le Nósanna Imeachta Custaim a Shimpliú agus a Chomhchuibhiú (dá ngairfear 'Coinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto' anseo feasta), an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (dá ngairfear 'Coinbhinsiún CC' anseo feasta), Creat na gCaighdeán chun Trádáil Dhomhanda na hEagraíochta Domhanda Custaim a Áirithiú agus a Éascú (dá ngairfear 'WCO SAFE' anseo feasta) agus Samhail Sonraí Custaim WCO (dá ngairfear 'Samhail Sonraí' anseo feasta);
 - (b) trádáil a chosaint agus a éascú trí fhorfheidhmiú agus trí chomhlíonadh éifeachtach na gceanglas dlí;

- (c) ceanglais ar oibreoirí eacnamaíocha atá réasúnta, neamh-idirdhealaitheach agus a choisceann calaois;
- (d) doiciméad riaracháin aonair nó a choibhéis leictreonach a úsáid chun dearbhuithe custaim a chomhdú tráth an allmhairithe agus an onnmhairithe;
- (e) teicnící custaim nua-aimseartha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear measúnú riosca, nósanna imeachta simplithe maidir le hiontráil agus scaoileadh earraí, rialuithe iarscaoilte agus modhanna iniúchóireachta cuideachta;
- (f) córais a fhorbairt de réir a chéile, lena n-áirítear na córais sin atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise, chun malartú leictreonach sonraí idir oibreoirí eacnamaíocha, údarais chustaim agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile. Chuige sin, agus a mhéid is féidir, oibreoidh gach Páirtí de réir a chéile chun ionad aonair ilfhreastail a bhunú chun oibríochtaí trádála seachtracha a éascú;
- (g) rialacha lena n-áirithítear go mbeidh aon phionós a fhorchuirfear as sáruithe ar rialacháin chustaim nó ar cheanglais nós imeachta comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus nach gcuirfidh a gcur i bhfeidhm moill mhíchúí ar scaoileadh earraí;
- (h) táillí agus muirir atá réasúnta, agus nach sáraíonn costas na seirbhíse a sholáthraítear i ndáil le haon idirbheart sonrach, agus nach ríomhtar ar bhonn *ad valorem*. Ní fhorchuirfear táillí ná muirir i leith seirbhísí consalachta;

- (i) aon cheanglas a dhíothú maidir le húsáid éigeantach cigireachtaí réamhloingsithe nó a gcoibhéis; agus
- (j) an gá atá ann a áirithiú go ndéanfaidh gach eintiteas riaracháin inniúil a dhéanann idirghabháil i rialú agus i gcigireacht fhisiceach earraí atá faoi réir allmhairiú nó onnmhairiú a ngníomhaíochtaí, nuair is féidir, ar bhealach comhuaineach agus in aon áit amháin.

3. Chun feabhas a chur ar mhodhanna oibre, agus chun neamh-idirdhealú, trédhearcacht, éifeachtúlacht, sláine agus cuntasacht oibríochtaí a áirithiú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí breise a dhéanamh d'fhonn sonraí agus doiciméadacht a theastaíonn ó ghníomhaireachtaí custaim agus ó ghníomhaireachtaí eile a laghdú, a shimpliú agus a chaighdeánú;
- (b) ceanglais agus foirmiúlachtaí a shimpliú nuair is féidir, maidir le hearraí a imréiteach agus a scaoileadh go pras, lena gceadófar d'allmhaireoirí scaoileadh custaim a dhéanamh gan dleachtanna custaim a íoc, faoi réir comhdhéanamh ráthaíochta, de réir na reachtaíochta intíre, d'fhonn a áirithiú go n-íocfar dleachtanna custaim, táillí agus muirir go críochnaitheach;
- (c) nósanna imeachta éifeachtacha, prasa, neamh-idirdhealaitheacha agus inrochtana go héasca a chur ar fáil chun an ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne rialuithe agus cinntí riaracháin custaim a dhéanann difear d'allmhairí, d'onnmhairí nó d'earraí faoi bhealach a ráthú. Beidh rochtain éasca ar nósanna imeachta, lena n-áirítear ag micrifhiontair agus FBManna; agus

- (d) a áirithiú go gcoimeádfar na caighdeáin is airde sláine, trí bhearta a chur i bhfeidhm lena léirítear prionsabail na gcoinbhinsiún agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin.

AIRTEAGAL 60

Réamhrialuithe

1. Arna iarraidh sin i scríbhinn agus roimh allmhairiú earraí isteach ina chríoch, eiseoidh gach Páirtí, trína údaráis inniúla, réamhrialuithe i scríbhinn, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin náisiúnta, maidir le rangú taraife, tionscnamh, nó aon ábhair ghaolmhara eile de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.
2. Faoi réir aon cheanglais rúndachta ina dhlí, foilseoidh gach Páirtí, a mhéid is féidir trí mheán leictreonach, a réamhrialuithe maidir le rangú taraife agus aon ábhair ghaolmhara eile de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.
3. Chun trádáil a éascú, cuirfidh na Páirtithe ar áireamh go tráthrialta ina n-idirphlé déthaobhach an t-eolas is deireanaí ar athruithe ina reachtaíocht faoi seach maidir leis na hábhair dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

4. Is le reachtaíocht intíre gach Páirtí a chinnfear gach saincheist nós imeachta maidir le réamhrialuithe a eisiúint, i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta EDC. Foilseofar na nósanna imeachta sin agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.

AIRTEAGAL 61

Bainistíocht riosca

1. Bainfidh gach Páirtí úsáid as córais bainistíochta riosca chun a chur ar chumas a n-údarás custaim a ngníomhaíochtaí cigireachta a dhíriú ar oibríochtaí ardriosca agus dlús a chur le scaoileadh earraí a mbaineann riosca íseal leo.
2. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir dá aire na hiarrachtaí a rinne an Páirtí is onnmhaireoir maidir le slándáil an tslabhra soláthair trádála.
3. Oibreoidh na Páirtithe chun faisnéis a mhalartú maidir le teicnící bainistithe riosca arna gcur i bhfeidhm ag a n-údaráis chustaim faoi seach, agus rúndacht na faisnéise á hurramú agus, nuair is gá, chun eolas a aistriú.

AIRTEAGAL 62

Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe

Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme choincheap an Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe (dá ngairtear ‘AEO’ anseo feasta) a chur chun cinn de réir WCO SAFE. Deonóidh Páirtí stádas slándála agus sochair éascaithe trádála AEO d’oibreoirí a chomhlíonfaidh a chaighdeán slándála custaim, i gcomhréir lena reachtaíocht intíre.

AIRTEAGAL 63

Idirthuras

1. Áiritheoidh na Páirtithe saoirse idirthurais trína gcríoch tríd an mbealach is áisiúla le haghaidh idirthurais.
2. Ní mór d’aon srianta, rialuithe nó ceanglais cuspóir dlisteanach beartais phoiblí a shaothrú, ní mór dóibh a bheith neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus ní mór iad a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach.
3. Gan dochar do rialú custaim dlisteanach agus do mhaoirseacht dhlisteanach ar earraí idirthurais, deonóidh na Páirtithe do thrácht ar idirthuras go dtí críoch aon Pháirtí nó uaithi, cóir nach lú fabhar ná an chóir a dheonaítear do thrácht atá ar idirthuras trína chríoch.

4. Oibreoidh na Páirtithe faoi chórais iompair faoi bhannaí lena gceadaítear idirthuras earraí gan dleachtanna custaim ná muirir eile a íoc faoi réir ráthaíocht iomchuí a sholáthar.
5. Déanfaidh na Páirtithe socruithe réigiúnacha idirthurais a chur chun cinn chun bacainní trádála a laghdú.
6. Bainfidh na Páirtithe leas as caighdeáin agus ionstraimí idirnáisiúnta a bhaineann le hidirthuras agus úsáidfídh siad na caighdeáin agus na hionstraimí sin.
7. Áiríteoidh na Páirtithe comhar agus comhordú idir na húdaráis agus na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann ina gcríoch chun trácht idirthurais a éascú agus chun comhar thar theorainneacha a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 64

An caidreamh leis an bPobal Gnó

Comhaontaíonn na Páirtithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht agus na nósanna imeachta uile a bhaineann le custam mar aon le dleachtanna custaim, táillí agus muirir a chur ar fáil go poiblí, a mhéid is féidir trí mheán leictreonach, mar aon leis na mínithe is gá, nuair is iomchuí;

- (b) go mbeidh, a mhéid is féidir, tréimhse réasúnta ann idir foilsiú reachtaíochta agus nósanna imeachta nua nó leasaithe a bhaineann le custaim, chomh maith le dleachtanna custaim, táillí nó muirir agus a dteacht i bhfeidhm;
- (c) deiseanna a thabhairt don phobal gnó tuairimí a thabhairt maidir le tograí agus nósanna imeachta reachtacha a bhaineann le cúrsaí custaim. Chuige sin, bunóidh gach Páirtí sásraí comhairliúcháin idir a riarachán agus an pobal gnó;
- (d) fógraí ábhartha de chineál riaracháin a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ceanglais agus nósanna imeachta iontrála le haghaidh earraí, uaireanta oibríochta agus nósanna imeachta oibriúcháin le haghaidh oifigí custaim agus pointí teagmhála le haghaidh fiosrúcháin faisnéise;
- (e) comhar a chothú idir oibreoirí agus údaráis ábhartha a bhaineann le trádáil trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta neamhthreallacha a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac, chun slándáil an tslabhra soláthair a fheabhsú agus chun trádáil a éascú; agus
- (f) a áirithiú go leanfar, lena gceanglais agus a nósanna imeachta custaim agus na ceanglais agus nósanna imeachta gaolmhara faoi seach, de fhreastal ar riachtanais an chomhphobail trádála, na cleachtais is fearr á leanúint, agus de shrianta a sheachaint ó thaobh na trádála de a mhéid is féidir.

AIRTEAGAL 65

Luacháil Chustaim

Leis an gComhaontú maidir le cur chun feidhme Airteagal VII de GATT 1994 (dá ngairtear an ‘Comhaontú maidir le Luacháil Chustaim’ anseo feasta), rialófar na rialacha luachála custaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le trádáil chómhálartach idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 66

Comhar Custaim

1. Déanfaidh na Páirtithe comhar idir a riaracháin chustaim faoi seach a chur chun cinn agus a éascú chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chaibidil seo, go háirithe chun simpliú nósanna imeachta custaim agus éascú trádála dlisteanáí a ráthú agus a gcumas rialaithe á gcoinneáil ag an am céanna.
2. Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa chomhar a dhéantar de bhun mhír 1:
 - (a) malartuithe faisnéise maidir le reachtaíocht, nósanna imeachta agus teicnící custaim sna réimsí seo a leanas:
 - (i) simpliú agus nuachóiriú nósanna imeachta custaim; agus

- (ii) caidrimh leis an bpobal gnó;
 - (b) tionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt i réimsí a chomhaontófar go frithpháirteach; agus
 - (c) comhordú a chur chun cinn i measc gníomhaireachtaí gaolmhara.
3. Is i gcomhréir le Teideal VII (Maoin Intleachtúil) a dhéanfaidh údaráis chustaim comhar i réimse an fhorghníomhaithe a dhéanfaidh údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla.

AIRTEAGAL 67

Cúnamh Frithpháirteach

Soláthróidh riaracháin na bPáirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn V (Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim).

An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

1. Bunaíonn na Páirtithe Fochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh, ina bhfuil ionadaithe ó gach Páirtí. Tiocfaidh an Fochoiste le chéile ar dháta agus le clár oibre arna chomhaontú roimh ré ag na Páirtithe agus déanfaidh gach Páirtí cathaoirleacht air ar feadh tréimhse bliana ar bhonn uainíochta. Tuairisceoidh an Fochoiste don Choiste um Thrádáil.
2. Déanfaidh an Fochoiste an méid seo a leanas, i measc nithe eile:
 - (a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin);
 - (b) fóram a chur ar fáil chun dul i gcomhairle maidir le gach saincheist a bhaineann le custaim agus chun iad a phlé, lena n-áirítear go háirithe nósanna imeachta custaim, luacháil chustaim, córais taraife, ainmníocht chustaim, comhar custaim agus cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim;
 - (c) fóram a chur ar fáil chun dul i gcomhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin agus chun iad a phlé;

- (d) comhar a fheabhsú maidir le nósanna imeachta custaim a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú, maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, maidir le rialacha tionscnaimh agus maidir le comhar riaracháin;
- (e) tograí le haghaidh modhnuithe ar Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin) a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil lena nglacadh;
- (f) fóram a chur ar fáil chun iarratais ar charnadh tionscnaimh faoi Airteagail 3 agus 4 a ghabhann le hIarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin) a cheadú agus a phlé;
- (g) féachaint le teacht ar réitigh atá sásúil don dá thaobh nuair a thagann difríochtaí idir na Páirtithe chun cinn tar éis próiseas fíorúcháin arna dhéanamh faoi Airteagal 31 d’Iarscríbhinn II (Maidir le Sainmhíniú an Choincheapa ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin);
- (h) féachaint le teacht ar réitigh atá sásúil don dá thaobh nuair a thagann difríochtaí idir na Páirtithe maidir le rangú taraife earraí. Mura réiteofar an t-ábhar le linn na gcomhairliúchán sin, cuirfear faoi bhráid Choiste EDC um an gCóras Comhchuibhithe é. Beidh cinntí den sórt sin ina gceangal ar na Páirtithe lena mbaineann.

3. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú cruinnithe *ad hoc* a thionól le haghaidh comhar custaim, le haghaidh rialacha tionscnaimh agus cúnamh riaracháin frithpháirteach.

AIRTEAGAL 69

Cúnamh Teicniúil maidir le Custam agus Éascú Trádála

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá cúnamh teicniúil i réimse an chustaim agus éascú na trádála chun na gealltanais a leagtar amach sa Chaibidil seo a chur chun feidhme.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe comhoibriú go háirithe, ach ní go heisiach, maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) comhar institiúideach idir na Páirtithe a fheabhsú;
- (b) saineolas agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil maidir le hábhair reachtacha agus theicniúla chun reachtaíocht chustaim a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú;
- (c) teicnící custaim nua-aimseartha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainistíocht riosca, réamhrialuithe ceangailteacha, luacháil chustaim, nósanna imeachta simplithe maidir le hiontráil agus scaoileadh earraí, rialuithe iarscaoilte, modhanna iniúcháireachta corparáideacha agus OEÚ;

- (d) nósanna imeachta agus cleachtais a thabhairt isteach lena léireofar, a mhéid is indéanta, ionstraimí agus caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i réimse an chustaim agus na trádála, lena n-áirítear rialacha EDT agus ionstraimí agus caighdeáin WCO, inter alia Coinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto agus WCO SAFE; agus
- (e) simpliú, nuachóiriú agus uathoibriú nósanna imeachta custaim.

AIRTEAGAL 70

Cur chun feidhme

Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 59, fomhír 2(f), agus Airteagal 60 maidir le Peiriú 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

CAIBIDIL 4

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 71

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Caibidle seo:

- (a) trádáil earraí a éascú agus a mhéadú agus rochtain éifeachtach a fháil ar mhargadh na bPáirtithe, trí chur chun feidhme Chomhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil a fheabhsú (dá ngairtear ‘Comhaontú BTT’ anseo feasta);
- (b) cruthú bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil a sheachaint agus díothú bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil a spreagadh; agus
- (c) feabhas a chur ar an gcomhar idir na Páirtithe in ábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 72

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT.
2. Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:
 - ciallaíonn ‘lipéadú neamhbhuan’ faisnéis a ghreamú de tháirge a úsáideann lipéid ghreamaitheacha, clibeanna crochta nó cineál eile lipéid is féidir a bhaint, nó an fhaisnéis a chur i bpacáistíocht an táirge;
 - ciallaíonn ‘buanlipéadú’ faisnéis a ghreamú de tháirge trína ceangal go daingean leis an táirge trí phriontáil, fuáil, greanadóireacht nó próisis chomhchosúla.

AIRTEAGAL 73

Ceangal leis an gComhaontú BTT

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoin gComhaontú BTT, a ionchorpraítear sa Chomhaontú seo agus a ndéantar cuid dhílis den Chomhaontú seo, *mutatis mutandis* de.

AIRTEAGAL 74

RAON FEIDHME

1. Tá feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le hullmhú, glacadh agus cur i bhfeidhm na rialachán teicniúil, na gcaighdeán teicniúil agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, lena n-áirítear aon leasú orthu nó aon bhreisiú orthu, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil earraí idir na Páirtithe.
2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid a leanas:
 - (a) sonraíochtaí ceannaigh arna n-ullmhú ag comhlachtaí rialtais le haghaidh ceanglais táirgthe nó tomhaltais de chuid na gcomhlachtaí sin; agus
 - (b) bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta.

AIRTEAGAL 75

Custam agus Éascú Trádála

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil comhar idir na húdaráis agus na comhlachtaí, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, a bhfuil baint acu le rialáil theicniúil, caighdeánú, measúnú comhréireachta, creidiúnú, méadreolaíocht agus rialú teorann agus faireachas margaidh, tábhachtach chun trádáil idir na Páirtithe a éascú. Chuige sin, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) comhar frithpháirteach a threisiú chun rochtain ar a margaí a éascú agus chun eolas agus tuiscint ar a gcórais faoi seach a mhéadú;
- (b) tionscnaimh lena n-éascaítear trádáil a shainaithint, a fhorbairt agus a chur chun cinn agus a dtaithe féin á cur san áireamh. Féadfar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh ar na tionscnaimh sin:
 - (i) malartú faisnéise, taithí agus sonraí, comhar eolaíoch agus teicneolaíoch agus úsáid dea-chleachtas rialála;
 - (ii) simpliú na nósanna imeachta deimhniúcháin agus na gceanglas riaracháin arna mbunú le caighdeán nó le rialachán teicniúil, agus deireadh a chur leis na ceanglais sin maidir le clárú nó réamhúdarú nach bhfuil gá leo de bhua fhorálacha an Chomhaontaithe BTT;

- (iii) oibriú i dtreo na féidearthachta coibhéis rialachán teicniúil agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a chóineasú, a ailíniú nó a bhunú. Ní bheidh oibleagáid ar bith ar na Páirtithe i gceist *a priori* le coibhéis, mura gcomhaontaítear a mhalairt go sainráite;
- (iv) scrúdú, in athbhreithniú rialála amach anseo, ar an bhféidearthacht creidiúnú nó ainmniú a úsáid mar uirlis chun aitheantas a thabhairt do na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá bunaithe i gcríoch Páirtí eile; agus
- (v) comhar agus malartú faisnéise idir comhlachtaí poiblí nó príobháideacha ábhartha de chuid na bPáirtithe a chur chun cinn agus a éascú.

2. I gcás ina gcoinneoidh Páirtí earraí de thionscnamh críoch Páirtí eile ag calafort iontrála mar gheall ar neamhchomhlíonadh a bhraitear a bheith ann maidir le rialachán teicniúil, tabharfaidh an Páirtí atá ag coinneáil na n-earraí fógra don allmhaireoir gan mhoill faoi na cúiseanna atá leis an gcoinneáil.

3. Déanfaidh Páirtí, arna iarraidh sin do Pháirtí eile, breithniú iomchuí ar thograí an Pháirtí eile sin maidir le comhar faoin gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 76

Rialacháin Theicniúla

1. Úsáidfídh na Páirtithe caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn chun a rialacháin theicniúla a ullmhú mura rud é gur modh neamhéifeachtach nó míchuí iad na caighdeáin idirnáisiúnta sin chun an cuspóir dlisteanach atá á shaothrú a bhaint amach. Arna iarraidh sin do Pháirtí eile, tabharfaidh Páirtí na cúiseanna nár úsáid sé caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn chun a rialacháin theicniúla a ullmhú.
2. Arna iarraidh sin do Pháirtí eile ar spéis leis rialachán teicniúil comhchosúil a fhorbairt, agus chun dúbláil costas a íoslaghdú, déanfaidh Páirtí, a mhéid is féidir, aon fhaisnéis, staidéar teicniúil nó measúnú riosca nó doiciméad ábhartha eile atá ar fáil a sholáthar don Pháirtí iarrthach, cé is moite d'fhaisnéis rúnda, ar ar bhraith an Páirtí sin chun an rialachán teicniúil sin a fhorbairt.

AIRTEAGAL 77

Caighdeán

1. Geallann gach Páirtí an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) cumarsáid éifeachtach a choinneáil idir a údaráis rialála agus a hinstitiúidí um chaighdeánú;
 - (b) an *Cinneadh ón gCoiste um Phrionsabail chun Caighdeán, Treoracha agus Moltaí Idirnáisiúnta a Fhorbairt maidir le hAirteagail 2, 5 agus 3 a ghabhann leis an gComhaontú a ghlac Coiste EDT um Bacainní Teicniúla ar an Trádáil an 13 Samhain 2000* a chur i bhfeidhm, agus cinneadh á dhéanamh an ann do chaighdeán, treoir nó moladh idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagail 2 agus 5 agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú BTT;
 - (c) a chomhlachtaí um chaighdeánú a spreagadh chun comhar a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú de chuid Páirtí eile i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú. Féadfar an comhar sin a dhéanamh sna comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú nó ar an leibhéal réigiúnach má iarrann an comhlacht comhfhreagrach um chaighdeánú é nó trí mheabhráin tuisceana arb é is aidhm dó, i measc nithe eile, comhchaighdeán a fhorbairt;
 - (d) faisnéis a mhalartú maidir le húsáid caighdeán ag na Páirtithe i ndáil le rialacháin theicniúla agus a áirithiú, a mhéid is féidir, nach bhfuil caighdeán éigeantach;

- (e) faisnéis a mhalartú maidir le próisis chaighdeánaithe gach Páirtí agus a mhéid a úsáidtear caighdeáin idirnáisiúnta, réigiúnacha nó foréigiúnacha mar bhonn do chaighdeáin náisiúnta; agus
 - (f) faisnéis ghinearálta a mhalartú maidir le comhaontuithe comhair arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir le hábhair a bhaineann le caighdeánú.
2. Molfaidh gach Páirtí go ndéanfaidh comhlachtaí neamhrialtasacha um chaighdeánú atá lonnaithe ar a chríoch forálacha an Airteagail seo a urramú.

AIRTEAGAL 78

Measúnú Comhréireachta agus Creidiúnú

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil raon leathan sásraí ann chun glacadh le torthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i gcríoch Páirtí a sheoltar i gcríoch Páirtí eile a éascú. Dá réir sin, féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) dearbhú comhréireachta ón soláthróir a ghlacadh;
 - (b) glacadh le torthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta na gcomhlachtaí atá lonnaithe i gcríoch Páirtí eile;

- (c) go bhféadfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch Páirtí comhaontuithe um aitheantas deonach a dhéanamh le comhlacht um measúnú comhréireachta atá suite i gcríoch Páirtí eile le haghaidh ghlacadh thorthaí a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta;
- (d) comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch Páirtí eile a ainmniú; agus
- (e) nósanna imeachta creidiúnaithe a ghlacadh chun na comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch Páirtí eile a cháiliú.

2. Chuige sin, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) a áirithiú go bhféadfaidh na comhlachtaí neamhrialtasacha a úsáidtear i measúnú comhréireachta dul in iomaíocht le chéile;
- (b) glacadh na dtorthaí arna n-eisiúint ag comhlachtaí a aithnítear faoi chomhaontú creidiúnaithe iltaobhach nó trí chomhaontú ar thángthas air idir roinnt dá gcomhlachtaí measúnaithe comhréireachta faoi seach a chur chun cinn i bpróisis um measúnú comhréireachta;
- (c) machnamh a dhéanamh ar chaibidlíocht a thionscnamh chun teacht ar chomhaontuithe lena n-éascaítear glacadh ina gcríocha le torthaí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta arna seoladh ag comhlachtaí atá lonnaithe i gcríoch Páirtí eile, nuair is chun leas na bPáirtithe é agus nuair atá bonn cirt eacnamaíoch leis; agus

- (d) a gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe le comhlachtaí um measúnú comhréireachta Páirtí eile chun glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta.

AIRTEAGAL 79

Trédhearcacht agus Nósanna Imeachta maidir le Fógra a thabhairt

1. Déanfaidh gach Páirtí a rialacháin theicniúla agus a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe nó iad siúd a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna práinneacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó an tslándáil náisiúnta, a thagann chun cinn nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn, i gcomhréir le Comhaontú BTT, a tharchur go leictreonach chuig na pointí teagmhála a bhunaítear in Airteagal 10 den Chomhaontú BTT. Áireofar le tarchur leictreonach rialachán teicniúil agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta nasc leictreonach le téacs iomlán an doiciméid is cúis leis an bhfógra, nó cóip den téacs sin.
2. Foilseoidh gach Páirtí freisin nó tarchuirfidh sé go leictreonach na dréachtaí nó na tograí sin le haghaidh rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta nó iad siúd a ghlactar chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna práinneacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó an tslándáil náisiúnta, a thagann chun cinn nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus atá i gcomhréir le hinneachar teicniúil na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha.

3. I gcomhréir le míreanna 1 agus 2, deonóidh gach Páirtí tréimhse 60 lá ar a laghad, agus i gcás inar féidir 90 lá, ó dháta tharchur leictreonach na rialachán teicniúil agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe ionas go bhféadfaidh na Páirtithe eile agus daoine leasmhara eile barúlacha i scríbhinn a chur isteach. Déanfaidh Páirtí breithniú dearfach ar iarrataí réasúnacha ar shíneadh ama a chur leis an tréimhse le haghaidh barúlacha a thabhairt.
4. Déanfaidh Páirtí breithniú iomchuí ar na barúlacha a fuarthas ó Pháirtí eile nuair a chuirfear rialachán teicniúil beartaithe faoi chomhairliúchán poiblí agus, arna iarraidh sin do Pháirtí eile, tabharfaidh sé freagraí i scríbhinn ar na barúlacha a rinne an Páirtí eile sin.
5. Déanfaidh gach Páirtí a fhreagraí ar na barúlacha suntasacha a fuarthas a fhoilsiú nó a chur ar fáil don phobal, i bhfoirm chlóite nó leictreonach, tráth nach déanaí ná dáta foilsithe an rialacháin theicniúil chríochnaithigh nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta.
6. Soláthróidh gach Páirtí, arna iarraidh sin do Pháirtí eile, faisnéis maidir le rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha ag an bPáirtí nó a bheartaíonn an Páirtí a ghlacadh.
7. Ní bheidh an tréimhse idir foilsiú agus teacht i bhfeidhm rialachán teicniúil agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta níos lú ná 6 mhí, ach amháin mura bhfuil sé indéanta na cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach laistigh den tréimhse sin. Déanfaidh Páirtí breithniú dearfach ar iarrataí réasúnacha ar shíneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

8. Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta uile um measúnú comhréireachta a glacadh agus atá i bhfeidhm ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil saor in aisce, sa chaoi go mbeidh siad aimsithe go héasca agus go mbeidh rochtain éasca orthu. Más iomchuí, cuirfear teoracha maidir le cur i bhfeidhm na rialachán teicniúil ar fáil freisin nuair is ann dóibh.

AIRTEAGAL 80

Rialú Teorainneacha agus Faireachas Margaidh

Geallann na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) faisnéis agus taithí a mhalartú maidir lena ngníomhaíochtaí rialaithe teorann agus faireachais margaidh, ach amháin sna cásanna sin ina bhfuil an doiciméadacht faoi rún; agus
- (b) a áirithiú go dtugann na húdaráis inniúla faoi ghníomhaíochtaí rialaithe teorann agus faireachais margaidh, agus chuige sin féadfaidh na húdaráis sin úsáid a bhaint as comhlachtaí creidiúnaithe, ainmnithe nó tarmligthe, agus coinbhleachtaí leasa idir na comhlachtaí sin agus na hoibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir rialaithe nó maoirseachta á seachaint acu.

AIRTEAGAL 81

Marcáil agus Lipéadú

1. Nuair a éilfonn Páirtí comharthú nó lipéadú éigeantach táirgí:
 - (a) ní cheanglófar buanmharcáil ná buanlipéadú ach amháin nuair a bheidh an fhaisnéis ábhartha do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí an táirge nó chun comhréireacht an táirge leis na ceanglais theicniúla éigeantacha a léiriú;
 - (b) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le faisnéis bhreise maidir le pacáistiú nó pacáistiú an táirge trí bhíthin lipéad neamhbhuan, nuair is gá sin chun faireachas margaidh a áirithiú ag na húdaráis inniúla;
 - (c) i ndáil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bhfomhír (b), agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na rialacha is infheidhme, scrúdóidh an Páirtí sin an bhféadfaí a éileamh go soláthrófaí an fhaisnéis sin ar bhealaí eile;
 - (d) mura gá sin i bhfianaise an bhaoil a bhaineann leis na táirgí do shláinte nó beatha an duine, ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó don tsábháilteacht náisiúnta, ní éileoidh an Páirtí sin formheas, clárú ná deimhniú lipéad nó marcálacha mar réamhchoinníoll lena ndíol ar a margaí faoi seach. Ní dochar an fhomhír seo do bhearta arna nglacadh ag Páirtí de bhun a rialacha intíre chun a fhíorú go gcomhlíonann lipéid na ceanglais éigeantacha, agus do bhearta arna ndéanamh chun cleachtais rialaithe a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú;

- (e) nuair a n-éilíonn Páirtí go n-úsáidfídh an t-oibreoir eacnamaíoch uimhir aitheantais, eiseofar í sin gan moill mhíchuí;
- (f) ar choinníoll nach mbeidh sí míthreorach, contrárthach ná mearbhlach i ndáil leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i dtír cinn scríbe na n-earraí, ceadóidh an Páirtí sin an méid seo a leanas:
 - (i) faisnéis i dteangacha eile i dteannta na teanga a cheanglaítear a úsáid i dtír cinn scríbe na n-earraí;
 - (ii) ainmníochtaí, pictagraim, siombailí nó grafaicí idirnáisiúnta; agus
 - (iii) faisnéis bhreise i dteannta na faisnéise sin a cheanglaítear a thabhairt i dtír cinn scríbe na n-earraí;
- (g) nuair nach gcuirfear isteach ar na cuspóirí dlisteanacha a bhunaítear sa Chomhaontú BTT, féachfaidh an Páirtí sin le glacadh le lipéid neamhbhuana nó inbhainte, nó leis an bhfaisnéis a chur ar fáil trí bhíthin lámhleabhar táirge, phacáil nó phacáistíocht an táirge seachas í a phriontáil ar an táirge nó cloí go fisiciúil leis.

2. I gcás ina dteastóidh ó Pháirtí teicstíilí, éadaí nó coisbheart a mharcáil nó a lipéadú, maidir leis an bPáirtí sin:

- (a) ní éileoidh sé ach go ndéanfar an fhaisnéis seo a leanas a mharcáil nó a lipéadú go buan:
 - (i) i gcás teicstíilí agus éadaí: ábhar snáithíneach, tír thionscnaimh, treoracha sábháilteachta le haghaidh úsáidí sonracha agus treoracha cúraim; agus

- (ii) i gcás coisbhirt: príomhábhair na bpríomhchodanna, na teoracha sábháilteachta le haghaidh úsáidí sonracha agus an tír thionscnaimh;

(b) ní dhéanfaidh sé na nithe seo a leanas a shuí:

- (i) ceanglais maidir le saintréithe fisiceacha nó dearadh lipéid gan dochar d'aon bhearta a dhéanfaidh an Páirtí sin chun tomhaltóirí a chosaint ar fhógraíocht mhíthreorach;
- (ii) oibleagáid baill éadaigh a lipéadú go buan, dá mbeadh an méid sin, de bharr a méide, deacair nó go laghdódh sé a luach; agus
- (iii) maidir le hearraí a dhíoltar i bpéirí, oibleagáid an dá pháirt a lipéadú nuair is den ábhar agus den dearadh céanna iad.

3. Cuirfidh na Páirtithe an tAirteagal seo i bhfeidhm bliain amháin ar a dhéanaí ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 82

Cúnamh Teicniúil agus Fothú Acmhainní a bhaineann le Trádáil

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta a bhaineann le trádáil chun cur chun feidhme fhorálacha na Caibidle seo a éascú, ar cheart dóibh díriú ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- (a) fothú acmhainneachta na n-institiúidí náisiúnta, a mbonneagar teicniúil agus a dtrealamh teicniúil, agus oiliúint acmhainní daonna;
- (b) rannpháirtíocht i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a bhaineann leis an gCaibidil seo a chur chun cinn agus a éascú; agus
- (c) caidreamh a chothú idir comhlachtaí na bPáirtithe maidir le caighdeánú, rialáil theicniúil, measúnú comhréireachta, creidiúnú, méadreolaíocht, rialú teorann agus faireachas margaidh.

AIRTEAGAL 83

An Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil

1. Bunaíonn na Páirtithe Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil, ar a mbeidh ionadaithe ó gach Páirtí.

2. Déanfaidh an Fochoiste an méid seo a leanas:

- (a) bearta leantacha agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus ar chomhlíonadh na Caibidle seo;
- (b) aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar aon saincheist a ardaíonn Páirtí i ndáil leis an gCaibidil seo agus leis an gComhaontú BTT;
- (c) rannchuidiú le tosaíochtaí a shainaithint maidir le hábhair chomhair agus leis na cláir um chúnamh teicniúil i réimse na gcaighdeán, na rialachán teicniúil, na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, an chreidiúnaithe, na méadreolaíochta, an rialaithe teorann agus an fhaireachais margaidh agus an dul chun cinn nó na torthaí a fuarthas a scrúdú;
- (d) faisnéis a mhalartú faoin obair a dhéantar i bhfóraim neamhrialtasacha, réigiúnacha agus iltaobhacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeán, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta;
- (e) arna iarraidh sin do Pháirtí, dul i gcomhairle maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo agus faoin gComhaontú BTT;
- (f) meithleacha a bhunú, nuair is gá chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach, chun déileáil le hábhair shonracha a bhaineann leis an gCaibidil seo agus leis an gComhaontú BTT, lena saineofar go soiléir raon feidhme agus freagrachtaí na meithleacha sin;

- (g) idirphlé agus comhar a éascú, de réir mar is iomchuí, idir na rialtóirí i gcomhréir leis an gCaibidil seo;
- (h) de bhun fhomhír 1(b) d'Airteagal 75 den Chaibidil seo, clár oibre a tharraingt suas in ábhair leasa fhrithpháirtigh do na Páirtithe, ar clár oibre é a ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil air;
- (i) taiscéalaíocht a dhéanamh ar gach ábhar eile a bhaineann leis an gCaibidil seo a d'fhéadfadh cabhrú le rochtain ar mhargaí na bPáirtithe a fheabhsú;
- (j) athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaibidil seo i bhfianaise aon fhorbairtí faoin gComhaontú BTT agus i bhfianaise chinntí nó mholtaí Choiste EDT um Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, agus moltaí a dhéanamh maidir le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCaibidil seo;
- (k) an Coiste um Thrádáil a chur ar an eolas, má mheastar é a bheith iomchuí, faoi chur chun feidhme na Caibidle seo; agus
- (l) aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh a mheasann na Páirtithe a chuideodh leo an Chaibidil seo agus an Comhaontú BTT a chur chun feidhme agus trádáil a éascú.

3. Chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú, beidh ionadaí gach Páirtí san Fhochoiste freagrach as comhordú le hinstitiúidí an rialtais láir, le hinstitiúidí poiblí áitiúla, le hinstitiúidí neamhrialtasacha agus le daoine iomchuí i gcríoch an Pháirtí sin; agus arna iarraidh sin do Pháirtí eile, cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcrúinniú an Fho-Choiste. Cuirfidh ionadaí na bPáirtithe in iúl faoi aon ábhar a bhaineann leis an gCaibidil seo.

4. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is comhairliúcháin faoi Airteagal 301 a bheidh sna comhairliúcháin de bhun fhomhír 2(e), ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhunaítear i mír 9 den Airteagal sin.

5. Féadfaidh an fochoiste teacht le chéile i seisiúin ina mbeidh Páirtí AE agus ceann de na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí rannpháirteach, maidir le hábhair a bhaineann go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach idir Páirtí AE agus an Tír Aindéach sin is sínitheoir. Má léiríonn Tír Aindéach eile is sínitheoir spéis san ábhar atá le plé sa seisiún sin, féadfaidh sí páirt a ghlacadh sa seisiún faoi réir comhaontú a fháil roimh ré ó Pháirtí AE agus ón Tír Aindéach is sínitheoir lena mbaineann.

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tiocfaidh an Fochoiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfar cruinnithe a thionól ag a mbeidh na rannpháirtithe i láthair go pearsanta nó trí mhodh eile a aontóidh na Páirtithe.

AIRTEAGAL 84

Malartú Faisnéise

1. Aon fhaisnéis nó míniú a sholáthrófar arna iarraidh sin do Pháirtí i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, soláthrófar í i bhfoirm chlóite nó i bhfoirm leictreonach laistigh de 60 lá, agus féadfar síneadh a chur leis an bhfaisnéis nó leis an míniú sin le bonn cirt roimh ré ón bPáirtí tuairiscithe.

2. Maidir leis na fiosrúcháin ba cheart do na pointí fiosrúcháin a ullmhú chun iarrataí den sórt sin a fhreagairt agus chun iad a láimhseáil agus a phróiseáil, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Chomhaontú BTT, cuirfidh na Páirtithe i bhfeidhm na moltaí ó Choiste EDT um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil a glacadh an 4 Deireadh Fómhair 1995.

CAIBIDIL 5

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

AIRTEAGAL 85

Cuspóirí

Is iad cuspóirí na Caibidle seo:

- (a) beatha agus sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint i gcríoch na bPáirtithe, agus trádáil a éascú idir na Páirtithe i réimse na mbeart sláintíochta agus fíteashláintíochta (dá ngairtear ‘bearta SPS’ anseo feasta);

- (b) comhoibriú chun Comhaontú EDT maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (dá ngairtear ‘Comhaontú SPS anseo feasta) a chur chun feidhme tuilleadh;
- (c) a áirithiú nach mbeidh na bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta ina mbacainní gan údar ar an trádáil idir na Páirtithe;
- (d) sásraí agus nósanna imeachta a fhorbairt a bheidh dírithe ar na fadhbanna a thagann chun cinn idir na Páirtithe a réiteach go héifeachtúil mar thoradh ar bhearta SPS a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- (e) cumarsáid agus comhar idir údaráis inniúla na bPáirtithe maidir le cúrsaí sláintíochta agus fíteashláintíochta a threisiú;
- (f) cur chun feidhme na cóireála speisialta agus difreálaí a éascú, agus neamhshiméadrachtaí idir na Páirtithe á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 86

Ceartha agus Oibleagáidí

Athdhearbhaíonn na Páirtithe na ceartha atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi Chomhaontú SPS. Tá na Páirtithe faoi réir fhorálacha na Caibidle seo freisin.

AIRTEAGAL 87

RAON FEIDHME

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta SPS a d'fhéadfadh, go díreach nó go hindíreach, difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe.
2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na caighdeáin, na rialacháin theicniúla ná na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta mar a shainmhínítear iad sa Chomhaontú BTT, seachas nuair a thagraíonn siad do bhearta SPS.
3. Ina theannta sin, beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an gcomhar idir na Páirtithe maidir le hábhair a bhaineann le leas ainmhithe.

AIRTEAGAL 88

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS.
2. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le sainmhínithe eile le haghaidh chur i bhfeidhm na Caibidle seo, agus gluaiseanna agus sainmhínithe na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 89

Údaráis Inniúla

Chun críocha na Caibidle seo, is iad údaráis inniúla gach Páirtí na húdaráis sin atá liostaithe i bhFoscúbhinn 1 a ghabhann le hIarscúbhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta). Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi aon athrú suntasach ar na húdaráis inniúla sin.

AIRTEAGAL 90

Prionsabail Ghinearálta

1. Ní úsáidfear bearta SPS mar bhacainní gan údar ar thrádáil idir na Páirtithe.
2. Déanfar na nósanna imeachta arna mbunú faoi raon feidhme na Caibidle seo a chur i bhfeidhm:
 - (a) ar bhealach trédhearcach,
 - (b) gan moill mhíchúí; agus
 - (c) i gcoinníollacha agus ceanglais, lena n-áirítear costais, nár cheart a bheith níos airde ná costas iarbhír na seirbhíse agus a bheith cothromasach i ndáil le haon táillí a ghearrtar ar tháirgí intíre comhchosúla na bPáirtithe.

3. Ní úsáidfidh na Páirtithe na nósanna imeachta a luaitear i mír 2 ná aon iarraidh ar fhaisnéis bhreise chun moill a chur ar rochtain táirgí allmhairithe a margaí gan bonn cirt eolaíoch ná teicniúil.

AIRTEAGAL 91

Ceanglais maidir le hallmhairiú

1. Beidh feidhm ag ceanglais ghinearálta allmhairiúcháin Páirtí maidir le táirgí Páirtí eile.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcomhlíonfaidh táirgí a onnmhairítear chuig Páirtí eile ceanglais sláintíochta agus fiteashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir.
3. Áiritheoidh an Páirtí is allmhaireoir go gcuirfear a choinníollacha allmhairiúcháin i bhfeidhm ar mhodh comhréireach, neamh-idirdhealaitheach.
4. Ní mór d'aon mhodhnú ar cheanglais allmhairiúcháin Páirtí breithniú a dhéanamh ar idirthréimhse a bhunú, de réir chineál an mhodhnaithe, chun cur isteach ar shreabhadh trádála táirgí a sheachaint agus chun a cheadú don Pháirtí is onnmhaireoir a nósanna imeachta a choigeartú don mhodhnú sin.

5. Nuair a chuirfidh Páirtí is allmhaireoir measúnú riosca san áireamh ina cheanglais allmhairiúcháin, tionscnóidh an Páirtí sin an measúnú sin láithreach agus cuirfidh sé an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoin tréimhse ama is gá le haghaidh an mheasúnaithe sin.
6. Nuair a thiocfaidh an Páirtí is allmhaireoir ar an gconclúid go gcomhlíonann táirgí Páirtí is onnmhaireoir a cheanglais sláintíochta agus fiteashláintíochta maidir le hallmhairiú, údaróidh an Páirtí sin allmhairiú na dtáirgí sin laistigh de 90 lá¹² oibre tar éis an dáta ar thángthas ar an gconclúid sin.
7. Ní fhéadfar a chumhdach le táillí cigireachta ach na costais a thabhaíonn an t-údarás inniúil agus seiceálacha allmhairiúcháin á ndéanamh aige. Beidh táillí cigireachta cothrom le dáta i ndáil leis na táillí a ghearrtar as iniúchadh a dhéanamh ar tháirgí intíre comhchosúla.
8. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon mhodhnú a bhaineann le táillí, lena n-áirítear na cúiseanna leis an modhnú sin.

AIRTEAGAL 92

Nósanna Imeachta Allmhairiúcháin

1. Maidir le hallmhairiú táirgí ainmhithe, cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir an Páirtí is allmhaireoir ar an eolas faoin liosta bunaíochtaí a chomhlíonann ceanglais an Pháirtí is allmhaireoir.

¹² Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn ‘laethanta oibre’ laethanta oibre sa Pháirtí a bhfuil feidhm ag an sprioc-am maidir leis.

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí is onnmhaireoir, agus na ráthaíochtaí sláintíochta iomchuí ag gabháil leo, formheasfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bunaíochtaí dá dtagraítear in mír 3 d'Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta) atá suite ar chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, gan cigireacht a dhéanamh roimh ré ar bhunaíochtaí aonair. Beidh an formheas sin comhsheasmhach leis na coinníollacha agus na forálacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn VI, agus tá sé teoranta do na catagóirí táirgí sin a bhfuil allmhairiú údaráithe ina leith.
3. Ach amháin i gcás ina n-éileofar faisnéis bhreise, glacfaidh an Páirtí is allmhaireoir , i gcomhréir lena nósanna imeachta dlí is infheidhme, na bearta reachtacha nó riaracháin is gá chun allmhairiú táirgí ó na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a cheadú, laistigh de 40 lá oibre tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a fháil.
4. Féadfaidh an Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (dá ngairtear 'Fochoiste SPS' anseo feasta) na ceanglais agus na forálacha a mhodhnú maidir le bunaíochtaí a fhormheas le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch de chuid na bPáirtithe. Glacfaidh an Coiste um Thrádáil an modhnú comhfhreagrach ar Foscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta).
5. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir taifead ar na consínseachtaí a diúltaíodh a chur isteach go rialta, lena n-áirítear faisnéis faoi na neamh-chomhréireachtaí ar orthu a bunaíodh na diúltaithe.

AIRTEAGAL 93

Fíorúcháin

1. Chun muinín a choinneáil i gcur chun feidhme éifeachtach fhorálacha na Caibidle seo agus laistigh dá raon feidhme, beidh an ceart ag gach Páirtí, laistigh de raon feidhme na Caibidle seo:
 - (a) i gcomhréir leis na Treoirínte a leagtar amach faoi Fhoscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta), córas rialaithe iomlán nó cuid de chóras rialaithe údaráis Páirtí eile a fhíorú; is é an Páirtí a dhéanfaidh an fíorúcháin a sheasfaidh speansais an fhíorúcháin sin; agus
 - (b) faisnéis a fháil ó na Páirtithe eile faoina gcórais rialaithe agus faoi thorthaí na rialuithe arna ndéanamh faoin gcóras sin.
2. Aon Pháirtí a dhéanfaidh fíorú faoin Airteagal seo i gcríoch Páirtí eile, cuirfidh sé torthaí agus conclúidí an fhíoraithe sin ar fáil don Pháirtí sin.
3. Nuair a chinneadh an Páirtí is allmhaireoir cuairt fíorúcháin a thabhairt ar an bPáirtí is onnmhaireoir, tabharfar fógra faoin gcualairt sin don Pháirtí eile 60 lá oibre ar a laghad sula ndéanfar an fíorú sin, ach amháin i gcásanna éigeandála nó má chomhaontaíonn na Páirtithe lena mbaineann a mhalairt. Comhaontóidh na Páirtithe lena mbaineann aon mhodhnú ar an gcualairt sin.

Bearta a Bhaineann le Sláinte Plandaí agus Ainmhithe

1. Aithneoidh na Páirtithe coincheap na limistéar atá saor ó lotnaidí nó ó ghalair agus na limistéar ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí nó galar, i gcomhréir le Comhaontú SPS chomh maith le caighdeáin, treoirlínte nó moltaí na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (dá ngairtear ‘OIE’ anseo feasta) agus an Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (dá ngairtear ‘IPPC’ anseo feasta).
2. De bhun mhír 1, bunóidh Fochoiste SPS nós imeachta iomchuí chun aitheantas a thabhairt do limistéir atá saor ó lotnaidí nó ó ghalair agus limistéar ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí nó galar, agus aon chaighdeán, treoirlíne nó moladh idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh. Áireofar leis an nós imeachta sin cásanna a bhaineann le ráigeanna agus athmhíolú.
3. Agus na limistéir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 á gcinneadh ag na Páirtithe, cuirfidh siad tosca amhail suíomh geografach, éiceachórais, faireachas eipidéimeolaíoch agus éifeachtacht na rialuithe sláintíochta nó fiteashláintíochta i limistéir den sórt sin san áireamh.
4. Bunóidh na Páirtithe dlúthchomhar maidir le limistéir atá saor ó lotnaidí nó ó ghalair agus limistéar ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí nó galar a chinneadh agus é mar chuspóir muinín a fháil as na nósanna imeachta a leanann gach Páirtí chun na limistéir sin a chinneadh.

5. Agus na limistéir atá saor ó lotnaidí agus saor ó ghalair nó limistéir ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí agus galar á gcinneadh, cibé acu den chéad uair é nó tar éis ráig de ghalair ainmhithe nó lotnaid plandaí a thabhairt isteach arís, bunóidh an Páirtí is allmhaireoir, i bprionsabal, a chinneadh féin maidir le stádas sláinte ainmhithe agus plandaí an Pháirtí is onnmhaireoir nó codanna de, ar an bhfaisnéis a chuir an Páirtí is onnmhaireoir ar fáil i gcomhréir le Comhaontú SPS agus OIE agus caighdeán IPPC, agus cuirfidh sé san áireamh an cinneadh a rinne an Páirtí is onnmhaireoir.
6. I gcás nach n-aithneoidh Páirtí is allmhaireoir na limistéir arna gcinneadh ag Páirtí i onnmhaireoir mar limistéir atá saor ó lotnaidí agus saor ó ghalair nó limistéir ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí agus galar, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, an fhaisnéis ar ar a bonn a rinneadh an cinneadh sin, agus/nó reáchtálfaidh sé comhairliúcháin, a luaithe is féidir, chun measúnú a dhéanamh ar réiteach malartach comhaontaithe a d'fhéadfadh a bheith ann.
7. Cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir fianaise leordhóthanach air sin chun a léiriú go hoibiachtúil don Pháirtí is allmhaireoir go bhfuil na limistéir atá i gceist, agus gur dócha go bhfanfaidh siad, ina limistéir atá saor ó lotnaidí nó ó ghalair nó ina limistéir ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí nó galar, de réir mar a bheidh. Chun na críche sin, arna iarraidh sin, tabharfaidh an Páirtí is onnmhaireoir sin rochtain réasúnta don Pháirtí is allmhaireoir le haghaidh cigireachta, tástála agus nósanna imeachta ábhartha eile.
8. Aithníonn na Páirtithe prionsabal dheighilt OIE agus prionsabal láithreáin táirgthe saor ó lotnaidí IPPC. Déanfaidh Fochoiste SPS measúnú ar aon mholadh a dhéanfaidh an OIE nó an IPPC ar an ábhar amach anseo agus déanfaidh sé moltaí dá réir sin.

AIRTEAGAL 95

Coibhéis

Féadfaidh Fochoiste SPS forálacha maidir le coibhéis a fhorbairt agus déanfaidh sé moltaí dá réir sin don Choiste um Thrádáil. Bunóidh an Fochoiste seo freisin an nós imeachta chun coibhéis a aithint.

AIRTEAGAL 96

Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise

1. Déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:
 - (a) trédhearcacht a shaothrú a mhéid a bhaineann leis na bearta SPS is infheidhme maidir le trádáil agus, go háirithe, maidir leis na ceanglais SPS a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí na bPáirtithe eile;
 - (b) feabhas a chur ar thuiscint fhrithpháirteach ar bhearta SPS gach Páirtí agus ar a gcur chun feidhme;
 - (c) faisnéis a mhalartú maidir le hábhair a bhaineann le bearta SPS a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le fianaise eolaíoch nua atá ar fáil, ar faisnéis í a dhéanann difear, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, do thrádáil idir na Páirtithe d'fhonn éifeachtaí diúltacha trádála a íoslaghdú;

- (d) arna iarraidh sin do Pháirtí agus laistigh de 15 lá oibre tar éis dháta na hiarrata sin, na ceanglais is infheidhme maidir le hallmhairiú táirgí sonracha a chur in iúl, lena n-áirítear más gá measúnú riosca a dhéanamh;
- (e) stádas an nós imeachta chun allmhairiú táirgí sonracha a údarú a chur in iúl, arna iarraidh sin do Pháirtí.

2. Tá pointí teagmhála na bPáirtithe maidir leis an malartú faisnéise dá dtagraítear san Airteagal seo liostaithe i bhFoscábhinn 4 a ghabhann le hIarscábhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta). Seolfar faisnéis tríd an bpost, trí fhacs nó trí ríomhphost. Féadfar faisnéis a sheoltar trí ríomhphost a shíniú go leictreonach agus ní sheolfar í ach amháin idir na pointí teagmhála.

3. I gcás ina gcuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil trí fhógra a thabhairt do EDT i gcomhréir leis na rialacha ábhartha, nó ar aon cheann de shuíomhanna gréasáin oifigiúla an Pháirtí lena mbaineann, atá ar fáil don phobal agus atá saor ó tháille, agus a liostaítear i bhFoscábhinn 4 a ghabhann le hIarscábhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta), measfar go ndearnadh an malartú faisnéise.

AIRTEAGAL 97

Fógra agus Comhairliúchán

1. Tabharfaidh gach Páirtí fógra i scríbhinn do na Páirtithe eile, laistigh de 2 lá oibre, faoi aon riosca tromchúiseach nó suntasach don tsláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, lena n-áirítear aon éigeandálaí bia.
2. Tabharfar na fógraí dá dtagraítear i mír 1 do na pointí teagmhála atá liostaithe i bhFoscríbhinn 4 a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta). Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 96 faoi aon athrú ar na pointí teagmhála. Déanfar na fógraí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 leis an bpost, le facs nó le ríomhphost.
3. I gcás ina mbeidh imní mhór ar Pháirtí maidir le riosca don tsláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, a dhéanfaidh difear do tháirgí atá á dtrádáil idir na Páirtithe, féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí is onnmhaireoir maidir leis an gcás. Beidh na comhairliúcháin sin ar siúl a luaithe is féidir. Sna comhairliúcháin sin, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar chun cur isteach ar thrádáil a sheachaint.
4. Féadfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3 a reáchtáil trí ríomhphost, trí fhíschomhdháil, trí fhuaimchomhdháil nó trí aon mhodh teicneolaíocht eile a bheidh ar fáil do na Páirtithe. Áiritheoidh an Páirtí a iarrann na comhairliúcháin go n-ullmhófar miontuairiscí na gcomhairliúchán sin.

AIRTEAGAL 98

Bearta Éigeandála

1. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, ar bhonn riosca tromchúiseach sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí agus gan fógra a thabhairt roimh ré, bearta sealadacha agus idirthréimhseacha a ghlacadh is gá chun an tsláinte phoiblí, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí a chosaint. I gcás coinsíneachtaí atá á n-iompar idir na Páirtithe, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir an réiteach is oiriúnaí agus is comhréirí a bhreithniú chun cur isteach nach gá ar thrádáil a sheachaint.
2. An Páirtí a ghlacfaidh bearta faoi mhír 1, cuirfidh sé na Páirtithe eile ar an eolas a luaithes féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná lá oibre amháin tar éis an dáta a nglacfar an beart. Féadfaidh na Páirtithe eile aon fhaisnéis a iarraidh a bhaineann le staid sláintíochta an Pháirtí a ghlacann an beart, chomh maith leis an mbeart féin. Freagróidh an Páirtí a ghlacfaidh an beart a luaithes a bheidh an fhaisnéis iarrtha ar fáil.
3. Arna iarraidh sin do Pháirtí, agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 97, reáchtálfadha na Páirtithe comhairliúcháin maidir leis an staid laistigh de 15 lá oibre tar éis an dáta a fhaightear an iarraidh ar chomhairliúcháin. Déanfar na comhairliúcháin sin chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil a sheachaint. Féadfar breithniú a dhéanamh ar roghanna chun cur chun feidhme nó athsholáthar na mbearta a éascú.

AIRTEAGAL 99

Beartha Malartacha

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí is onnmhaireoir, agus maidir le bearta arna nglacadh ag an bPáirtí allmhairiúcháin a dhéanann difear do thrádáil (lena n-áirítear teorainneacha sonracha a bhunú le haghaidh breiseán, iarmhar agus éilleán), rachaidh na Páirtithe lena mbaineann i mbun comhairliúchán i gcomhréir le hAirteagal 97 chun teacht ar chomhaontú maidir le coinníollacha allmhairiúcháin breise nó bearta malartacha a bheidh le cur i bhfeidhm ag an bPáirtí is allmhaireoir. Féadfaidh na coinníollacha allmhairiúcháin breise sin nó na bearta malartacha sin, i gcás inarb iomchuí, a bheith bunaithe ar chaighdeán idirnáisiúnta nó ar bhearta de chuid an Pháirtí is allmhaireoir lena n-áirithítear leibhéal cosanta atá coibhéiseach le leibhéal cosanta an Pháirtí is allmhaireoir. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 95 maidir leis na bearta sin.
2. Arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir, soláthróidh Páirtí is onnmhaireoir an fhaisnéis ábhartha uile a cheanglaítear le reachtaíocht an Pháirtí is allmhaireoir, lena n-áirítear torthaí a shaotharlann oifigiúil nó aon fhaisnéis eolaíoch eile chun go ndéanfar meastóireacht uirthi de réir na gcásanna eolaíocha iomchuí. Má chomhaontaítear é, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta reachtacha nó riaracháin chun allmhairí a cheadú ar bhonn an chomhaontaithe sin.
3. I gcás nach leor an fhianaise eolaíoch ábhartha, féadfaidh Páirtí bearta SPS a ghlacadh go sealadach ar bhonn na faisnéise ábhartha atá ar fáil. Sa chás sin, féachfaidh na Páirtithe leis an bhfaisnéis bhreise is gá a fháil le haghaidh measúnú riosca níos beaichte, chun go mbeidh an Páirtí is allmhaireoir in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeart SPS dá réir.

AIRTEAGAL 100

Cóir Speisialta Dhifreálach

Agus Airteagal 10 de Chomhaontú SPS á chur i bhfeidhm, nuair a shainaithin Tír Aindéach is sínitheoir deacrachtaí le beart beartaithe ar thug Páirtí AE fógra ina leith, féadfaidh an Tír Aindéach is sínitheoir a iarraidh, sna barúlacha a chuirfidh sí faoi bhráid Pháirtí AE de bhun Airteagal 7 de Chomhaontú SPS, deis chun an tsaincheist a phlé. Rachaidh na Páirtithe lena mbaineann i mbun comhairliúcháin chun teacht ar chomhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) coinníollacha allmhairiúcháin malartacha a bheidh le cur i bhfeidhm ag an bPáirtí is allmhaireoir; agus/nó
- (b) cúnamh teicniúil de réir Airteagal 101; agus/nó
- (c) idirthréimhse 6 mhí, a d'fhéadfaí a fhadú go heisceachtúil ar feadh tréimhse eile nach faide ná 6 mhí.

AIRTEAGAL 101

Cúnamh Teicniúil agus Neartú na nAcmhainní Trádála

1. I gcomhréir le forálacha Theideal XIII (Cúnamh Teicniúil agus Fothú Acmhainní Trádála), comhaontaíonn na Páirtithe an comhar a neartú chun rannchuidiú leis an gCaibidil seo a chur chun feidhme agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as a torthaí agus as na deiseanna atá ag méadú agus na tairbhí is mó a bhaint amach do na Páirtithe i ndáil le sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus plandaí agus sábháilteacht bia. Déanfar an comhar sin a fhorbairt laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúideach lena rialaítear an caidreamh comhair idir na Páirtithe.
2. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, comhaontaíonn na Páirtithe tábhacht ar leith a leagan ar riachtanais chomhair arna sainaithint ag Fochoiste SPS agus an fhaisnéis sin a tharchur, mar a fhoráiltear i dTeideal XIII (Cúnamh Teicniúil agus Forbairt Acmhainneachta Trádála). Féadfaidh an Fochoiste seo athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na riachtanais a luaitear.

AIRTEAGAL 102

Comhoibriú maidir le Leas Ainmhithe

Déanfaidh Fochoiste SPS comhar maidir le hábhair a bhaineann le leas ainmhithe a chur chun cinn idir na Páirtithe.

An Fochóiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta

1. Bunaíonn na Páirtithe Fochóiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta mar fhóram chun cur chun feidhme na Caibidle seo a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh air agus chun aon ábhar a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh a fhorálacha a mheas. Féadfaidh Fochóiste SPS athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaibidil seo agus moltaí a dhéanamh dá réir sin.
2. Beidh ionadaithe arna n-ainmniú ag gach Páirtí ar Fhochóiste SPS. Tiocfaidh an Fochóiste seo le chéile ar ghnáthsheisiún uair sa bhliain ar a laghad ar dháta agus ionad a chomhaontófar go frithpháirteach, agus tionólfadh sé seisiún speisialta arna iarraidh sin d'aon Pháirtí. Reáchtálfadh Fochóiste SPS a chéad ghnáthsheisiún laistigh den chéad bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Glacfaidh Fochóiste SPS a nósanna imeachta oibre ag an gcéad chruinniú sin. Comhaontóidh na Páirtithe an clár oibre roimh na cruinnithe. Féadfaidh an Fochóiste teacht le chéile freisin trí fhíschomhdháil agus trí fhuaimchomhdháil.
3. Déanfaidh an Fochóiste an méid seo a leanas:
 - (a) cur chun feidhme na Caibidle seo a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh air;
 - (b) Fóram a chur ar fáil chun plé a dhéanamh ar fhadhbanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm bhearta SPS agus as cur i bhfeidhm na Caibidle seo, agus réitigh fhéideartha a shainaitheint;

- (c) an gá atá le cláir chomhpháirteacha staidéir a bhunú, go háirithe maidir le teorainneacha sonracha a bhunú, a phlé;
 - (d) riachtanais chomhair a shainaithint;
 - (e) na comhairliúcháin arna mbunú in Airteagal 104 a sheoladh maidir le díospóidí a eascróidh faoin gCaibidil seo a shocrú;
 - (f) na comhairliúcháin arna mbunú in Airteagal 100 den Chaibidil seo a sheoladh maidir leis an gcóir speisialta dhifreálach; agus
 - (g) aon fheidhm eile a chomhaontófar go frithpháirteach idir na Páirtithe a chomhlíonadh.
4. Féadfaidh Fochoiste SPS meithleacha *ad hoc* a bhunú chun tabhairt faoi chúraimí sonracha agus bunóidh sé a bhfeidhmeanna agus a nósanna imeachta oibre.

Réiteach Díospóidí

1. I gcás ina measfaidh Páirtí go bhfuil beart SPS de chuid Páirtí eile, nó go bhféadfadh sé a bheith contrártha do na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo, nó go bhfuil sárú déanta ag Páirtí eile ar aon oibleagáid a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a bhaineann le beart SPS, féadfaidh an Páirtí sin comhairliúcháin theicniúla a iarraidh i bhFochoiste SPS. Éascóidh na húdaráis inniúla a shaináithnítear i bhFoscúbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta) na comhairliúcháin sin.
2. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe sa díospóid a mhalairt, i gcás ina raibh díospóid faoi réir comhairliúcháin laistigh d'Fhochoiste SPS de réir mhír 1, cuirfear na comhairliúcháin sin in ionad na gcomhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 301 ar choinníoll go gcomhlíonann na comhairliúcháin sin na ceanglais a bhunaítear i mír 9 den Airteagal sin. Measfar na comhairliúcháin san Fhochoiste a bheith tugtha chun críche laistigh de 30 lá ó dháta seachadta an iarrata, mura gcomhaontóidh na Páirtithe comhairliúcháin leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin. Féadfar na comhairliúcháin sin a thionól trí chomhdháil fisghutháin, trí fhíschomhdháil nó trí aon mhodh eile arna chomhaontú go frithpháirteach ag na Páirtithe comhairliúcháin.

CAIBIDIL 6

AIRTEAGAL 105

Gluaiseacht Earraí

1. Aithníonn na Páirtithe na leibhéil éagsúla a bhaintear amach le próisis lánpháirtíochta réigiúnaí laistigh den Aontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí laistigh de Chomhphobal na nAindéas, ar an taobh eile. I ndáil leis an méid sin, gníomhóidh na Páirtithe d'fhonn dul i dtreo na sprice maidir le dálaí a chruthú a chabhródh le saorghluaiseacht earraí ó Pháirtithe eile i measc a gcríoch faoi seach. I ndáil leis sin:

- (a) tairbheoidh táirgí de thionscnamh Tíre Aindéi is sínitheoir de shaorghluaiseacht earraí ar chríoch an Aontais Eorpaigh faoi na coinníollacha arna mbunú leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do shaorghluaiseacht earraí de thionscnamh tríú tíortha;
- (b) faoi réir fhorálacha Chomhaontú na nAindéas maidir le Lánpháirtíocht Fho-réigiúnach, (dá ngairtear ‘Comhaontú Cartagena’ anseo feasta), maidir le gluaiseacht earraí, tabharfaidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí cóir dá chéile nach lú fabhar ná an chóir a thugtar do Pháirtí AE de bhun an Chomhaontaithe seo. Níl an oibleagáid sin faoi réir Theideal XII (Réiteach Díospóidí);

- (c) ag féachaint d'Airteagal 10, déanfaidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí a seacht ndícheall gluaiseacht earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh idir a gcríocha a éascú agus dúbailt nósanna imeachta agus rialuithe a sheachaint.

2. Chomh maith le mír 1:

- (a) maidir le cúrsaí custaim, cuirfidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí i bhfeidhm maidir le hearraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh agus a thagann ó thír Aindéach eile is sínitheoir, na nósanna imeachta custaim is fabhraí is infheidhme maidir le hearraí ó na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí;
- (b) Maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil:
 - (i) ceadóidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí d'earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh tairbhe a bhaint as na caighdeáin chomhchuibhithe, na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir le trádáil idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí;
 - (ii) i réimsí leasa, déanfaidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí a seacht ndícheall comhchuibhiú céimnitheach ar chaighdeáin, ar rialacháin theicniúla agus ar nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a chothú;

- (c) maidir le bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta, tabharfaidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí cead d'earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh tairbhe a bhaint as na nósanna imeachta agus na ceanglais chomhchuibhithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le trádáil. Scrúdóidh Fochoiste SPS cur i bhfeidhm na fomhíre seo.

3. I gcás ina dtiocfaidh Balltíortha uile Chomhphobal na nAindéas chun bheith ina bPáirtithe sa Chomhaontú seo, scrúdóidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí an staid nua sin agus molfaidh siad do Pháirtí AE na bearta iomchuí chun feabhas a chur ar choinníollacha gluaiseachta earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh idir Balltíortha Chomhphobal na nAindéas agus, go háirithe, chun dúbailt nósanna imeachta, dleachtanna custaim agus muirear eile, cigireachtaí agus rialuithe a sheachaint.

4. De bhun mhír 3, déanfaidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí a seacht ndícheall comhchuibhiú a gcuid reachtaíochta agus a gcuid nósanna imeachta maidir le rialacháin theicniúla agus bearta SPS a chothú, agus comhchuibhiú nó aitheantas frithpháirteach a rialuithe agus a gcigireachtaí a chur chun cinn.

5. I gcomhréir le mír 1, forbróidh na Páirtithe sásraí comhair, agus a riachtanais agus a réaltachtaí á gcur san áireamh, laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúideach lena rialaítear an caidreamh comhair idir na Páirtithe.

CAIBIDIL 7

EISCEACHTAÍ

AIRTEAGAL 106

Eisceachtaí ón Teideal maidir le Trádáil Earraí

1. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arbh ionann é agus áis le haghaidh idirdhealú treallach nó idirdhealú dochosanta idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh na coinníollacha céanna i réim, nó srian faoi cheilt ar thrádáil earraí idir na Páirtithe, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo chun cosc a chur ar aon Pháirtí bearta a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

- (a) is gá chun moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choimeád¹³;
- (b) is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, lena n-áirítear na bearta comhshaoil sin is gá chun na críche sin;
- (c) a bhaineann le hór nó airgead a allmhairiú nó a onnmhairiú;

¹³ Ní fhéadfar eisceacht an oird phoiblí a agairt ach amháin i gcás ina mbeidh bagairt dháiríre, atá tromchúiseach a dhóthain, ar cheann de leasanna bunúsacha na sochaí.

- (d) atá riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear na dlíthe nó na rialacháin sin a bhaineann le forghníomhú custaim, le forghníomhú monaplachtaí a oibrítear i gcomhréir le hAirteagal 27, le cosaint ceart maoine intleachtúla agus le cleachtais mheabhlacha a chosc;
- (e) a bhaineann le táirgí saothair príosúin;
- (f) a chuirtear i bhfeidhm chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint;
- (g) a bhaineann le caomhnú acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite beo agus neamhbheo má thugtar éifeacht le bearta den sórt sin i gcomhar le srianta ar tháirgeadh nó ar thomhaltas intíre;
- (h) ar bearta iad a dhéantar de bhun oibleagáidí faoi aon chomhaontú idir-rialtasach faoi thráchtarraí atá i gcomhréir le critéir a cuireadh faoi bhráid na bPáirtithe agus nár chuir siad ina gcoinne nó ar cuireadh faoi bhráid ar an dóigh sin é agus nár cuireadh ina choinne ar an dóigh sin¹⁴;

¹⁴ Baineann an eisceacht dá ndéantar foráil san fhomhír seo le haon chomhaontú faoi thráchtarraí atá i gcomhréir leis na prionsabail arna bhformheas ag an gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta ina Rún 30 (IV) an 28 Márta 1947.

- (i) lena mbaineann srianta ar onnmhairí ábhar intíre is gá chun cainníochtaí riachtanacha d'ábhair den sórt sin a áirithiú chuig tionscal próiseála intíre le linn tréimhsí nuair a choinnítear praghas intíre na n-ábhar sin faoi bhun phraghas an domhain mar chuid de phlean cobhsaíochta rialtais; ar choinníoll nach n-oibreoidh na srianta sin chun méadú a dhéanamh ar onnmhairí an tionscail intíre sin ná ar an gcosaint a thugtar dó, agus nach n-imeoidh siad ó fhorálacha an Chomhaontaithe seo a bhaineann le neamh-idirdhealú; agus
- (j) atá fíor-riachtanach chun táirgí a fháil nó a dháileadh go ginearálta nó go háitiúil; ar choinníoll go mbeidh aon bheart den sórt sin i gcomhréir leis an bprionsabal go bhfuil na Páirtithe go léir i dteideal sciar cothromasach an tsoláthair idirnáisiúnta táirgí den sórt sin, agus go scoirfear d'aon bheart den sórt sin a bhfuil ar neamhréir le forálacha eile an Chomhaontaithe seo, chomh luath agus nach mbeidh na coinníollacha as ar eascraíodh iad ann a thuilleadh.

2. Tuigeann na Páirtithe, nuair a bheartaíonn Páirtí aon bheart a ghlacadh faoi fhomhíreanna 1(i) agus 1(j), go gcuirfidh an Páirtí sin an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil do na Páirtithe eile, d'fhonn teacht ar réiteach is inghlactha ag na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le haon mhodh is gá chun cás an Pháirtí a bhfuil sé ar intinn aige an beart a ghlacadh a réiteach. Mura dtagtar ar chomhaontú laistigh de 30 lá, féadfaidh an Páirtí sin bearta a chur i bhfeidhm faoi fhomhíreanna 1(i) agus 1(j) maidir le honnmhairiú an táirge lena mbaineann. Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla géibheannacha a éilíonn gníomh láithreach a fhágann nach féidir réamhaisnéis a fháil nó scrúdú a dhéanamh roimh ré, féadfaidh an Páirtí a bhfuil sé ar intinn aige na bearta a ghlacadh é sin a dhéanamh agus cuirfidh sé na Páirtithe eile ar an eolas a thúisce is féidir.

TEIDEAL IV

TRÁDÁIL SEIRBHÍSÍ, BUNAÍOCHT AGUS RÍOMHTHRÁCHTÁIL

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 107

Cuspóir agus Raon Feidhme

1. Agus a ngealltanais faoi Chomhaontú EDT á n-athdhearbhú ag na Páirtithe, agus d'fhonn a gcomhtháthú eacnamaíoch, a bhforbairt inbhuanaithe agus a gcomhtháthú leanúnach sa gheilleagar domhanda a éascú, agus na difríochtaí i leibhéal forbartha na bPáirtithe á gcur san áireamh, bunaíonn siad leis seo na forálacha is gá maidir le léirscaoileadh céimnitheach bunaíochta agus trádála seirbhísí agus le haghaidh comhar maidir le ríomhthrachtáil.
2. Ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo mar ní a cheanglaíonn ar aon Pháirtí gnóthais phoiblí a phríobháidiú nó aon oibleagáid a fhorchur maidir le soláthar rialtais.

3. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le fóirdheontais arna ndeonú ag Páirtí¹⁵.
4. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais.
5. Faoi réir fhorálacha an Teidil seo, coinníonn gach Páirtí an ceart chun a chumhachta a fheidhmiú agus chun rialacháin nua a rialú agus a thabhairt isteach chun cuspóirí beartais náisiúnta dlisteanacha a chomhlíonadh.
6. Ní bheidh feidhm ag an Teideal seo maidir le bearta a dhéanann difear do dhaoine nádúrtha atá ag lorg rochtain ar mhargadh fostaíochta Páirtí, ná ní bheidh feidhm aici maidir le bearta i ndáil le saoránacht, cónaí, nó fostaíocht ar bhonn buan.
7. Ní choiscfidh aon ní sa Teideal seo ar Pháirtí bearta a chur i bhfeidhm chun rialú a dhéanamh ar theacht isteach daoine nádúrtha ina chríoch, nó fanacht daoine nádúrtha go sealadach laistigh dá chríoch, lena n-áirítear na bearta sin is gá chun sláine daoine nádúrtha a chosaint agus a ngluaiseacht ordúil trasna a theorainneacha a áirithiú, ar choinníoll nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfar neamhniú nó lagú ar na sochair a fhabhraíonn d'aon Pháirtí faoi théarmaí gealltanais shonraigh sa Teideal seo agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis¹⁶.

¹⁵ Chun críocha na míre seo, folaíonn an téarma ‘fóirdheontais’ iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

¹⁶ An t-aon fhíoras amháin go gceanglaítear víosa a bheith ag daoine nádúrtha as tír áirithe agus nach gceanglaítear víosa a bheith ag daoine nádúrtha as tír eile, ní fhéachfar air sin mar chúis le neamhniú nó lagú a dhéanamh ar shochair faoi ghealltanais sonracha.

Sainmhínte

Chun críocha an Teidil seo:

- ciallaíonn ‘comhaontú lánpháirtíochta eacnamaíche’ comhaontú lena ndéantar trádáil i seirbhísí agus bunaíocht a léirscaoileadh go substaintiúil de bhun rialacha EDT;
- ciallaíonn ‘duine dlítheanach de chuid Páirtí’ duine dlítheanach arna chur ar bun i gcomhréir le dlíthe an Pháirtí sin agus a bhfuil a oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a phríomháit ghnó aige i gcríoch an Pháirtí sin; i gcás nach bhfuil ach a oifig chláraithe nó a riarachán lárnach i gcríoch Páirtí ag duine dlítheanach, ní mheasfar gur duine dlítheanach de chuid an Pháirtí sin é, mura bhfuil nasc réadach leanúnach ag a chuid oibríochtaí le geilleagar an Pháirtí sin¹⁷;
- ciallaíonn ‘beart’ aon bheart ag Páirtí, bíodh sé i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, chinnidh, ghnímh riaracháin, nó in aon fhoirm eile;

¹⁷ Cuideachtaí loingseoireachta atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach nó lasmuigh de na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí ach atá á rialú ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de Thír Aindéach is sínitheoir, faoi seach, tairbheoidh siad d’fhorálacha an Teidil seo freisin, i gcás ina bhfuil a soithí cláraithe i gcomhréir le reachtaíocht Bhallstát an Aontais Eorpaigh nó Tíre Aindéi is sínitheoir faoi seach agus a bhfuil bratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó Tíre Aindéi is sínitheoir orthu.

- ciallaíonn ‘bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí’ bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag na dreamanna seo a leanas:
 - (a) rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha ag áitiúla; agus
 - (b) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligeán ag rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla;
- ciallaíonn ‘duine nádúrtha de chuid Páirtí’ duine nádúrtha a bhfuil náisiúntacht Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó de Thír Aindéach is sínitheoir aige de réir a reachtaíochta féin faoi seach¹⁸;
- áirítear le ‘seirbhísí’ aon seirbhís in aon earnáil seachas seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais;
- ciallaíonn ‘seirbhísí arna soláthar le linn údarás rialtais a fheidhmiú’ aon seirbhís nach soláthraítear ar bhonn tráchtála ná san iomaíocht le soláthróir seirbhíse amháin nó níos mó;
- ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse de chuid Páirtí’ duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le seirbhís a sholáthar nó a sholáthraíonn seirbhís;
- áirítear le ‘soláthar seirbhíse’ seirbhís a tháirgeadh, a dháileadh, a mhargú, a dhíol agus a sholáthar.

¹⁸ Chun críocha an Teidil seo, measfar gur náisiúnach de chuid an Pháirtí ina gcreidiúnaíonn sé a náisiúntacht cheannasach éifeachtach go heisiach, duine nádúrtha de chuid Páirtí ag a bhfuil dénáisiúntacht Ballstáit den Aontas Eorpach agus Tíre Aindéi is sínitheoir. Chun na gcríoch sin, tuigfear gurb ionann náisiúntacht cheannasach éifeachtach Páirtí agus náisiúntacht an Pháirtí ina bhfuil naisc níos láidre ag an duine nádúrtha, ag cur san áireamh tosca amhail, i measc nithe eile, a ghnáthchónaí nó a gnáthchónaí, a naisc teaghlaigh, a áit chánachais nó an áit ina bhfeidhmíonn sé a chearta polaitiúla.

Grúpaí Oibre

A mhéid is gá agus a bhfuil bonn cirt leis, féadfaidh an Coiste um Thrádáil meitheal a bhunú a mbeidh sé d'aidhm aici, i measc nithe eile, na cúraimí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) plé a dhéanamh ar shaincheisteanna rialála a bhaineann le bunú, trádáil seirbhísí agus tráchtáil leictreonach;
- (b) treoirlínte agus straitéisí a mholadh lena gcuirfear ar chumas na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí a bheith ina dtearmann maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Chuige sin, glacfaidh an mheitheal clár oibre comhair ina saineofar gnéithe tosaíochta chun an cuspóir sin a bhaint amach, go háirithe maidir le próisis formheasta na gcóras cosanta sonraí faoi seach;
- (c) na sásraí is gá a lorg chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe a chumhdaítear faoi Airteagal 162;
- (d) sásraí a mholadh chun cabhrú le Micrifhiontair agus FBManna na bacainní a bhíonn rompu maidir le húsáid na ríomhthráchtála a shárú;
- (e) slándáil idirbheart leictreonach agus rialtais leictreonaigh a fheabhsú, i measc nithe eile;

- (f) rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a spreagadh in oiliúint agus glacadh cód iompair, samhlacha conartha, treoirlínte agus sásraí comhlíontachta don ríomhthráchtáil, mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim arna n-eagrú idir na Páirtithe;
- (g) sásraí comhair a bhunú maidir le creidiúnú agus deimhniú digiteach le haghaidh ríomh-idirbheart agus aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe digiteacha; agus
- (h) páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim réigiúnacha agus iltaobhacha chun forbairt na ríomhthráchtála a chur chun cinn.

CAIBIDIL 2

BUNAÍOCHT

AIRTEAGAL 110

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

- ciallaíonn ‘brainse duine dhlítheanaigh’ áit ghnó gan phearsantacht dhlítheanach, ar áit í:
 - (a) a bhfuil cosúlacht na buaine uirthi amhail leathnú ar mháthairchomhlacht:

- (b) a bhfuil bainistíocht aici; agus
- (c) atá feistithe go hábhartha chun gnó a chaibidil le tríú páirtithe; dá bhrí sin, cé go bhfuil a fhios ag tríú páirtithe go mbeidh nasc dlíthiúil acu, más gá, leis an máthairchomhlacht, a bhfuil a cheannoifig thar lear, ní gá dóibh déileáil go díreach leis an máthairchomhlacht sin ach féadfaidh siad gnó a dhéanamh ag an áit ghnó arb é an leathnú í;
- Ní áirítear le ‘gníomhaíocht eacnamaíoch’ gníomhaíochtaí a dhéantar le linn údarás rialtais a fheidhmiú, e.g. gníomhaíochtaí nach ndéantar ar bhonn tráchtála ná in iomaíocht le hoibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó;
- ciallaíonn ‘bunaíocht’ aon chineál gnó nó bunaíochta gairmiúla¹⁹ trí na nithe seo a leanas:
 - (a) comhdhéanamh, fáil nó cothabháil duine dhlítheanaigh²⁰; nó
 - (b) brainse nó oifig ionadaíoch a chruthú nó a chothabháil;

laistigh de chríoch Pháirtí chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh;

¹⁹ Folaíonn an téarma ‘bunaíocht ghnó nó ghairmiúil’ an bhunaíocht in aon ghníomhaíocht eacnamaíoch tháirgiúil, cibé acu gníomhaíocht thionsclaíoch nó gníomhaíocht tráchtála í, a bhaineann le táirgeadh earraí agus soláthar seirbhísí.

²⁰ Tuigfear leis na téarmaí ‘bunreacht’ agus ‘fáil’ duine dhlítheanaigh mar ní lena n-áirítear rannpháirtíocht chaipitil i duine dlítheanach chun naisc eacnamaíocha bhuana a bhunú nó a choinneáil ar bun.

- ciallaíonn ‘infheisteoir i bPáirtí’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach de Pháirtí a fhéachann, trí ghníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh, le gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i bPáirtí eile nó a rinne gníomhaíocht eacnamaíoch i bPáirtí eile trí bhunaíocht a chur ar bun;
- áirítear le ‘bearta Páirtí a dhéanann difear do bhunaíocht’ bearta maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a chumhdaítear leis an míniú ar bhunaíocht;
- ciallaíonn ‘fochuideachta de dhuine dlítheanach de Pháirtí’ duine dlítheanach atá faoi rialú iarbhair ag duine dlítheanach eile den Pháirtí sin²¹.

AIRTEAGAL 111

RAON FEIDHME

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag na Páirtithe a dhéanann difear do bhunaíocht²² in aon ghníomhaíocht eacnamaíoch, cé is moite díobh seo a leanas:

- (a) mianadóireacht, monarú agus próiseáil ábhar núicléach;

²¹ Tá duine dlítheanach á rialú ag duine dlítheanach eile má tá sé de chumhacht ag an duine dlítheanach sin tromlach dá stiúrthóirí a ainmniú nó a ghníomhartha a stiúradh go dlíthiúil ar shlí eile.

²² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, agus gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach inti, ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo forálacha maidir le cosaint infheistíochta, amhail forálacha a bhaineann go sonrach le díshealbhú agus le cóir chothrom agus chothromasach, ná ní chumhdaítear léi nósanna imeachta um réiteach díospóidí idir infheisteoir agus Stát.

- (b) airm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó trádáil iontu;
- (c) seirbhísí closamhairc;
- (d) cabatáiste muirí náisiúnta²³;
- (e) dramhaíl thocsaineach a phróiseáil, a dhiúscairt agus a dhramhaíl, agus
- (f) seirbhísí aeriompair intíre agus idirnáisiúnta, bídís sceidealta nó neamhsceidealta, agus seirbhísí a bhaineann go díreach le feidhmiú ceart tráchta, seachas:
 - (i) seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaí a dtarraingítear aerárthach siar as seirbhís lena linn;
 - (ii) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;
 - (iii) seirbhísí chóras áirithinte ríomhaire (CAR); agus
 - (iv) seirbhísí ar an talamh agus seirbhísí oibriúcháin aerfoirt.

²³ Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaítear le cabatáiste náisiúnta faoin gCaibidil seo iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i dTír Aindéach is sínitheoir nó i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Tír Aindéach chéanna is sínitheoir nó sa Bhallstát den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalaftort nó sa phointe céanna atá suite i dTír Aindéach is sínitheoir nó i mBallstát den Aontas Eorpach.

Rochtain ar mhargaí

1. Maidir le rochtain ar an margadh trí bhunú, tabharfaidh gach Páirtí do bhunaíochtaí agus d'infheisteoirí Páirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir dá bhforáiltear faoi na gealltanais shonracha atá in Iarscríbhinn VII (Liostaí na nGealltanais maidir le Bunaíocht).
2. In earnálacha ina dtugtar faoi ghealltanais maidir le rochtain ar an margadh, sainmhínítear na bearta nach ndéanfaidh Páirtí a choinneáil ar bun ná a ghlacadh ar bhonn foroinne réigiúnaí nó ar bhonn a chríche ar fad, mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn VII (Liostaí na nGealltanais maidir le Bunaíocht), mar seo a leanas:
 - (a) teorainneacha ar líon na n-institiúidí airgeadais, cibé acu i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí, cearta eisiacha nó ceanglais bunaíochta eile amhail tástáil riachtanas eacnamaíoch;
 - (b) teorainneacha ar luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;
 - (c) teorainneacha ar líon iomlán na n-oibríochtaí nó cainníocht iomlán an aschuir arna shloinneadh mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch²⁴;

²⁴ Ní chumhdaítear le fo-fhomhíreanna 2(a), 2(b) agus 2 (c) na bearta a dhéantar chun teorainn a chur le táirgeadh earra talmhaíochta.

- (d) teorainneacha ar líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú i ngníomhaíocht eacnamaíoch ar leith nó a fhéadfaidh bunaíocht a fhostú agus atá riachtanach le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch, agus atá bainteach go díreach leis an ngníomhaíocht sin;
- (e) teorainneacha ar rannpháirtíocht an chaipitil eachtraigh i dtaca le teorainn uasta an chéatadáin le scairshealbhú eachtrach nó luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí aonair nó na hinfheistíochta eachtraí comhiomláine; agus
- (f) bearta lena sriantar cineálacha sonracha bunaíochta (fochuideachta, braise, oifig ionadaíoch) nó comhfhiontair trínar féidir le hinfheisteoir de chuid Páirtí eile gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, nó lena gceanglaítear iad a bheith ann²⁵.

²⁵ Féadfaidh gach Páirtí a cheangal, i gcás corprú mar dhuine dlítheanach faoina dhlí féin, nach mór d'infheisteoirí foirm dhlíthiúil shonrach a ghlacadh. A mhéid a chuirfear an ceanglas sin i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, ní gá é a shonrú in Iarscríbhinn VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunú) chun go ndéanfaidh na Páirtithe é a choinneáil ar bun nó a ghlacadh.

Cóir náisiúnta

1. Sna hearnálacha a bhfuil na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh maidir leo liostaithe in Iarscríbhinn VII (Liostaí na nGealltanais maidir le Bunú) ag an gColóim agus faoi réir aon choinníollacha agus cáilíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, deonóidh an Cholóim do bhunaíochtaí agus d'infheisteoirí Pháirtí AE, i ndáil le gach beart a dhéanann difear do bhunaíocht, cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé dá bhunaíochtaí agus dá infheisteoirí comhchosúla²⁶ féin.
2. Sna hearnálacha a bhfuil na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh maidir leo liostaithe in Iarscríbhinn VII (Liostaí na nGealltanais maidir le Bunú) ag Peiriú agus faoi réir aon choinníollacha agus cáilíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, deonóidh Peiriú do bhunaíochtaí agus d'infheisteoirí Pháirtí AE, i ndáil le gach beart a dhéanann difear do bhunaíocht, cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé dá bhunaíochtaí agus dá infheisteoirí comhchosúla²⁷ féin.
3. Sna hearnálacha ina bhfuil gealltanais maidir le rochtain ar an margadh liostaithe in Iarscríbhinn VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunú) ag Páirtí AE, agus faoi réir aon choinníollacha agus cáilíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, déanfaidh Páirtí AE, maidir le gach beart a dhéanann difear don bhunaíocht, cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé dá bhunaíochtaí agus dá infheisteoirí na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí ná mar a thugann sé dá bhunaíochtaí agus dá infheisteoirí comhchosúla féin.

²⁶ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an téarma ‘comhchosúil’ gan dochar don téarma ‘dálai comhchosúla’ a chomhaontaigh an Cholóim nó a chomhaontaíonn sí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile.

²⁷ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, na cearta is féidir a dhíorthú do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse Pháirtí AE ó oibleagáidí Pheiriú faoi GATS, leanfaidh siad de bheith in-fhorfheidhmithe go hiomlán faoi chuimsiú EDT, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an phrionsabail ‘seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse comhchosúla’ mar a áirítear in Airteagal XVII de GATS.

4. Ní fhorléireofar na gealltanais shonracha faoin san Airteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí cúiteamh a thabhairt i leith aon mhíbhuntáistí dúchasacha iomaíocha a eascraíonn as gné eachtrach na n-infheisteoirí ábhartha.

AIRTEAGAL 114

Liostaí Gealltanais

Earnálacha arna ngealladh ag gach Páirtí de bhun na Caibidle seo, chomh maith le haon fhorchoimeádas nó teorannú ar rochtain ar an margadh agus/nó ar chóir náisiúnta is infheidhme maidir le bunaíochtaí agus infheisteoirí Páirtí eile sna hearnálacha sin, liostaítear iad in Iarscríbhinn VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht).

AIRTEAGAL 115

Comhaontuithe eile

1. Ní fhorléireofar aon ní dá bhfuil sa Teideal seo mar ní lena dteorannaítear cearta agus oibleagáidí na bPáirtithe agus a n-infheisteoirí atá bunaithe in aon chomhaontú idirnáisiúnta atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hinfheistíocht a bhfuil Ballstát den Aontas Eorpach agus Tír Aindéach is sínitheoir ina bpáirtithe ann.

2. D'ainneoin mhír 1, aon sásra um réiteach díospóidí arna bhunú faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hinfheistíocht ar páirtí ann an tAontas Eorpach, Ballstát den Aontas Eorpach nó Tír Aindéach is sínitheoir, ní bheidh feidhm aige maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 116

Infheistíocht a Chur Chun Cinn agus Athbhreithniú

1. D'fhonn infheistíochtaí a léirscaoileadh go céimnitheach, féachfaidh an tAontas Eorpach agus na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí le timpeallacht a chur chun cinn atá tarraingteach d'infheistíocht chómhalartach laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach.

2. Mar thoradh ar an gcur chun cinn dá dtagraítear i mír 1, beidh comhar ann lena n-áireofar, i measc nithe eile, athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil infheistíochta, ar an timpeallacht infheistíochta agus ar shreabhadh na n-infheistíochtaí idir na Páirtithe, i gcomhréir lena ngealltanais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Déanfar an t-athbhreithniú sin tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus go tráthrialta ina dhiaidh sin.

CAIBIDIL 3

SOLÁTHAR TRASTEORANN SEIRBHÍSÍ

AIRTEAGAL 117

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

- ciallaíonn ‘soláthar trasteorann seirbhísí’ seirbhís a sholáthar:
 - (a) ó chríoch Pháirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile (Modh 1); agus
 - (b) i gcríoch Pháirtí chuig tomhaltóir seirbhíse Páirtí eile (Modh 2);
- áirítear le ‘beart ag Páirtí a dhéanann difear do sholáthar trasteorann’ bearta i leith na nithe seo a leanas:
 - (a) seirbhís a cheannach, a íoc nó a úsáid; agus
 - (b) i ndáil le seirbhís trasteorann a sholáthar, seirbhísí a cheanglaíonn an Páirtí sin a thairiscint don phobal i gcoitinne a rochtain agus a úsáid.

RAON FEIDHME

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid na bPáirtithe a dhéanann difear do sholáthar trasteorann na n-earnálacha seirbhísí uile cé is moite díobh seo a leanas:

- (a) seirbhísí closamhairc;
- (b) cabatáiste muirí náisiúnta²⁸, agus;
- (c) seirbhísí aeriompair náisiúnta agus idirnáisiúnta, bídis sceidealta nó neamhsceidealta, agus seirbhísí a bhaineann go díreach le feidhmiú ceart tráchta, seachas:
 - (i) seirbhísí deisithe agus cothabhála aerárthaí a dtarraingítear aerárthach siar as seirbhís lena linn;
 - (ii) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

²⁸ Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaítear le cabatáiste náisiúnta muirí faoin gCaibidil seo iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i dTír Aindéach is sínitheoir nó i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Tír Aindéach chéanna is sínitheoir nó sa Bhallstát den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, mar aon le trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite i dTír Aindéach is sínitheoir nó i mBallstát den Aontas Eorpach.

- (iii) seirbhísí chóras áirithinte ríomhaire (CAR); agus
- (iv) seirbhísí ar an talamh agus seirbhísí oibriúcháin aerfoirt.

AIRTEAGAL 119

Rochtain ar mhargaí

1. Maidir le rochtain ar an margadh trí sholáthar seirbhísí trasteorann, tabharfaidh gach Páirtí seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse de chuid Páirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir dá bhforáiltear sna gealltanais shonracha a liostaítear in Iarscríbhinn VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Seirbhísí Trasteorann).
2. In earnálacha ina dtugtar faoi ghealltanais maidir le rochtain ar an margadh, sainmhínítear na bearta nach ndéanfaidh Páirtí a choinneáil ar bun ná a ghlacadh ar bhonn foroinne réigiúnaí nó ar bhonn a chríche ar fad, mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht), mar seo a leanas:
 - (a) teorainneacha ar an líon soláthróirí seirbhíse, bíodh sé i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí nó soláthróirí seirbhíse eisiacha nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

- (b) teorainneacha ar luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní seirbhíse i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch; agus
- (c) teorainneacha ar líon iomlán na n-oibríochtaí seirbhíse nó cainníocht iomlán an aschuir seirbhíse arna shloinneadh mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch²⁹.

AIRTEAGAL 120

Cóir náisiúnta

1. Sna hearnálacha a liostaíonn an Cholóim in leith in Iarscríbhinn VIII (Liostaí na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí) na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, agus faoi réir aon choinniollacha agus cáilíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, deonóidh an Cholóim do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse Pháirtí AE, i leith gach beart a dhéanann difear do sholáthar trasteorann seirbhísí, cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé dá sholáthróirí seirbhísí agus seirbhísí comhchosúla féin.

²⁹ Le fomhír 2(c), ní chumhdaítear bearta de chuid Páirtí lena gcuirtear teorainn le hionchuir i leith soláthar seirbhísí.

2. Sna hearnálacha ina bhfuil gealltanais maidir le rochtain ar an margadh liostaithe in Iarscríbhinn VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí) ag Peiriú, agus faoi réir aon choinníollacha agus cáilíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, deonóidh Peiriú do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse Pháirtí AE, maidir le gach beart a dhéanann difear don soláthar trasteorann seirbhísí, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé i ndálaí comhchosúla dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse féin³⁰.
3. Sna hearnálacha a liostaíonn páirtí AE in leith in Iarscríbhinn VIII (Liostaí na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí) na gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, agus faoi réir aon choinníollacha agus cáilíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, deonóidh Páirtí AE do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí eile, i leith gach beart a dhéanann difear do sholáthar trasteorann seirbhísí, cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé dá sholáthróirí seirbhísí agus seirbhísí comhchosúla féin.
4. Ní fhorléireofar na gealltanais shonracha faoin san Airteagal seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí cúiteamh a thabhairt i leith míbhuntáistí dúchasacha iomaíocha a eascraíonn as gné eachtrach na seirbhísí nó na soláthróirí seirbhíse ábhartha.

³⁰ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, na cearta is féidir a dhíorthú do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse Pháirtí AE ó oibleagáidí Pheiriú faoi GATS, leanfaidh siad de bheith in-fhorfheidhmithe go hiomlán faoi chuimsiú EDT, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse comhchosúla' mar a áirítear in Airteagal XVII de GATS.

AIRTEAGAL 121

Liostaí Gealltanais

Earnálacha arna ngealladh ag gach Páirtí de bhun na Caibidle seo, chomh maith le haon fhorchoimeádas nó teorannú ar rochtain ar an margadh agus/nó ar chóir náisiúnta is infheidhme maidir le seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse Páirtí eile sna hearnálacha sin, liostaítear iad in Iarscríbhinn VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht).

CAIBIDIL 4

DAOINE NÁDÚRTHA A BHEITH I LÁTHAIR GO SEALADACH CHUN CRÍOCH GNÓ

AIRTEAGAL 122

RAON FEIDHME

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon bheart de chuid Páirtí a bhaineann le príomhphearsanra, oiliúnaithe céime, díoltóirí seirbhíse gnó, soláthróirí seirbhísí conarthacha, gairmithe neamhspleácha agus cuairteoirí gearrthéarmacha chun críoch gnó a dhul isteach agus fanacht go sealadach ina chríoch, i gcomhréir le hAirteagal 107, mír 6.

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

- ciallaíonn ‘díoltóirí seirbhísí gnó’ daoine nádúrtha ar ionadaithe de chuid soláthróra seirbhíse Páirtí amháin iad atá ag lorg teacht isteach go sealadach i gcríoch Páirtí eile chun díolachán seirbhísí a chaibidil nó comhaontuithe a dhéanamh chun seirbhísí a dhíol don soláthróir seirbhíse sin. Ní dhéanann díoltóirí seirbhísí gnó díolacháin dhíreacha leis an bpobal i gcoitinne agus ní fhaigheann siad luach saothair ó fhoinsé atá suite laistigh den Pháirtí óstach;
- ciallaíonn ‘cuairteoirí gnó’ daoine nádúrtha atá fostaithe i bpost sinsearach atá freagrach as bunaíocht a bhunú. Ní dhéanann cuairteoirí gnó idirbhearta díreacha leis an bpobal i gcoitinne agus ní fhaigheann siad luach saothair ó fhoinsé atá suite laistigh den Pháirtí óstach;
- ciallaíonn ‘soláthróirí seirbhísí conarthacha’ daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí amháin nach bhfuil aon bhunaíocht aige laistigh de chríoch an Pháirtí eile agus a bhfuil conradh bona fide tugtha i gcrích aige (seachas trí ghníomhaireacht mar a shainmhínítear in CPC 872) chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile lena gceanglaítear go mbeadh a chuid fostaithe a i láthair go sealadach sa Pháirtí sin ionas go gcomhlíonfar an conradh chun seirbhís a sholáthar³¹;

³¹ Comhlíonfaidh an conradh seirbhíse dlíthe, rialacháin agus ceanglais dhlíthiúla eile an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

- ciallaíonn ‘oiliúnaithe iarchéime’ daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí amháin nó a bhainse le 1 bhliain amháin ar a laghad, a bhfuil céim ollscoile acu agus a aistrítear go sealadach chuig bunáíocht an duine dhlítheanaigh laistigh de chríoch an Pháirtí eile, chun críoch forbartha gairme nó chun oiliúint a fháil i dteicnící nó modhanna gnó³²;
- ciallaíonn ‘gairmithe neamhspleácha’ daoine nádúrtha atá ag soláthar seirbhíse agus atá bunaithe mar dhaoine féinfhostaithe i gcríoch Páirtí agus nach bhfuil aon bhunáíocht acu i gcríoch Páirtí eile agus a bhfuil Conradh bona fide tugtha i gcrích acu (seachas trí ghníomhaireacht mar a shainmhínítear in CPC cód 872) chun seirbhís a sholáthar do thomhaltóir deiridh sa Pháirtí eile lena gceanglaítear orthu a bheith i láthair go sealadach sa Pháirtí eile ionas go gcomhlíonfar an Conradh chun seirbhís a sholáthar³³;

³² Féadfar a cheangal ar an mbunáíocht is faighteoir clár oiliúna a chur isteach lena gcumhdófar fad an fhanachta le formheas roimh ré, lena léireofar gur le haghaidh oiliúna cuspóir an fhanachta. I gcás na hOstaire, Phoblacht na Seice, na Gearmáine, na Fraince, na Spáinne agus na hUngáire, ní mór an oiliúint a bheith nasctha leis an gcéim ollscoile a fuarthas.

³³ Comhlíonfaidh an Conradh seirbhíse dlíthe, rialacháin agus ceanglais dhlíthiúla eile an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an Conradh.

- ciallaíonn ‘aistrithe ionchorparáide’ daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach nó a bhí ina gcomhpháirtithe ann ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad agus a aistrítear go sealadach chuig bunaíocht laistigh de chríoch Páirtí eile. Beidh an duine nádúrtha lena mbaineann i gceann de na catagóirí seo a leanas:

(a) Ciallaíonn ‘bainisteoirí’ daoine atá fostaithe i bpost sinsearach laistigh de dhuine dlítheanach a threoraíonn bainistíocht na bunaíochta go príomha, a fhaigheann maoirseacht nó treoir ghinearálta go príomha ón mbord stiúrthóirí, nó ó stocshealbhóirí an ghnó nó a gcoibhéis, lena n-áirítear:

- (i) i mbun an bhunaíochta nó roinn nó foroinnt di a stiúradh;
- (ii) ag déanamh maoirseacht agus rialú ar obair fostaithe eile maoirseachta, gairmiúla nó bainistíochta;
- (iii) duine a bhfual an t-údarás aige féin go pearsanta daoine a earcú nó a dhífhostú nó earcú, dífhostú nó gníomhartha pearsanra eile a mholadh;

nó;

- (b) ciallaíonn ‘speisialtóirí’ daoine atá ag obair laistigh de dhuine dlítheanach a bhfuil eolas neamhchoitianta acu atá riachtanach don ghníomhaíocht, do threalamh taighde, do theicnící, do phróisis, do nósanna imeachta nó do bhainistiú na bunaíochta. Agus an t-eolas sin á mheasúnú, cuirfear san áireamh ní hamháin eolas a bhaineann go sonrach leis an mbunaíocht, ach cuirfear san áireamh freisin cé acu atá nó nach bhfuil ardleibhéal cáilíochta ag an duine a thagraíonn do chineál oibre nó trádála a éilíonn eolas teicniúil sonrach, lena n-áirítear ballraíocht i ngairm chreidiúnaithe;
- ciallaíonn ‘pearsanra lárnach’ daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí amháin seachas eagraíocht neamhbhrabúsach³⁴ agus atá freagrach as bunaíocht a bhunú nó a rialú, a bhainistiú agus a oibriú go cuí, ar bunaíocht í ina bhfuil ‘cuairteoirí gnó’ freagrach as bunaíocht agus ‘aistrithe ionchorparáideacha’ a chur ar bun; agus
- ciallaíonn ‘cáilíochtaí’ dioplómaí, teastais agus fianaise eile (ar cháilíocht fhoirmiúil) arna n-eisiúint ag údarás arna ainmniú de bhun forálacha reachtacha, rialála nó riaracháin agus lena ndeimhnítear gur cuireadh oiliúint ghairmiúil i gcrích go rathúil.

³⁴ Níl feidhm ag an tagairt do ‘seachas eagraíocht neamhbhrabúsach’ ach amháin maidir leis an Ostair, an Bheilg, an Chipir, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Ríocht Aontaithe agus Peiriú.

Príomhphearsanra agus Oiliúnaithe Iarchéime

1. I gcás gach earnála a ghealltar i gcomhréir le Caibidil 2 den Teideal seo (Bunaíocht) agus faoi réir aon fhorchoimeádas a liostaítear in Iarscríbhinn VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) nó i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreach Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), ceadóidh gach Páirtí d'infheisteoirí Páirtí eile daoine nádúrtha a fhostú ina mbunaíocht ar choinníoll gur príomhphearsanra nó oiliúnaithe iarchéime iad na fostaithe sin mar a shainmhínítear in Airteagal 123. Is ar feadh tréimhse suas le 3 bliana³⁵ a bheidh dul isteach agus fanacht shealadach príomhphearsanra agus oiliúnaithe iarchéime le haghaidh aistrithe ionchorparáide, 90 lá in aon tréimhse 12 mhí do chuairoteoirí gnó, agus 1 bhliain amháin d'oiliúnaithe iarchéime.

2. I gcás gach earnála a ghealltar i gcomhréir le Caibidil 2 den Teideal seo (Bunaíocht), na bearta nach ndéanfaidh Páirtí a choinneáil ar bun ná a ghlacadh ar bhonn foroinne réigiúnaí nó ar bhonn a chríche ar fad, mura sonraítear a mhalairt in i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreach Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), sainmhínítear iad mar theorainneacha idirdhealaitheacha agus mar theorainneacha ar líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfaidh infheisteoir a fhostú mar phríomhphearsanra agus mar oiliúnaithe céime in earnáil shonrach i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch.

³⁵ Le haghaidh na Colóime, is 2 bhliain an uastréimhse fanachta d'aistrithe ionchorparáideacha, agus féadfar í a athnuachan ar feadh bliain bhreise. Le haghaidh Pheiriú, d'fhéadfadh an conradh oibre a bheith suas le 3 bliana. Mar sin féin, tá fad an fhanachta d'aistrithe ionchorparáideacha suas le bliain amháin in-athnuaithe ar choinníoll go gcoinnítear ar bun na coinníollacha ba chúis lena dheonú.

AIRTEAGAL 125

Díoltóirí Seirbhísí Gnó

I gcás gach earnála a ghealltar i gcomhréir le Caibidlí 2 (Bunaíocht) nó 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus faoi réir aon fhorchoimeádas a liostaítear faoi Iarscríbhinní VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) agus VIII (Liostaí na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí), ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach díoltóirí seirbhísí gnó ar feadh tréimhse suas le 90 lá in aon tréimhse 12 mhí.

AIRTEAGAL 126

Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi seach a eascraíonn as a ngealltanais faoi GATS a mhéid a bhaineann le teacht isteach agus fanacht sealadach soláthróirí seirbhísí conarthacha.

2. Ceadóidh an Cholóim agus Páirtí AE seirbhísí a sholáthar ina gcríoch trí dhaoine nádúrtha a bheith i láthair, ag soláthróirí seirbhísí conarthacha de chuid Pháirtí AE agus na Colóime faoi seach faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i mír 4 agus i bhFoscúbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreachta Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) le haghaidh gach ceann de na hearnálacha seo a leanas:

- (a) seirbhísí comhairleacha dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí ón iasacht; i gcás Pháirtí AE, ní mheasfar gur dlí idirnáisiúnta poiblí ná dlí eachtrach é dlí an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘dlí AE’ anseo feasta);
- (b) Seirbhísí cuntasáiochta agus leabharchoimeáda;
- (c) seirbhísí comhairleacha cánach;
- (d) seirbhísí ailtireachta;
- (e) seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;
- (f) seirbhísí innealtóireachta;
- (g) seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
- (h) seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiacloireachta;
- (i) seirbhísí tréidliachta;

- (j) seirbhísí cnáimhseachais;
- (k) seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine;
- (l) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
- (m) taighde margaidh agus pobalbhreitheanna;
- (n) seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta;
- (o) seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta;
- (p) seirbhísí deartha;
- (q) innealtóireacht cheimiceach, cógaisíocht, agus fótaiceimic;
- (r) seirbhísí i dteicneolaíocht cosmaidí;
- (s) seirbhísí speisialaithe sa teicneolaíocht, innealtóireacht, margaíocht agus díolacháin d'earnáil na ngluaisteán;
- (t) seirbhísí deartha tráchtála agus margaíocht don tionscal teicstíle faisin, éadaigh, coisbheart agus earraí; agus
- (u) trealamh a chothabháil agus a dheisiú, lena n-áirítear trealamh iompair, go háirithe i gcomhthéacs conartha seirbhísí iardhíola nó iarléasa.

3. Ceadóidh Peiriú agus Páirtí AE seirbhísí a sholáthar ina gcríoch trí dhaoine nádúrtha a bheith i láthair, ag soláthróirí seirbhísí conarthacha de chuid Pháirtí AE agus Pheiriú faoi seach faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i mír 4 agus i bhFoscúbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreacha Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) le haghaidh gach ceann de na hearnálacha seo a leanas:

- (a) seirbhísí comhairleacha dlí i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí agus an dlí eachtraigh (i gcás Pháirtí AE, ní mheasfar gur dlí idirnáisiúnta poiblí ná dlí eachtrach é dlí AE);
- (b) seirbhísí cuntaíochta agus leabharchoimeádta;
- (c) seirbhísí comhairleacha cánach;
- (d) seirbhísí ailtireachta;
- (e) seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;
- (f) seirbhísí innealtóireachta;
- (g) seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
- (h) seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiacloireachta;
- (i) seirbhísí tréidliachta;

- (j) seirbhísí cnáimhseachais;
- (k) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
- (l) taighde margaidh agus pobalbhreitheanna;
- (m) seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta; agus
- (n) seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta.

4. Tá na gealltanais a thug na Páirtithe faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) ní mór do na daoine nádúrtha a bheith ag gabháil do sheirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach mar fhostaithe de chuid duine dhlítheanaigh a bhfuil conradh seirbhíse nach faide ná 12 mhí faighte aige;
- (b) ba cheart do dhaoine nádúrtha a thagann isteach i gcríoch Páirtí eile a bheith ag tairiscint seirbhísí den sórt sin mar fhostaithe de chuid an duine dhlítheanaigh a sholáthraíonn na seirbhísí ar feadh na bliana ar a laghad díreach roimh an dáta a chuirtear isteach iarratas ar dhul isteach i gcríoch an Pháirtí eile sin; ina theannta ní mór taithí ghairmiúil³⁶ 3 bliana ar a laghad a bheith ag an duine nádúrtha, ar dháta an iarratais ar dhul isteach ar dhul isteach ar chríoch Páirtí, in earnáil na gníomhaíochta is ábhar don chonradh;

³⁶ Chun críocha na fomhíre seo, ciallaíonn ‘taithí ghairmiúil’ taithí a fhaightear tar éis lán-aois a bhaint amach.

- (c) ní mór do dhaoine nádúrtha a théann isteach i gcríoch Páirtí eile:
- (i) céim ollscoile a bheith acu nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach³⁷; agus
 - (ii) cáilíochtaí gairmiúla, i gcás ina gceanglaítear sin chun gníomhaíocht a chleachtadh de bhun dhlíthe, rialacháin nó cheanglais an Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís.
- (d) ní bhfaighidh na daoine nádúrtha gan luach saothair a fháil as seirbhísí a sholáthar seachas an luach saothair arna íoc ag an duine dlítheanach ina bhfostaítear iad le linn a bhfanachta i gcríoch Páirtí eile;
- (e) is ar feadh tréimhse charnach nach faide ná sé mhí nó, i gcás Lucsamburg, 25 seachtaine in aon tréimhse 12 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha laistigh den Pháirtí lena mbaineann;
- (f) ní bhaineann rochtain a thugtar faoin Airteagal seo ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugtar léi teidlíocht chun teideal gairmiúil an Pháirtí a fheidhmiú nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil;

³⁷ I gcás nach sa Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Páirtí sin a mheas an bhfuil an chéim nó an cháilíocht sin coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

- (g) ní mó an líon daoine a chumhdaítear leis an gconradh seirbhísí ná mar is gá chun an conradh a chomhlíonadh, mar is féidir a bhunú le dlí, rialacháin agus ceanglais an Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís;
- (h) teorainneacha idirdhealaitheacha eile, lena n-áirítear teorainneacha ar líon na ndaoine nádúrtha i bhfoirm tástálacha riachtanas eacnamaíoch, a shonraítear in bhFoscscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó).

AIRTEAGAL 127

Gairmithe Neamhspleácha

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi seach a eascraíonn as a ngealltanais faoi GATS a mhéid a bhaineann le teacht isteach agus fanacht sealadach gairmithe neamhspleácha.
2. Ceadóidh an Cholóim agus Páirtí AE seirbhísí a bheith á soláthar ina gcríoch ag gairmithe neamhspleácha de chuid Pháirtí AE agus na Colóime trí láithreacht daoine nádúrtha faoi seach faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i mír 4 agus i bhFoscscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) le haghaidh gach ceann de na hearnálacha seo a leanas:
 - (a) seirbhísí comhairleacha dlí i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí agus an dlí eachtraigh (i gcás Pháirtí AE, ní mheasfar gur dlí idirnáisiúnta poiblí ná dlí eachtrach é dlí AE);

- (b) seirbhísí ailtireachta;
- (c) seirbhísí innealtóireachta;
- (d) seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
- (e) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
- (f) taighde margaidh agus pobalbhreitheanna;
- (g) seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta;
- (h) seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta;
- (i) seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta; agus
- (j) seirbhísí speisialaithe sa teicneolaíocht, innealtóireacht, margaíocht agus díolacháin d'earnáil na ngluaisteán.

3. Ceadóidh Peiriú agus Páirtí AE seirbhísí a bheith á soláthar ina gcríoch ag gairmithe neamhspleácha de chuid Pháirtí AE agus Pheiriú trí láithreacht daoine nádúrtha faoi seach faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i mír 4 agus i bhFoscscríbhinn 2 a ghabhann le hlarscríbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) le haghaidh gach ceann de na hearnálacha seo a leanas:

- (a) seirbhísí comhairleacha dlí i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí agus an dlí eachtraigh (i gcás Pháirtí AE, ní mheasfar gur dlí idirnáisiúnta poiblí ná dlí eachtrach é dlí AE);

- (b) seirbhísí ailtireachta;
- (c) seirbhísí innealtóireachta;
- (d) seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
- (e) seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
- (f) taighde margaidh agus pobalbhreitheanna;
- (g) seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta; agus
- (h) seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta.

4. Tá na gealltanais a thug na Páirtithe faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) ní mór do na daoine nádúrtha a bheith i mbun seirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach mar dhaoine féinfhostaithe atá bunaithe i bPáirtí eile agus ní mór conradh seirbhíse a bheith faighte acu ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí;
- (b) ní mór do na daoine nádúrtha a thiocfaidh isteach i gcríoch Páirtí eile taithí ghairmiúil sé bliana ar a laghad a bheith acu san earnáil ghníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach i gcríoch an Pháirtí eile sin;

- (c) ní mór do na daoine nádúrtha a théann isteach i gcríoch Páirtí eile:
- (i) céim ollscoile a bheith acu nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach³⁸; agus
 - (ii) cáilíochtaí gairmiúla, i gcás ina gceanglaítear sin chun gníomhaíocht a chleachtadh de bhun dhlíthe, rialacháin nó cheanglais an Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís;
- (d) is ar feadh tréimhse charnach nach faide ná sé mhí nó, i gcás Lucsamburg, 25 seachtaine in aon tréimhse 12 mhí nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is giorra, a bheidh dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha laistigh den Pháirtí lena mbaineann;
- (e) ní bhaineann rochtain a thugtar faoin Airteagal seo ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh; ní thugann sé teidlíocht chun teideal gairmiúil an Pháirtí a fheidhmiú i gcás ina soláthraítear an tseirbhís; agus
- (f) teorainneacha idirdhealaitheacha eile, lena n-áirítear teorainneacha ar líon na ndaoine nádúrtha i bhfoirm tástálacha riachtanas eacnamaíoch, a shonraítear in bhFoscáirbhinn 2 a ghabhann le hIarscáirbhinn IX (Forchoimeádais maidir le Láithreach Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó).

³⁸ I gcás nach sa Pháirtí ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Páirtí sin a mheas an bhfuil an chéim nó an cháilíocht sin coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

Cuairteoirí Gearrthéarmacha chun Críoch Gnó

1. Féachfaidh na Páirtithe le héascú a dhéanamh, i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach, ar dhul isteach agus fanacht sealadach cuairteoirí gearrthéarmacha ina gcríocha chun críoch gnó d'fhoill na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh³⁹:

- (a) taighdeoirí teicniúla, eolaíocha agus staidrimh thar ceann cuideachta atá lonnaithe i gcríoch Páirtí eile;
- (b) pearsanra a dhéanann taighde nó anailís, lena n-áirítear taighde margaidh, thar ceann cuideachta atá bunaithe i gcríoch Páirtí eile;
- (c) aontaí agus taispeántais trádála: pearsanra ag freastal ar aonach trádála chun a gcuideachta nó a dtáirgí nó a seirbhísí a chur chun cinn; agus
- (d) pearsanra turasóireachta (ionadaithe óstáin, gníomhairí turas agus taistil, treoraithe turas nó tionscnóirí turas) a fhreastalaíonn ar thaispeántais nó aontaí turasóireachta nó a ghlacann páirt iontu, nó turas a thosaigh i gcríoch Páirtí eile a stiúradh;

³⁹ Níl feidhm ag na gníomhaíochtaí a liostaítear faoi fhomhíreanna (c) agus (d) ach amháin idir an Cholóim agus Páirtí AE.

ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na cuairteoirí gearrthéarmacha sin:

- (a) nach bhfuil siad ag gabháil dá n-earraí nó dá seirbhísí a dhíol leis an bpobal i gcoitinne ná d'earraí nó seirbhísí a sholáthar iad féin;
- (b) nach bhfaigheann siad thar a gceann féin aon luach saothair ó fhoinse atá lonnaithe laistigh den Aontas Eorpach nó ó Thír Aindéach is sínitheoir ina bhfuil siad ag fanacht go sealadach; agus
- (c) nach bhfuil siad ag gabháil do sheirbhís a sholáthar faoi chuimsiú conradh arna thabhairt i gcrích idir duine dlítheanach nach bhfuil aon láithreacha tráchtála aige san Aontas Eorpach nó i dTír Aindéach is sínitheoir, áit a bhfuil an cuairteoir gearrthéarmach chun críoch gnó ag fanacht go sealadach, agus tomhaltóir san Aontas Eorpach nó sa Tír Aindéach is sínitheoir.

2. Is ar feadh tréimhse suas le 90 lá in aon tréimhse 12 mhí a bheidh an dul isteach agus an fanacht sealadach i gcríoch Páirtí ag cuairteoirí gearrthéarmacha de chuid Páirtí eile nuair a cheadófar sin.

CAIBIDIL 5

CREAT RIALÁLA

ROINN 1

FORÁLACHA A BHFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

AIRTEAGAL 129

Aitheantas frithpháirteach

1. Ní choiscfidh aon ní sa Teideal seo ar Pháirtí a cheangal go mbeidh ag daoine nádúrtha na cáilíochtaí agus/nó an taithí ghairmiúil is gá a cheanglaítear a bheith acu sa chríoch ina soláthraítear an tseirbhís, don earnáil gníomhaíochta lena mbaineann.
2. Spreagfaidh na Páirtithe na comhlachtaí gairmiúla ábhartha ina gcríocha faoi seach chun moltaí maidir le haitheantas frithpháirteach a fhorbairt agus a sholáthar go comhpháirteach don Choiste um Thrádáil, chun go gcomhlíonfaidh infheisteoirí agus soláthróirí seirbhíse, go hiomlán nó go páirteach, na critéir a chuireann gach Páirtí i bhfeidhm maidir le húdarú, ceadúnú, oibriú agus deimhniú infheisteoirí agus soláthróirí seirbhíse agus, go háirithe, seirbhísí gairmiúla.

3. Ar mholadh dá dtagraítear i mír 2 a fháil, déanfaidh an Coiste um Thrádáil, laistigh de thréimhse réasúnta, an moladh a athbhreithniú d'fhonn a chinneadh an bhfuil sé i gcomhréir leis an gComhaontú seo.
4. I gcás ina gcinnfidh an Coiste um Thrádáil go bhfuil moladh comhsheasmhach leis an gComhaontú seo de bhun mhír 3, agus i gcás ina mbeidh leibhéal leordhóthanach comhfhreagrais idir rialacháin ábhartha na bPáirtithe, déanfaidh na Páirtithe, d'fhonn an moladh sin a chur chun feidhme, comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach ceanglas, cáilíochtaí, ceadúnas agus rialachán eile a chaibidil trína n-údaráis inniúla.
5. Aon chomhaontú a dhéanfar faoi mhír 4, beidh sé comhsheasmhach le forálacha ábhartha Chomhaontú EDT, go háirithe Airteagal VII de GATS.

AIRTEAGAL 130

Trédhearcacht agus Nochtadh Faisnéise Rúnda

1. Déanfaidh gach Páirtí:
 - (a) freagairt go pras gach iarraidh ó Pháirtí eile ar fhaisnéis shonrach maidir le haon cheann dá bhearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu nó maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann leis an Teideal seo nó a dhéanann difear dó; agus

- (b) pointe fiosrúcháin amháin nó níos mó a bhunú chun faisnéis shonrach a sholáthar d'infheisteoirí agus do sholáthróirí seirbhísí de chuid Páirtí eile, arna iarraidh sin, maidir leis na hábhair uile dá dtagraítear i bhfomhír (a). Liostaítear na pointí fiosrúcháin sin in Iarscríbhinn X (Pointí Fiosrúcháin maidir le Trádáil Seirbhísí, Bunaíocht agus Ríomhthráchtáil). Ní gá go mbeadh pointí fiosrúcháin ina dtaisclanna dlíthe agus rialachán.

2. Ní cheanglófar ar Pháirtí le haon ní sa Teideal seo faisnéis rúnda a sholáthar a gcuirfeadh a nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí nó a bheadh contrártha do leas an phobail ar bhealach eile, nó a dhéanfadh dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar áirithe, idir phoiblí agus phríobháideach.

AIRTEAGAL 131

Rialáil Intíre

1. In earnálacha ina dtugtar faoi ghealltanais shonracha, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar na bearta uile a bhfuil feidhm ghinearálta leo agus a chumhdaítear leis an Teideal seo a riar ar bhealach réasúnach, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

2. I gcás ina bhfuil údarú de dhíth chun seirbhís nó bunaíocht a sholáthar a bhfuil gealltanais sonrach déanta ina leith, déanfaidh údaráis inniúla Páirtí, laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis iarratas a chur isteach a mheasfar a bheith iomlán faoi dhlíthe agus rialacháin náisiúnta, an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin gcinneadh maidir leis an iarratas. Arna iarraidh sin don iarratasóir, déanfaidh údaráis inniúla an Pháirtí faisnéis maidir le stádas an iarratais a chur ar fáil gan moill mhíchuí.
3. Déanfaidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, eadrána nó riaracháin a choimeád ar bun nó a thionscnamh lena ndéantar foráil, arna iarraidh sin d'infheisteoir nó do sholáthróir seirbhíse dá ndéantar difear, go ndéanfar athbhreithniú pras ar chinntí riaracháin a dhéanann difear do bhunú, do sholáthar seirbhísí trasteorann nó do dhaoine nádúrtha a bheith i láthair go sealadach chun críoch gnó, agus i gcás ina mbeidh údar cuí leis na leigheasanna sin. Mura bhfuil na nósanna imeachta sin neamhspleách ar an ngníomhaireacht a bhfuil de chúram uirthi an cinneadh riaracháin lena mbaineann a dhéanamh, áiritheoidh na Páirtithe go bhforálfar d'athbhreithniú oibiachtúil, neamhchlaonta go hiarbhir leis an nós imeachta sin.
4. Tar éis na gcomhairliúchán is gá idir na Páirtithe, leasófar an tAirteagal seo, de réir mar is iomchuí, chun torthaí aon chaibidlíochta de bhun Airteagal VI.4 de GATS nó aon chaibidlíocht chomhchosúil arna déanamh i bhfóraim iltaobhacha eile ina nglacann na Páirtithe páirt a ionchorprú sa Teideal seo a luaite a thiocfaidh na gealltanais a thiocfaidh as sin i bhfeidhm.

5. Go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht chun críche de bhun Airteagal VI:4 de GATS dá dtagraítear i mír 4, ní chuirfidh aon Pháirtí ceanglais, nósanna imeachta agus caighdeáin theicniúla um cheadúnú agus um cháiliú i bhfeidhm, lena ndéantar a ngealltanais shonracha a neamhniú nó a dhochrú ar bhealach:

- (a) nach gcomhlíonann sé na critéir a leagtar amach in Airteagal VI:4 (a), (b), (c) de GATS; agus
- (b) nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis ón bPáirtí sin an tráth a rinneadh na gealltanais shonracha.

6. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil Páirtí i gcomhréir lena oibleagáidí faoi mhír 5, cuirfear san áireamh caighdeáin idirnáisiúnta eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha⁴⁰ arna gcur i bhfeidhm ag an bPáirtí sin.

⁴⁰ Tagraíonn an téarma ‘eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha’ do chomhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil a mballraíocht oscailte do chomhlachtaí ábhartha na bPáirtithe.

ROINN 2

SEIRBHÍSÍ RÍOMHAIREACHTA

AIRTEAGAL 132

Comhthuiscint maidir le Seirbhísí Ríomhaireachta

A mhéid a léirscaoiltear an trádáil i seirbhísí ríomhaireachta i gcomhréir le Caibidil 2 (Bunaíocht), Caibidil 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus Caibidil 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), toilíonn na Páirtithe leis an tuiscint a leagtar amach sna fomhíreanna seo a leanas:

- (a) Le CPC 84, cód na Náisiún Aontaithe a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar sheirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara, cumhdaítear na feidhmeanna bunúsacha a úsáidtear chun gach ríomhaire agus seirbhís ghaolmhar a sholáthar: ríomhchláir a shainítear mar na tacair treoracha is gá chun ríomhairí a chur ag obair agus cumarsáid a dhéanamh (lena n-áirítear a bhforbairt agus a gcur chun feidhme), próiseáil agus stóráil sonraí, agus seirbhísí gaolmhara, amhail seirbhísí comhairleachta agus oiliúna do bhaill foirne cliant. Mar thoradh ar fhorbairtí teicneolaíochta, tá méadú tagtha ar thairiscint na seirbhísí sin mar chuach nó mar phacáiste de sheirbhísí gaolmhara a bhféadfadh cuid de na feidhmeanna bunúsacha sin nó iad go léir a bheith san áireamh iontu. Mar shampla, is meascán d'fheidhmeanna bunúsacha seirbhísí ríomhaireachta atá i seirbhísí amhail óstáil gréasáin nó fearann, seirbhísí mianadóireachta sonraí agus ríomhaireacht eangaí;

- (b) áirítear le seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara, is cuma cé acu trí líonra, lena n-áirítear an tIdirlíon, a sheachadtar iad, na seirbhísí uile a sholáthraíonn na seirbhísí seo a leanas:
- (i) an chomhairleoireacht, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhairí nó córas ríomhaireachta nó bainistiú le haghaidh ríomhairí nó córais ríomhaireachta;
 - (ii) na cláir ríomhaireachta a shainmhínítear mar na tacair teoracha is gá chun ríomhairí a chur ag obair agus cumarsáid a dhéanamh (ina measc féin), chomh maith leis an gcomhairliúchán, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an t-oiriúnú, an chothabháil, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhchláir nó bainistiú le haghaidh ríomhchláir nó a n-úsáid;
 - (iii) seirbhísí próiseála sonraí, stóráil sonraí, óstáil sonraí nó bunachar sonraí;
 - (iv) seirbhísí cothabhála agus deisithe le haghaidh innealra agus trealamh oifige, lena n-áirítear ríomhairí; nó
 - (v) seirbhísí oiliúna le haghaidh baill foirne cliant, a bhaineann le ríomhchláir, ríomhairí nó ríomhchórais, seirbhísí nach bhfuil aicmithe áit ar bith eile;

- (c) cumasaíonn seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara soláthar seirbhísí eile (mar shampla baincéireacht) trí mheán leictreonach agus trí mhodhanna eile araon. Mar sin féin, tá idirdhealú tábhachtach idir an tseirbhís cumasúcháin (e.g. shampla óstáil gréasáin nó óstáil feidhmchlár) agus an t-ábhar nó an chroísheirbhís atá á soláthar go leictreonach (e.g. baincéireacht). I gcásanna den sórt sin, ní chumhdaítear an t-ábhar ná an chroísheirbhís le cód CPC 84.

ROINN 3

SEIRBHÍSÍ POIST AGUS CÚIRÉIREACHTA

AIRTEAGAL 133

RAON FEIDHME

Leagtar amach sa Roinn seo prionsabail an chreata rialála le haghaidh seirbhísí poist agus cúiréireachta a ghealltar i gcomhréir le Caibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó).

AIRTEAGAL 134

Sainmhínte

Chun críche na Roinne seo agus Chaibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó):

- ciallaíonn ‘ceadúnas aonair’ údarú, lamháltas, nó aon chineál eile ceada arna dheonú do sholáthróir aonair ag údarás rialála, a cheanglaítear sula soláthraítear seirbhís ar leith; agus
- ciallaíonn ‘seirbhís uilíoch’ buansoláthar seirbhíse poist de cháilíocht shonraithe ag gach pointe i gcríoch Páirtí ar phraghsanna inacmhainne do gach úsáideoir.

AIRTEAGAL 135

Cosc ar Chleachtais Frith-Iomaíochta san Earnáil Seirbhísí Poist agus Cúiréireachta

I gcomhréir le forálacha Theideal VIII (Iomaíocht), déanfaidh gach Páirtí bearta iomchuí a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun chun cosc a chur ar sholáthróirí a bhfuil an cumas acu, ina n-aonar nó le chéile, difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta (ag féachaint do phraghas agus soláthar) sa mhargadh ábhartha le haghaidh seirbhísí poist agus cúiréireachta mar thoradh ar a suíomh sa mhargadh a úsáid, ar dhul i mbun cleachtas frithiomaíoch nó ar leanúint de chleachtais fhrithiomaíocha.

AIRTEAGAL 136

Seirbhís Uilíoch

Tá sé de cheart ag gach Páirtí sainsiú a dhéanamh ar na cineálacha oibleagáidí seirbhíse uilíche a theastaíonn uaidh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun. Ní mheasfar gur oibleagáid fhrithiomaíocha í an oibleagáidí sin, ar choinníoll go ndéanfar í a riaradh ar bhealach atá trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neodrach ó thaobh na hiomaíochta de, agus nach bhfuil ualach thar a bhfuil riachtanach ag baint léi le haghaidh an chineáil seirbhíse uilíche atá sainmhínithe ag an bPáirtí.

AIRTEAGAL 137

Ceadúnais Aonair

1. Ní éileoidh Páirtí ach ceadúnas aonair le haghaidh seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na seirbhíse uilíche⁴¹.

⁴¹ Sa Cholóim, is duine dlítheanach é an t-oibreoir oifigiúil poist nó an lamháltóir oifigiúil a sholáthraíonn an tseirbhís poist uilechoiteann faoi chonradh lamháltais. Tá an chuid eile de na seirbhísí poist faoi réir córas ceadúnaithe brostaithe arna riar ag an Aireacht um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. I bPeiriú, is duine dlítheanach é an t-oibreoir poist ainmnithe a bhfuil sé d'oibleagáid air, faoi lamháltas a dheonaítear le dlí agus gan aon eisiachas, an tseirbhís poist a sholáthar sa tír ar fad. Tá na seirbhísí poist eile faoi réir córas ceadanna arna dheonú ag an Aireacht Iompair agus Cumarsáide.

2. I gcás ina n-éileoidh Páirtí ceadúnas aonair, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí:
- (a) na critéir cheadúnúcháin go léir agus an tréimhse ama go léir is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas; agus
 - (b) téarmaí agus coinníollacha na gceadúnas aonair.
3. I gcás ina ndiúltóidh Páirtí ceadúnas aonair a dheonú, cuirfidh an Páirtí sin, arna iarraidh sin, na cúiseanna leis an diúltú in iúl don iarratasóir. Déanfaidh gach Páirtí nós imeachta achomhairc nó athbhreithnithe a bhunú nó a choinneáil ar bun, de réir mar is iomchuí, os comhair comhlacht neamhspleách⁴². Beidh na nósanna imeachta sin trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, agus beidh siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

AIRTEAGAL 138

Neamhspleáchas na gComhlachtaí Rialála

Beidh comhlachtaí rialála scartha go dlíthiúil ó aon soláthróir seirbhísí poist agus cúiréireachta agus ní bheidh siad cuntasach dóibh. Beidh cinntí na gcomhlachtaí rialála, chomh maith leis na nósanna imeachta a chuireann siad i bhfeidhm, neamhchlaonta i ndáil le gach rannpháirtí sa mhargadh.

⁴² Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh an comhlacht neamhspleách a bheith de chineál breithiúnach.

ROINN 4

SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

AIRTEAGAL 139

RAON FEIDHME

Leagtar amach sa Roinn seo prionsabail an chreata rialála le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide, seachas craoltóireacht⁴³, a ghealltar de bhun Chaibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó)⁴⁴⁵.

⁴³ Sainmhínítear craoltóireacht mar an slabhra tarchurtha gan bhriseadh a theastaíonn chun comharthaí cláir teilifíse agus raidió a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne, ach ní chumhdaítear léi naisc inneachair idir oibreoirí.

⁴⁴ Idir Páirtí AE agus Peiriú, ní bheidh feidhm ag an Roinn seo ach amháin maidir le seirbhísí teileachumarsáide a thairgtear don phobal i gcoitinne agus a bhaineann le faisnéis arna soláthar ag an gcustaiméir a tharchur i bhfíor-am idir dhá phointe nó níos mó gan aon athrú ó cheann go ceann ar fhoirm ná ar ábhar fhaisnéis an chustaiméara.

⁴⁵ Idir Páirtí AE agus an Cholóim, beidh feidhm ag an Roinn seo freisin maidir le seirbhísí teileachumarsáide breisluacha. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr agus chun críocha na Roinne seo agus Iarscríbhinn VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) agus Iarscríbhinn VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí), i gcás na Colóime agus Páirtí AE, is éard atá i gceist le ‘seirbhísí teileachumarsáide breisluacha’ seirbhísí teileachumarsáide a bhfuil ‘breisluach’ soláthróirí acu le faisnéis an chustaiméara trína fhoirm nó a ábhar a fheabhsú nó trí fhoráil a dhéanamh maidir lena stóráil agus lena aisghabháil.

Sainmhínithe

Chun críocha na Roinne seo:

- ciallaíonn ‘saoráidí teileachumarsáide fíor-riachtanacha’ saoráidí líonra nó seirbhíse iompair teileachumarsáide agus seirbhís⁴⁶ ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
 - (a) nach bhfuil á soláthar, ina n-iomláine nó den chuid is mó, ach ag soláthróir amháin nó ag líon teoranta soláthróirí; agus
 - (b) nach féidir saoráidí eile a chur ina n-ionad ar bhonn eacnamaíoch nó ar bhonn teicniúil chun seirbhís a sholáthar;
- ciallaíonn ‘idirnascadh’ nascadh le soláthróirí a sholáthraíonn líonraí nó seirbhísí⁴⁷ iompair teileachumarsáide poiblí chun ligean d’úsáideoirí soláthróra amháin cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí soláthróra eile agus seirbhísí a rochtain a sholáthraíonn soláthróir eile;
- ciallaíonn ‘mórsholáthróir’ soláthróir san earnáil teileachumarsáide a bhfuil sé ar a chumas difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta (ag féachaint do phraghas agus do sholáthar), sa mhargadh iomchuí do líonraí teileachumarsáide nó do sheirbhísí teileachumarsáide de thoradh rialú a bheith aige ar shaoráidí riachtanacha nó ar a staid sa mhargadh sin a úsáid;

⁴⁶ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigfear ‘seirbhís iompair teileachumarsáide poiblí’ mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn maidir le Teileachumarsáid GATS.

⁴⁷ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigfear ‘seirbhís iompair teileachumarsáide poiblí’ mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn maidir le Teileachumarsáid GATS.

- ciallaíonn ‘údarás rialála’ an comhlacht nó na comhlachtaí san earnáil teileachumarsáide atá i gceannas ar rialáil na teileachumarsáide dá dtagraítear sa Roinn seo; agus
- ciallaíonn ‘seirbhísí teileachumarsáide’ gach seirbhís ina ndéantar comharthaí leictreamhaighnéadacha a tharchur agus a ghlacadh agus nach gcumhdaíonn an ghníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti soláthar ábhair a éilíonn teileachumarsáid dá hiompar.

AIRTEAGAL 141

Coimircí iomaíocha ar Mhórsholáthróirí

I gcomhréir le forálacha Theideal VIII (Iomaíocht), déanfaidh gach Páirtí bearta iomchuí a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun chun cosc a chur ar sholáthróirí ar mórsholáthróir iad, ina n-aonar nó le chéile, gabháil do chleachtais fhrithiomaíocha nó leanúint díobh. Áireofar sna cleachtais fhrithiomaíocha an méid seo a leanas:

- (a) tras-fhóirdheonú frithiomaíoch nó cúngach corrlaigh a dhéanamh⁴⁸;

⁴⁸ Níl feidhm ag an tagairt do ‘cúngach corrlaigh’ ach maidir le Páirtí AE.

- (b) faisnéis a fhaightear ó iomaitheoirí a úsáid agus torthaí frithiomaíocha a bheith air sin; agus
- (c) gan faisnéis theicniúil faoi shaoráidí fíor-riachtanacha ná faisnéis atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhísí eile, ar bhonn tráthúil, ar faisnéis í a bhfuil gá acu léi chun seirbhísí a sholáthar.

AIRTEAGAL 142⁴⁹

Oibleagáidí Breise na Mórsholáthróirí

1. I gcomhréir leis an reachtaíocht agus na nósanna imeachta intíre faoi seach arna mbunú ag gach Páirtí, forchuirfidh údarás rialála gach Páirtí, i gcás inarb iomchuí, an méid seo a leanas ar mhórsholáthróirí:
 - (a) oibleagáidí maidir le trédhearcacht i ndáil le hidirnasacht agus/nó rochtain. I gcás ina bhfuil oibleagáidí neamh-idirdhealaithe ar mhórsholáthróir dá bhforáiltear i bhfomhír (b), féadfaidh an t-údarás rialála a cheangal go bhfoilseoidh an príomhsholáthróir tairiscint tagartha atá díchuachta go leordhóthanach chun a áirithiú nach gceanglaítear ar sholáthróirí íoc as saoráidí nach bhfuil riachtanach don tseirbhís a iarrtar. Áireofar sa tairiscint sin freisin tuairisc ar na tairiscintí ábhartha roinnte ina gcomhpháirteanna de réir riachtanais an mhargaidh, agus na dtéarmaí agus na gcoinníollacha gaolmhara lena n-áirítear praghsanna;

⁴⁹ Níl an tAirteagal seo ina chuid de na gealltanais arna nglacadh idir Peiriú agus Páirtí AE faoin gComhaontú seo gan dochar do reachtaíocht intíre gach Páirtí. Idir an Cholóim agus Páirtí AE, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin maidir le seirbhísí teileachumarsáide a bhaineann le faisnéis arna soláthar ag an gcustaiméir a tharchur i bhfíor-am idir dhá phointe nó níos mó gan aon athrú ó cheann go ceann ar fhoirm ná ar ábhar fhaisnéis an chustaiméara.

- (b) oibleagáidí neamh-idirdhealaithe i ndáil le hidirnascacht agus/nó rochtain:
- (i) a áirithiú go gcuirfidh mórsholáthróirí ina chríoch coinníollacha coibhéiseacha i bhfeidhm in imthosca coibhéiseacha maidir le soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide Páirtí eile a sholáthraíonn seirbhísí coibhéiseacha; agus
 - (ii) le haghaidh seirbhísí agus faisnéis do sholáthróirí eile faoi na coinníollacha céanna agus den cháilíocht chéanna agus a sholáthraíonn siad dá seirbhísí féin, nó do sheirbhísí a bhfochuideachtaí nó a gcomhpháirtithe;
- (c) oibleagáidí a bhaineann le haisghnóthú costas agus rialú praghsanna, lena n-áirítear oibleagáidí le haghaidh treoshuíomh costais praghsanna agus oibleagáidí maidir leis na córais chuntasaíochta costála chun cineálacha sonracha idirnaisc agus/nó rochtana a sholáthar; agus
- (d) oibleagáidí chun iarrataí réasúnta ó sholáthróirí Páirtí eile a chomhlíonadh maidir le rochtain ar eilimintí sonracha líonra agus saoráidí gaolmhara agus maidir lena n-úsáid, *inter alia*, i gcásanna ina measann an t-údarás rialála go gcuirfeadh diúltú rochtana nó téarmaí agus coinníollacha míréasúnacha a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu bac ar mhargadh iomaíoch inbhuanaithe a theacht chun cinn ar an leibhéal miondíola, nó nach mbeadh sé chun leasa an úsáideora deiridh.

2. De bhun fhomhír 1(d), féadfar a cheangal ar mhórsholáthróirí, *inter alia*, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) rochtain a thabhairt do thríú páirtithe ar eilimintí sonracha líonra agus/nó ar shaoráidí sonracha;
- (b) dul i mbun caibidlíochta de mheon macánta le gnóthais atá ag iarraidh rochtana;
- (c) seirbhísí sonracha a sholáthar ar bhonn mórdhíola lena n-athdhíol ag tríú páirtithe;
- (d) rochtain a dheonú ar chomhéadain theicniúla, ar phrótacail theicniúla nó ar phríomhtheicneolaíochtaí eile atá fíor-riachtanach le haghaidh idir-inoibritheacht líonraí, agus lena gceadaítear, arna iarraidh sin, idirascadh ag pointí breise seachas na pointí foirceanta líonra a thairgtear do thromlach na n-úsáideoirí, faoi réir muirir a léiríonn an costas a bhaineann le saoráidí breise riachtanacha a thógáil;
- (e) comhshuíomh nó cineálacha eile comhroinnte saoráidí a sholáthar, lena n-áirítear duchtanna, foirgnimh nó crainn a roinnt;
- (f) seirbhísí sonraithe a sholáthar, a theastaíonn leis an idir-inoibritheacht a áirithiú idir seirbhísí inn go hinn agus lucht a n-úsáidte, lena n-áirítear saoráidí le haghaidh seirbhísí líonra cliste nó fánaíocht ar líonraí móibíleacha; agus
- (g) líonraí nó saoráidí líonraí a idirascadh.

Údaráis Rialála

1. Beidh údaráis rialála le haghaidh na teileachumarsáide leithleach go dlíthiúil agus neamhspleách ó thaobh feidhme de ar aon soláthróir seirbhísí teileachumarsáide.
2. Tabharfar dóthain cumhachta don údarás rialála chun an earnáil a rialáil. Déanfar na cúraimí a bheidh le déanamh ag údarás rialála a phoiblí i bhfoirm inrochtana, shoiléir, go háirithe i gcás ina sanntar na cúraimí sin do níos mó ná comhlacht amháin.
3. Beidh cinntí na n-údarás rialála agus na nósanna imeachta a chuirfidh siad i bhfeidhm trédhearcach agus neamhchlaonta i ndáil le gach rannpháirtí sa mhargadh.
4. Soláthróir a ndéanann cinneadh ó údarás rialála de chuid na Colóime difear dó, beidh sé de cheart aige nós imeachta achomhairc nó athbhreithnithe a bheith aige, de réir mar is iomchuí, os comhair comhlachta atá neamhspleách ar an údarás rialála sin.
5. Soláthróir a ndéanann cinneadh ó údarás rialála Pheiriú nó an Pháirtí AE difear dó, beidh sé de cheart aige achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair comhlacht achomhairc atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus a d'fhéadfadh a bheith breithiúnach nó neamhbhreithiúnach.

6. I gcás nach de chineál breithiúnach é comhlacht achomhairc Páirtí, tabharfar cúiseanna i scríbhinn lena chinneadh i gcónaí agus beidh a chinntí faoi réir a athbhreithnithe freisin ag údarás breithiúnach neamhchlaonta neamhspleách. Déanfar cinntí arna nglacadh ag comhlachtaí athbhreithnithe nó achomhairc de chuid Páirtí, de réir mar is iomchuí, a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

AIRTEAGAL 144

Údarú chun Líonraí nó Seirbhísí Teileachumarsáide a Sholáthar

1. Féachfaidh na Páirtithe le nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí teileachumarsáide a údarú.
2. I gcomhréir le reachtaíocht intíre gach Páirtí, d'fhéadfadh údarú⁵⁰ a bheith ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le huimhreacha agus minicíochtaí a shannadh. Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le húdaruithe den sórt sin a chur ar fáil go poiblí.
3. I gcás ina bhfuil údarú de dhíth:
 - (a) déantar na critéir údarúcháin go léir agus an tréimhse réasúnta ama go léir is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le húdarú a chur ar fáil go poiblí;

⁵⁰ Chun críocha na Roinne seo, tuigfear go n-áirítear leis an téarma údarú na ceadúnais, na lamhálaí, na ceadanna, na cláir agus aon údaruithe eile a fhéadfaidh Páirtí a cheangal a bheith ann chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar.

- (b) cuirfear na cúiseanna le húdarú a dhiúltú in iúl don iarratasóir i scríbhinn arna iarraidh sin;
- (c) i gcás ina ndiúltófar údarú go míchuí, beidh an t-iarratasóir in ann athbhreithniú a lorg agus/nó achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh i gcomhréir le reachtaíocht intíre an Pháirtí faoi seach;
- (d) na táillí a éileoidh aon Pháirtí chun údarú a dheonú, ní rachaidh siad thar na costais riaracháin a thabhaítear de ghnáth i mbainistiú, i rialú agus i bhforfheidhmiú an údaraithe is infheidhme⁵¹.

AIRTEAGAL 145

Idirnascadh

1. Áiríteoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag aon soláthróir atá údaraithe chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar ina chríoch caibidlíocht a dhéanamh maidir le hidirnascadh le soláthraithe eile líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí. Ba cheart, i bprionsabal, idirnascadh a chomhaontú ar bhonn caibidlíocht tráchtála idir na soláthróirí lena mbaineann.

⁵¹ Ní áirítear le táillí údarúcháin, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná ranníocaíochtaí sainordaithe chun seirbhís uilíoch a sholáthar. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an fhomhír seo mar fhomhír a chuireann srian ar cheart gach Páirtí a cheangal go ndéanfar íocaíocht as leithdháileadh acmhainní tearca amhail an speictream raidió.

2. Ceanglóidh údarás rialála gach Páirtí, maidir le soláthróirí a fhaigheann faisnéis ó sholáthróir eile agus iad i mbun socruithe idirnáise a chaibidil, go mbainfidh na soláthróirí sin úsáid as an bhfaisnéis sin chun na críche ar soláthraíodh í agus urraim á tabhairt gach tráth do rúndacht na faisnéise a tharchuirtear nó a stóráiltear.
3. Déanfar idirnascadh le mórsholáthróir a áirithiú ag aon phointe is indéanta go teicniúil sa líonra. Soláthrófar an t-idirnascadh sin:
- (a) faoi théarmaí, coinníollacha (lena n-áirítear caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla) agus rátaí neamh-idirdhealaitheacha, agus ar cháilíocht nach lú fabhar ná an cháilíocht a sholáthraítear dá sheirbhísí comhchosúla féin nó do sheirbhísí comhchosúla soláthróirí seirbhíse neamh-chleamhnaithe nó dá fhochuideachtaí nó dá chleamhnaithe eile;
 - (b) go tráthúil, ar théarmaí, coinníollacha (lena n-áirítear caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla) agus rátaí costasdíríthe, atá trédhearcach, réasúnach, ag féachaint d'indéantacht eacnamaíoch, agus díchuachta a ndóthain ionas nach gá don soláthróir íoc as comhpháirteanna nó saoráidí líonra nach bhfuil gá aige leo i leith na seirbhíse atá le soláthar; agus
 - (c) arna iarraidh sin, ag pointí de bhreis ar na críochphointí líonra a chuirtear ar fáil do thromlach na n-úsáideoirí, faoi réir muirir lena léirítear costas tógála na saoráidí breise is gá.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear ar fáil go poiblí na nósanna imeachta is infheidhme maidir le hidirascadh le mórsholáthróir.
5. Ceanglóidh gach Páirtí go gcuirfidh mórsholáthróirí ar fáil go poiblí a gcomhaontuithe maidir le hidirascadh nó a dtairiscintí tagartha maidir le hidirascadh.
6. Áiritheoidh gach Páirtí, aon am nó tar éis tréimhse réasúnta ama a chuirfear in iúl go poiblí, go bhféadfaidh soláthróir seirbhíse a iarrann idirascadh le mórsholáthróir dul ar iontaoibh comhlacht intíre neamhspleách, a fhéadfaidh a bheith ina údarás rialála dá dtagraítear in Airteagal 143, chun díospóidí a réiteach maidir le téarmaí, coinníollacha agus rátaí iomchuí le haghaidh idirnaisc, laistigh de tréimhse réasúnta ama.

AIRTEAGAL 146

Acmhainní Tearca

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar aon nós imeachta i dtaobh acmhainní tearca a leithdháileadh agus a úsáid, lena n-áirítear minicíochtaí, uimhreacha agus cearta slí, a dhéanamh ar bhealach atá oibiachtúil, tráthúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Cuirfear ar fáil go poiblí staid reatha na mbandaí minicíochta leithdháilte, ach ní cheanglófar sainaithint mhionsonraithe a dhéanamh ar na minicíochtaí a leithdháiltar d'úsáidí sonracha rialtais.

Seirbhís Uilíoch

1. Tá sé de cheart ag gach Páirtí sainiú a dhéanamh ar na cineálacha oibleagáidí seirbhíse uilíche a theastaíonn uaidh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.
2. Ní mheasfar gur oibleagáidí frithiomaíocha *per se* iad na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1, ar choinníoll go riarfar na hoibleagáidí sin ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach. Beidh riar na n-oibleagáidí sin neodrach freisin maidir le hiomaíocht agus ní bheidh sé níos troime ná mar is gá le haghaidh an chineáil seirbhíse uilíche arna sainiú ag gach Páirtí.
3. Ba cheart go mbeadh gach soláthróir incháilithe chun seirbhís uilíoch a áirithiú agus ní dhéanfar aon soláthróir a eisiamh *a priori*. Déanfar an t-ainmniú sin trí bhíthin sásra éifeachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, i gcomhréir le reachtaíocht intíre gach Páirtí.

AIRTEAGAL 148

Eolairí Teileafóin

Áiritheoidh gach Páirtí:

- (a) go mbeidh eolairí gach rannpháirtí teileafóin sheasta ar fáil d'úsáideoirí i bhfoirm atá formheasta ag an údarás rialála náisiúnta, cibé acu i bhfoirm chlóite nó leictreonach, nó iad araon, agus go ndéanfar iad a nuashonrú ar bhonn rialta, agus uair amháin sa bhliain ar a laghad; agus
- (b) go gcuirfidh eagraíochtaí a sholáthraíonn na seirbhísí dá dtagraítear i mír (a) prionsabal an neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le faisnéis a chuir eagraíochtaí eile ar fáil dóibh.

AIRTEAGAL 149

Rúndacht Faisnéise

Áiritheoidh gach Páirtí rúndacht sonraí teileachumarsáide agus sonraí tráchta gaolmhara trí bhíthin líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí gan srian a chur le trádáil i seirbhísí.

AIRTEAGAL 150

Díospóidí idir Soláthróirí

1. I gcás ina dtiocfaidh díospóid chun cinn idir soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide i dtaca le cearta agus oibleagáidí a leagtar amach sa Roinn seo, déanfaidh údarás rialála an Pháirtí lena mbaineann, arna iarraidh sin do pháirtí sa díospóid, cinneadh ceangailteach a eisiúint chun an díospóid a réiteach laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir.
2. Nuair a bhaineann díospóid den sórt sin le soláthar trasteorann seirbhísí, comhordóidh údaráis rialála na bPáirtithe lena mbaineann a n-iarrachtaí chun an díospóid a réiteach.

ROINN 5

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 151

RAON FEIDHME

Bunaítear sa Roinn seo prionsabail an chreata rialála le haghaidh na seirbhísí airgeadais a ghealltar i gcomhréir le Caibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) den Teideal seo. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí airgeadais⁵².

AIRTEAGAL 152

Sainmhínithe

Chun críche na Caibidle seo agus Chaibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) den Teideal seo:

⁵² Ciallóidh tagairt do sholáthar seirbhíse airgeadais sa Roinn seo soláthar seirbhíse mar a shainmhínítear sin in Airteagal 108.

- ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ aon seirbhís de chineál airgeadais a thairgeann soláthróir seirbhíse do Pháirtí. Áirítear le seirbhísí airgeadais gach seirbhís árachais agus gach seirbhís a bhaineann le hárachas, agus gach seirbhís baincéireachta agus airgeadais eile (seachas árachas). Áirítear le seirbhísí airgeadais na gníomhaíochtaí a leanas:

(a) seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas:

(i) árachas díreach (lena n-áirítear comhárachas):

(A) árachas saoil;

(B) árachas neamhshaoil;

(ii) athárachas agus aisghéilleadh;

(iii) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht; agus

(iv) seirbhísí atá tánaisteach i leith árachais, amhail sainchomhairleoireacht, seirbhísí achtúireacha, measúnú riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú;

(b) seirbhísí baincéireachta agus seirbhíse airgeadais eile (seachas árachas):

(i) glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal;

(ii) iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú;

- (iii) léasú airgeadais;
- (iv) gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil, agus dréachtaí baincéirí;
- (v) ráthaíochtaí agus gealltanais;
- (vi) trádáil a dhéanamh ar a gcuntas féin nó ar chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile, ar na nithe seo a leanas:
 - (A) ionstraimí margaidh airgid (lena n-áirítear seiceanna, billí, deimhnithe taisce);
 - (B) malairt eachtrach;
 - (C) táirgí díorthacha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, todhchaíochtaí agus roghanna;
 - (D) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n-áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;
 - (E) urrúis inaistrithe; agus
 - (F) ionstraimí agus sócmhainní airgeadais soshanta eile, lena n-áirítear buillean;

(vii) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(viii) bróicéireacht airgid;

(ix) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta ar infheistíocht chomhchoiteann, bainistíocht ciste pinsin, seirbhísí coinneála, seirbhísí taisclainne, agus seirbhísí iontaobhais;

(x) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshanta eile;

(xi) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara; agus

(xii) seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí airgeadais cúntacha eile maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bhfomhíreanna (i) go (xi) thuas, lena n-áirítear teistiméireacht chreidmheasa agus anailís airgeadais, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna, agus comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúráil corparáideach agus straitéisí corparáideacha;

– ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse airgeadais’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí a fhéachann le seirbhísí airgeadais a sholáthar nó a dhéanann iad a sholáthar. Ní áirítear eintiteas poiblí leis an téarma ‘soláthróir seirbhíse airgeadais’;

- ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais nua’ seirbhís de chineál airgeadais lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le táirgí atá ann cheana agus táirgí nua nó an chaoi ina ndéantar táirge a sheachadadh, nach ndéantar a sholáthar ag an soláthróir seirbhíse airgeadais i gcríoch Páirtí ach a sholáthraítear i gcríoch Páirtí eile;
- ciallaíonn ‘eintiteas poiblí’:
 - (a) rialtas, banc ceannais nó údarás airgeadaíochta de chuid Páirtí nó aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí, a bhíonn ag gabháil go príomha d'fheidhmeanna rialtais a dhéanamh nó do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun críocha rialtais, ach ní áirítear leis eintiteas a bhíonn ag gabháil go príomha do sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar théarmaí tráchtála; nó
 - (b) eintiteas príobháideach, a dhéanann feidhmeanna, a bhíonn á ndéanamh de ghnáth ag banc ceannais nó údarás airgeadaíochta, agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú aige;
- ciallaíonn ‘eagraíocht féinrialála’ comhlacht neamhrialtasach, lena n-áirítear aon mhalartán nó margadh urrús nó todhchaíochtaí, aon ghníomhaireacht imréitigh, aon eagraíocht nó aon chomhlachas eile a fheidhmíonn a údarás rialála nó maoirseachta féin nó údarás rialála nó maoirseachta tarmlichte thar sholáthróirí seirbhíse airgeadais; ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar eagraíocht féinrialála a bheith ina monaplacht ainmnithe chun críocha Theideal VIII (Iomaíocht);

– áirítear an méid seo a leanas freisin le ‘seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais’ chun críocha Airteagal 108:

- (a) gníomhaíochtaí a dhéanann banc ceannais nó údarás airgeadaíochta nó aon eintiteas poiblí eile d’fhonn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a shaothrú;
- (b) gníomhaíocht ar cuid de chóras reachtúil slándála sóisialaí nó pleananna scoir phoiblí; agus
- (c) gníomhaíochtaí eile dhéanann eintiteas poiblí ar chuntas nó i dteannta ráthaíochta acmhainní airgeadais an Rialtais;

chun críocha an tsainmhínithe ar ‘seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais’ in Airteagal 108, má cheadaíonn Páirtí do sholáthróir seirbhíse airgeadais aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (b) nó (c) thuas a dhéanamh in iomaíocht le heintiteas poiblí nó le soláthróir seirbhíse airgeadais, áireofar na gníomhaíochtaí sin sa sainmhíniú ar ‘seirbhísí’ a bhunaítear in Airteagal 108.

AIRTEAGAL 153

Córais Imréitigh agus Íocaíochta

1. Faoi théarmaí agus coinníollacha lena dtugtar Cóir Náisiúnta, tabharfaidh gach Páirtí rochtain do sholáthróirí seirbhísí airgeadais Páirtí eile atá bunaithe ina chríoch ar chórais íocaíochta agus imréitigh atá á n-oibriú ag eintitis phoiblí, agus ar shaoráidí oifigiúla maoinithe agus athmhaoinithe atá ar fáil i ngnáthchúrsa an ghnáthghnó. Níl sé beartaithe leis an mír seo rochtain a thabhairt d’iasachtóir na rogha deiridh de chuid Páirtí.

2. I gcás ina ndéanfaidh Páirtí:

- (a) a cheangal, mar choinníoll do sholáthróirí seirbhíse airgeadais de chuid Páirtí eile seirbhísí airgeadais a sholáthar ar bhonn comhionann le soláthróirí seirbhíse airgeadais intíre, ballraíocht nó rannpháirtíocht in aon chomhlacht féinrialála, urrúis nó margaí, malartú nó margadh todhchaíochtaí, gníomhaireacht imréitigh, nó aon eagraíocht nó comhlachas eile, nó rochtain ar an gcéanna; nó
- (b) go díreach nó go hindíreach, pribhléidí nó buntáistí eintiteas den sórt sin a sholáthar agus seirbhísí airgeadais á soláthar;

áiritheoidh an Páirtí sin go dtabharfaidh na heintitis sin cóir náisiúnta do sholáthróirí seirbhíse airgeadais de chuid Páirtí eile a bhfuil cónaí orthu ina chríoch.

AIRTEAGAL 154

Eisceacht Stuamachta

1. D'ainneoin fhorálacha eile an Teidil seo nó Theideal V (Íocaíochtaí Reatha agus Gluaiseachtaí Caipitil), féadfaidh Páirtí, ar chúiseanna stuamachta, bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, amhail:

- (a) infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach ar sholáthróir seirbhísí airgeadais acu a chosaint;

(b) sláine agus cobhsaíocht a chórais airgeadais a áirithiú.

2. Ní bheidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 níos troime ná mar is gá chun a n-aidhm a bhaint amach, agus ní dhéanfaidh siad idirdhealú in aghaidh seirbhísí airgeadais ná soláthróirí seirbhísí airgeadais de chuid Páirtí eile i gcomparáid lena sheirbhísí airgeadais cosúil leis féin nó le soláthróirí seirbhíse airgeadais dá samhail.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí faisnéis a bhaineann le gnóthaí agus cuntais custaiméirí aonair nó aon fhaisnéis rúnda nó dílseánaigh atá i seilbh eintitis phoiblí a nochtadh.

4. Gan dochar do mhodhanna eile chun rialáil stuamachta a dhéanamh ar sholáthar trasteorann i seirbhísí airgeadais, féadfaidh Páirtí a cheangal go gclárófar agus go n-údarófar soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid Páirtí eile agus ionstraimí airgeadais.

AIRTEAGAL 155

Rialáil Éifeachtach, Thrédhearcach

1. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall aon bheart atá rún ag an bPáirtí sin a ghlacadh agus a bhfuil feidhm ghinearálta aige a sholáthar roimh ré do gach duine leasmhar chun deis a thabhairt do na daoine sin barúil a thabhairt ar an mbeart. Soláthrófar an beart sin:

(a) trí bhíthin foilseacháin oifigiúil; nó

(b) i bhfoirm scríofa nó leictreonach eile.

2. Cuirfidh gach Páirtí a cheanglais maidir le hiarratais a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais a chomhlánú ar fáil do dhaoine leasmhara.

3. Arna iarraidh sin d'iarratasóir, cuirfidh an Páirtí lena mbaineann stádas a iarratais in iúl don iarratasóir. I gcás ina gceanglaíonn an Páirtí lena mbaineann ar an iarratasóir faisnéis bhreise a thabhairt, tabharfaidh sé fógra don iarratasóir gan moill mhíchuí.

4. Déanfaidh gach Páirtí a ndícheall chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm ina gcríoch na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le rialáil agus maoirseacht in earnáil na seirbhísí airgeadais agus maidir le comhrac an sciúrtha airgid agus an maoinithe sceimhlitheoireachta.. Is iad na caighdeáin idirnáisiúnta sin an Príomhphrionsabal maidir le Maoirseacht ar Bhaincéireacht Éifeachtach Choiste Basel, Croíphrionsabail Árachais agus Modheolaíocht an Chomhlachais Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais, Cuspóirí agus Prionsabail an Rialacháin Urrús de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús, na Moltaí Daite maidir le Sciúradh Airgid, agus na Naoi Moladh Speisialta maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

5. Tugann na Páirtithe dá n-aire freisin na 'Deich bPríomhphrionsabal maidir le Comhroinnt Faisnéise' a d'fhógair Airí Airgeadais Náisiúin G7 agus an Comhaontú maidir le Malartú Faisnéise maidir le cúrsaí Cánach de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (dá ngairtear 'ECFE' anseo feasta) agus an Ráiteas maidir le Trédhearcacht agus malartú faisnéise chun críoch cánach G20.

AIRTEAGAL 156

Seirbhísí Nua Airgeadais

Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróir seirbhíse airgeadais de chuid Páirtí eile atá bunaithe ina chríoch aon seirbhís airgeadais nua de chineál atá cosúil leis na seirbhísí sin a sholáthar a cheadaíonn an Páirtí sin dá sholáthróirí seirbhíse airgeadais féin a sholáthar faoina dhlí náisiúnta in imthosca comhchosúla. Féadfaidh Páirtí an fhoirm institiúideach agus dlí trína bhféadfar an tseirbhís airgeadais nua a sholáthar a chinneadh agus údarú a cheangal maidir le seirbhís den sórt sin a sholáthar. I gcás ina gceanglaítear an t-údarú sin, déanfar cinneadh laistigh de thréimhse réasúnach ama agus ní fhéadfar an t-údarú a dhiúltú ach amháin ar chúiseanna stuamachta.

AIRTEAGAL 157

Próiseáil Sonraí

1. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid Páirtí eile faisnéis a aistriú i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile, isteach ina críoch agus amach aisti, le haghaidh próiseáil sonraí i gcás ina mbeidh gá leis an bpróiseáil sin i ngnáthchúrsa gnó an tsoláthróra seirbhíse airgeadais trasteorann sin.
2. Glacfaidh gach Páirtí coimircí leordhóthanacha chun an ceart chun príobháideachais agus saoirse ó chur isteach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar bhaile nó ar chomhfhreagras daoine aonair a chosaint, go háirithe maidir le sonraí pearsanta a aistriú.

Bearta Stuamachta a Aithint

1. Féadfaidh Páirtí aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta aon tíre eile agus é ag cinneadh conas a chuirfear bearta a bhaineann le seirbhísí airgeadais an Pháirtí sin i bhfeidhm. Féadfar an t-aitheantas sin, a fhéadfar a bhaint amach trí chomhchuibhiú nó ar shlí eile, a bhunú ar chomhaontú nó ar shocrú leis an tír lena mbaineann, nó féadfar é a dheonú go neamhspleách.
2. Tabharfaidh Páirtí is páirtí i gcomhaontú nó i socrú den sórt sin dá dtagraítear i mír 1, bíodh sé sa todhchaí nó ann cheana, deis leordhóthanach do Pháirtí eile a aontachas le comhaontuithe nó socruithe den sórt sin a chaibidil, nó caibidlíocht a dhéanamh maidir le comhaontuithe nó socruithe den sórt sin, in imthosca ina mbeadh rialáil choibhéiseach, maoirseacht choibhéiseach, cur chun feidhme an rialacháin sin agus, más iomchuí, nósanna imeachta maidir le comhroinnt faisnéise idir na Páirtithe sa chomhaontú nó sa socrú. I gcás ina dtabharfaidh Páirtí aitheantas go huathrialach, tabharfaidh an Páirtí sin deis leordhóthanach do Pháirtí eile a léiriú gurb ann do na himthosca sin.

Eisceachtaí Sonracha

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo chun cosc ar Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis phoiblí, gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta a dhéanamh nó a sholáthar laistigh dá chríoch go heisiach, ach amháin i gcás ina bhféadfaidh soláthróirí seirbhíse airgeadais na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, mar a fhoráiltear le rialáil intíre an Pháirtí, in iomaíocht le heintitis phoiblí nó le hinstitiúidí príobháideacha.
2. Níl feidhm ag aon ní sa Chomhaontú seo maidir le gníomhaíochtaí nó bearta arna seoladh nó arna nglacadh ag banc ceannais nó ag údarás airgeadaíochta, ráta malairte nó údarás creidmheasa nó ag aon eintiteas poiblí eile agus beartais airgeadaíochta agus beartais ghaolmhara chreidmheasa nó ráta malairte á saothrú acu.
3. Ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo chun cosc ar Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis phoiblí, gníomhaíochtaí nó seirbhísí a dhéanamh nó a sholáthar laistigh dá chríoch go heisiach ar mhaithe le cuntas nó le ráthaíocht nó le hacmhainní airgeadais an Pháirtí nó a eintiteas poiblí a úsáid.

ROINN 6

SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 160

Raon Feidhme agus Prionsabail

1. Leagtar amach sa Roinn seo na prionsabail le haghaidh seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta a ghealltar i gcomhréir le Caibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) den Teideal seo.
2. I bhfianaise na leibhéal reatha léirscaoilte idir na Páirtithe sa mhuiriompar idirnáisiúnta, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:
 - (a) prionsabal na rochtana neamhshrianta ar na margaí agus na trádálacha muirí idirnáisiúnta ar bhonn tráchtála agus neamh-idirdhealaitheach a chur i bhfeidhm; agus
 - (b) cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar dá longa féin maidir le *inter alia* rochtain ar chalafoirt, úsáid bonneagair agus seirbhísí muirí cúntacha na gcalafoirt, chomh maith le táillí agus muirir ghaolmhara, saoráidí custaim agus sannadh beart agus saoráidí le haghaidh luchtú agus díluchtú a dheonú do longa atá faoi bhratach Páirtí eile nó atá á n-oibriú ag soláthróirí seirbhíse de chuid Páirtí eile.

3. Agus na prionsabail sin á gcur i bhfeidhm, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:
- (a) socruithe maidir le comhroinnt lasta a thabhairt isteach i gcomhaontuithe a bheidh ann sa todhchaí le tríú tíortha maidir le seirbhísí muiriompair , lena n-áirítear an trádáil tirim agus leachtach agus línéir, agus deireadh a chur, laistigh de thréimhse réasúnta ama, leis na socruithe sin maidir le comhroinnt lasta i gcás inarb ann dóibh i gcomhaontuithe déthaobhacha atá an cheana; agus
 - (b) ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, deireadh a chur le haon bheart aontaobhach agus le haon bhac riaracháin, teicniúil agus eile a d'fhéadfadh bheith ina shrian faoi cheilt nó a mbeadh éifeacht idirdhealaitheach aige ar sholáthar saor seirbhísí i muiriompar idirnáisiúnta, agus staonadh ó aon bheart nó aon bhac den sórt sin a thabhairt isteach.
4. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhíse muirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear seirbhísí gníomhaireachta muirí de chuid Páirtí eile, bunaíocht a bheith acu ina chríoch faoi choinníollachabunaíochta agus oibríochta nach lú fabhar ná na coinníollacha sin a thugtar dá sholáthróirí seirbhíse féin nó do sholáthróirí seirbhíse aon tríú tír, cibé acu is fabhraí.
5. Cuirfidh gach Páirtí na seirbhísí seo a leanas ar fáil ag a gcalafoirt do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha: píolótaíocht; cúnamh tuála agus tarraingthe; soláthar; breoslú agus uisciú; bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola; seirbhísí captaein calafoirt; áiseanna loingseoireachta; saoráidí éigeandála deisiúcháin; ancaireacht; seirbhísí cur i mbeart agus calaithe; agus seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d'oibríochtaí long lena n-áirítear cumarsáid, uisce agus soláthairtí leictreacha.

Sainmhínithe

Chun críche na Roinne seo agus Chaibidlí 2 (Bunaíocht), 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí) agus 4 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) den Teideal seo:

- ciallaíonn ‘seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta’ gníomhaíochtaí arb é atá iontu coimeádáin a stóráil, bíodh sin i limistéir chalafoirt nó go hintíre d’fhonn iad a phacáil/a nochtadh, a dheisiú, a iad a chur ar fáil lena loingsiú;
- ciallaíonn ‘seirbhísí imréitigh custaim’ (‘seirbhísí bróicéirí tithe custaim’ mar mhalairt air sin), gníomhaíochtaí arb é atá iontu foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh, thar ceann páirtí eile, cinn a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó tré-iompar lastas, cibé acu an iad na seirbhísí sin príomhghníomhaíocht an tsoláthróra seirbhíse nó gníomhaíocht thánaisteach a ghabhann leis an bpríomhghníomhaíocht sin;
- ciallaíonn ‘seirbhísí seolta lasta’ an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingseoireachta a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoladóirí, trí iompar a shealbhú agus seirbhísí gaolmhara a shocrú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar;
- áirítear le ‘muiriompar idirnáisiúnta’ oibríochtaí iompair ó dhoras go doras agus oibríochtaí iompair ilmhódach, is é sin iompar earraí a úsáideann níos mó ná modh iompair amháin, lena mbaineann céim farraige, faoi dhoiciméad aonair iompair, agus chuige sin áirítear an ceart conradh a dhéanamh go díreach le soláthraithe modhanna eile iompair;

- ciallaíonn ‘seirbhísí gníomhaireachta muirí’ gníomhaíochtaí arb éard atá iontu ionadaíocht, mar ghníomhaire, laistigh de limistéar geografach ar leith, ar leasanna gnó líne loingseoireachta amháin nó níos mó nó cuideachta loingseoireachta amháin nó níos mó, chun na gcríoch seo a leanas:
 - (a) margaíocht agus díolachán a dhéanamh ar sheirbhísí muiriompair agus seirbhísí gaolmhara, ó luachan go heisiúint sonrasc, billí lucht a eisiúint thar ceann na gcuideachtaí, na seirbhísí gaolmhara is gá a fháil agus a athdhíol, doiciméadacht a ullmhú, agus faisnéis ghnó a sholáthar; agus
 - (b) glao ar longa a eagrú, thar ceann cuideachtaí loingseoireachta, nó lastaí a ghabháil ar láimh nuair is gá;
- ciallaíonn ‘seirbhísí láimhseála lasta mhuirí’ gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stibheadóra, lena n-áirítear oibreoirí críochfoirt ach nach ndéanann gníomhaíochtaí díreacha dugairí a áireamh nuair a dhéantar na hoibrithe a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stibheadóra nó ar na cuideachtaí oibreora críochfoirt. Ar na seirbhísí a chumhdaítear tá eagrú agus maoirseacht na nithe a leanas:
 - (a) lasta a luchtú ar shoitheach nó a dhíluchtú as soitheach;
 - (b) lasta a cheangal nó a dhícheangal; agus
 - (c) glacadh le lasta nó é a sheachadadh agus é a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

CAIBIDIL 6

RÍOMHTHRÁCHTÁIL

AIRTEAGAL 162

Cuspóirí agus Prionsabail

1. Agus é á aithint ag na Páirtithe go méadaíonn an ríomhthrachtáil deiseanna trádála in go leor earnálacha, comhaontaíonn siad forbairt na ríomhthrachtála eatarthu a chur chun cinn, go háirithe trí chomhar a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann leis an ríomhthrachtáil faoi fhorálacha an Teidil seo.
2. Aontaíonn na Páirtithe go mbeidh forbairt na ríomhthrachtála ar comhréir le caighdeáin idirnáisiúnta cosanta sonraí, chun muinín úsáideoirí ríomhthrachtála a áirithiú.
3. Comhaontaíonn na Páirtithe go measfar gur soláthar seirbhísí é seachadadh trí mheán leictreonach, de réir bhrí Chaibidil 3 (Soláthar Trasteorann Seirbhísí), agus nach mbeidh sé faoi réir dleachtanna custaim.

Gnéithe Rialála den Ríomhthráchtáil

1. Coinneoidh na Páirtithe idirphlé ar bun maidir le saincheisteanna rialála a eascraíonn as ríomhthráchtáil, lena dtabharfar aghaidh *inter alia* ar na saincheisteanna seo a leanas:

- (a) aitheantas a thabhairt do dheimhnithe um shínithe leictreonacha a eisítear don phobal agus seirbhísí deimhniúcháin trasteorann a éascú;
- (b) an dliteanas atá ar sholáthraithe seirbhíse idirmheánacha maidir le faisnéis a tharchur nó a stóráil;
- (c) mar a dhéileáiltear le teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh;
- (d) cosaint tomhaltóirí i réimse na ríomhthráchtála ó chleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mhíthreoracha, i measc nithe eile, sa chomhthéacs trasteorann;
- (e) cosaint sonraí pearsanta;
- (f) trádáil gan pháipéar a chur chun cinn; agus
- (g) aon saincheist eile atá ábhartha maidir le forbairt na ríomhthráchtála.

2. Déanfaidh na Páirtithe an comhar sin, inter alia, trí fhaisnéis a mhalartú maidir lena reachtaíocht agus lena ndlí-eolaíocht ábhartha faoi seach, agus maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta sin.

AIRTEAGAL 164

Cosaint Sonraí Pearsanta

Féachfaidh na Páirtithe, a mhéid is féidir, agus laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, le rialacháin a fhorbairt nó a choinneáil ar bun, de réir mar a bheidh, chun sonraí pearsanta a chosaint.

AIRTEAGAL 165

Trádáil gan pháipéar a bhainistiú

Féachfaidh na Páirtithe, a mhéid is féidir, agus laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) doiciméid bhainistíochta trádála a chur ar fáil don phobal i bhfoirm leictreonach; agus

- (b) glacadh le doiciméid riaracháin trádála⁵³ a chuirtear isteach go leictreonach mar choibhéis dhlíthiúil dá leagan páipéir.

AIRTEAGAL 166

Cosaint tomhaltóirí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé bearta trédhearcacha éifeachtacha a choinneáil ar bun agus a ghlacadh chun tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mhíthreoracha nuair a bhíonn tomhaltóirí ag gabháil d'idirbhearta ríomhthráchtála.
2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cosaint tomhaltóirí agus comhar a threisiú i measc údaráis cosanta tomhaltóirí intíre, i ngníomhaíochtaí a bhaineann le ríomhthráchtáil.

⁵³ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haghaidh na Colóime agus Pheiriú, ciallaíonn ‘doiciméad maidir le riarachán trádála’ foirm arna eisiúint nó arna rialú ag Páirtí nach mór é a chomhlánú ag allmhaireoir nó onnmhaireoir nó ar a son agus a bhaineann le hallmhairiú nó le honnmhairiú earraí.

CAIBIDIL 7

EISCEACHTAÍ

AIRTEAGAL 167

Eisceachtaí ginearálta

1. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach go bhféadfaí áis a bhaint astu le haghaidh idirdhealú treallach ná idirdhealú dochosanta idir na Páirtithe, nó chun srian faoi cheilt a chur ar bhunaíocht nó ar sholáthar seirbhísí trasteorann, ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo ná i dTeideal V (Íocaíochtaí Reatha agus Gluaiseachtaí Caipitil) mar ní lena gcuirtear cosc ar aon Pháirtí bearta a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

- (a) is gá chun slándáil an phobail nó moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choimeád⁵⁴;
- (b) is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, lena n-áirítear na bearta comhshaoil sin is gá chun na críche sin;

⁵⁴ Ní fhéadfar eisceacht an oird phoiblí a agairt ach amháin i gcás ina mbeidh bagairt dháiríre, atá tromchúiseach a dhóthain, ar cheann de leasanna bunúsacha na sochaí.

- (c) a bhaineann le caomhnú acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite beo nó neamhbheo má chuirtear na bearta sin i bhfeidhm i gcomhar le srianta ar infheisteoirí intíre nó ar sholáthar nó tomhaltas intíre seirbhísí;
- (d) a bhfuil gá leo chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint;
- (e) bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha an Teidil seo agus Theideal V (Íocaíochtaí reatha agus gluaiseachtaí caipitil)⁵⁵, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann leis an méid seo a leanas:
 - (i) cleachtais mhealltacha agus cleachtais chalaoiseacha a chosc nó déileáil le héifeachtaí mainneachtana ar chonarthaí;
 - (ii) príobháideachas daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil agus scaipeadh sonraí pearsanta agus rúndacht taifead agus cuntas aonair a chosaint;
 - (iii) sábháilteacht.

⁵⁵ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás Pheiriú, bearta a fhorghníomhú lena gcoiscítear aistriú airgeadaíochta trí Dhlíthe Pheiriú a chur i bhfeidhm go cothrom, go neamh-idirdhealaitheach agus de mheon macánta, maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) féimheacht, dócmhainneacht nó cosaint chearta na gcreidiúnaithe;
- (b) urrúis, todhchaíochtaí, roghanna, nó díorthaigh a eisiúint, a thrádáil nó déileáil iontu;
- (c) cionta coiriúla nó pionósacha;
- (d) tuairisciú airgeadais nó taifeadadh ar aistrithe nuair is gá chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí nó le húdaráis rialála airgeadais; nó
- (e) comhlíonadh orduithe nó rialuithe breithiúnacha nó riaracháin in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a áirithiú;
ní mheasfar iad a bheith ar neamhréir le forálacha an Teidil seo agus Theideal V (Íocaíochtaí Reatha agus Gluaiseachtaí Caipitil).

2. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Teidil seo, Iarscríbhinní VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) agus VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Trasteorann Seirbhísí) ná Teideal V (Íocaíochtaí Reatha agus Gluaiseacht Caipitil) maidir le córais slándála sóisialta na bPáirtithe faoi seach ná maidir le gníomhaíochtaí i gcríoch gach Páirtí, a bhfuil baint acu, fiú ó am go chéile, le feidhmiú údaráis oifigiúil.

TEIDEAL V

ÍOCAÍOCHTAÍ REATHA AGUS GLUAISEACHT CHAIPITIL

AIRTEAGAL 168

Cuntas Reatha

Údaróidh na Páirtithe, in airgeadra is inmhalartaithe go héasca agus i gcomhréir le forálacha Airteagal VIII d’Airteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, aon íocaíochtaí agus aistrithe ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 169

Cuntas Caipitil

Maidir le hidirbhearta ar an gcuntas caipitil agus airgeadais ar chomhardú na n-íocaíochtaí, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ceadóidh na Páirtithe saorghluaiseacht chaipitil a bhaineann le hinfheistíochtaí díreacha⁵⁶ a dhéantar i ndaoine dlítheanacha arna gcomhdhéanamh de réir dhlíthe na tíre óstaí agus infheistíochtaí agus idirbhearta eile a dhéanfar i gcomhréir le forálacha Theideal IV (Bunú, Trádáil i Seirbhísí agus Ríomhthráchtáil)⁵⁷, agus leachtú agus aisdúichiú na n-infheistíochtaí sin agus aon bhrabúis a eascraíonn astu.

AIRTEAGAL 170

Bearta Coimirce

1. I gcás na Colóime, más rud é, in imthosca eisceachtúla, go bhfuil íocaíochtaí agus gluaiseachtaí caipitil ina gcúis, nó ag bagairt a bheith ina gcúis, le deacrachtaí tromchúiseacha d'oibriú an bheartais ráta malairte nó an bheartais airgeadaíochta sa Cholóim, féadfaidh an Cholóim bearta coimirce a ghlacadh i ndáil le gluaiseachtaí caipitil go ceann tréimhse nach faide ná bliain amháin. Féadfar na bearta cosanta sin a choimeád níos faide ná an tréimhse sin ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt leo nuair is gá na himthosca eisceachtúla ba chúis lena gcur i bhfeidhm a shárú. Sa chás sin, cuirfidh an Cholóim na cúiseanna is bonn cirt lena gcothabháil in iúl do na Páirtithe eile roimh ré.

⁵⁶ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chiallaíonn ‘infheistíocht dhíreach’ creidmheasanna a bhaineann le trádáil eachtrach, infheistíocht phunainne de réir reachtaíocht intíre, fiachas poiblí agus creidmheas gaolmhar.

⁵⁷ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag Caibidil 7 (Eisceachtaí) i dTeideal IV (Trádáil i Seirbhísí, Bunaíocht agus Ríomhthráchtáil) maidir leis an Teideal seo freisin.

2. I gcás Pheiriú agus Pháirtí AE, más rud é, in imthosca eisceachtúla, go bhfuil íocaíochtaí agus gluaiseachtaí caipitil ina gcúis, nó ag bagairt a bheith ina gcúis, le deacrachtaí tromchúiseacha d'oibriú an bheartais ráta malairte nó an bheartais airgeadaíochta i bPeiriú agus san Aontas Eorpach, féadfaidh Peiriú agus Páirtí AE, faoi seach, bearta coimirce a ghlacadh i ndáil le gluaiseachtaí caipitil go ceann tréimhse nach faide ná bliain amháin.
3. Féadfar cur i bhfeidhm na mbeart coimirce de bhua mhír 2 a shíneadh trína n-athbhunú go foirmiúil i gcás imthosca fioreisceachtúla agus tar éis comhordú a dhéanamh roimh ré idir na Páirtithe lena mbaineann maidir le haon athbhunú foirmiúil atá beartaithe a chur chun feidhme.
4. Ní fhéadfar, i gcás ar bith, na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a úsáid mar mhodh le haghaidh cosanta tráchtála ná chun tionscal ar leith a chosaint.
5. Aon Pháirtí a ghlacfaidh bearta coimirce nó a choinneoidh ar bun iad de bhun mhíreanna 1, 2 nó 3, cuirfidh sé na Páirtithe eile ar an eolas go pras faoina n-ábharthacht agus faoina raon feidhme, agus cuirfidh sé sceideal i láthair, a luaithe is féidir, chun iad a bhaint.'.

AIRTEAGAL 171

Forálacha Críochnaitheacha

D'fhonn tacú le creat cobhsaí slán le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle d'fhonn gluaiseacht chaipitil eatarthu a éascú, go háirithe léirscaoileadh céimnitheach cuntas caipitil agus airgeadais.

TEIDEAL VI

SOLÁTHAR RIALTAIS

AIRTEAGAL 172

Sainmhínithe

Chun críocha an Teidil seo:

- ciallaíonn ‘conradh tógáil-oibriú-aistriú agus agus conradh lamháltais oibreacha poiblí’ aon socrú conarthach arb é is príomhchuspóir dó foráil a dhéanamh maidir le tógáil agus athshlánú bonneagair fhisiciúil, gléasra, foirgneamh, saoráidí, nó oibreacha eile atá faoi úinéireacht rialtais agus faoina ndeonaíonn eintiteas soláthair do sholáthróir, i gcomaoin ar shocrú conarthach a bheith á chur i gcrích ag an soláthróir, ar feadh tréimhse shonraithe, úinéireacht shealadach, nó ceart chun na hoibreacha sin a rialú agus a oibriú, agus íocaíocht a éileamh i leith úsáid na n-oibreacha sin, ar feadh thréimhse an chonartha;

- ciallaíonn ‘earraí nó seirbhísí tráchtála’ earraí nó seirbhísí de chineál a dhíoltar nó a bhíonn ar díol go ginearálta sa mhargadh tráchtála le ceannaitheoirí neamhrialtasacha chun críocha neamhrialtasacha, agus arb iadsan a cheannaíonn de ghnáth iad;
- ciallaíonn ‘seirbhís foirgníochta’ seirbhís a bhfuil sé ina chuspóir léi oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach ar cibé bealach, bunaithe ar Rannán 51 d'Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear CPPC anseo feasta);
- ciallaíonn ‘ceant leictreonach’ próiseas atriallach a mbíonn úsáid modhanna leictreonacha i gceist leis ionas go gcuirfidh soláthróir i láthair praghsanna nua, nó luachanna nua d'eilimintí inchainníochtaithe neamhphraghais den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, nó iad araon, a mbeidh rangú nó athrangú tairiscintí ina thoradh air;
- ciallaíonn ‘i scríbhinn’ nó ‘scríofa’ aon léiriú i bhfocal nó in uimhreacha is féidir a léamh, a mhacasamhlú agus a chur in iúl níos déanaí. Féadfar faisnéis a tharchuirtear agus a stóráiltear go leictreonach a áireamh leis;
- ciallaíonn ‘nós imeachta teoranta tairisceana’ modh soláthair trína ndéanann an t-eintiteas soláthair teagmháil lena rogha soláthróir nó soláthróirí;
- ciallaíonn beart aon dlí, rialachán, nós imeachta, treoir riaracháin nó cleachtas, nó aon ghníomh de chuid eintiteas soláthair a bhaineann le soláthar faoi chumhdach;
- ciallaíonn ‘liosta ilúsáide’ liosta soláthróirí a chinn eintiteas soláthair a chomhlíonann na coinníollacha i dtaobh rannpháirtíocht sa liosta sin, agus a bheartaíonn an t-eintiteas soláthair leas a bhaint astu níos mó ná uair amháin;

- ciallaíonn ‘fógra faoi sholáthar beartaithe’ fógra arna fhoilsiú ag eintiteas soláthair ina n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht, nó tairiscint a chur isteach, nó iad araon;
- ciallaíonn ‘fritháireamh’ aon choinníoll nó gealltanais lena spreagtar forbairt áitiúil nó lena gcuirtear feabhas ar chuntais comhardaithe íocaíochtaí Páirtí, amhail úsáid a bhaint as ábhar intíre, ceadúnú teicneolaíochta, infheistíocht, frith-thrádail agus gníomh nó ceanglas comhchosúil;
- ciallaíonn nós ‘imeachta tairisceana oscailte’ modh soláthair faoinar féidir le gach soláthróir leasmhar tairiscint a chur isteach;
- ciallaíonn ‘eintiteas soláthair’ eintiteas de chuid Páirtí a liostaítear i bhFoscúibhinn 1 a ghabhann le hIarscúibhinn XII (Soláthar Rialtais);
- ciallaíonn ‘soláthróir cáilithe’ soláthróir a aithníonn eintiteas soláthair mar sholáthróir a bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhlíonta aige;
- ciallaíonn ‘tairiscint roghnaitheach’ modh soláthair faoina n-iarrann an t-eintiteas soláthair ar sholáthróirí cáilithe, agus orthusan amháin, tairiscint a chur isteach;
- áirítear le ‘seirbhísí’ seirbhísí foirgníochta, mura sonraítear a mhalairt; agus

- ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ ceanglas tairisceana lena ndéantar an méid a leanas:
 - (a) leagtar amach na tréithe a bhaineann le hearraí nó seirbhísí atá le soláthar, lena n-áirítear cáilíocht, feidhmíocht, sábháilteacht agus toisí, nó na próisis agus na modhanna chun iad a tháirgeadh nó a sholáthar; nó
 - (b) tugtar aghaidh ar théarmaíocht, siombailí, ceanglais phacáistíochta, ceanglais mharcála nó ceanglais lipéadaithe, de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra nó le seirbhís.

AIRTEAGAL 173

RAON FEIDHME

1. Tá feidhm ag an Teideal seo maidir le haon bheart arna ghlacadh ag Páirtí maidir le soláthar cumhdaithe.
2. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn ‘soláthar cumhdaithe’ soláthar earraí, seirbhísí, nó aon teaghlaim díobh sin, chun críoch rialtasach, mar a shonraítear, i ndáil le gach Páirtí, i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais):
 - (a) nach soláthraítear d’fhonn iad a dhíol nó a athdhíol ar bhonn tráchtála, ná chun iad a húsáid i ndáil le hearraí nó seirbhísí a tháirgeadh nó a sholáthar le haghaidh díol nó athdhíol ar bhonn tráchtála;

- (b) trí aon mhodh conarthach, lena n-áirítear: conarthaí lamháltais oibreacha poiblí a cheannach, a fhruilcheannach, a léasú nó a fháil ar cíós, agus conarthaí lamháltais oibreacha poiblí, bíodh an rogha sin acu nó ná bíodh;
- (c) a bhfuil a luach cothrom leis an tairseach ábhartha arna sonrú ag gach Páirtí i bhFoscúbhinn 1 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais), nó níos mó ná an tairseach sin, tráth foilsithe fógra i gcomhréir le hAirteagal 176;
- (d) ag eintiteas soláthair; agus
- (e) nach n-eisiatar ar shlí eile ó raon feidhme an Teidil seo.

3. Seachas i gcás ina bhforáiltear a mhalairt, níl feidhm ag an Teideal seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) talamh, foirgnimh atá ann cheana nó maoin dhochorraithe eile nó na cearta ina leith a fháil nó a fháil ar cíós;
- (b) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí, lena n-áirítear comhaontuithe comhoibríocha, deontais, iasachtaí, fóirdheontais instealltaí cothromais, ráthaíochtaí, formhuinithe agus dreasachtaí fioscacha;

- (c) soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fiosaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta le haghaidh institiúidí airgeadais faoi rialáil, nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n-áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile⁵⁸;
- (d) conarthaí fostaíochta poiblí agus bearta gaolmhara; agus
- (e) soláthar a dhéantar:
 - (i) go sonrach chun cúnamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear cúnamh forbraíochta, a sholáthar;
 - (ii) faoin nós imeachta nó faoin gcoinníoll áirithe a ghabhann le comhaontú idirnáisiúnta a bhaineann leis an méid seo a leanas:
 - (A) trúpaí a lonnú; nó
 - (B) cur chun feidhme comhpháirteach tionscadail ag na tíortha a shínigh an comhaontú sin;
 - (iii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid eagraíocht idirnáisiúnta, nó arna chistiú ag deontais, iasachtaí nó cúnamh eile idirnáisiúnta, i gcás ina mbeadh an nós imeachta nó an coinníoll is infheidhme ar neamhréir leis an Teideal seo.

⁵⁸ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an Teideal seo maidir le soláthar seirbhísí baincéireachta, airgeadais nó speisialaithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) féichiúnas poiblí a thabhu; nó
- (b) bainistíocht fiachais phoiblí.

4. Sonróidh gach Páirtí an fhaisnéis seo a leanas ina Fhoroinn chomhfhreagrach d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais):

- (a) i bhForoinn 1, na heintitis rialtais láir a gcumhdaítear a soláthar leis an Teideal seo;
- (b) i bhForoinn 2, na heintitis rialtais fo-láir a gcumhdaítear a soláthar leis an Teideal seo;
- (c) i bhForoinn 3, na heintitis eile go léir a gcumhdaítear a soláthar leis an Teideal seo;
- (d) i bhForoinn 4, na hearraí a chumhdaítear leis an Teideal seo;
- (e) i bhForoinn 5, na seirbhísí, seachas seirbhísí foirgníochta, a chumhdaítear leis an Teideal seo;
- (f) i bhForoinn 6, na seirbhísí foirgníochta a chumhdaítear leis an Teideal seo; agus
- (g) i bhForoinn 7, aon Nótaí Ginearálta.

5. I gcás ina gceanglaíonn eintiteas soláthair Páirtí, i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach, ar dhaoine nach gcumhdaítear faoi Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) soláthar a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais áirithe, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 175 maidir leis na ceanglais sin.

Luacháil

6. Agus luach á mheas chun a fháil amach an soláthar faoi chumhdach é, ní roinnfidh eintiteas soláthair soláthar ina sholáthairtí ar leithligh ná ní roghnóidh sé ná ní úsáidfídh sé modh luachála ar leith chun luach a mheas agus é ar intinn aige é a eisiamh go hiomlán nó i bpáirt ó chur i bhfeidhm an Teidil seo.
7. Cuirfidh eintiteas soláthair san áireamh uasluach measta iomlán an tsoláthair thar a ré iomlán, cibé acu a dhéantar é a dhámhachtain ar sholáthróir amháin nó níos mó, agus gach cineál luacha saothair á chur san áireamh, lena n-áirítear préimheanna, táillí, coimisiúin agus ús. I gcás ina ndéantar foráil sa soláthar maidir leis an bhféidearthacht clásail rogha a bheith ann, áireoidh an t-eintiteas soláthair uasluach iomlán measta an tsoláthair, lena n-áirítear ceannacháin roghnacha.
8. I gcás ina mbeidh sé mar thoradh ar cheanglas aonair ar sholáthar go ndéantar breis is conradh amháin a dhámhachtain, nó go ndéantar conarthaí a dhámhachtain ina gcodanna leithleacha (dá ngairtear ‘soláthair athfhillteacha’ anseo feasta), beidh ríomh an uasluacha iomláin mheasta bunaithe ar:
- (a) uasluach iomlán an tsoláthair thar a fhad iomlán; nó
 - (b) luach na soláthar athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse a dámhadh i rith an 12 mhí roimhe sin nó i rith bliain fhioscach roimhe sin an eintitis soláthair, arna choigeartú, i gcás inar féidir, lena chur san áireamh athruithe réamh-mheasta ar chainníocht nó luach an earra nó na seirbhíse arna soláthar sa 12 mhí ina dhiaidh sin; nó

- (c) luach measta na soláthar athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse a bheidh le dámhachtain le linn an 12 mhí i ndiaidh an chéad dámhachtana conartha nó le linn bhliain fhioscach an eintitis soláthair.

9. Ní chuirfear le haon ní sa Teideal seo cosc ar Pháirtí beartais, nósanna imeachta nó modhanna conarthacha nua soláthair a fhorbairt, ar choinníoll go mbeidh siad i gcomhréir leis an Teideal seo.

AIRTEAGAL 174

Eisceachtaí

Ar choinníoll nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir Páirtithe, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo lena chosc ar Pháirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil:

- (a) ar bearta iad is gá chun moráltacht, ord nó sábháilteacht an phobail a chosaint;
- (b) is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, lena n-áirítear na bearta comhshaoil faoi seach;
- (c) ar bearta iad is gá chun maoin intleachtúil a chosaint; nó
- (d) ar bearta iad a bhaineann le hearraí nó seirbhísí ó dhaoine faoi mhíchumas, ó institiúidí daonchairdiúla nó ó shaothar príosúin.

Prionsabail Ghinearálta

1. Maidir le haon bheart a bhaineann le soláthar cumhdaithe:
 - (a) déanfaidh Páirtí AE, lena n-áirítear a eintitis soláthair⁵⁹, cóir a thabhairt láithreach agus gan choinníoll d'earraí agus seirbhísí na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí agus do sholáthróirí na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí a thairgeann na hearraí nó na seirbhísí sin, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar dá earraí, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí féin;
 - (b) déanfaidh gach Tír Aindéach is sínitheoir, lena n-áirítear a eintitis soláthair, cóir a thabhairt láithreach agus gan choinníoll d'earraí agus seirbhísí Pháirtí AE agus do sholáthróirí Pháirtí AE a thairgeann na hearraí nó na seirbhísí sin, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar dá earraí, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí féin.
2. I ndáil le haon bheart maidir le soláthar faoi chumhdach, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair:
 - (a) cóir is lú fabhar a chur ar sholáthróir atá bunaithe go háitiúil ná mar a chuirtear ar sholáthróir eile atá bunaithe go háitiúil ar bhonn mhéid na cleamhnachta nó na húinéireachta eachtraí; nó
 - (b) idirdhealú in aghaidh soláthróir atá bunaithe go háitiúil ar an mbonn gur earraí nó seirbhísí de chuid Páirtí eile iad na hearraí nó na seirbhísí a chuireann an soláthróir sin ar fáil i leith soláthar áirithe.

⁵⁹ áirítear le 'eintitis soláthair' de chuid Pháirtí AE 'eintitis soláthair' Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mar a bhunaítear i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais).

Soláthar a Sheoladh

3. Déanfaidh eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach ar bhealach trédhearcach neamhchlaonta lena seachnófar coinbhleachtaí leasa agus lena gcuirfear cosc ar chleachtais éillitheacha.

Nósanna imeachta tairisceana

4. Úsáidfídh eintiteas soláthair modhanna amhail nósanna imeachta tairisceana oscailte, roghnaíocha agus teoranta de réir a reachtaíochta náisiúnta, i gcomhréir leis an Teideal seo.

Meán leictreonach a úsáid

5. Agus soláthar faoi chumhdach á dhéanamh trí mheán leictreonach, déanfaidh eintiteas soláthair:

- (a) a áirithiú go ndéanfar an soláthar trí úsáid a bhaint as córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le fiordheimhniú agus criptiú faisnéise, atá ar fáil i gcoitinne agus atá idir-inoibritheach le córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise eile atá ar fáil i gcoitinne; agus
- (b) sásraí a choinneáil ar bun lena n-áirithítear sláine iarratas ar rannpháirtíocht agus sláine tairiscintí, lena n-áirítear tráth na fála a shuí agus rochtain mhíchuí a chosc.

Rialacha tionscnaimh

6. Chun críocha soláthar faoi chumhdach, ní fhéadfaidh aon Pháirtí rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm maidir le hearraí nó seirbhísí a allmhairítear ó Pháirtí eile nó a sholáthraítear ó Pháirtí eile, ar rialacha iad nach ionann iad agus na rialacha tionscnaimh a chuireann an Páirtí i bhfeidhm an tráth céanna i ngnáthchúrsa na trádála i leith allmhairí nó soláthairtí de na hearraí nó na seirbhísí céanna ón bPáirtí céanna.

Fritháirimh

7. Faoi réir na bhforálacha atá sa Teideal seo nó san Iarscríbhinn a bhaineann leis, ní dhéanfaidh aon Pháirtí fritháirimh a lorg, a chur san áireamh, a fhorchur ná a fhorfheidhmiú.

Bearta nach mbaineann go sonrach le soláthar

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir le dleachtanna custaim ná muirir d'aon chineál a fhorchuirtear ar allmhairiú, nó i ndáil le hallmhairiú, leis an modh chun na dleachtanna agus na muirir sin a thobhach, le rialacháin nó foirmiúlachtaí eile allmhairiúcháin, ná le bearta a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí seachas bearta a rialaíonn soláthar cumhdaithe.

AIRTEAGAL 176

Faisnéis Soláthair a Fhoilsiú

1. Déanfaidh gach Páirtí:

- (a) aon bheart a bhfuil feidhm ghinearálta aige maidir le soláthar cumhdaithe, agus aon mhodhnuithe air, a fhoilsiú go pras i meán leictreonach nó páipéir arna ainmniú go hoifigiúil agus a scaiptear go forleathan agus a mbeidh rochtain éasca ag an bpobal air i gcónaí;
- (b) míniú air sin a sholáthar do Pháirtí eile, arna iarraidh sin;
- (c) liosta a thabhairt i bhFoscúbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais), de na meáin leictreonacha nó pháipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí an fhaisnéis a dtugtar tuairisc uirthi i bhfomhír (a); agus
- (d) liosta a thabhairt i bhFoscúbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais), de na meáin leictreonacha ina bhfoilsíonn an Páirtí na fógraí a cheanglaítear leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 177, 180, míreanna 1 agus 188, mír 2.

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra do na Páirtithe eile go pras faoi aon mhodhnú ar an bhfaisnéis dá chuid a liostaítear i bhFoscúbhinní 2 nó 3 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais).

Fógraí a Fhoilsiú

Fógra faoi Sholáthar Beartaithe

1. Maidir le gach soláthar faoi chumhdach, seachas sna himthosca a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 185, foilseoidh eintiteas soláthair fógra faoi sholáthar beartaithe sna meáin iomchuí a liostaítear i bhFoscúbhinn 3 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais). Beidh an fhaisnéis a leagtar amach i bhFoscúbhinn 4 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais) san áireamh i ngach fógra den sórt sin. Beidh rochtain ar na fógraí sin trí mhodhanna leictreonacha saor in aisce trí phointe rochtana aonair.

Fógra faoi Sholáthar Pleanáilte

2. Spreagfaidh gach Páirtí a eintitis soláthair chun fógra maidir lena bpleananna soláthair amach anseo a fhoilsiú a luaithe is féidir i ngach bliain fhioscach. Ba cheart a áireamh san fhógra ábhar an tsoláthair agus an dáta a bpleanáiltear an fógra faoi sholáthar beartaithe a fhoilsiú.

3. Féadfaidh eintiteas soláthair a liostaítear i bhForoinn 3 d'Fhoscúbhinn 1 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais), fógra faoi sholáthar pleanáilte a úsáid mar fhógra faoi sholáthar beartaithe ar choinníoll go n-áirítear leis an oiread agus atá ar fáil den fhaisnéis i bhFoscúbhinn 4 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais) agus ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair.

Coinníollacha maidir le Rannpháirtíocht

1. Déanfaidh eintiteas soláthair aon choinníollacha maidir le rannpháirtíocht i soláthar a theorannú dóibh siúd atá fíor-riachtanach lena áirithiú go mbeidh an acmhainneacht dhlíthiúil, an acmhainneacht airgeadais agus na cumais tráchtála agus theicniúla ag soláthróir chun an soláthar ábhartha a ghabháil ar láimh.
2. Agus measúnú á dhéanamh aige an gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha rannpháirtíochta, déanfaidh eintiteas soláthair meastóireacht ar chumais airgeadais, tráchtála agus theicniúla an tsoláthróra ar bhonn ghníomhaíochtaí gnó an tsoláthróra sin laistigh de chríoch Pháirtí an eintitis soláthair agus lasmuigh di araon, agus ní fhéadfaidh sé an coinníoll a fhorchur nach mór conradh amháin nó níos mó a bheith ag an soláthróir sin cheana féin ag eintiteas soláthair de chuid Páirtí ar leith nó nach mór taithí oibre roimh ré a bheith ag an soláthróir i gcríoch Páirtí ar leith chun go mbeidh soláthróir rannpháirteach i soláthar.
3. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 2 á dhéanamh aige, bunóidh an t-eintiteas soláthair a mheastóireacht ar na coinníollacha a bheidh sonraithe ag an eintiteas soláthair roimh ré i bhfógraí nó i ndoiciméadacht tairisceana.
4. Féadfaidh eintiteas soláthair soláthróir a eisiamh ar fhórais amhail féimheacht, dearbhuithe bréagacha, easnaimh shuntasacha nó leanúnacha i ndáil le haon cheanglas substainteach nó oibleagáid shubstainteach a chomhlíonadh faoi chonradh nó conarthaí roimh ré, breithiúnais maidir le coireanna tromchúiseacha nó breithiúnais eile maidir le cionta poiblí tromchúiseacha, mí-iompar gairmiúil nó mainneachtain cánacha a íoc.

5. Féadfaidh eintiteas soláthair a iarraidh ar an tairgeoir aon sciar den chonradh a d'fhéadfadh a bheith beartaithe ag an tairgeoir a chur ar fochonradh le tríú páirtithe agus le haon fhochonraitheoirí beartaithe a chur in iúl sa tairiscint. Beidh an léiriú sin gan dochar do dhliteanas an phríomhchonraitheora.

AIRTEAGAL 179

Tairiscint Roghnaitheach

1. I gcás ina mbeidh tá sé ar intinn ag eintiteas soláthair tairiscint roghnaitheach a úsáid, déanfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) áireoidh sé ina fhógra faoi sholáthar beartaithe an fhaisnéis a shonraítear i bhFoscíbhinn 4 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais), míreanna (a), (b), (d) (e), (h), (i) agus (i), ar a laghad, agus iarrfaidh sé ar sholáthróirí iarraidh ar rannpháirtíocht a chur isteach; agus
- (b) an fhaisnéis i bhFoscíbhinn 4 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais), míreanna (c), (f) agus (g) ar a laghad a sholáthar do na soláthróirí cáilithe faoi thús na tréimhse ama le haghaidh tairisceana.

2. Aithneoidh eintiteas soláthair mar sholáthróir cáilithe aon soláthróir intíre agus aon soláthróir de chuid an Pháirtí eile a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i soláthar áirithe, ach amháin má shonraíonn an t-eintiteas soláthair san fhógra faoi sholáthar beartaithe aon teorainn ar líon na soláthróirí a gceadófar dóibh tairiscint a chur isteach, agus na critéir i dtaobh an líon teoranta soláthróirí a roghnú.

3. I gcás nach gcuirfear an doiciméadacht tairisceana ar fáil go poiblí ó dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh eintiteas soláthair go gcuirfear na doiciméid sin ar fáil an tráth céanna do na soláthróirí cáilithe go léir a roghnaítear i gcomhréir le mír 2.

AIRTEAGAL 180

Liostaí ilúsáide⁶⁰

1. Féadfaidh eintiteas soláthair liosta ilúsáide soláthróirí a bhunú nó a choinneáil ar bun, ar choinníoll go ndéanfar fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh sa liosta a fhoilsiú go bliantúil, agus i gcás ina bhfoilsítear é trí mheán leictreonach, go gcuirfear ar fáil go leanúnach é sa mheán iomchuí a liostaítear i bhFoscscríbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais). Beidh an fhaisnéis a leagtar amach i bhFoscscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) san áireamh i ngach fógra den sórt sin.
2. D'ainneoin mhír 1, i gcás ina mbeidh liosta ilúsáide soláthróirí bailí ar feadh 3 bliana nó níos lú, ní fhéadfaidh eintiteas soláthair fógra dá dtagraítear sa mhír sin a fhoilsiú ach aon uair amháin, ag tús thréimhse bhailíochta an liosta, ar choinníoll go luaitear san fhógra an tréimhse bhailíochta agus nach bhfoilseofar fógraí breise.
3. Ceadóidh eintiteas soláthair do sholáthróirí iarratas a dhéanamh aon tráth ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide agus áireoidh sé na soláthróirí cáilithe go léir ar an liosta laistigh de thréimhse réasúnta gearr.

⁶⁰ I gcás na Colóime, agus chun críocha mhíreanna 3 agus 4(c) den Airteagal seo, i gcás ‘*concurso de méritos*’, beidh teorainn ama shonrach maidir lena bunú ag na liostaí ilúsáide ar feadh uastréimhse bliana amháin, teorainn ama arna cinneadh ag an eintiteas soláthair. A luaithe a bheidh an teorainn ama sin thart, ní bheifear in ann soláthróirí nua a chur san áireamh. Ní fhéadfaidh ach soláthróirí atá ar an liosta tairiscintí a thíolacadh.

4. Féadfaidh eintiteas soláthair leas a bhaint as fógra ina n-iarrfar ar sholáthróirí iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh i liosta ilúsáide mar fhógra faoi sholáthar beartaithe, ar choinníoll:
- (a) go bhfoilsítear an fógra i gcomhréir le mír 1 agus go n-áirítear ann an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi Fhoscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) agus an oiread agus atá ar fáil den fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt le Foscríbhinn 4 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais), agus go bhfuil ráiteas ann gur fógra faoi sholáthar beartaithe é;
 - (b) go soláthraíonn an t-eintiteas go pras do na soláthróirí a bhfuil sé curtha in iúl don eintiteas acu go bhfuil leas acu i soláthar ar leith, faisnéis leordhóthanach chun go bhféadfaidh siad a leas sa soláthar a mheasúnú, lena n-áirítear an fhaisnéis eile go léir a cheanglaítear a thabhairt faoi Fhoscríbhinn 4 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais), a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil; agus
 - (c) féadfar cead a thabhairt do sholáthróir a rinne iarratas ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide i gcomhréir le mír 3 tairiscint a dhéanamh i soláthar ar leith, i gcás ina bhfuil dóthain ama ag an eintiteas soláthair a scrúdú an gcomhlíonann sé na coinníollacha rannpháirtíochta.
5. Aon soláthróir a chuirfidh isteach iarraidh ar rannpháirtíocht i soláthar nó iarratas ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, cuirfidh eintiteas soláthair é ar an eolas go pras maidir lena chinneadh i ndáil leis an iarraidh.

6. I gcás ina ndiúltaíonn eintiteas soláthair d'iarraidh ó sholáthróir ar rannpháirtíocht i soláthar nó d'iaratas ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, má scoireann sé de sholáthróir a aithint mar sholáthróir cáilithe, nó má bhaineann sé soláthróir de liosta ilúsáide, cuirfidh an t-eintiteas an soláthróir ar an eolas agus, ar iarraidh ón soláthróir, soláthróidh sé go pras don soláthróir míniú i scríbhinn ar na cúiseanna lena chinneadh.

AIRTEAGAL 181

Sonraíochtaí Teicniúla

1. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair aon sonraíocht theicniúil a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm ná ní fhorordóidh sé aon nós imeachta um measúnú comhréireachta a bhfuil an cuspóir aige bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil idirnáisiúnta a chruthú, ná a bhfuil an éifeacht sin aige.
2. Agus na sonraíochtaí teicniúla maidir leis na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar á bhforordú, déanfaidh eintiteas soláthair, i gcás inarb iomchuí:
 - (a) na sonraíochtaí teicniúla a leagan amach i dtéarmaí ceanglais feidhmíochta agus ceanglais fheidhmiúla, seachas saintréithe dearaidh nó saintréithe tuairisciúla; agus
 - (b) na sonraíochtaí teicniúil a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta, i gcás inarb ann dóibh; ar shlí eile, iad a bhunú ar rialacháin theicniúla náisiúnta, ar chaighdeáin aitheanta náisiúnta nó ar chóid tógála.

3. I gcás ina n-úsáidtear saintréithe dearaidh nó tréithe tuairisciúla sna sonraíochtaí teicniúla, ba cheart d'eintiteas soláthair a léiriú, i gcás inarb iomchuí, go measfaidh sé tairiscintí i dtaobh earraí nó seirbhísí coibhéiseacha ar léir go gcomhlíonann siad ceanglais an tsoláthair trí fhocail amhail 'nó a choibhéis' a chur san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.
4. Ní fhorordóidh eintiteas soláthair sonraíochtaí teicniúla lena gceanglaítear trádmharc nó trádainm, paitinn, cóipcheart, dearadh, cineál, tionscnamh sonrach, táirgeoir nó soláthróir áirithe, nó ina dtagraítear do cheann áirithe díobh sin, mura rud é nach bhfuil bealach eile beacht nó intuigthe a dhóthain ann chun tuairisc a thabhairt ar na ceanglais soláthair agus ar choinníoll, i gcásanna den sórt sin, go gcuirfidh an t-eintiteas focail amhail 'nó a choibhéis' san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.
5. I gcás eintiteas soláthair, ní dhéanfaidh sé comhairle a lorg nó a ghlacadh, ar bhealach a mbeadh sé d'éifeacht aige iomaíocht a chosc, ó dhuine a bhféadfadh leas tráchtála a bheith aige sa soláthar, ar comhairle í a fhéadfar a úsáid chun aon sonraíocht theicniúil i leith soláthar sonrach a ullmhú nó a ghlacadh.
6. Féadfaidh gach Páirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, i gcomhréir leis an Airteagal seo, sonraíochtaí teicniúla a ullmhú, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm chun caomhnú acmhainní nádúrtha a chur chun cinn nó chun an comhshaol a chosaint.

Doiciméadacht Tairisceana

1. Soláthróidh eintiteas soláthair doiciméadacht tairisceana do sholáthróirí ina n-áireofar an fhaisnéis uile is gá lena cheadú do sholáthróirí tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach. Ach amháin má tá sé curtha ar fáil cheana féin san fhógra faoi sholáthar beartaithe, áireofar sa doiciméadacht sin tuairisc iomlán ar na ceanglais a leagtar amach i bhFoscscríbhinn 8 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais).
2. Tabharfaidh eintiteas soláthair freagra go pras ar aon iarraidh réasúnach ar fhaisnéis ábhartha ó sholáthróir atá rannpháirteach sa soláthar, ar choinníoll nach dtabharfaidh an fhaisnéis sin buntáiste don soláthróir sin thar a chuid iomaitheoirí sa soláthar.
3. I gcás, sula ndámhfar conradh, go ndéanfaidh eintiteas soláthair modhnú ar na critéir nó na ceanglais a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana a sholáthraítear do sholáthróirí rannpháirteacha, nó go ndéanfaidh sé fógra nó doiciméadacht tairisceana a leasú, tarchuirfidh sé, i scríbhinn, gach modhnú den sórt sin nó fógra nó doiciméadacht tairisceana leasaithe nó atheisithe:
 - (a) do na soláthróirí uile atá rannpháirteach an tráth a leasaítear an fhaisnéis, más eol í, agus i ngach cás eile, ar an mbealach céanna leis an bhfaisnéis bhunaidh; agus
 - (b) in am trátha chun ligean do na soláthróirí sin tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a athchur isteach, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 183

Tréimhsí ama

Soláthróidh eintiteas soláthair, i gcomhréir lena riachtanais réasúnta féin, dóthain ama do sholáthróirí chun iarrataí ar rannpháirtíocht i soláthar agus tairiscintí freagrúla a ullmhú agus a chur isteach, agus aird á tabhairt ar thosca amhail cineál agus castacht an tsoláthair, méid na fochonraitheoireachta a bhfuiltear ag súil leis, agus an t-am chun tairiscintí a tharchur ó phointí eachtracha agus intíre i gcás nach n-úsáidtear modhanna leictreonacha. Leagtar amach i bhFoscúbhinn 6 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais) na tréimhse ama is infheidhme.

AIRTEAGAL 184

Caibidlíocht

1. Féadfaidh Páirtí a fhoráil go ndéanfaidh a eintitis soláthair caibidlíocht a sheoladh:
 - (a) i gcomhthéacs soláthairtí inar chuir siad an intinn sin in iúl san fhógra faoi sholáthar beartaithe; nó
 - (b) i gcás inar dealraitheach ón meastóireacht nach léir go bhfuil aon tairiscint ar leith ar an gceann is buntáistí i dtéarmaí na gcritéar meastóireachta sonracha a leagtar amach sna fógraí faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana.

2. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

- (a) áiritheoidh sé, i gcás aon díchur soláthróirí a ghlacfaidh páirt i gcaibidlíocht, go ndéanfar é i gcomhréir leis na critéir mheastóireachta a leagtar amach sna fógraí nó sa doiciméadacht tairisceana; agus
- (b) Nuair is infheidhme, i gcás ina dtugtar caibidlíocht chun críche, tabharfaidh sé spriocdháta coiteann do na soláthróirí atá fágtha i dtaobh aon tairiscintí nua nó tairiscintí athbhreithnithe a chur isteach.

AIRTEAGAL 185

Nós Imeachta Tairisceana Teoranta

Ní fhéadfaidh eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana teoranta a úsáid agus ní fhéadfaidh sé a roghnú gan Airteagail 177 go 180, 182 go 184, 186 agus 187 a chur i bhfeidhm ach amháin faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (a) áit arb é:
 - (i) nár cuireadh aon tairiscintí isteach nó nár iarr aon soláthróir a bheith rannpháirteach;
 - (ii) nár cuireadh isteach aon tairiscintí a chomhlíonann ceanglais fhíor-riachtanacha na doiciméadachta tairisceana;

(iii) nár chomhlíon aon soláthróirí na coinníollacha rannpháirtíochta; nó

(iv) gur tairiscintí claonpháirteacha a cuireadh isteach;

ar choinníoll nach n-athrófar ceanglais na doiciméadachta tairisceana go substaintiúil;

- (b) i gcás inar féidir ach le soláthróir áirithe na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar agus nach ann d'aon earraí nó seirbhísí malartacha réasúnacha ná d'aon earraí nó seirbhísí ionaid réasúnacha mar go mbaineann an soláthair le saothar ealaíne; mar gheall ar chosaint paitinní, cóipcheart nó ceart eisiach eile; nó mar gheall ar easpa iomaíochta ar chúiseanna teicniúla, amhail i gcás soláthar seirbhísí *intuitu personae*;
- (c) le haghaidh seachadtaí breise ón soláthróir bunaidh ina bhfuil earraí nó seirbhísí nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh i gcás, maidir le hathrú soláthróra i dtaobh earraí nó seirbhísí breise den sórt sin:
- (i) nach féidir an t-athrú sin a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, bogearraí, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus
- (ii) go mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dubailt shubstaintiúil costas i gcás an eintitis soláthair;

- (d) sa chás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach, agus sa chás sin amháin, más rud é, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach bhféadfadh an t-eintiteas soláthair a thuar, nárbh fhéidir na hearraí nó na seirbhísí a fháil in am trí leas a bhaint as tairiscint oscailte nó tairiscint roghnaitheach;
- (e) i leith earraí arna gceannach ar mhargadh tráchtearraí;
- (f) I gcás ina bhfaigheann eintiteas soláthair fréamhshamhail nó an chéad earra nó an chéad seirbhís a fhorbraítear arna iarraidh sin dó i gcúrsa conradh áirithe le haghaidh taighde, turgnaimh, staidéir nó forbairt bhunaidh, agus le haghaidh an chonartha áirithe sin;
- (g) i ndáil le ceannacháin a dhéantar faoi choinníollacha thar a bheith buntáisteach nach dtagann i gceist ach san fhíor-ghearrthéarma i gcás diúscairtí neamhghnácha amhail iad siúd a eascraíonn as leachtú, glacadóireacht nó féimheacht, ach ní i ndáil le gnáthcheannach ó sholáthróirí tráthrialta; nó
- (h) i gcás ina ndámhtar conradh do bhuaiteoir comórtais dearaidh ar choinníoll gur eagraíodh an comórtas ar bhealach atá i gcomhréir le prionsabail an Teidil seo, agus go ndéanann giúiré neamhspleách breithiúnas ar na rannpháirtithe d'fhonn conradh deartha a dhámhachtain ar bhuaiteoir.

AIRTEAGAL 186

Ríomhcheantanna

I gcás ina mbeidh tá sé beartaithe ag eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach a dhéanamh ag úsáid ríomhcheant, cuirfidh an t-eintiteas na nithe seo a leanas ar fáil do gach rannpháirtí, sula gcuirfidh sé tús leis an ríomhcheant:

- (a) an modh meastóireachta uathoibríoch, lena n-áirítear an fhoirmle mhatamaiticiúil, atá bunaithe ar na critéir mheastóireachta a leagtar amach sa doiciméadacht tairisceana agus a úsáidfear sa rangú nó ath-rangú uathoibríoch le linn an cheant;
- (b) torthaí aon mheastóireachta tosaigh ar eilimintí a thairisceana i gcás ina mbeidh an conradh le dámhachtain ar bhonn na tairisceana is buntáistí; agus
- (c) aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le déanamh an cheant.

AIRTEAGAL 187

Déileáil le tairiscintí agus dámhachtain conarthaí

1. Déanfaidh eintiteas soláthair na tairiscintí go léir a fháil agus a oscailt de réir nósanna imeachta lena rathaítear cothroime agus neamhchlaontacht an phróisis soláthair, agus rúndacht tairiscintí, agus is mar sin a dhéileálfadh sé leo. Déileálfadh siad faoi rún le tairiscintí ar a laghad go dtí go n-osclófar na tairiscintí.

2. Ionas go ndéanfar í a chur san áireamh i gcomhair dámhachtana, is i scríbhinn a dhéanfar tairiscint agus, tráth a hoscailte, comhlíonfaidh sí na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana agus is ó sholáthróir a chomhlíonann na coinníollacha rannpháirtíochta a bheidh sí.
3. Mura gcinnfidh eintiteas soláthair nach chun leas an phobail é Conradh a dhámhachtain, déanfaidh an t-eintiteas an Conradh a dhámhachtain don soláthróir a chinn an t-eintiteas atá in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh, agus a chuir isteach, bunaithe ar na critéir mheastóireachta a shonraítear sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana, agus orthu siúd amháin, an tairiscint is buntáistí nó i gcás inarb é an praghas an t-aon chritéar amháin, an praghas is ísle.
4. I gcás ina bhfaigheann eintiteas soláthair tairiscint ina bhfuil praghas atá thar a bheith íseal i gcomparáid leis na pragsanna i dtairiscintí eile a cuireadh isteach, féadfaidh sé a dheimhniú leis an soláthróir go gcomhlíonann sé na coinníollacha rannpháirtíochta agus go bhfuil sé in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 188

Trédhearcacht Faisnéise Soláthair

1. Cuirfidh eintiteas soláthair soláthróirí rannpháirteacha ar an eolas go pras faoina chinntí dámhachtana conartha agus, arna iarraidh sin, déanfaidh sé amhlaidh i scríbhinn. Faoi réir Airteagal 189, míreanna 2 agus 3, soláthróidh eintiteas soláthair, má iarrtar air é, míniú do sholáthróir nár éirigh leis ar na cúiseanna nár roghnaigh an t-eintiteas a thairiscint agus na buntáistí coibhneasta a bhain le tairiscint an tsoláthróra ar éirigh leis.

2. Tráth nach déanaí ná 72 lá tar éis gach conartha a chumhdaítear leis an Teideal seo a dhámhachtain, foilseoidh eintiteas soláthair fógra faoin dhámhachtain ina n-áireofar ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach i bhFoscúbhinn 7 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais) sa pháipéar nó sa mheán leictreonach iomchuí a liostaítear i bhFoscúbhinn 2 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais). I gcás nach n-úsáidtear ach meán leictreonach, beidh an fhaisnéis ar fáil go héasca ar feadh tréimhse réasúnta ama.

3. Coinneoidh eintiteas soláthair tuarascálacha agus taifid ar nósanna imeachta tairisceana a bhaineann le soláthairtí faoi chumhdach, lena n-áirítear na tuarascálacha dá bhforáiltear i bhFoscúbhinn 7 a ghabhann le hIarscúbhinn XII (Soláthar Rialtais), agus coinneoidh sé na tuarascálacha agus na taifid sin ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad tar éis conradh a dhámhachtain.

AIRTEAGAL 189

Nochtadh Faisnéise

1. Soláthróidh Páirtí, arna iarraidh sin do Pháirtí eile, go pras aon fhaisnéis is gá lena chinneadh an ndearnadh an soláthar go cóir, go neamhchlaonta agus i gcomhréir leis an Teideal seo, lena n-áirítear faisnéis faoi shaintréithe agus buntáistí coibhneasta na tairisceana ar éirigh léi. I gcásanna ina ndéanfaidh scaoileadh na faisnéise sin dochar don iomaíocht i dtairiscintí amach anseo, ní dhéanfaidh an Páirtí a gheobhaidh an fhaisnéis sin í a nochtadh d'aon soláthróir, ach amháin tar éis dó dul i gcomhairle leis an bPáirtí a sholáthair an fhaisnéis agus aontú a fháil uaidh.

2. D'ainneoin aon fhoráil eile de chuid an Teidil seo, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n-áirítear a chuid eintiteas soláthair, faisnéis a sholáthar d'aon soláthróir ar faisnéis í a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí, lena n-áirítear a eintitis soláthair, a údarais agus a chomhlachtaí athbhreithnithe, faisnéis rúnda a nochtadh i gcás ina gcuirfeadh nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí, ina bhféadfadh nochtadh dochar a dhéanamh d'iomaíocht chóir idir soláthróirí, ina ndéanadh sé dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha daoine áirithe, lena n-áirítear cosaint maoinne intleachtúla, nó ina mbeadh sé contrártha do leas an phobail ar shlí eile.

AIRTEAGAL 190

Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin Intíre

1. Déanfaidh gach Páirtí nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó breithiúnach atá tráthúil, éifeachtach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a choinneáil ar bun nó a bhunú trína bhféadfaidh soláthróir a bhfuil nó a raibh leas aige i soláthar faoi chumhdach agóid a dhéanamh i gcoinne na nithe seo a leanas:

(a) sárú ar an Teideal seo; nó

(b) i gcás nach bhfuil sé de cheart ag an soláthróir agóid dhíreach a dhéanamh in aghaidh sárú ar an Teideal faoi dhlí intíre an Pháirtí, mainneachtain cloí le bearta Páirtí lena gcuirtear an Teideal seo chun feidhme,

a eascraíonn i gcomhthéacs soláthar cumhdaithe den sórt sin.

2. Is i scríbhinn a bheidh na rialacha nós imeachta maidir le gach agóid de bhun mhír 1 agus cuirfear ar fáil i gcoitinne iad.

3. I gcás gearán ó sholáthróir, a thiocfaidh chun cinn i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach ina bhfuil leas ag an soláthróir, nó ina raibh leas aige, go ndearnadh sárú nó mainneachtain a leagtar amach i mír 1, déanfaidh an Páirtí lena mbaineann an t-eintiteas soláthair agus an soláthróir a spreagadh chun féachaint le teacht ar réiteach ar an ngearán trí chomhairliúcháin. Déanfaidh an t-eintiteas soláthair breithniú neamhchlaonta agus tráthúil ar aon ghearán den sórt sin ar bhealach nach ndéanann dochar do rannpháirtíocht an tsoláthróra i soláthar atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo ná dá cheart chun bearta ceartaitheacha a lorg faoin nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó breithiúnach.

4. Ceadófar tréimhse ama leordhóthanach do gach soláthróir chun agóid a ullmhú agus a chur isteach, ar tréimhse í nach lú, in aon chás, ná 10 lá ón tráth a tháinig an soláthróir ar an eolas faoi bhonn na hagóide, nó ba cheart le réasún é a bheith tagtha ar an eolas faoi bhonn na hagóide.

5. Déanfaidh gach Páirtí údarás riaracháin nó údarás breithiúnach neamhchlaonta amháin ar a laghad a bhunú nó a ainmniú atá neamhspleách ar a eintitis soláthair chun agóid a dhéanfaidh soláthróir a fháil agus a athbhreithniú i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach.

6. I gcás ina ndéanann comhlacht seachas údarás dá dtagraítear i mír 5 athbhreithniú tosaigh ar agóid, áiritheoidh an Páirtí comhfhreagrach go bhféadfaidh an soláthróir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinneadh tosaigh chuig údarás riaracháin nó breithiúnach neamhchlaonta atá neamhspleách ar an eintiteas soláthair arb é a sholáthar is ábhar don agóid. Beidh comhlacht athbhreithnithe nach cúirt é faoi réir athbhreithniú breithiúnach nó beidh ráthaíochtaí nós imeachta aige lena bhforáiltear maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) go dtabharfaidh an t-eintiteas soláthair freagra i scríbhinn ar an agóid agus go nochtfaidh sé na doiciméid ábhartha uile don chomhlacht athbhreithnithe;
- (b) go mbeidh sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí (dá ngairtear ‘rannpháirtithe’ anseo feasta) éisteacht a fháil sula ndéanfaidh an comhlacht athbhreithnithe cinneadh ar an agóid;
- (c) go mbeidh sé de cheart ag na rannpháirtithe go ndéanfar ionadaíocht orthu agus go mbeidh duine ina dteannta;
- (d) go mbeidh rochtain ag na rannpháirtithe ar na himeachtaí uile;
- (e) go mbeidh sé de cheart ag na rannpháirtithe a iarraidh go dtionólfar na himeachtaí go poiblí agus go bhféadfar finnéithe a chur i láthair; agus
- (f) go déanfar cinntí nó moltaí a bhaineann le hagóidí arna ndéanamh ag soláthróirí a chur ar fáil i scríbhinn, go tráthúil, maille le míniú ar an mbonn atá le gach cinneadh nó moladh.

7. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó coinneoidh sé ar bun iad, lena ndéantar foráil maidir le:

- (a) bearta eatramhacha gasta chun deis an tsoláthróra páirt a ghlacadh sa soláthar a chaomhnú. Féadfaidh fionraí an phróisis soláthair a bheith ina toradh ar bhearta eatramhacha den sórt sin. Féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta go bhféadfar iarmhairtí díobhálacha sáraitheacha do na leasanna lena mbaineann, lena n-áirítear leas an phobail, a chur san áireamh agus é á chinneadh ar cheart bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm. Soláthrófar cúis chóir, i scríbhinn, le gan gníomh a dhéanamh; agus
- (b) ceartú ar an sárú ar an Teideal seo nó cúiteamh i leith an chaillteanais nó na ndamáistí a fulaingíodh, i gcás inar chinn comhlacht athbhreithnithe go ndearnadh sárú nó mainneachtain mar a leagtar amach i mír 1. Féadfar an ceartú nó an cúiteamh sin a theorannú do na costais a bhaineann le hullmhú na tairisceana nó do na costais a bhaineann leis an agóid, nó don dá rud.

AIRTEAGAL 191

Athruithe agus Ceartúcháin ar Chumhdach

1. I gcás ina ndéanfaidh Páirtí a chumhdach ar sholáthar faoin Teideal seo a mhodhnú, déanfaidh an Páirtí sin an méid seo a leanas:

- (a) fógra a thabhairt i scríbhinn do na Páirtithe eile; agus
- (b) áireoidh sé san fhógra togra le haghaidh coigeartuithe cúiteacha iomchuí le haghaidh na bPáirtithe eile chun leibhéal cumhdaigh a choinneáil ar bun atá inchomparáide leis an leibhéal sin a bhí ann roimh an modhnú.

2. D'ainneoin fhomhír 1(b), ní gá do Pháirtí coigeartuithe cúiteacha a sholáthar i gcás:
 - (a) gur mionleasú nó mioncheartú de chineál foirmiúil amháin atá sa mhodhnú atá i gceist; nó
 - (b) go gcumhdaíonn an modhnú atá beartaithe eintiteas a bhfuil an Páirtí tar éis a rialú nó a thionchar air a dhíchur go hiarbhir.
3. Mura n-aontaíonn Páirtí eile leis an méid seo a leanas:
 - (a) go bhfuil an coigeartú a bheartaítear faoi fhomhír 1(b) leordhóthanach chun leibhéal inchomparáide cumhdaigh arna chomhaontú go frithpháirteach a choinneáil ar bun;
 - (b) gur mionleasú nó ceartúchán faoi fhomhír 2(a) é an modhnú atá beartaithe; nó
 - (c) go gcumhdaíonn an modhnú atá beartaithe eintiteas a bhfuil an Páirtí tar éis a rialú nó a thionchar air a dhíchur go hiarbhir faoi fhomhír 2(b);

ní mór don Pháirtí eile agóid a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 30 lá tar éis dó an fógra a fháil dá dtagraítear i mír 1 nó measfar gur aontaigh sé leis an gcoigeartú cúiteach nó leis an modhnú, lena n-áirítear chun críocha Theideal XII (Réiteach Díospóidí).

4. I gcás ina dtiocfaidh na Páirtithe laistigh den Choiste um Thrádáil ar chomhaontú maidir le haon mhodhnú, ceartú nó mionleasú atá beartaithe, lena n-áirítear i gcás nach mbeidh agóid déanta ag Páirtí laistigh de 30 lá faoi mhír 3, modhnóidh na Páirtithe an Iarscríbhinn ábhartha láithreach.

5. Féadfaidh Páirtí AE, aon tráth, dul i mbun caibidlíocht dhéthaobhach le haon Tír Aindéach is sínitheoir d'fhonn an rochtain ar an margadh a dheonaítear go frithpháirteach faoin Teideal seo a leathnú.

AIRTEAGAL 192

Rannpháirtíocht micrifhiontar agus Fiontar Beag agus Meánmhéide

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht micrifhiontar agus FBManna i soláthar rialtais.

2. Aithníonn na Páirtithe freisin an tábhacht a bhaineann le comhghuaillíochtaí gnó idir soláthróirí na bPáirtithe, agus go háirithe micrifhiontair agus FBManna, lena n-áirítear rannpháirtíocht chomhpháirteach i nósanna imeachta tairisceana.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhpháirt le chéile chun rochtain Micrifhiontar agus FBManna ar nósanna imeachta soláthair, ar mhodhanna agus ar cheanglais chonarthacha rialtais a éascú, agus iad dírithe ar a riachtanais speisialta.

Comhar

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar a gcórais soláthair rialtais faoi seach, chomh maith le rochtain níos fearr ar a margaí faoi seach, go háirithe do mhicreasholáthróirí, do sholáthróirí beaga agus meánmhéide.
2. Déanfaidh na Páirtithe iarracht comhar a dhéanamh in ábhair amhail:
 - (a) malartú taithí agus faisnéise, amhail creataí rialála, dea-chleachtais agus staidreamh;
 - (b) forbairt agus úsáid cumarsáide leictreonaí i gcórais soláthair rialtais;
 - (c) forbairt acmhainní agus cúnamh teicniúil do sholáthróirí maidir le rochtain ar mhargadh an tsoláthair rialtais;
 - (d) neartú institiúideach chun forálacha an Teidil seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear oiliúint do phearsanra rialtais; agus
 - (e) fothú acmhainneachta chun rochtain ilteangach ar dheiseanna soláthair a chur ar fáil.

3. Soláthróidh Páirtí AE, arna iarraidh sin, cúnamh a mheasfaidh sé a bheith iomchuí do thairgeoirí ionchasacha ó na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí agus iad ag cur a dtairiscintí isteach agus ag roghnú na n-earraí nó na seirbhísí ar dócha go mbeidh spéis ag eintitis soláthair an Aontais Eorpaigh nó a Bhallstát iontu. Ar an gcaoi chéanna, cuideoidh Páirtí AE leo rialacháin agus caighdeáin theicniúla a chomhlíonadh a bhaineann le hearraí nó seirbhísí is ábhar don soláthar beartaithe.

AIRTEAGAL 194

An Fochoiste um Sholáthar Rialtais

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Fochoiste um Sholáthar Rialtais ar a mbeidh ionadaithe ó gach Páirtí.
2. Déanfaidh an Fochoiste an méid seo a leanas:
 - (a) meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Teidil seo, lena n-áirítear úsáid a bhaint as na deiseanna a ghabhann le rochtain mhéadaithe ar sholáthar rialtais agus na gníomhaíochtaí iomchuí a mholadh do na Páirtithe;
 - (b) meastóireacht agus obair leantach ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhar a chuireann na Páirtithe isteach; agus
 - (c) gan dochar d'Airteagal 191, mír 5, féachaint an bhféadfaí tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh arb é is aidhm di cumhdach an Teidil seo a leathnú.

3. Tiocfaidh an Fochoiste um Sholáthar Rialtais le chéile arna iarraidh sin d'aon Pháirtí in áit agus dáta ar a gcomhaontófar, agus coimeádfaidh sé taifead i scríbhinn dá chruinnithe.

TEIDEAL VII

MAOIN INTLEACHTÚIL

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 195

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Teidil seo:

- (a) nuálaíocht agus cruthaitheacht a chur chun cinn agus táirgeadh agus tráchtálú táirgí nuálacha cruthaitheacha idir na Páirtithe a éascú; agus
- (b) leibhéal leordhóthanach agus éifeachtach cosanta agus forfheidhmithe ceart maoinne intleachtúla a bhaint amach a rannchuidíonn le haistriú agus scaipeadh na teicneolaíochta agus a thacaíonn le leas sóisialta agus eacnamaíoch agus leis an gcothromaíocht idir cearta na sealbhóirí agus leas an phobail.

Cineál agus Raon Feidhme na nOibleagáidí

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta agus na hoibleagáidí faoi Chomhaontú EDT maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (dá ngairtear ‘Comhaontú TRIPS’ anseo feasta), agus faoi aon chomhaontú iltaobhach eile a bhaineann le maoin intleachtúil agus faoi chomhaontuithe a riartar faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (dá ngairtear ‘EDMI’ anseo feasta), ar páirtí iontu na Páirtithe.
2. Le forálacha an Teidil seo, comhlánófar agus sonrófar cearta agus oibleagáidí na bPáirtithe faoi Chomhaontú TRIPS agus faoi chomhaontuithe iltaobhacha eile a bhaineann le maoin intleachtúil ar páirtí iontu na Páirtithe, agus dá bhrí sin, ní bheidh aon fhoráil den Teideal seo ag teacht salach ar fhorálacha na gcomhaontuithe iltaobhacha sin ná ní dhéanfaidh sí dochar dóibh.
3. Aithníonn na Páirtithe gur gá cothromaíocht a choinneáil idir cearta sealbhóirí maoine intleachtúla agus leas an phobail, go háirithe maidir le hoideachas, cultúr, taighde, sláinte phoiblí, slándáil bia, comhshaol, rochtain ar fhaisnéis agus aistriú teicneolaíochta.
4. Aithníonn agus athdheimhníonn na Páirtithe na cearta agus na hoibleagáidí faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (dá ngairtear ‘CBD’ anseo feasta) arna ghlacadh an 5 Meitheamh 1992, agus tacaíonn siad le hiarrachtaí chun caidreamh a thacaíonn le gach taobh a bhunú idir Comhaontú TRIPS agus an Coinbhinsiún sin agus spreagann siad na hiarrachtaí sin.

5. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, folaíonn cearta maoine intleachtúla an méid seo a leanas:

- (a) cóipcheart, lena n-áirítear cóipcheart i gcláir ríomhaireachta agus i mbunachair sonraí;
- (b) cearta a bhaineann le cóipcheart;
- (c) cearta paitinne;
- (d) trádhmharcanna;
- (e) trádainmneacha a mhéid a chosnaítear iad mar chearta maoine eisiacha sa dlí náisiúnta lena mbaineann;
- (f) dearáí;
- (g) dearthaí leagan amach (topagrafaíochtaí) de chiorcaid iomlánaithe;
- (h) tásca geografacha;
- (i) cineálacha plandaí; agus
- (j) cosaint faisnéise neamhnocta.

6. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, áirítear le cosaint maoine intleachtúla cosaint iomaíocht éagórach mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 10a de Choinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint (arna athbhreithniú le Gníomh Stócólm, 1967) (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Pháras’ anseo feasta).

AIRTEAGAL 197

Prionsabail Ghinearálta

1. Ag féachaint d’fhorálacha an Teidil seo, féadfaidh gach Páirtí, agus a dhlíthe agus a rialacháin á bhfoirmliú nó á leasú aige, le húsáid a bhaint as na heisceachtaí agus na solúbthachtaí a cheadaítear leis na comhaontuithe iltaobhacha maoine intleachtúla, go háirithe agus bearta á nglacadh aige is gá chun an tsláinte phoiblí agus cothú a chosaint, agus chun rochtain ar chógais a ráthú.
2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá Dearbhú an Cheathrú Comhdháil Aireachta in Doha agus go háirithe Dearbhú Doha maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí, a ghlac Comhdháil Aireachta EDT an 14 Samhain 2001 agus na forbairtí a rinneadh air ina dhiaidh sin. Sa chiall sin, agus na cearta agus na hoibleagáidí faoin Teideal á léiriú agus á gcur chun feidhme, áiritheoidh na Páirtithe comhsheasmhacht leis an Dearbhú sin.

3. Rannchuideoidh na Páirtithe le cur i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhairle Ginearálta EDT an 30 Lúnasa 2003 maidir le mír 6 de Dhearbhú Doha maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí, chomh maith leis an bPrótacal lena leasaítear Comhaontú TRIPS, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 6 Nollaig 2005.
4. Aithníonn na Páirtithe freisin a thábhachtaí atá sé go gcuirfí chun cinn cur chun feidhme Rún WHA 61.21 Straitéis Dhomhanda agus Plean Gníomhaíochta maidir leis an tSláinte Phoiblí, an Nuálaíocht agus an Maoin Intleachtúil, a ghlac an Comhthionól Domhanda Sláinte an 24 Bealtaine 2008.
5. I gcomhréir le Comhaontú TRIPS, ní chuirfidh aon fhoráil den Teideal seo cosc ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh is gá chun cosc a chur ar mhí-úsáid ceart maoine intleachtúla ag sealbhóirí cirt nó cleachtais a chuireann srian míréasúnach ar thrádáil nó a dhéanann dochar d'aistriú idirnáisiúnta teicneolaíochta.
6. Aithníonn na Páirtithe go rannchuidíonn aistriú teicneolaíochta le cumais náisiúnta a neartú, agus é mar aidhm leis sin bonn teicneolaíoch fóna agus inmharthana a bhunú.
7. Aithníonn na Páirtithe tionchar na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar úsáid saothar liteartha agus ealaíne, taibhithe ealaíonta, léirithe fónagram agus craoltaí agus, dá bhrí sin, an gá atá le cosaint leormhaith a sholáthar do chóipcheart agus cearta gaolmhara sa timpeallacht dhigiteach.

AIRTEAGAL 198

Cóir náisiúnta

Tabharfaidh gach Páirtí do náisiúnaigh Páirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé dá náisiúnaigh féin maidir le maoin intleachtúil a chosaint⁶¹, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear cheana in Airteagail 3 agus 5 de Chomhaontú TRIPS.

AIRTEAGAL 199

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

Maidir le maoin intleachtúil a chosaint, aon bhuntáiste, fabhar, pribhléid nó díolúine a dheonaíonn Páirtí do náisiúnaigh aon tíre eile, tabharfar láithreach agus gan choinníoll do náisiúnaigh na bPáirtithe eile é, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 de Chomhaontú TRIPS.

⁶¹ Chun críocha Airteagail 198 agus 199, áireofar le ‘cosaint’ ábhair a dhéanann difear d’infhaighteacht, éadáil, raon feidhme, cothabháil, agus forfheidhmiú chearta maoine intleachtúla chomh maith le hábhair a dhéanann difear d’úsáid chearta maoine intleachtúla a dtugtar aghaidh orthu go sonrach sa Teideal seo.

AIRTEAGAL 200

Ídiú

Beidh sé de shaoirse ag gach Páirtí a chóras féin a bhunú maidir le hídiú ceart maoiní intleachtúla, faoi réir fhorálacha Chomhaontú TRIPS.

CAIBIDIL 2

COSAINT NA BITHÉAGSÚLACHTA AGUS AN EOLAIS THRAIDISIÚNTA

AIRTEAGAL 201

1. Aithníonn na Páirtithe tábhacht agus luach na héagsúlachta bitheolaíche agus a comhpháirteanna agus an eolais, na nuálaíochtaí agus na gcleachtas traidisiúnta gaolmhar atá ag pobail dhúchasacha agus áitiúla⁶². Ina theannta sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta ceannasacha maidir lena n-acmhainní nádúrtha agus aithníonn siad a gcearta agus a n-oibleagáidí mar atá bunaithe ag CBD maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha, agus maidir le comhroinnt chothrom agus chothromasach na sochar a eascraíonn as úsáid na n-acmhainní géiniteacha sin.

⁶² I gcás inarb infheidhme, cuimsíonn ‘pobail dhúchasacha agus áitiúla’ daoine de shliocht Afra-Mheiriceánach.

2. Aithníonn na Páirtithe an méid a chuir, a chuireann agus a chuirfidh pobail dhúchasacha agus áitiúla san am atá thart, san am i láthair agus amach anseo le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche agus a comhpháirteanna uile agus, i gcoitinne, an méid a chuireann eolas traidisiúnta⁶³ a bpobal dúchasach agus áitiúil leis an gcultúr agus le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na náisiún.

3. Faoi réir a reachtaíochta intíre, déanfaidh na Páirtithe, i gcomhréir le hAirteagal 8(j) de CBD, eolas, nuálaíochtaí agus cleachtais na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil ina bhfuil stíleanna maireachtála traidisiúnta atá ábhartha do chaomhnú agus d'úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche a urramú, a chaomhnú agus a chothabháil, agus déanfaidh siad a gcur i bhfeidhm níos leithne a chur chun cinn atá coinníollach ar thoiliú feasach roimh ré ó shealbhóirí an eolais, na nuálaíochtaí agus na gcleachtas sin, agus spreagfaidh siad comhroinnt chothrom na dtairbhí a eascraíonn as úsáid an eolais, na nuálaíochtaí agus na gcleachtas sin.

4. I gcomhréir le hAirteagal 15 mír 7 de CBD, athdhearbhaíonn na Páirtithe a n-oibleagáid bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh na tairbhí a eascraíonn as acmhainní géiniteacha a úsáid a chomhroinnt ar bhealach cóir agus cothromasach. Aithníonn na Páirtithe freisin go bhféadfar a áireamh i dtéarmaí a chomhaontaítear go frithpháirteach oibleagáidí maidir le comhroinnt tairbhí i ndáil le cearta maoiní intleachtúla a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha agus as eolas traidisiúnta gaolmhar.

5. Comhoibreoidh an Cholóim agus Páirtí AE chun saincheist agus coincheap an mhíleithreasaithe acmhainní géiniteacha agus an eolais thraidisiúnta, na nuálaíochta agus na gcleachtas a bhaineann leo a shoiléiriú a thuilleadh chun teacht ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le forálacha an dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta.

⁶³ Gan dochar do chur chun feidhme na Caibidle seo, aithníonn na Páirtithe go bpléitear coincheap an eolais thraidisiúnta i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha.

6. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, faoi réir na reachtaíochta náisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta, chun a áirithiú go dtacóidh cearta maoine intleachtúla lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi CBD, agus nach mbeidh siad ag teacht salach orthu, a mhéid a bhaineann le hacmhainní géiniteacha agus eolas traidisiúnta gaolmhar ar na pobail dhúchasacha agus áitiúla atá lonnaithe ina gcriócha faoi seach. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi Airteagal 16 mír 3 de CBD maidir le tíortha a chuireann acmhainní géiniteacha ar fáil, bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh rochtain ar theicneolaíocht agus aistriú teicneolaíochta a bhaineann úsáid as na hacmhainní sin a chur ar fáil, ar théarmaí a chomhaontófar go frithpháirteach. Beidh feidhm ag an bhforáil seo gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí faoi Airteagal 31 de Chomhaontú TRIPS.

7. Aithníonn na Páirtithe a úsáidí atá sé a cheangal go nochtfar tionscnamh nó foinse acmhainní géiniteacha agus eolas traidisiúnta gaolmhar in iarratais ar phaitinní, ós rud é go gcuireann sé sin le trédhearcacht maidir le húsáidí acmhainní géiniteacha agus an t-eolas traidisiúnta a bhaineann leo.

8. Déanfaidh na Páirtithe foráil, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, maidir le héifeachtaí infheidhme aon cheanglais den sórt sin chun tacú le comhlíonadh na bhforálacha lena rialaítear rochtain ar acmhainní géiniteacha agus ar eolas, nuálaíochtaí agus cleachtais thraidisiúnta ghaolmhara.

9. Féachfaidh na Páirtithe le malartú faisnéise a éascú maidir le hiarratais ar phaitinní agus paitinní arna ndeonú a bhaineann le hacmhainní géiniteacha agus eolas traidisiúnta gaolmhar, agus é mar aidhm gur féidir faisnéis den sórt sin a chur san áireamh sa scrúdú substainteach, go háirithe maidir le réamhealaín a chinneadh.

10. Faoi réir fhorálacha Chaibidil 6 (Comhar) den Teideal seo, comhoibreoidh na Páirtithe ar théarmaí a chomhaontófar go frithpháirteach agus oiliúint á cur ar scrúdaitheoirí paitinne maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar phaitinní a bhaineann le hacmhainní géiniteacha agus le heolas traidisiúnta gaolmhar.
11. Aithníonn na Páirtithe gur úsáideacha na huirlisí iad bunachair sonraí nó leabharlanna digiteacha ina bhfuil faisnéis ábhartha chun scrúdú inphaitinneachta a dhéanamh ar aireagáin a bhaineann le hacmhainní géiniteacha agus le heolas traidisiúnta gaolmhar.
12. I gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta is infheidhme, comhaontaíonn na Páirtithe comhoibriú i gcur i bhfeidhm creataí intíre maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha agus ar eolas traidisiúnta gaolmhar, ar nuálaíochtaí agus ar chleachtais.
13. Féadfaidh na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaibidil seo faoi réir thorthaí agus chonclúidí an phlé iltaobhaigh.

CAIBIDIL 3

CAIGHDEÁIN MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

ROINN 1

TRÁDMHARCANNA

AIRTEAGAL 202

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

1. Cloífidh na Páirtithe leis na cearta agus na hoibleagáidí atá ann faoi Choinbhinsiún Pháras agus faoi Chomhaontú TRIPS.
2. Aontóidh an tAontas Eorpach agus an Cholóim don Phrótacal a bhaineann le Comhaontú Mhaidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta Marcanna arna ghlacadh i Maidrid an 27 Meitheamh 1989 (dá ngairtear ‘Prótacal Maidrid’ anseo feasta) laistigh de 10 mbliana ó shíniú an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh Peiriú gach iarracht réasúnta cloí le Prótacal Mhaidrid.

3. Déanfaidh an tAontas Eorpach agus Peiriú gach iarracht réasúnach an Conradh um Dhlí Trádmharcanna a glacadh sa Ghinéiv an 27 Deireadh Fómhair 1994 (dá ngairtear an ‘Conradh um an Dlí Trádmharcanna’ anseo feasta) a chomhlíonadh. Déanfaidh an Chóim gach iarracht réasúnach cloí leis an gConradh um an Dlí Trádmharcanna.’.

AIRTEAGAL 203

Ceanglais Chlárúcháin

Is féidir aon chomhartha, nó aon teaglaím comharthaí, atá in ann earraí nó seirbhísí de chuid gnóthais amháin a idirdhealú ó earraí nó seirbhísí de chuid gnóthas eile, a bheith ina thrádmharc ar an margadh. Féadfar comharthaí den sórt sin a dhéanamh go háirithe le focail, lena n-áirítear comhcheangail d’fhocail, d’ainmneacha pearsanta, de litreacha, d’uimhreacha, d’eilimintí fíoracha, d’fhuaimneanna agus de theaglamaí dathanna, chomh maith le haon teaglaím de chomharthaí den sórt sin. I gcás nach bhfuil comharthaí in ann idirdhealú a dhéanamh idir na hearraí nó na seirbhísí ábhartha go hintreach, féadfaidh Páirtí a áirithiú go mbeidh an t-athchlárú ag brath ar shainiúlacht a fhaightear trí úsáid. Féadfaidh Páirtí a cheangal, mar choinníoll a ghabhann le clárú, go mbeidh comharthaí inbhraite ó thaobh amhairc de.

An nós imeachta clárúcháin

1. Úsáidfídh na Páirtithe an t-aicmiú a bunaíodh i gComhaontú Nice a Bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna a glacadh in Nice an 15 Meitheamh 1957, agus a leasuithe atá i bhfeidhm, chun na hearraí agus na seirbhísí a bhfuil iarratas déanta ar na trádmharcanna ina leith a aicmiú.
2. Déanfaidh gach Páirtí⁶⁴ foráil maidir le córas chun trádmharcanna a chlárú ina mbeidh gach cinneadh críochnaitheach a dhéanfaidh an riarachán ábhartha trádmharcanna réasúnaithe go cuí agus i scríbhinn. Déanfar na cúiseanna ar diúltaíodh trádmharc a chlárú a chur in iúl i scríbhinn don iarratasóir agus beidh deis ag an iarratasóir an diúltú sin a chonspóid agus achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltú críochnaitheach os comhair na cúirte. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis an bhféidearthacht cur i gcoinne iarratas ar thrádmharc. Beidh na himeachtaí freasúracha sin ina n-imeachtaí sáraíochta. Cuirfídh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach ar fáil go poiblí ina bhfuil iarratais ar thrádmharc agus clárúcháin trádmhairc.

⁶⁴ I gcás Pháirtí AE, ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa mhír seo maidir leis an Aontas Eorpach ach amháin maidir lena thrádmharc Comhphobail.

AIRTEAGAL 205

Trádmharcanna Aitheanta

Comhoibreoidh na Páirtithe leis an gcuispóir trádmharcanna aitheanta a chosaint, dá dtagraítear in Airteagal 6bis de Choinbhinsiún Pháras agus in Airteagail 16.2 agus 16.3 de Chomhaontú TRIPS.

AIRTEAGAL 206

Eisceachtaí ar na Cearta a Thugtar le Trádmharc

1. Ar choinníoll go gcuirfear leasanna dlisteanacha shealbhóirí cirt na dtrádmharcanna agus tríú páirtithe san áireamh, déanfaidh gach Páirtí foráil mar eisceacht theoranta⁶⁵ ar na cearta a thugtar le trádmharc, d'úsáid chóir a ainm agus a sheolta féin le linn trádála, nó téarmaí tuairisciúla a bhaineann le cineál, cáilíocht, cainníocht, críoch bheartaithe, luach, tionscnamh geografach, am táirgthe na n-earraí nó déanamh seirbhísí nó tréithe eile na n-earraí nó na seirbhísí.

⁶⁵ Tuigtear gurb eisceacht theoranta í an eisceacht lena gceadaítear do thríú páirtithe téarma tuairisciúil a úsáid ar an margadh gan toiliú an tsealbhóra cirt a fháil ar choinníoll go ndéantar an úsáid sin de mheon macánta agus nach úsáid mar thrádmharc é.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil freisin maidir le heisceachtaí teoranta lena gceadófar do dhuine an trádmharc a úsáid i gcás inar gá cuspóir beartaithe táirge nó seirbhíse a léiriú, go háirithe mar ghabhálaí nó páirteanna spártha, ar choinníoll go n-úsáidfear é i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála.

ROINN 2

TÁSCA GEOGRAFACHA

AIRTEAGAL 207

Raon feidhme na Roinne seo

Maidir le haithint agus cosaint tasc geografach ar de thionscnamh críoch Páirtí iad, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) is éard atá i dtásca geografacha, chun críocha an Teidil seo, tásca arb éard atá iontu ainm tíre, réigiúin nó ceantair ar leith nó ainm a thagraíonn, gan a bheith ina ainm tíre, réigiúin nó ceantair ar leith, do limistéar geografach ar leith, agus lena sainaithnítear táirge mar tháirge a thionscnaíonn ann i gcás inarb í an timpeallacht gheografach ina dtáirgtear é go heisiach nó go bunúsach is cúis go heisiach nó go bunúsach le cáilíocht, clú nó saintréith áirithe eile de chuid an táirge, mar aon leis na gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna atá ag an táirge;

- (b) Ní bheidh tásca geografacha Páirtí atá le cosaint ag Páirtí eile faoi réir an Teidil seo ach amháin má aithnítear agus má dhearbhaítear iad amhlaidh ina dtír thionscnaimh;
- (c) déanfaidh gach Páirtí tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta agus táirgí bia-ábhair, fionta, deochanna biotáilleacha agus fionta cumhraithe a liostaítear i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach) a chosaint i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 208 ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (d) féadfar tásca geografacha le haghaidh táirgí seachas táirgí bia-ábhair talmhaíochta, fionta, deochanna biotáilleacha nó fionta cumhraithe a liostaítear i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach) a chosaint de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme i ngach Páirtí. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil tásca geografacha a liostaítear faoi Foscscríbhinn 2 a ghabhann le Iarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach) faoi chosaint mar thásca geografacha sa tír thionscnaimh;
- (e) úsáid⁶⁶ tásc geografach a bhaineann le táirgí de thionscnamh Páirtí, forchoimeádfar go heisiach í do tháirgeoirí, monaróirí nó ceardaithe ag a bhfuil bunaíochtaí táirgthe nó monaraíochta sa cheantar nó sa réigiún laistigh den Pháirtí a shainaithnítear nó a luaitear leis an tásc sin;
- (f) má ghlacann nó má choinníonn Páirtí córas ar bun chun úsáid tásc geografach a údarú, ní bheidh feidhm ag an gcóras sin ach amháin maidir leis na tásca geografacha ar de thionscnamh a chríche iad;

⁶⁶ Chun críocha na fomhíre seo, ciallóidh ‘úsáid’ táirgeadh, agus/nó próiseáil agus/nó ullmhú an táirge a shainaithnítear leis an tásc geografach.

- (g) beidh sásraí ar fáil do chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha a dhéanann ionadaíocht ar thairbhíthe tásca geografacha nó ar chomhlachtaí arna n-ainmniú chun na críche sin lena bhféadfar rialú éifeachtach a dhéanamh ar úsáid tásca geografach faoi chosaint; agus
- (h) ní mheasfar gurb iad tásca geografacha atá faoi chosaint i gcomhréir leis an Teideal seo, fad a bheidh siad faoi chosaint ina dtír thionscnaimh, sonrúchán coiteann nó cineálach an táirge a shainaithníonn siad.

AIRTEAGAL 208

Tásca Geografacha Seanbhunaithe

1. Tar éis nós imeachta agóide a bheith curtha i gcrích agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar thásca geografacha an Aontais Eorpaigh a liostaítear i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásca Geografach) atá cláraithe ag Páirtí AE, cosnóidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí tásca geografacha den sórt sin de réir an leibhéil cosanta a leagtar síos sa Roinn seo.
2. Tar éis nós imeachta agóide a bheith curtha i gcrích agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar thásca geografacha Tíre Aindéi is sínitheoir a liostaítear i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásca Geografach) atá cláraithe ag an Tír Aindéach sin is sínitheoir, cosnóidh Páirtí AE an céanna de réir an leibhéil cosanta a leagtar síos sa Roinn seo.

Tásca Geografacha Nua a chur Isteach

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfar tásca geografacha nua a chur le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach) tar éis dóibh an nós imeachta agóide a chur i gcrích agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar na tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 208.
2. Aon Pháirtí ar mian leis tásc geografach nua a chur lena liosta i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach), cuirfidh sé iarraidh ina leith sin faoi bhráid Páirtí eile faoi chuimsiú an Fhochoiste um Maoin Intleachtúil.
3. Is é dáta chur i bhfeidhm na cosanta an dáta a tharchuirfear an t-iarratas chuig Páirtí eile. Is faoi chuimsiú an Fhochoiste um Maoin Intleachtúil a dhéanfar an malartuithe faisnéise sin.

Raon Feidhme Chosaint na dTásc Geografach

1. Maidir le tásca geografacha Páirtí a liostaítear i bhFoscúibhinn 1 a ghabhann le hIarscúibhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach), chomh maith leo siúd a chuirtear isteach de bhun Airteagal 209, déanfaidh Páirtí eile iad a chosaint ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) aon úsáid tráchtála a bhaintear as tásc geografach faoi chosaint den sórt sin:
 - (i) i gcás táirgí comhionanna nó comhchosúla nach gcomhlíonann sonraíocht táirge an táisc gheografaigh; nó
 - (ii) a mhéid atá an úsáid sin ag baint leas as an gcáil atá ag an tásc geografach;
- (b) aon úsáid neamhúdaraíthe eile⁶⁷ a bhaintear as tásca geografacha seachas iad siúd lena saináithnítear fíonta, fíonta cumhraithe nó deochanna biotáilleacha a chruthaíonn mearbhall, lena n-áirítear fiú i gcásanna ina bhfuil tásca amhail stíl, cineál, aithris agus nithe comhchosúla eile ag gabháil leis an ainm a chruthaíonn mearbhall don tomhaltóir; gan dochar don fhomhír seo, má leasaíonn Páirtí a reachtaíocht chun tásca geografacha a chosaint seachas na tásca geografacha lena saináithnítear fíonta, fíonta cumhraithe agus deochanna biotáilleacha ar leibhéal níos airde ná an chosaint dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, leathnóidh an Páirtí sin an chosaint sin chuig na tásca geografacha a liostaítear i bhFoscúibhinn 1 a ghabhann le hIarscúibhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach);

⁶⁷ Féadfaidh an téarma ‘úsáid neamh-údaraíthe’ aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne a chumhdach.

- (c) i gcás tásca geografacha lena sainaithnítear fionta, fionta cumhraithe nó deochanna biotáilleacha, aon mhí-úsáid, aon aithris nó aon tabhairt chun cuimhne, ar a laghad, i gcás táirgí den chineál sin, fiú má léirítear fíorthionscnamh an táirge nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear nath amhail ‘stíl’, ‘cineál’, ‘modh’, ‘mar a tháirgtear in’, ‘aithris’, ‘blas’; ‘cosúil’ nó nath éigin dá samhail leis;
 - (d) aon tasc bréagach nó míthreorach eile maidir le foinse, tionscnamh, cineál nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge, ar an bpacáistíocht laistigh nó lasmuigh, nó an t-ábhar fógraíochta a bhaineann leis an táirge lena mbaineann, a d’fhéadfadh tuiscint bhréige a chruthú maidir lena thionscnamh; agus
 - (e) aon chleachtas eile a d’fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh an táirge.
2. I gcás ina molann Páirtí, i gcomhthéacs caibidlíochta le tríú tír, tasc geografach den tríú tír sin a chosaint, agus go bhfuil an t-ainm comhainmneach le tasc geografach de Pháirtí eile, cuirfear an Páirtí eile sin ar an eolas agus tabharfar an deis dó tuairim a thabhairt sula gcuirfear an t-ainm faoi chosaint.
3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile má scoireann tasc geografach de bheith cosanta ina thír thionscnaimh.

AIRTEAGAL 211

Gaolmhaireacht le Trádmharcanna

1. Diúltóidh na Páirtithe trádmharc a chlárú nó déanfaidh siad foráil maidir le neamhbhailíochtú trádmhaire a chomhfhreagraíonn d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 210, mír 1, i ndáil le tásc geografach faoi chosaint le haghaidh táirgí comhionanna nó comhchosúla, ar choinníoll go gcuirtear isteach iarratas chun an trádmharc a chlárú tar éis dháta an iarratais ar an tásc geografach a chosaint ina chríoch.
2. Gan dochar do na forais le cosaint tásc geografach a dhiúltú dá bhforáiltear ina reachtaíocht intíre, ní bheidh oibleagáid ar aon Pháirtí tásc geografach a chosaint i gcás ina bhféadfadh cosaint tomhaltóirí a chur amú maidir le fíorchéannacht an táirge, i bhfianaise trádmhaire a bhfuil clú agus cáil air.

Rialacha ginearálta

1. Féadfaidh na Páirtithe faisnéis bhreise a mhalartú maidir le sonraíochtaí teicniúla na dtáirgí atá faoi chosaint tásc geografach i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach) san Fhochoiste um Maoin Intleachtúil. Thairis sin, féadfaidh na Páirtithe an malartú faisnéise maidir leis na comhlachtaí rialaithe ina gcríoch a éascú.
2. Ní chuirfidh aon ní sa Roinn seo d'oibleagáid ar Pháirtí tásc geografach a chosaint nach bhfuil faoi chosaint ina thír thionscnaimh nó a scoirfear dá chosaint. An Páirtí arb é críoch thionscnaimh táisc gheografaigh é, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe eile nuair a scoirfidh an tásc geografach sin de bheith faoi chosaint ina thír thionscnaimh.
3. Is éard a bheidh i sonraíocht táirge dá dtagraítear san Roinn seo an tsonraíocht táirge a fhormheasfaidh údaráis an Pháirtí, lena n-áirítear aon leasú a bheidh formheasta freisin, sa chríoch óna dtionscnaíonn an táirge.

AIRTEAGAL 213

Comhar agus trédhearcacht

1. I gcomhthéacs an Fhochoiste um Maoin Intleachtúil, féadfaidh Páirtí faisnéis a iarraidh ar Pháirtí eile maidir le comhlíontacht táirgí ar a bhfuil tásca geografacha atá faoi chosaint de bhun na Roinne seo leis na sonraíochtaí táirge faoi seach agus na modhnuithe orthu, chomh maith le pointí teagmhála chun rialuithe a éascú, más gá.
2. Maidir le tásca geografacha Páirtí eile atá faoi chosaint de bhun na Roinne seo, féadfaidh gach Páirtí na sonraíochtaí táirge faoi seach, nó achoimre orthu, a chur ar fáil go poiblí, chomh maith le pointí teagmhála chun rialuithe a éascú.

AIRTEAGAL 214

Ní dhéanfaidh an Roinn seo dochar do na cearta atá aitheanta cheana féin ag na Páirtithe i gcomhaontuithe saorthrádála chuig tríú tíortha.

ROINN 3

CÓIPCHEART AGUS CEARTA GAOLMHARA

AIRTEAGAL 215

Cosaint arna Deonú

1. Cosnóidh na Páirtithe, ar bhealach a bheidh chomh héifeachtach agus chomh haonfhoirmeach agus is féidir, cearta na n-údar ina saothair liteartha agus ealaíne. Tabharfaidh na Páirtithe cosaint freisin do chearta taibheoirí, léiritheoirí fónagram agus eagraíochtaí craoltóireachta, maidir lena dtaibhithe, a bhfónagram agus a gcraoltaí, faoi seach.
2. Comhlíonfaidh na Páirtithe na cearta agus na hoibleagáidí atá ann cheana de bhua Choinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint an 9 Meán Fómhair 1886 (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Bheirn’ anseo feasta), Coinbhinsiún na Róimhe um Chosaint Taibheoirí, Táirgeoirí Fónagram agus Eagraíochtaí Craolacháin arna dhéanamh an 26 Deireadh Fómhair 1961 (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún na Róimhe’ anseo feasta), Conradh WIPO um Chóipcheart (dá ngairtear ‘WCT’ anseo feasta), agus Conradh WIPO um Thaibhithe agus Fónagraim (dá ngairtear ‘WPPT’ anseo feasta), arna ghlacadh an 20 Nollaig 1996.

Ceartha Morálta

1. Go neamhspleách ar chearta eacnamaíocha an údair, agus fiú tar éis na cearta sin a aistriú, beidh sé de cheart ag an údar, ar a laghad, údar an tsaothair a éileamh agus agóid a dhéanamh i gcoinne aon saobhadh, ciorrú nó modhnú eile ar shaothar den sórt sin, nó aon ghníomh maolúcháin eile i ndáil leis, a dhéanfaidh dochar dá onóir nó dá clú.
2. Leanfar de na cearta a dheonaítear don údar i gcomhréir le mír 1, tar éis a bháis, go dtí go rachaidh na cearta eacnamaíocha in éag ar a laghad, agus beidh siad infheidhmithe ag na daoine nó ag na hinstitiúidí arna n-údarú le reachtaíocht na tíre ina n-éilítear an chosaint.
3. Go neamhspleách ar chearta eacnamaíocha taibheora, agus fiú tar éis na cearta sin a aistriú, beidh an ceart ag an taibheoir, maidir lena thaibhithe beo atá socraithe i bhfónagram, éileamh a dhéanamh go n-aithneofar é mar thaibheoir a thaibhithe, ach amháin i gcás ina ndéantar easnamh de bharr an chaoi a n-úsáidtear an fheidhmíocht, agus chun cur i gcoinne aon saobhadh, ciorrú nó aon mhodhnú eile ar a chuid feidhmíochtaí a dhéanfaidh dochar dá chlú. Tá feidhm ag an mír seo gan dochar do chearta morálta eile a aithnítear sa reachtaíocht náisiúnta.

4. Beidh na modhanna sásaimh chun na cearta a dheonaítear faoin Airteagal seo a choimirciú faoi rialú reachtaíocht an Pháirtí ina n-éilítear cosaint.
5. Féadfaidh gach Páirtí foráil maidir le leibhéal is airde cosanta ar chearta morálta ná an leibhéal dá bhforáiltear san Airteagal seo.

AIRTEAGAL 217

Cumainn Chomhbhainistíochta

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le cumainn chomhbhainistíochta le haghaidh cóipcheart agus cearta gaolmhara, chun a áirithiú go ndéanfar na cearta a thugtar dóibh a bhainistiú go héifeachtach, chomh maith le dáileadh cothrom na luach saothair a bhailítear, ar luach saothair iad atá comhréireach le húsáid na saothar, na dtaibhithe nó na bhfónagram, i gcomhthéacs trédhearcachta agus dea-chleachtas bainistíochta, de réir reachtaíocht intíre gach Páirtí.

AIRTEAGAL 218

Ré Chearta na nÚdar

1. Mairfidh cearta údair saothair liteartha nó ealaíne de réir bhrí Airteagal 2 de Choinbhinsiún Bheirn ar feadh shaol an údair agus ar feadh 70 bliain tar éis a bháis.
2. I gcás saothar ag a bhfuil comhúdair, ríomhfar an téarma cosanta dá dtagraítear i mír 1 ó bhás an údair mharthanaigh deiridh.
3. I gcás saothair gan ainm nó saothair a bhfuil ainm cleite leo, mairfidh an téarma cosanta 70 bliain tar éis an dáta ar a gcuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal. Mar sin féin, nuair nach bhfágann an t-ainm bréige arna ghlacadh ag an údar aon amhras faoina chéannacht, is é an téarma cosanta a leagtar síos i mír 1 an téarma cosanta is infheidhme. Má nochtann údar saothar gan ainm nó faoi ainm bréige a chéannacht le linn na tréimhse ama thuasluaite, is é an téarma cosanta a leagtar síos i mír 1 a bheidh infheidhme. Ní cheanglófar ar aon Pháirtí saothair gan ainm nó saothair faoi ainm bréige a chosaint a bhfuil sé réasúnach a thiomhdiú ina leith go bhfuil a n-údar marbh le 70 bliain anuas.

4. Aon uair a dhéantar téarma cosanta saothair, seachas saothar fótagrafach nó saothar ealaíne feidhmeach, a ríomh ar bhonn seachas saol duine nádúrtha, ní bheidh an téarma sin níos lú ná 70 bliain ó dheireadh bhliain féilire an fhoilsithe údaráithe, nó, mura ndéanfar an foilsíú údaráithe sin, laistigh de 50 bliain ar a laghad ó dhéanamh na hoibre, beidh an téarma sin 70 bliain ó dheireadh na bliana féilire ina ndearnadh é.

5. Mairfidh an téarma cosanta do shaothair chineamatagrafacha nó chlosamhairc 70 bliain ar a laghad tar éis an saothar a chur ar fáil don phobal le toiliú an údair, nó, in éagmais imeacht den sórt sin, laistigh de 50 bliain ar a laghad tar éis an saothar sin a dhéanamh, ar a laghad 70 bliain tar éis a dhéanta. De rogha air sin, féadfaidh Páirtí a shuí go rachaidh téarma cosanta na saothar cineamatagrafach nó closamhairc in éag 70 bliain tar éis bhás an duine is deireanaí atá ainmnithe mar údar faoin dlí náisiúnta.

AIRTEAGAL 219

Fad na gCeart Gaolmhar

1. Mairfidh an téarma cosanta atá le deonú do thaibheoirí faoin gComhaontú seo, ar a laghad, go dtí deireadh tréimhse 50 bliain arna ríomh ó dheireadh na bliana inar socraíodh an taibhiú.

2. Mairfidh an téarma cosanta atá le deonú do tháirgeoirí fónagram faoin gComhaontú seo, go dtí deireadh tréimhse 50 bliain ar a laghad arna ríomh ó dheireadh na bliana inar foilsíodh an fónagram, nó mura bhfoilseofar é laistigh de 50 bliain ó fhosú an fhónagram, ar a laghad 50 bliain ó dheireadh na bliana ina ndearnadh an fosúchán.
3. Mairfidh an téarma cosanta a thugtar d'eagraíochtaí craoltóireachta ar feadh 50 bliain ar a laghad ó dheireadh na bliana féilire ina ndearnadh an craoladh.

AIRTEAGAL 220

Craoladh agus Cumarsáid leis an bPobal

1. Chun críocha an Airteagail seo:
 - ciallaíonn ‘craoladh’ fuaimeanna nó íomhánna nó léirithe orthu a tharchur ar mhodh gan sreang don phobal; ‘craoladh’ freisin is ea tarchur den sórt sin trí shatailít; is ‘craoladh’ é tarchur comharthaí criptithe i gcás ina gcuireann an eagraíocht chraoltóireachta modhanna díchriptithe ar fáil don phobal nó a ndéantar sin le toiliú na heagraíochta craoltóireachta; agus

- ciallaíonn ‘cumarsáid leis an bpobal’ taibhiú nó fónagram a chur ar aghaidh chuig an bpobal trí mheán ar bith, ar shlí seachas trí chraoladh, fuaimeanna taibhithe nó fuaimeanna nó léirithe fuaimeanna suite i bhfónagram. Chun críocha mhír 3, áirítear le ‘cumarsáid leis an bpobal’ fuaimeanna nó léirithe fuaimeanna atá suite i bhfónagram a dhéanamh inchloiste don phobal.
2. Beidh an ceart eisiach ag taibheoirí údarú a thabhairt, maidir lena dtaibhithe maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) craoladh agus cumarsáid leis an bpobal maidir na dtaibhithe neamhfhosaithe, ach amháin i gcás inar taibhiú a craoladh cheana an taibhiú; agus
 - (b) fosú a dtaibhithe neamhfhosaithe.
3. Beidh an ceart ag taibheoirí agus léiritheoirí fónagram luach saothair cothromasach aonair a fháil as úsáid dhíreach nó indíreach fónagram a fhoilsítear chun críocha tráchtála, lena gcraoladh nó le haghaidh aon chumarsáide leis an bpobal. Suífidh na Páirtithe ina reachtaíocht intíre go n-éileoidh taibheoir nó táirgeoir fónagram nó an dá cheann an luach saothair cothromasach aonair ón úsáideoir. Féadfaidh gach Páirtí reachtaíocht intíre a achtú a dhéanfaidh, in éagmais comhaontú idir taibheoir agus táirgeoir fónagraim, na téarmaí a shocrú ar dá réir a chomhroinnfidh taibheoirí agus táirgeoirí fónagraim an luach saothair cothromasach aonair.

4. Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do thaibheoirí chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

- (a) atáirgeadh díreach nó indíreach;
- (b) dáileadh trí dhíolachán nó trí aistriú eile úinéireachta;
- (c) an doiciméad bunaidh agus cóipeanna di a ligean ar cíós leis an bpobal; agus
- (d) iad a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin.

5. I gcás ina mbeidh an ceart maidir le cur ar fáil nó an ceart cíosa aistrithe ag taibheoirí, féadfaidh Páirtí a fhoráil go gcoinneoidh taibheoirí an ceart do-aistrithe chun luach saothair cothromasach a fháil, a fhéadfaidh cumann bailitheora a bhailiú, arna údarú go cuí le dlí, i gcomhréir lena dhlí baile.

6. Féadfaidh na Páirtithe ceart dosháraithe a aithint do thaibheoirí saothar closamhairc chun luach saothair cothromasach a fháil as craoladh nó as aon chumarsáid leis an bpobal maidir lena dtaibhithe seasta, luach saothair a fhéadfaidh cumann bailitheora a bhailiú, arna údarú go cuí leis an dlí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

7. Féadfaidh na Páirtithe foráil a dhéanamh ina ndlí baile, do theorainneacha nó eisceachtaí ar chearta taibheoirí saothar closamhairc, i gcásanna speisialta áirithe nach bhfuil ar neamhréir le gnáthshaothrú na dtaibhithe, agus nach ndéanann dochar míréasúnta do leasanna dlisteanacha na dtaibheoirí.

8. Cuirfidh gach Páirtí an ceart eisiach ar fáil d'eagraíochtaí craoltóireachta chun atarchur a gcrailt a údarú nó a thoirmeasc trí ar aon mhodh gan sreang ar a laghad.

AIRTEAGAL 221

Bearta Teicneolaíochta a Chosaint

Comhlíonfaidh na Páirtithe forálacha Airteagal 11 de Chonradh WCT agus Airteagal 18 de WPPT.

AIRTEAGAL 222

Faisnéis Bainistíochta Ceart a Chosaint

Comhlíonfaidh na Páirtithe forálacha Airteagal 12 de Chonradh WCT agus Airteagal 19 de WPPT.

Ceart Athdhíola Ealaíontóirí in Oibreacha Ealaíon

1. Gan dochar d’Airteagal 14 *ter* (2) de Choinbhinsiún Bheirn, cuirfidh gach Páirtí ar fáil d’údar saothair ealaíne, agus dá chomharbaí i dteideal ar bhás an údair sin, ceart doshannta dosheachanta chun ríchíos a fháil bunaithe ar an bpraghas díola a fuarthas as athdhíol an tsaothair tar éis don údar an saothar a aistriú den chéad uair.
2. Beidh feidhm ag an gceart dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir leis an reachtaíocht intíre, maidir leis na gníomhaíochtaí athdhíola ar fad arna ndéanamh trí cheant nó trí ghairmithe sa mhargadh ealaíne, amhail seomraí díolacháin, dánlanna, nó déileálaithe eile saothar ealaíne.

ROINN 4

DEARAÍ

AIRTEAGAL 224

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht réasúnach chun aontú d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 2 Iúil 1999.

AIRTEAGAL 225

Ceanglais maidir le Cosaint Dearaí⁶⁸

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le cosaint dearaí nua a cruthaíodh go neamhspleách. Nuair a fhoráiltear amhlaidh i reachtaíocht Páirtí, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí freisin gur de chineál aonair a bheadh na dearaí sin freisin. Is le clárú a chuirfear an chosaint sin ar fáil agus a bhronnfar ceart eisiach ar a sealbhóirí i gcomhréir le forálacha na Roinne seo.

⁶⁸ Chun críocha na Roinne seo, deonaíonn an tAontas Eorpach cosaint don dearadh neamhchhláraithe freisin nuair a chomhlíonann sé ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail, arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1891/2006 ón gComhairle an 18 Nollaig 2006.

2. Dearadh a chuirtear ar tháirge, nó atá ionchorpraithe i dtáirge, ar comhpháirt de tháirge casta é, ní mheasfar é a bheith inchosanta de réir mhír 1 ach amháin má fhanann an chomhpháirt, a luaithe a bheidh sí ionchorpraithe sa táirge casta⁶⁹, le feiceáil le linn ghnáthúsáid⁷⁰ an táirge chasta, agus a mhéid a chomhlíonann na gnéithe infheicthe sin den chomhpháirt iontu féin na ceanglais maidir le bheith inchosanta.

AIRTEAGAL 226

Ceartha a bronnadh le Clárú

1. Beidh an ceart eisiach ag sealbhóir dearaidh chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe, nach bhfuil toiliú an tsealbhóra acu ar a laghad, táirge ar a bhfuil dearadh faoi chosaint, nó ina n-ionchorpraítear dearadh faoi chosaint, a thairiscint lena dhíol, a dhíol, a allmhairiú, a onnmhairiú, a stocáil nó úsáid a bhaint as earraí ar a bhfuil an dearadh faoi chosaint nó ina n-ionchorpraítear é i gcás ina ndéantar na gníomhartha sin chun críoch tráchtála.
2. Beidh sé de cheart freisin ag sealbhóir dearaidh chláraithe caingean dlí a thionscnamh i gcoinne aon duine a tháirgeann nó a mhargaíonn táirge nach bhfuil ach miondifríochtaí ag baint lena dhearadh i ndáil leis an dearadh faoi chosaint nó i gcás inarb ionann an chuma agus an dearadh cosanta sin.

⁶⁹ Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn ‘táirge casta’ táirge atá comhdhéanta de chomhpháirteanna iomadúla ar féidir iad a ionadú ionas gur féidir an táirge a dhíchóimeáil agus a athchóimeáil.

⁷⁰ Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn ‘gnáthúsáid’ sa chomhthéacs seo an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh as earra, gan cothabháil, seirbhísiú nó obair dheisiúcháin a áireamh.

AIRTEAGAL 227

An Téarma Cosanta

10 mbliana ar a laghad ón dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chlárú a bheidh i ré na cosanta do dhearadh tionsclaíoch. Féadfaidh na Páirtithe téarma cosanta níos faide a chur chun feidhme ina reachtaíocht intíre.

AIRTEAGAL 228

Eisceachtaí

1. Féadfaidh na Páirtithe eisceachtaí teoranta a bhunú ó chosaint dearaí, ar choinníoll nach bhfuil na heisceachtaí sin ar neamhréir go míréasúnta le gnáthshaothrú dearaí cosanta agus nach ndéantar leo dochar míréasúnta do leasa dlisteanacha úinéir an dearaidh chosanta agus cearta dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh.
2. Ní leathnófar cosaint dearaidh chuig dearaí ar faoi réir gnéithe teicniúla nó feidhmiúla go hiomlán a leagtar síos iad.

3. Ní bhronnfar le cearta dearaidh i ndáil le gnéithe den chuma is gá a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge a bhfuil an dearadh ionchorpraithe ann, nó a bhfuil sé le cur i bhfeidhm air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó ina choinne, ionas gur féidir le ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a chur de.
4. Ní thugtar cearta le dearadh nuair atá sé contrártha don ord poiblí nó don mhoráltacht phoiblí.

AIRTEAGAL 229

Gaol le Cóipcheart

Féadfar ábhar cosanta cirt dearaidh a chosaint faoin reachtaíocht chóipchirt má chomhlíontar na coinníollacha le haghaidh na cosanta sin. Cinnfidh gach Páirtí a mhéid a thabharfar cosaint den sórt sin, lena n-áirítear an leibhéal úrnuachta is gá, agus na coinníollacha i leith an chosaint a thabhairt.

ROINN 5

PAITINNÍ

AIRTEAGAL 230

1. Comhlíonfaidh na Páirtithe Airteagail 2 go 9 de Chonradh Bhúdaipeist maidir le Taiscí Miocrorgánach a Aithint go hIdirnáisiúnta chun críocha Nós Imeachta na bPaitinní, arna dhéanamh i mBúdaipeist an 28 Aibreán 1977 agus arna leasú an 26 Meán Fómhair 1980.
2. Déanfaidh an tAontas Eorpach gach iarracht réasúnach an Conradh um Dhlí na bPaitinní a glacadh sa Ghinéiv an 1 Meitheamh 2000 (dá ngairtear ‘PLT’ anseo feasta) a chomhlíonadh. Déanfaidh na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí gach iarracht réasúnach aontú do PLT.

3. Nuair is gá údarú a fháil óna údaráis inniúla chun táirge cógaisíochta⁷¹ nó ceimiceach talmhaíochta a mhargú i bPáirtí sna hábhair sin, déanfaidh an Páirtí sin a dhícheall an t-iarratas comhfhreagrach a phróiseáil go tapa d'fhonn moilleanna míréasúnta a sheachaint. Comhoibreoidh na Páirtithe agus cuirfidh siad cúnamh frithpháirteach ar fáil chun an cuspóir sin a bhaint amach.

4. Maidir le haon táirge cógaisíochta a chumhdaítear le paitinn, féadfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena reachtaíocht intíre, sásra a chur ar fáil chun úinéir na paitinne a chúiteamh as ciorrú míréasúnta ar théarma éifeachtach na paitinne mar thoradh ar chéad fhormheas margaíochta an táirge sin sa Pháirtí sin. Leis an sásra sin, tabharfar cearta eisiacha uile paitinne, faoi réir na dteorainneacha agus na n-eisceachtaí céanna is infheidhme maidir leis an bpaitinn bhunaidh.

⁷¹ Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn ‘táirgí ceimiceacha talmhaíochta’, i gcás Pháirtí AE, substaintí gníomhacha agus ullmhóidí gníomhacha ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó, arna gcur san fhoirm ina soláthraítear don úsáideoir iad, atá beartaithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) plandaí nó táirgí plandaí a chosaint i gcoinne gach orgánach díobhálach nó gníomhaíocht orgánach den sórt sin a chosc, a mhéid nach sainmhínítear thíos na substaintí nó na hullmhóidí sin ar shlí eile;
- (b) tionchar a imirt ar phróisis saoil plandaí, seachas mar chothaitheach (e.g. rialaitheoirí fáis plandaí);
- (c) táirgí plandaí a chaomhnú, a mhéid nach bhfuil substaintí nó táirgí den sórt sin faoi réir fhorálacha speisialta na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le leasathigh;
- (d) plandaí neamh-inmhianaithe a scriosadh; nó
- (e) codanna de phlandaí a scriosadh, fás neamh-inmhianaithe plandaí a shrianadh nó a chosc.

ROINN 6

SONRAÍ TÁIRGÍ RIALÁILTE ÁIRITHE A CHOSAINT

AIRTEAGAL 231

1. Cosnóidh gach Páirtí tástáil neamhnocht a nó sonraí eile a bhaineann le sábháilteacht agus éifeachtúlacht táirgí cógaisíochta⁷² agus táirgí ceimiceacha talmhaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chomhaontú TRIPS agus lena reachtaíocht intíre.
2. De réir mhír 1, agus faoi réir mhír 4, i gcás ina n-éileoidh Páirtí, mar choinníoll chun margú táirgí cógaisíochta nó ceimiceacha talmhaíochta ina bhfuil eintitis cheimiceacha nua a fhormheas, go gcuirfear isteach tástáil neamhnocht a nó sonraí eile a bhaineann le sábháilteacht agus éifeachtúlacht, deonóidh an Páirtí sin tréimhse eisiachais de ghnáth cúig bliana ó dháta an fhormheasa margaíochta i gcríoch an Pháirtí sin le haghaidh táirgí cógaisíochta, agus 10 mbliana i gcás táirgí ceimiceacha talmhaíochta, tréimhse nach bhféadfaidh tríú páirtí tráchtálú a dhéanamh ar tháirge bunaithe ar na sonraí sin lena linn, mura rud é go dtugann sé cruthúnas ar thoiliú sainráite shealbhóir na faisnéise faoi chosaint a nó a shonraí tástála féin.

⁷² Le haghaidh na Colóime agus Pháirtí AE, áireofar leis an gcosaint sin cosaint sonraí táirgí bitheolaíochta agus biteicneolaíochta. Le haghaidh Pheiriú, deonófar cosaint na faisnéise neamhnocht a faoi tháirgí den sórt sin ar nochtadh agus ar na cleachtais atá contrártha do chleachtais tráchtála mhacánta, i gcomhréir le hAirteagal 39.2 de Chomhaontú TRIPS, in éagmais reachtaíochta shonrach maidir leis sin.

3. Chun críche an Airteagail seo, is éard is ‘eintiteas ceimiceach nua’ ann an t-eintiteas nár formheasadh roimhe sin i gcríoch an Pháirtí lena úsáid i dtáirge talmhaíochta cógaisíochta nó ceimiceach, de bhun a reachtaíochta intíre. Dá réir sin, ní gá do na Páirtithe an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí cógaisíochta ina bhfuil eintiteas ceimiceach a formheasadh roimhe sin i gcríoch an Pháirtí.

4. Féadfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas a rialáil:

- (a) eisceachtaí ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail, cásanna éigeandála náisiúnta nó fíorphráinne, nuair is gá rochtain ar na sonraí sin a cheadú do thríú páirtithe; agus
- (b) nósanna imeachta formheasa margaíochta giorraithe ina gcríoch, ag brath ar fhormheas margaíochta arna dheonú ag Páirtí eile. I gcás den sórt sin, tosóidh tréimhse úsáide eisiach na sonraí arna gcur isteach i ndáil leis an bhformheas a fháil ón dáta a bhfuiltear ag brath ar an gcéad fhormheas margaíochta, nuair a dheonófar an formheas laistigh de shé mhí ó chomhdú an iarratais iomláin.

5. Maidir le táirgí ceimiceacha talmhaíochta, féadfaidh na Páirtithe nósanna imeachta a sholáthar lena bhféadfar an fhaisnéis neamhnochtá maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht a bhaineann le tástálacha agus staidéir lena mbaineann ainmhithe veirteabracha a loghadh nó tagairt a dhéanamh di. Le linn an téarma cosanta, cúiteoidh an duine leasmhar an fhaisnéis sin a úsáid le sealbhóir na faisnéise faoi chosaint. Cinnfear ar bhealach cóir, cothrom, trédhearcach agus neamhchlaonta na costais a bhaineann cúiteamh den sórt sin. Beidh feidhm ag an gceart chun an chúitimh sin chomh fada agus a mhaireann cosaint na faisnéise neamhnochtá maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht.

6. I gcomhréir le forálacha mhír 5 d’Airteagal 197, ní choisceann an chosaint dá bhforáiltear san Airteagal seo ar Pháirtí bearta a ghlacadh mar fhreagairt ar mhí-úsáid ceart maoine intleachtúla nó cleachtais lena gcuirtear srian míréasúnach ar thrádáil.

ROINN 7

CINEÁLACHA PLANDAÍ

AIRTEAGAL 232

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cosaint cineálacha plandaí a chur chun cinn agus a áirithiú bunaithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún UPSV’ anseo feasta), arna athbhreithniú an 19 Márta 1991, lena n-áirítear an eisceacht roghnach ar cheart an phóraitheora dá dtagraítear in Airteagal 15(2) den Choinbhinsiún sin.

ROINN 8

IOMAÍOCHT ÉAGÓRACH

AIRTEAGAL 233

1. Deonóidh gach Páirtí cosaint éifeachtach ar iomaíocht éagórach i gcomhréir le hAirteagal 10 bis de Choinbhinsiún Pháras. Chun na críche sin, aon ghníomh a dhéantar maidir le maoin thionsclaíoch le linn trádála atá contrártha le cleachtais tráchtála mhacánta, measfar é a bheith éagórach i gcomhréir le reachtaíocht intíre gach Páirtí.
2. I gcomhréir le reachtaíocht intíre gach Páirtí, féadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm gan dochar don chosaint a thugtar faoin Teideal seo.

CAIBIDIL 4

CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA A FHORGHNÍOMHÚ

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 234

1. Gan dochar dá gcearta agus dá n-oibleagáidí faoi Chomhaontú TRIPS, agus go háirithe faoi Chuid III de, déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le bearta, nósanna imeachta agus leigheasanna mar a bhunaítear faoin gCaibidil seo, a bhfuil gá leo chun forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla mar a shainmhínítear in Airteagal 196, fomhíreanna 5(a) go 5(i) a áirithiú.
2. Áireofar sna forálacha faoin gCaibidil seo bearta, nósanna imeachta agus leigheasanna atá gasta, éifeachtach agus comhréireach, agus a bheidh ina mbac ar thuilleadh sáruithe agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach lena seachnófar bacainní a chur ar thrádáil dhlisteanach agus lena ndéanfar foráil maidir le coimircí i gcoinne a mí-úsáide.

3. Beidh na nósanna imeachta a bhaineann le cearta maoinne intleachtúla a fhorghníomhú cóir agus cothromasach agus ní bheidh castacht ná costas gan ghá ag baint leo, ná ní bheidh teorainneacha ama míréasúnta ná moilleanna gan údar i gceist leo.

4. Leis an gCaibidil seo, ní chruthaítear aon oibleagáid do na Páirtithe córas breithiúnach a chur i bhfeidhm chun cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú atá éagsúil leis an oibleagáid maidir le forfheidhmiú an dlí i gcoitinne, ná aon oibleagáid maidir le hacmhainní a dháileadh chun cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú agus an dlí i gcoitinne a fhorfheidhmiú.

ROINN 2

LEIGHEASANNA AGUS NÓSANNA IMEACHTA SIBHIALTA AGUS RIARACHÁIN

AIRTEAGAL 235

Beidh feidhm ag Airteagail 237, 239 agus 240 maidir le gníomhartha a dhéantar ar scála tráchtála, agus má cheadaítear sin faoina ndlí intíre, féadfaidh na Páirtithe na bearta dá bhforáiltear sna hAirteagail sin a chur i bhfeidhm i leith gníomhartha eile.

Iarratasóirí atá i dTeideal Cur i bhFeidhm a Éileamh

Aithneoidh gach Páirtí na daoine seo a leanas mar dhaoine atá i dteideal a éileamh go gcuirfí i bhfeidhm na bearta, na nósanna imeachta a thionscnamh agus iarratas a dhéanamh ar na leigheasanna dá dtagraítear sa Roinn seo agus i gCuid III de Chomhaontú TRIPS:

- (a) sealbhóirí ceart maoine intleachtúla i gcomhréir lena ndlí is infheidhme;
- (b) gach duine eile atá údaraithe chun na cearta sin a úsáid, go háirithe an ceadúnaí eisiach agus na ceadúnaithe eile, a mhéid a cheadaítear lena dhlí is infheidhme agus i gcomhréir leis an dlí sin;
- (c) comhlachtaí bainistíochta ceart comhchoiteann maoine intleachtúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear le forálacha a dhlí is infheidhme agus i gcomhréir leis; agus
- (d) comhlachtaí cosanta gairmiúla a n- aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear leis an dlí is infheidhme agus i gcomhréir leis an dlí sin.

Fianaise

Déanfaidh gach Páirtí cibé bearta is gá, i gcás sárú ar cheart maoine intleachtúla arna dhéanamh ar scála tráchtála, chun a chur ar chumas a údarás breithiúnach inniúil ordú a thabhairt don pháirtí freasúrach, i gcás inarb iomchuí agus ar iarratas ó pháirtí, doiciméid ábhartha baincéireachta, airgeadais nó tráchtála atá faoina rialú a chur in iúl, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

Bearta chun Fianaise a Chaomhnú

Forálfaidh gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, fiú roimh thosach feidhme na n-imeachtaí ar fhiúntais an cháis, ar iarratas ó dhuine a chuir i láthair dóthain fianaise atá ar fáil go réasúnach chun tacú lena mhaíomh go ndearnadh sárú ar a cheart maoine intleachtúla nó go bhfuil an ceart sin ar tí a shárú, a ordú go ndéanfar bearta sealadacha atá pras, éifeachtach agus comhréireach chun fianaise ábhartha a chaomhnú i leith an tsáraithe a líomhnaítear, faoi réir cosaint faisnéise faoi rún. Féadfar a áireamh leis na bearta sin, i measc rudaí eile, tuairisc mhionsonraithe a dhéanamh ar na hearraí sáraitheacha, agus samplaí á dtógáil nó gan iad á dtógáil, nó, má cheadaíonn an reachtaíocht intíre sin, iad a urghabháil go hiarbhír, agus, i gcásanna iomchuí, tuairisc mhionsonraithe a dhéanamh ar na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh chun na hearraí sin agus na doiciméid a bhaineann leo a tháirgeadh agus/nó a dháileadh. Glacfar na bearta sin, más gá, gan éisteacht a bheith ag an bpáirtí eile más gá sin, go háirithe i gcás inar dócha go ndéanfaidh aon mhoill dochar doleigheasta don sealbhóir cirt nó i gcás inar féidir a léiriú go bhfuil an baol ann go bhféadfaí fianaise a scriosadh.

Ceart chun Faisnéise

1. Forálfaidh gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, i gcomhthéacs imeachtaí a bhaineann le sárú ar cheart maoine intleachtúla agus mar fhreagairt ar iarraidh chuí-réasúnaithe chomhréireach ón éilitheoir, a ordú go soláthróidh an sáraitheoir agus/nó aon duine eile an fhaisnéis sin maidir le tionscnamh agus líonraí dáileacháin na n-earraí nó na seirbhísí lena sáraítear ceart maoine intleachtúla ar sáraitheoir nó duine eile iad:

- (a) a fuarthas agus na hearraí sáraitheacha ar seilbh aige ar scála tráchtála;
- (b) a fuarthas agus na seirbhísí sáraitheacha á n-úsáid aige ar scála tráchtála;
- (c) a fuarthas agus seirbhísí arna n-úsáid i ngníomhaíochtaí sáraitheacha á soláthar aige ar scála tráchtála; nó
- (d) ar chuir an duine dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a), (b) nó (c) in iúl go raibh sé páirteach i dtáirgeadh, monarú nó dáileadh na n-earraí nó i soláthar na seirbhísí atá i gceist.

2. Cuimseoidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, de réir mar is iomchuí:

- (a) ainmneacha agus seoltaí tháirgeoirí, mhonaróirí, dháileoirí, sholáthróirí agus shealbhóirí eile na n-earraí nó na seirbhísí roimhe sin, chomh maith leis na mórdhíoltóirí agus na miondhíoltóirí atá beartaithe;

- (b) faisnéis ar na cainníochtaí a táirgeadh, a monaraíodh, a seachadadh, a fuarthas nó a ordaíodh, chomh maith leis an bpraghas a fuarthas ar na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist.
3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 gan dochar do fhorálacha reachtacha eile:
- (a) lena ndeonaítear don sealbhóir cirt cearta chun faisnéis níos iomláine a fháil;
 - (b) lena rialaítear úsáid na faisnéise a cuireadh in iúl de bhun an Airteagail seo in imeachtaí sibhialta nó coiriúla;
 - (c) lena rialaítear an fhreagracht as mí-úsáid an chirt chun faisnéise;
 - (d) lena dtugtar an deis chun diúltú faisnéis a sholáthar lena gcuirfí iallach ar an duine dá dtagraítear i mír 1 a admháil go raibh sé féin nó garghaolta leis rannpháirteach i sárú ar cheart maoinne intleachtúla; nó
 - (e) lena rialaítear cosaint rúndacht foinsí faisnéise nó próiseáil sonraí pearsanta.

Bearta Sealadacha agus Réamhchúraim

1. I gcomhréir lena reachtaíocht intíre, forálfaidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don iarratasóir, urghaire idirbhreitheach, a eisiúint i gcoinne aon pháirtí, lena mbeartaítear cosc a chur ar aon sárú atáthar ar tí a dhéanamh ar cheart maoinne intleachtúla, nó a thoirmeasc, ar bhonn sealadach agus faoi réir, i gcás inarb iomchuí, íocaíocht pionóis athfhillteach sa chás ina ndéantar foráil maidir leis sin sa dlí intíre, go leanfar ag aghaidh leis na sáruithe líomhnaithe ar an gceart sin, nó leanúint ar aghaidh amhlaidh a chur faoi réir ráthaíochtaí a thaisceadh atá beartaithe lena áirithiú go ndéanfar an sealbhóir cirt a chúiteamh.
2. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin chun a ordú go ndéanfar earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoinne intleachtúla a urghabháil nó a tharraingt siar, chun cosc a chur ar a n-imeacht isteach chuig na bealaí tráchtála nó a ngluaiseacht iontu.

Beartha Ceartaitheacha

1. Glacfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun a fhoráil go bhféadfaidh a údaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, ar iarraidh ón iarratasóir agus gan dochar d'aon damáistí atá dlite don sealbhóir cirt mar gheall ar an sárú, agus gan cúiteamh d'aon sórt leis an sáraitheoir, go ndéanfaí earraí ar chinn siad go bhfuil sárú á dhéanamh acu ar cheart maoine intleachtúla a tharraingt siar, a bhaint siar go cinntitheach as na bealaí tráchtála nó a dhíothú. Más iomchuí, féadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, más iomchuí, go ndíothófar ábhair agus uirlisí a úsáidtear go príomha chun na hearraí sin a chruthú nó a mhonarú.
2. Ordóidh na húdaráis bhreithiúnacha gur ar chostas an tsáraitheora a dhéanfar na bearta dá dtagraítear i mír 1, mura ndéanfar cúiseanna ar leith a agairt gan é sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 242

Urghairí

Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 44.2 de Chomhaontú TRIPS, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, i gcás ina ndéanfar cinneadh breithiúnach gur sáraíodh ceart maoine intleachtúla, urghaire a eisiúint i gcoinne an tsáraitheora arb é is aidhm di a thoirmeasc go leanfar ar aghaidh leis an sárú. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí náisiúnta Páirtí, beidh neamhchomhlíonadh urghaire, i gcás inarb iomchuí, faoi réir íocaíocht phionósach athfhillteach, d'fhonn comhlíonadh a áirithiú⁷³.

AIRTEAGAL 243

Bearta Malartacha

Féadfaidh gach Páirtí a fhoráil, i gcomhréir lena reachtaíocht intíre, i gcásanna iomchuí agus ar iarraidh ón duine a d'fhéadfaí a chur faoi réir na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 241 agus/ nó Airteagal 242 go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú go n-íocfar cúiteamh airgid leis an bpáirtí díobhálaithe seachas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 241 agus/nó Airteagal 242 a chur i bhfeidhm más rud é gur ghníomhaigh an duine go neamhbheartaithe agus gan faillí, dá mba rud é go ndéanfadh forfheidhmiú na mbeart atá i gceist dochar doleigheasta don duine sin agus dá ndealródh sé go mbeadh cúiteamh airgid don pháirtí díobhálaithe réasúnta sásúil.

⁷³ Áiritheoidh na Páirtithe go bhféadfaidh feidhm a bheith ag na bearta dá dtagraítear sa mhír seo freisin ina gcoinne siúd ar úsáideadh a seirbhísí chun cearta maoine intleachtúla a shárú a mhéid a bhí baint acu leis an bpróiseas.

Damáistí

1. Forálfaidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis bhreithiúnacha an méid seo a leanas agus na damáistí á socrú acu:

- (a) gach gné iomchuí a chur san áireamh, amhail na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha, lena n-áirítear brabúis chaillte, a d'fhulaing an páirtí díobhálaíthe, aon bhrabúis éagóracha a rinne an duine a rinne an sárú agus, i gcásanna iomchuí, gnéithe seachas tosca eacnamaíocha, amhail an dochar morálta a rinneadh don sealbhóir cirt de bharr an tsáráithe; nó
- (b) mar mhalairt ar fhomhír (a), féadfaidh siad, i gcásanna iomchuí, na damáistí a shocrú mar chnapshuim ar bhonn gnéithe amhail ar a laghad méid na ríchíosanna nó na dtáillí a bheadh dlite dá mba rud é gur iarr an duine a rinne an sárú údarú chun leas a bhaint as an gceart maoinne intleachtúla a bhí i gceist.

2. I gcás nach go feasach, ná le forais réasúnacha aige a bheith feasach, a bhí an duine a rinne an sárú ag gabháil do ghníomhaíocht sháraitheach, féadfaidh na Páirtithe a fhoráil síos go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha a ordú go ndéanfar na brabúis a ghnóthú nó damáistí a íoc, ar damáistí iad a fhéadfar a réamhbhunú.

AIRTEAGAL 245

Costais Dlí

Áiritheoidh gach Páirtí, mar riail ghinearálta, gur ar an bpáirtí nár éirigh leis a thitfidh costais dlí réasúnacha, comhréireacha agus speansais eile nós imeachta, lena n-áirítear táillí abhcóidí a thabhoíd an páirtí ar éirigh leis, seachas ar chúiseanna cothromais nó ar chúiseanna eile i gcomhréir leis an reachtaíocht intíre.

AIRTEAGAL 246

Cinntí Breithiúnacha a Fhoilsiú

Glacfaidh gach Páirtí na bearta is gá lena áirithiú, in imeachtaí dlí arna dtionscnamh i leith sárú ar cheart maoinne intleachtúla, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don iarratasóir agus ar chostas an duine a rinne an sárú, bearta iomchuí a ordú chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh a scaipeadh, lena n-áirítear an cinneadh a chur ar taispeáint agus é a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach. Féadfaidh na Páirtithe foráil a dhéanamh maidir le bearta poiblíochta breise eile is iomchuí do na himthosca ar leith, lena n-áirítear fógraíocht fheiceálach.

AIRTEAGAL 247

Toimhde i dtaobh údarthacht nó úinéireacht

Chun críocha na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo a chur i bhfeidhm i ndáil le forfheidhmiú cóipchirt agus ceart gaolmhar:

- (a) i gcás údar saothair litríochta nó ealaíne, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt, gur leor ainm an té sin a bheith le feiceáil ar an saothar ar an ngnáthbhealach ionas go measfar gurb é an t-údar é agus dá dhroim sin go mbeidh sé i dteideal imeachtaí sáraithe a thionscnamh. Beidh an fhomhír seo infheidhme fiú más ainm bréige é an t-ainm sin, i gcás nach bhfágann an t-ainm bréige atá glactha ag an údar aon amhras faoina chéannacht nó faoina céannacht;
- (b) beidh feidhm ag fomhír (a) *mutatis mutandis* maidir le sealbhóirí ceart a bhaineann le cóipcheart i ndáil leis an ábhar dá gcuid atá faoi chosaint.

AIRTEAGAL 248

Nósanna Imeachta Riaracháin

A mhéid is féidir aon leigheas sibhialta a ordú de bharr imeachtaí riaracháin ar fhiúntais cháis, beidh na himeachtaí sin i gcomhréir le prionsabail atá coibhéiseach ó thaobh substainte de leis na prionsabail a leagtar amach sna forálacha ábhartha sa Roinn seo.

Bearta Teorann

1. Déanfaidh gach Páirtí, mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, nósanna imeachta⁷⁴ a ghlacadh chun a chur ar chumas sealbhóir cirt, a bhfuil forais bhailí amhrais aige go bhféadfar earraí a sháraíonn cóipcheart nó ceart trádhaire⁷⁵ a allmhairiú, a onnmhairiú, nó a bheith ar idirthuras, iarratas a thaisceadh i scríbhinn le húdaráis inniúla, le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht ag na húdaráis chustaim a chur ar fionraí nó le haghaidh coinneáil na n-earraí sin. Déanfaidh na Páirtithe meastóireacht ar chur i bhfeidhm na mbeart sin i gcás earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad tásc geografach.

⁷⁴ Tuigeann na Páirtithe nach mbeidh aon oibleagáid ann na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earraí a chuireann an sealbhóir cirt ar an margadh i dtír eile, nó a chuirtear ar an margadh i dtír eile le toiliú an tsealbhóra cirt.

⁷⁵ Chun críocha na forála seo, ciallaíonn ‘earraí a sháraíonn cóipcheart nó ceart trádhaire’:

(a) ‘earraí góchumtha’, eadhon:

- (i) earraí, lena n-áirítear pacáistiú, ar a bhfuil trádhaire atá comhionann leis an trádhaire atá cláraithe go cuí i ndáil leis an gcineál céanna earraí gan údarú, nó earraí nach féidir a bhunghnéithe a idirdhealú ó thrádhaire den sórt sin, agus a sháraíonn, dá bhrí sin, cearta shealbhóir an trádhaire;
- (ii) aon siombail trádhaire (lógó, lipéad, greamán, bróisiúr, teoracha úsáide nó doiciméad ráthaíochta), fiú má chuirtear i láthair ar leithligh iad, faoi na coinníollacha céanna leis na hearraí dá dtagraítear in (i) thuas;
- (iii) ábhair phacáistíochta a bhfuil trádhaireanna earraí góchumtha orthu, arna gcur i láthair ar leithligh, faoi na coinníollacha céanna leis na hearraí dá dtagraítear in (i) thuas;

(b) ‘earraí bradacha’, eadhon earraí ar cóipeanna iad nó a bhfuil cóipeanna iontu a dhéantar gan toiliú an tsealbhóra, nó gan toiliú duine arna údarú go cuí ag sealbhóir cóipchirt nó cirt ghaolmhair nó cirt dhearaidh sa tír inar táirgeadh é, is cuma cé acu atá sé cláraithe faoin dlí náisiúnta nó nach bhfuil.

2. Forálfaidh gach Páirtí, i gcás ina mbeidh forais leordhóthanacha ag na húdaráis chustaim, le linn a ngníomhaíochtaí, chun drochamhras a bheith orthu go sáraíonn earraí cóipcheart nó ceart trádmhaire, go bhféadfaidh na húdaráis sin scaoileadh na n-earraí a chur ar fionraí *ex officio* nó iad a choinneáil chun a chur ar chumas an tsealbhóra cirt, faoi réir dhlí náisiúnta gach Páirtí, gníomh breithiúnach nó riaracháin a chur isteach i gcomhréir le mír 1.

3. Aon cheart nó dualgas a bhunaítear i gCuid III, Roinn 4 de Chomhaontú TRIPS a bhaineann leis an allmhaireoir, beidh siad infheidhme freisin maidir leis an onnmhaireoir nó maidir le coinsíní na n-earraí.

ROINN 3

DLITEANAS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ IDIRMHEÁNACHA

AIRTEAGAL 250

Úsáid Seirbhísí Idirghabhálaithe

Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh tríú páirtithe seirbhísí idirghabhálaithe a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí sáraitheacha. Chun saorghluaiseacht seirbhísí faisnéise a áirithiú agus, ag an am céanna, chun cóipcheart agus cearta gaolmhara a fhorfheidhmiú sa timpeallacht dhigiteach, déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis na bearta a leagtar amach sa Roinn seo le haghaidh soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha i gcás nach mbeidh baint acu ar bhealach ar bith leis an bhfaisnéis a tharchuirtear.

Dliteanas Soláthraithe Seirbhísí Idirmheánacha: ‘Lomchainéal’

1. I gcás inarb é atá sa tseirbhís a sholáthraítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna sholáthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide, áiríteoidh gach Páirtí nach mbeidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas as an bhfaisnéis a tharchuirtear, ar choinníoll nach ndéanfaidh an soláthraí sin an méid seo a leanas:

- (a) an tarchur a thionscnamh;
- (b) glacadóir an tarchuir a roghnú; agus
- (c) an fhaisnéis atá sa tarchur a roghnú ná a mhodhnú.

2. Áirítear leis na gníomhartha tarchuir agus soláthair rochtana dá dtagraítear i mír 1 stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus neamhbhuan na faisnéise arna tarchur a mhéid a tharlaíonn sé seo chun críche aonair an tarchur a dhéanamh sa líonra cumarsáide, agus ar choinníoll nach stóráiltear an fhaisnéis ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá go réasúnach don tarchur.

3. Ní dhéanfaidh an Roinn seo difear don fhéidearthacht atá ag cúirt nó údarás riaracháin, i gcomhréir le córas dlí gach Páirtí, a cheangal ar an soláthraí seirbhíse sárú a fhoirceannadh nó a chosc.

AIRTEAGAL 252

Dliteanas Soláthraithe Seirbhísí Idirmheánacha: ‘Taisceadh’

1. I gcás inarb é atá sa tseirbhís a sholáthraítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna sholáthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide, áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas as stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus sealadach na faisnéise sin, nach ndéantar ach chun tarchur ar aghaidh na faisnéise chuig faighteoirí eile na seirbhíse arna sin iarraidh acu, a dhéanamh níos éifeachtúla, ar choinníoll go ndéanann nó nach ndéanann an soláthraí na nithe seo a leanas:

- (a) nach modhnaíonn sé an fhaisnéis;
- (b) go gcloíonn sé le coinníollacha maidir le rochtain na faisnéise;
- (c) go gcloíonn sé leis na rialacha maidir le nuashonrú na faisnéise, a shonraítear ar bhealach a aithnítear go forleathan agus a úsáideann an tionscal;

- (d) nach gcuireann sé isteach ar úsáid dhleathach na teicneolaíochta, a aithnítear go forleathan agus a úsáideann an tionscal, chun sonraí a fháil maidir le húsáid na faisnéise; agus
- (e) go ngníomhaíonn sé go pras chun an fhaisnéis atá stóráilte aige a bhaint nó a dhíchumasú tráth a fhaigheann sé eolas iarbhír gur baineadh an fhaisnéis ag foinse tosaigh an tarchuir den líonra, nó gur díchumasaíodh rochtain ar an bhfaisnéis sin, nó gur ordaigh cúirt nó údarás riaracháin an bhaint nó an díchumasú sin.

2. Ní dhéanfaidh an Roinn seo difear don fhéidearthacht atá ag cúirt nó údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí gach Páirtí, a cheangal ar an soláthraí seirbhíse sárú a fhoirceannadh nó a chosc.

AIRTEAGAL 253

Dliteanas Soláthraithe Seirbhísí Idirmheánacha: ‘óstáil’

1. I gcás inarb é atá sa tseirbhís a sholáthraítear stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, áiríteoidh gach Páirtí nach mbeidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas as an bhfaisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d’fhaighteoir na seirbhíse ar choinníoll maidir leis an soláthraí sin:
- (a) nach bhfuil eolas iarbhír ag an aige ar ghníomhaíocht nó faisnéis neamhdhleathach agus, a mhéid a bhaineann le héilimh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó cúinsí ónar léir an ghníomhaíocht nó an fhaisnéis neamhdhleathach; nó

- (b) go ngníomhóidh sé go gasta chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint anuas nó a dhíchumasú, tar éis an t-eolas nó an fheasacht sin a fháil.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 nuair a bheidh faighteoir na seirbhíse ag feidhmiú faoi údarás nó smacht an tsoláthraí.
3. Ní dhéanfaidh an Roinn seo difear don fhéidearthacht atá ag cúirt nó údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí gach Páirtí, a cheangal ar an soláthraí seirbhíse sárú a fhoirceannadh nó a chosc ná ní dhéanfaidh sé difear don fhéidearthacht atá ag Páirtí nósanna imeachta a bhunú lena rialaítear baint anuas nó díchumasú rochtana ar fhaisnéis.

AIRTEAGAL 254

Easpa Oibleagáide Ginearálta maidir le Monatóireacht a dhéanamh

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe seirbhíse, agus na seirbhísí a chumhdaítear le hAirteagail 251, 252 agus 253 á soláthar acu, faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuireann nó a stóráilann siad, ná oibleagáid ghinearálta fíorais nó imthosca a lorg go gníomhach a léiríonn gníomhaíochtaí neamhdhleathacha.

2. Féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí a bhunú do sholáthraithe seirbhísí na húdaráis phoiblí inniúla a chur ar an eolas go pras faoi ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha líomhnaithe arna ndéanamh nó faoi fhaisnéis arna soláthar ag faighteoirí a seirbhíse, nó faoi oibleagáidí faisnéis a chur in iúl do na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin dó na húdaráis inniúla, faisnéis lenar féidir faighteoirí a seirbhíse a bhfuil comhaontuithe stórála acu leo a shainaithint.

CAIBIDIL 5

AISTRIÚ TEICNEOLAÍOCHTA

AIRTEAGAL 255

1. Comhaontaíonn na Páirtithe taithí agus faisnéis a mhalartú maidir lena gcleachtais agus lena mbeartais intíre agus idirnáisiúnta a dhéanann difear d'aistriú teicneolaíochta⁷⁶. Áireofar ar mhalartú den sórt sin, go háirithe, bearta chun sreafaí faisnéise, comhpháirtíochtaí gnó, comhaontuithe ceadúnúcháin agus fochonraitheoireachta a éascú ar bhonn deonach. Tabharfar aird ar leith ar na dálaí is gá chun timpeallacht chumasúcháin leordhóthanach a chruthú chun caidreamh marthanach a chur chun cinn idir pobail eolaíochta na bPáirtithe, chun dlús a chur le gníomhaíochtaí chun nasc, nuálaíocht agus aistriú teicneolaíochta idir na Páirtithe a chur chun cinn, lena n-áirítear saincheisteanna amhail an creat dlíthiúil ábhartha agus forbairt an chaipitil dhaonna.

⁷⁶ Ar mhaithe le soiléireacht níos fearr, áirítear le haistriú teicneolaíochta rochtain ar theicneolaíocht agus úsáid na teicneolaíochta chomh maith leis an bpróiseas chun teicneolaíocht a ghiniúint.

2. Déanfaidh na Páirtithe taighde, nuálaíocht, gníomhaíochtaí forbartha teicneolaíche, aistriú agus scaipeadh teicneolaíochta eatarthu a éascú agus a spreagadh, atá dírithe ar, i measc nithe eile, fiontair, eintitis rialtais, ollscoileanna, lárionaid taighde agus teicneolaíochta. Déanfaidh na Páirtithe fothú acmhainneachta, malartú agus oiliúint pearsanra sa réimse sin a chur chun cinn a mhéid is féidir.

3. Spreagfaidh na Páirtithe sásraí le haghaidh rannpháirtíocht eintiteas agus saineolaithe a gcóras eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta faoi seach, i dtionscadail agus i líonraí comhpháirteacha taighde, forbartha agus nuálaíochta, d'fhonn a n-inniúlachtaí san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht a neartú. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na sásraí sin:

- (a) gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde, nuálaíochta agus forbartha teicneolaíche chomh maith le tionscadail oideachais;
- (b) cuairteanna agus malartuithe eolaithe, taighdeoirí, oiliúnaithe agus saineolaithe teicniúla;
- (c) seimineáir eolaíochta, comhdhálacha, siompóisiamáí agus ceardlanna a eagrú i gcomhpháirt, mar aon le rannpháirtíocht saineolaithe sna gníomhaíochtaí sin;
- (d) líonraí comhpháirteacha taighde, forbartha agus nuálaíochta;
- (e) malartú agus comhroinnt trealaimh agus ábhar;

(f) meastóireacht ar obair chomhpháirteach a chur chun cinn, agus torthaí a scaipeadh; agus

(g) aon ghníomhaíocht eile a chomhaontóidh na Páirtithe.

4. Ba cheart do na Páirtithe breithniú a dhéanamh ar shásraí a bhunú chun faisnéis a mhalartú faoi thionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta a mhaoinear le hacmhainní poiblí.

5. Déanfaidh Páirtí AE úsáid dreasachtaí a dheonaítear d'institiúidí agus d'fhiontair ina chríoch chun teicneolaíocht a aistriú chuig institiúidí agus fiontair ó na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí a éascú agus a chur chun cinn chun a chur ar a gcumas bonn teicneolaíoch inmharthana a bhunú.

6. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann dul isteach agus imeacht óna chríoch a éascú maidir le sonraí agus trealamh a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus forbartha teicneolaíche nó a úsáideann na Páirtithe sna gníomhaíochtaí sin faoi fhorálacha an Airteagail seo, de bhun na bhforálacha reachtacha agus rialála is infheidhme i gcríoch gach Páirtí, lena n-áirítear na córais maidir le rialú onnmhairiúcháin ar tháirgí dé-úsáide agus a reachtaíocht ghaolmhar.

CAIBIDIL 6

COMHAR

AIRTEAGAL 256

1. Comhaontóidh na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn tacú le cur chun feidhme na ngealltanais agus na n-oibleagáidí ar tugadh fúthu faoin Teideal seo.
2. Faoi réir fhorálacha Theideal XIII (Cúnamh Teicniúil agus Fothú Acmhainneachta Trádála), áirítear ar na réimsí comhair na gníomhaíochtaí seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - (a) malartú faisnéise faoin gcreat dlíthiúil a bhaineann le cearta maoinne intleachtúla agus rialacha ábhartha cosanta agus forfheidhmithe, chomh maith le malartú taithí idir Páirtí AE agus gach Tír Aindéach is sínitheoir maidir le dul chun cinn reachtach;
 - (b) taithí a mhalartú idir Páirtí AE agus gach Tír Aindéach is sínitheoir maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú;
 - (c) fothú acmhainneachta agus malartú agus oiliúint pearsanra;
 - (d) faisnéis a chur chun cinn agus a scaipeadh maidir le cearta maoinne intleachtúla i measc, inter alia, ciorcail ghnó agus na sochaí sibhialta, mar aon le feasacht phoiblí i leith tomhaltóirí agus sealbhóirí cirt;

- (e) feabhas a chur ar an gcomhar institiúideach, mar shampla idir na hoifigí maoine intleachtúla; agus
- (f) feasacht agus oideachas an phobail i gcoitinne a chur chun cinn go gníomhach i mbeartais maidir le cearta maoine intleachtúla.

AIRTEAGAL 257

An Fochoiste um Maoin Intleachtúil

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Fochoiste um Maoin Intleachtúil chun obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme fhorálacha an Teidil seo. Tiocfaidh an Fochoiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt. Féadfar na cruinnithe sin a chur i gcrích trí aon mhodh a chomhaontófar.
2. Glacfaidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil gach cinneadh de chomhthoil. Féadfaidh an Fochoiste a chuid rialacha nós imeachta a ghlacadh. Beidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 209 agus as a mholadh don Choiste um Thrádáil modhnú a dhéanamh ar Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XIII (Liostaí na dTásc Geografach) a mhéid a bhaineann le tásca geografacha.

TEIDEAL VIII

IOMAÍOCHT

AIRTEAGAL 258

Sainmhínte

1. Chun críocha an Teidil seo:

– ciallaíonn ‘dlíthe iomaíochta’:

- (a) le haghaidh Pháirtí AE, Airteagail 101, 102 agus 106 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, (Rialachán um Chumaisc CE), agus a rialacháin cur chun feidhme agus na leasuithe orthu;
- (b) i gcás na Colóime agus Pheiriú, an méid seo a leanas, de réir mar is iomchuí:
 - (i) dlíthe intíre a bhaineann le hiomaíocht arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 260, agus a rialacháin cur chun feidhme agus na leasuithe orthu; agus/nó

- (ii) Reachtaíocht Chomhphobail na nAindéas a bhfuil feidhm aici sa Cholóim nó i bPeiriú agus a rialacháin cur chun feidhme agus na leasuithe uirthi;

– ciallaíonn ‘údarás iomaíochta’ agus ‘údaráis iomaíochta’:

(a) le haghaidh Pháirtí AE, an Coimisiún Eorpach; agus,

(b) le haghaidh na Colóime agus Pheiriú, a n-údaráis iomaíochta náisiúnta faoi seach.

2. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear do na hinniúlachtaí a shannfaidh na Páirtithe dá n-údaráis réigiúnacha agus náisiúnta faoi seach chun a ndlíthe iomaíochta faoi seach a chur chun feidhme go héifeachtach agus go comhleanúnach.

AIRTEAGAL 259

Cuspóirí agus Prionsabail

1. Agus é á admháil acu a thábhachtaí atá an tsaoriomaíocht agus go bhféadfadh cleachtais fhrithiomaíocha oibriú cuí na margaí a shaobhadh, rud a dhéanfaidh difear d’fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta, éifeachtúlacht eacnamaíoch agus leas tomhaltóirí, agus a bhainfeadh an bonn de na tairbhí a eascraíonn as cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, cuirfidh na Páirtithe a mbeartais iomaíochta agus a ndlíthe faoi seach i bhfeidhm.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil na cleachtais seo a leanas ar neamhréir leis an gComhaontú seo a mhéid a d'fhéadfadh na cleachtais sin difear a dhéanamh do thrádáil agus d'infheistíocht idir na Páirtithe:

- (a) aon chomhaontú, cinneadh, moladh nó cleachtas comhbheartaithe, a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige an iomaíocht a bhac, a shrianadh nó a shaobhadh i gcomhréir lena ndlíthe iomaíochta faoi seach;
- (b) mí-úsáid ceannasachta i gcomhréir lena ndlíthe iomaíochta faoi seach; agus
- (c) comhchruinnithe cuideachtaí a chuireann bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach, go háirithe mar thoradh ar cheannasacht a chruthú nó a neartú i gcomhréir lena ndlíthe iomaíochta faoi seach.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar agus comhordú a n-údarás iomaíochta faoi seach chun beartas iomaíochta éifeachtach agus forfheidhmiú an dlí a chur chun cinn tuilleadh, lena n-áirítear fógraí faoi Airteagal 262, comhairliúcháin, malartú faisnéise, cúnamh teicniúil agus cur chun cinn na hiomaíochta.

4. Tacóidh na Páirtithe le bearta chun iomaíocht a neartú ina ndlínsí faoi seach agus cuirfidh siad chun cinn iad i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 260

Dlíthe, Údaráis agus Beartais Iomaíochta

1. Coinneoidh gach Páirtí dlíthe iomaíochta ar bun lena dtugtar aghaidh ar na cleachtais dá dtagraítear in Airteagal 259 mír 2, agus glacfaidh sé gníomhaíochtaí iomchuí maidir leis na cleachtais sin.
2. Déanfaidh gach Páirtí údaráis iomaíochta a bhunú nó a choinneáil ar bun a bheidh freagrach agus feistithe go hionchuí as forfheidhmiú éifeachtach a ndlíthe iomaíochta faoi seach.
3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé a ndlíthe iomaíochta faoi seach a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach, tráthúil agus neamh-idirdhealaitheach, agus prionsabal na próise cuí agus na cearta cosanta á n-urramú.
4. Coinneoidh gach Páirtí a uathriaíl ar bun chun a mbeartais iomaíochta faoi seach a bhunú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 261

Comhar agus Malartú Faisnéise

1. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall comhoibriú trína n-údaráis iomaíochta in ábhair a bhaineann le dlíthe iomaíochta a chur chun feidhme.
2. Féadfaidh údarás iomaíochta Páirtí comhar a iarraidh ar údarás iomaíochta Páirtí eile maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Ní chuirfidh an comhar sin cosc ar na Páirtithe lena mbaineann cinntí neamhspleácha a dhéanamh.
3. Féadfaidh na húdaráis iomaíochta faisnéis a mhalartú chun cur i bhfeidhm éifeachtach a ndlíthe iomaíochta féin a éascú.
4. Aon uair a mhalartaíonn údaráis iomaíochta faisnéis de bhun an Airteagail seo, cuirfidh siad san áireamh na srianta a fhorchuirtear lena reachtaíocht faoi seach.
5. Má mheasann Páirtí go bhfuil ag cleachtas frithiomaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 259 mír 2 a dhéantar laistigh de chríoch Páirtí eile éifeacht dhíobhálach laistigh de chríoch an dá Pháirtí nó ar chaidreamh trádála idir na Páirtithe sin, féadfaidh an Páirtí sin a iarraidh go dtionscnódh an Páirtí eile sin na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna mbunú faoina reachtaíocht.

6. Féadfaidh na húdaráis iomaíochta an comhar a neartú a thuilleadh trí mhodhanna nó trí ionstraimí iomchuí i gcomhréir lena leasanna agus lena n-acmhainneachtaí.

AIRTEAGAL 262

Fógra

1. Tabharfaidh údarás iomaíochta Páirtí fógra d'údarás iomaíochta Páirtí eile, lena gceadófar acmhainní riaracháin, i ndáil le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dlíthe iomaíochta a mheasann an t-údarás iomaíochta a thugann fógra, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna tábhachtacha⁷⁷ an Pháirtí eile sin.

2. Déanfar an fógra de bhun mhír 1 a luaithis is féidir, a mhéid nach sáraíonn sé sin dlí iomaíochta an Pháirtí atá ag déanamh an fhógra nó nach ndéanfaidh sé difear d'aon imscrúdú atá ar siúl.

AIRTEAGAL 263

Monaplachtaí Ainmnithe agus Fiontair Stáit

1. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar Pháirtí monaplachtaí poiblí nó príobháideacha agus fiontair stáit a bhunú nó a choinneáil ar bun de réir a reachtaíochta⁷⁸.

⁷⁷ Go háirithe, i gcás ina bhféadfadh an fógra rannchuidiú le cuspóirí gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an údarais iomaíochta ar tugadh fógra dó a bhaint amach.

⁷⁸ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigeann na Páirtithe go bhfuil 'monopolios rentísticos' arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 336 de Bhunreacht Polaitiúil na Colóime san áireamh i gcatagóir na monaplachtaí ainmnithe agus na bhfiontar stáit.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh fiontair stáit agus monaplachtaí ainmnithe faoi réir a dhlíthe iomaíochta a mhéid nach gcuirfidh cur i bhfeidhm na ndlíthe sin bac ar chomhlíonadh, i ndlí nó i bhfóras, na gcúraimí poiblí áirithe a shanntar dóibh.
3. Maidir le fiontair stáit agus monaplachtaí ainmnithe, ní dhéanfaidh aon Pháirtí aon bheart a ghlacadh ná a choinneáil ar bun atá contrártha d'fhorálacha an Teidil seo a shaobhann trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 264

Cúnamh Teicniúil

1. Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Teideal seo a bhaint amach, aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le cúnamh teicniúil agus cuirfidh siad tionscnaimh chun cinn d'fhonn cultúr iomaíochta a fhorbairt.
2. Díreofar tionscnaimh de bhun mhír 1, i measc nithe eile, ar neartú na n-acmhainneachtaí teicniúla agus institiúideacha maidir le beartas iomaíochta a chur chun feidhme agus dlíthe iomaíochta a fhorfheidhmiú, acmhainní daonna a oiliúint agus taithí a mhalartú.

AIRTEAGAL 265

Comhairliúcháin

1. Chun tuiscint a chothú idir na Páirtithe nó chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheist shonrach a thagann chun cinn faoin Teideal seo, glacfaidh Páirtí, arna iarraidh sin do Pháirtí eile, le comhairliúcháin a thionscnamh, gan dochar d'aon ghníomhaíocht a shaothrú i gcomhréir lena dhlíthe iomaíochta agus, san am céanna, a neamhspleáchas iomlán a choinneáil ar bun maidir leis an gcinneadh críochnaitheach ar na saincheisteanna atá faoi réir comhairliúchán.
2. An Páirtí a iarrfaidh comhairliúcháin de bhun mhír 1, cuirfidh sé in iúl conas a dhéanann an tsaincheist difear d'oibriú cuí margaí, chomh maith le tomhaltóirí agus trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe. Tabharfaidh an Páirtí iarrtha an aird is iomláine ar ábhair inní an Pháirtí iarrthaigh.

AIRTEAGAL 266

Réiteach Díospóidí

Ní fhéadfaidh aon Pháirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Theideal XII (Réiteach Díospóidí) maidir le haon saincheist a eascraíonn as an Teideal seo.

TEIDEAL IX

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 267

Comhthéacs agus Cuspóirí

1. Ag meabhrú dóibh Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus Forbairt agus Clár 21 a ghlac Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt an 14 Meitheamh 1992, Spriocanna Forbartha na Mílaoise a glacadh i Meán Fómhair 2000, Dearbhú Johannesburg maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus a Phlean Cur Chun Feidhme a glacadh an 4 Meán Fómhair 2002, agus an Dearbhú Aireachta maidir le Fostaíocht Iomlán, Táirgiúil agus Obair Chuibhiúil a Choinneáil a ghlac Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2006, athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas don fhorbairt inbhuanaithe, ar mhaithe le leas na nglún atá anois ann agus leas na nglún atá le teacht. Sa mhéid seo, comhaontaíonn na Páirtí go ndéanfaidh siad an trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a rannchuidíonn le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, agus oibriú chun an cuspóir sin a chomhtháthú agus a léiriú sa chaidreamh trádála atá eatarthu. Go háirithe, cuireann na Páirtithe i dtábhacht an tairbhe a bhaineann le saincheisteanna a bhaineann le saothar⁷⁹ agus saincheisteanna comhshaoil a bhaineann leis an trádáil a bhreithniú mar chuid de chur chuige domhanda maidir leis an trádáil agus maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

⁷⁹ Nuair a thagraítear don ‘saothar’ sa Teideal seo, áirítear ann na saincheisteanna a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

2. I bhfianaise mhír 1, is iad seo a leanas, i measc cuspóirí eile, cuspóirí an Teidil seo:
- (a) idirphlé agus comhar idir na Páirtithe a chur chun cinn d'fhonn cur chun feidhme fhorálacha an Teidil seo a éascú agus an caidreamh idir beartais agus cleachtais trádála agus saothair agus chomhshaoil a neartú;
 - (b) comhlíonadh reachtaíochta saothair agus comhshaoil gach Páirtí a neartú, chomh maith leis na gealltanais a eascraíonn as na coinbhinsiúin agus na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagail 269 agus 270, mar ghné thábhachtach chun rannchuidiú na trádála leis an bhforbairt inbhuanaithe a fheabhsú;
 - (c) ról an bheartais trádála agus trádála a neartú maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche agus na n-acmhainní nádúrtha a chur chun cinn, agus maidir le truailliú a laghdú i gcomhréir le cuspóir na forbartha inbhuanaithe;
 - (d) an tiomantas do phrionsabail agus do chearta saothair a neartú i gcomhréir le forálacha an Teidil seo, mar ghné thábhachtach chun rannchuidiú na trádála leis an bhforbairt inbhuanaithe a fheabhsú;
 - (e) rannpháirtíocht an phobail sna hábhair a chumhdaítear faoin Teideal seo a chur chun cinn.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu a ngealltanais faoin Teideal seo a chomhlíonadh agus a n-acmhainneachtaí féin, go háirithe acmhainní teicniúla agus airgeadais, á gcur san áireamh.
4. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil, i gcomhréir le prionsabal na bhfreagrachtaí coiteanna ach difreáilte.
5. Ní dhéanfar forálacha an Teidil seo a léirmhíniú ná a úsáid mar mhodh le haghaidh idirdhealú treallach ná idirdhealú dochosanta idir na Páirtithe ná mar shrianadh faoi cheilt ar thrádáil nó ar infheistíocht.

AIRTEAGAL 268

An Ceart chun Rialáil agus Leibhéil Chosanta

Ag aithint dóibh ceart ceannasach gach Páirtí a bheartais agus a thosaíochtaí intíre a bhunú maidir le forbairt inbhuanaithe, agus a leibhéil chosanta comhshaoil agus saothair féin, i gcomhréir leis na caighdeáin agus na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta agus dá dtagraítear in Airteagail 269 agus 270, agus a dhlíthe, a rialacháin agus a bheartais ábhartha a ghlacadh nó a mhodhnú dá réir sin; déanfaidh gach Páirtí a dhícheall a áirithiú go ndéanfar foráil ina dhlíthe agus beartais ábhartha do leibhéil arda chosanta comhshaoil agus saothair.

Caighdeán agus Comhaontuithe Iltaobhacha Saothair

1. Aithníonn na Páirtithe an trádáil idirnáisiúnta, fostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách mar phríomhghnéithe chun próiseas an domhandaithe a bhainistiú, agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanais forbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuirfidh le fostaíocht tháirgiúil agus le hobair chuibhiúil do chách.
2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle agus go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile de réir mar is iomchuí maidir le saincheistanna saothair comhleasa a bhaineann le trádáil.
3. Geallann gach Páirtí go ndéanfar croíchaighdeán saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta mar atá i gCoinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear an ‘EIS’ anseo feasta) a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach ina dhlíthe agus ina chleachtas agus ina chríoch iomlán:
 - (a) saoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach don cheart chun margála comhchoitinne;
 - (b) gach cineál saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíchur;
 - (c) saothar leanaí a dhíothú go héifeachtach; agus

(d) idirdhealú a dhíchur i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

4. Malartóidh na Páirtithe faisnéis i ndáil lena staid faoi seach agus i ndáil leis an dul chun cinn maidir le daingniú a dhéanamh ar phríomh-Choinbhinsiúin EIS mar aon le Coinbhinsiúin tosaíochta EIS agus coinbhinsiúin eile arna n-aicmiú ag EIS mar choinbhinsiúin atá cothrom le dáta.

5. Cuireann na Páirtithe i bhfios go láidir nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críocha cosantacha trádála agus ina theannta sin, nár cheart buntáiste comparáideach aon Pháirtí a cheistiú ar bhealach ar bith.

AIRTEAGAL 270

Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil

1. Aithníonn na Páirtithe an luach a ghabhann le rialachas agus comhaontuithe comhshaoil idirnáisiúnta mar fhreagairt ón bpobal idirnáisiúnta ar fhadhbanna comhshaoil domhanda nó réigiúnacha agus cuireann siad i dtábhacht an gá atá leis an tacaíocht fhrithpháirteach idir trádáil agus comhshaoil. Sa chomhthéacs seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile de réir mar is iomchuí maidir le saincheisteanna comhleasa comhshaoil a bhaineann le trádáil.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha seo a leanas a chur chun feidhme go héifeachtach ina ndlíthe agus ina gcleachtais: Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídionn an Ciseal Ózóin a glacadh an 16 Meán Fómhair 1987, Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt a glacadh an 22 Márta 1989, Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a glacadh an 22 Bealtaine 2001, an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol a síníodh an 3 Márta 1973 (dá ngairtear ‘CITES’ anseo feasta), CBD, Prótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht a ghabhann le CBD a glacadh an 29 Eanáir 2000, Prótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a glacadh an 11 Nollaig 1997 (dá ngairtear ‘Prótacal Kyoto’ anseo feasta) agus Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta a glacadh an 10 Meán Fómhair 1998⁸⁰.

3. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil a mholadh go ndéanfar cur i bhfeidhm mhír 2 a leathnú chuig comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile tar éis togra ón bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

4. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo teorainn le ceart Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme. Ní chuirfear na bearta i bhfeidhm ar modh arb éard a bheadh ann idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir na Páirtithe nó lena ndéanfaí srianadh faoi cheilt ar thrádáil.

⁸⁰ Chun críocha na míre seo, cuimseofar sna comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha dá dtagraítear na prótacail, na leasuithe, na hiarscríbhinní agus na coigeartuithe sin arna ndaingniú ag na Páirtithe.

Trádáil lena dTugtar Tús Áite don Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Dearbhaíonn na Páirtithe an athuair gur cheart don trádáil an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Aithníonn na Páirtithe freisin an ról tairbhiúil is féidir a bheith ag croíchaighdeáin saothair agus ag obair chuibhiúil ar éifeachtúlacht eacnamaíoch, nuálaíocht agus táirgiúlacht, chomh maith leis an luach a bhaineann le comhleanúnachas níos fearr idir beartais trádála, ar thaobh amháin, agus beartais saothair ar an taobh eile.
2. Féachfaidh na Páirtithe le trádáil agus infheistíocht dhíreach choigríche in earraí agus seirbhísí comhshaoil a éascú agus a chur chun cinn.
3. Comhaontaíonn na Páirtithe dea-chleachtais ghnó a bhaineann le freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn.
4. Aithníonn na Páirtithe gur féidir le sásraí solúbtha, deonacha agus dreasachtbhunaithe rannchuidiú le comhleanúnachas idir cleachtais trádála agus cuspóirí na forbartha inbhuanaithe. I ndáil leis sin, agus i gcomhréir lena dhlíthe agus lena bheartais faoi seach, spreagfaidh gach Páirtí forbairt agus úsáid sásraí den sórt sin.

Éagsúlacht Bhitheolaíoch

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus a comhpháirteanna uile mar phríomhghné chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Deimhníonn na Páirtithe go bhfuil siad tiomanta an bhitheagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir le CBD agus le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe iontu.
2. Leanfaidh na Páirtithe de bheith ag obair chun a spriocanna idirnáisiúnta a bhaint amach, is é sin córas cuimsitheach, a bhainistítear go héifeachtach agus a bheidh ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíochta de limistéir talún agus mhuirí faoi chosaint a bhunú agus a choinneáil ar bun faoi 2010 agus 2012, faoi seach, mar uirlisí bunúsacha chun an éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe. Aithníonn na Páirtithe freisin an tábhacht a bhaineann le limistéir faoi chosaint ar mhaithe le leas na bpobal atá lonnaithe sna limistéir sin agus ina gcriosanna maolánacha.
3. Féachfaidh na Páirtithe le forbairt cleachtas agus clár a chur chun cinn go comhpháirteach, arb é is aidhm dóibh torthaí eacnamaíocha iomchuí ó chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bhitheolaíche a chothú.

4. Aithníonn na Páirtithe a n-oibleagáid i gcomhréir le CBD, faoi réir a reachtaíochta intíre, eolas, nuálaíochtaí agus cleachtais na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil ina bhfuil stíleanna maireachtála traidisiúnta atá ábhartha do chaomhnú agus d'úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche a urramú, a chaomhnú agus a chothabháil, agus déanfaidh siad a gcur i bhfeidhm níos leithne a chur chun cinn atá coinníollach ar thoiliú feasach roimh ré ó shealbhóirí an eolais, na nuálaíochtaí agus na gcleachtas sin, agus spreagfaidh siad comhroinnt chothrom chóir na dtairbhí a eascraíonn as úsáid an eolais, na nuálaíochta agus na gcleachtas sin.

5. Ag meabhrú dóibh Airteagal 15 de CBD, aithníonn na Páirtithe cearta ceannasacha na Stát maidir lena n-acmhainní nádúrtha, agus gur faoi na rialtais náisiúnta atá an t-údarás rochtain ar acmhainní géiniteacha a chinneadh agus go bhfuil sé faoi réir a reachtaíochta intíre. Thairis sin, aithníonn na Páirtithe go bhféachfaidh siad le coinníollacha a chruthú chun rochtain ar acmhainní géiniteacha le haghaidh úsáidí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a éascú agus gan srianta a fhorchur atá bunoscionn le cuspóirí CBD, agus go mbeidh rochtain ar acmhainní géiniteacha faoi réir toiliú feasach a fháil roimh ré ó aon Pháirtí a chuireann acmhainní den sórt sin ar fáil, mura gcinnfidh an Páirtí sin a mhalairt. Déanfaidh na Páirtithe bearta iomchuí, i gcomhréir le CBD, agus é mar aidhm leo torthaí taighde agus forbartha agus na tairbhí a eascraíonn as úsáid tráchtála agus úsáid eile acmhainní géiniteacha a roinnt ar bhealach cóir agus cothromasach agus ar théarmaí a chomhaontófar go frithpháirteach leis an bPáirtí a chuireann acmhainní den sórt sin ar fáil.

6. Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall cumas na n-institiúidí náisiúnta atá freagrach as caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche a neartú agus a mhéadú, trí ionstraimí amhail cumais a neartú agus cúnamh teicniúil a thabhairt.

AIRTEAGAL 273

Trádáil i dtáirgí Foraoise

Chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní foraoise a chur chun cinn, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cleachtais a bheith ann lena bhfeabhsófar, i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na nósanna imeachta intíre, forfheidhmiú an dlí agus rialachas i dtaca le foraoisí agus lena gcuirtear chun cinn trádáil i dtáirgí foraoise dlíthiúla agus inbhuanaithe, lena bhféadfaí na cleachtais seo a leanas a áireamh:

- (a) cur chun feidhme agus úsáid éifeachtach CITES maidir le speicis adhmaid a fhéadfar a aithint mar speicis atá i mbaol, i gcomhréir le critéir an Choinbhinsiúin sin agus faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin sin;
- (b) córais agus sásraí a fhorbairt lena bhféadfar tionscnamh dlíthiúil táirgí adhmaid a fhíorú ar fud an tslabhra margaíochta;

- (c) sásraí deonacha le haghaidh deimhniú foraoise a aithnítear i margaí idirnáisiúnta a chur chun cinn;
- (d) trédhearcacht agus cur chun cinn rannpháirtíocht an phobail i mbainistiú acmhainní foraoise do tháirgeadh adhmaid; agus
- (e) sásraí rialaithe maidir le táirgeadh adhmaid a neartú, lena n-áirítear trí institiúidí maoirseachta neamhspleácha, i gcomhréir le creat dlíthiúil gach Páirtí.

AIRTEAGAL 274

Trádáil i dTáirgí Éisc

1. Aithníonn na Páirtithe gur gá acmhainní éisc a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach réasúnach agus freagrach, chun a n-inbhuanaitheacht a áirithiú.
2. Aithníonn na Páirtithe an gá atá le comhoibriú i gcomhthéacs Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh (dá ngairtear ‘ERBI’ anseo feasta), ar cuid díobh iad, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) acmhainn iascaireachta acmhainní iascaigh a athbhreithniú agus a choigeartú, lena n-áirítear iad siúd a ndéanann an ró-iascaireacht difear dóibh, chun a áirithiú go mbeidh na cleachtais iascaireachta i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil;

- (b) uirlisí éifeachtacha a ghlacadh chun faireachán agus rialú a dhéanamh, amhail scéimeanna breathnóirí, scéimeanna faireacháin soithí, rialú trasloingsithe agus rialú Stát an chalafoirt, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na bearta caomhnaithe is infheidhme;
- (c) gníomhaíochtaí a ghlacadh chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac; chuige sin, comhaontaíonn na Páirtithe a áirithiú go ndéanfaidh soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu gníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhréir le rialacha arna nglacadh laistigh de RFMO, agus smachtbhannaí a fhorchur ar shoithí faoina reachtaíocht náisiúnta, i gcás aon sárú ar na rialacha sin.

AIRTEAGAL 275

An tAthru Aeráide

1. Agus aird á tabhairt ar Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athru Aeráide (dá ngairtear 'UNFCCC anseo feasta) agus ar Phrótacal Kyoto, aithníonn na Páirtithe gur saincheist imní choiteann agus dhomhanda é an t-athru aeráide a éilíonn an comhar is leithne is féidir ó gach tír agus a rannpháirtíocht i bhfreagairt idirnáisiúnta éifeachtach agus iomchuí, ar mhaithe le glúine an chine dhaonna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

2. Tá rún daingean ag na Páirtithe feabhas a chur ar a n-iarrachtaí maidir leis an athrú aeráide, a bhfuil tíortha forbartha i gceannas orthu, lena n-áirítear trí bheartais intíre agus tionscnaimh idirnáisiúnta oiriúnacha a chur chun cinn chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dó, ar bhonn cothromais agus i gcomhréir lena bhfreagrachtaí coiteanna ach difreáilte agus lena gcumais faoi seach agus a ndálaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais, imthosca, agus ardleochaileacht na bPáirtithe sin ar tíortha i mbéal forbartha iad i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide.
3. Aithníonn na Páirtithe freisin gur féidir le héifeacht an athraithe aeráide difear a dhéanamh dá bhforbairt reatha agus dá fhorbairt bhreise, agus dá bhrí sin cuireann siad chun suntais a thábhachtaí atá sé iarrachtaí oiriúnaithe a mhéadú agus tacú leo, go háirithe sna Páirtithe sin ar tíortha i mbéal forbartha iad.
4. I bhfianaise an chuspóra dhomhanda maidir le haistriú tapa chuig geilleagair ísealcharbóin, cuirfidh na Páirtithe úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha chun cinn agus cuirfidh siad bearta trádála agus infheistíochta chun cinn lena ndéanfar rochtain, scaipeadh agus úsáid na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a chur chun cinn agus a éascú chun fuinneamh glan a tháirgeadh agus a úsáid, agus chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó.
5. Comhaontaíonn na Páirtithe breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun rannchuidiú le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide a bhaint amach trína mbeartais trádála agus infheistíochta, *inter alia* tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) éascú a dhéanamh ar dheireadh a chur le bacainní trádála agus infheistíochta ar rochtain, ar nuálaíocht, ar fhorbairt agus ar úsáid earraí, seirbhísí agus teicneolaíochtaí ar féidir leo rannchuidiú le maolú nó oiriúnú, agus imthosca na dtíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh;

- (b) bearta a chur chun cinn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a fhreagraíonn do riachtanais chomhshaoil agus eacnamaíocha agus a íoslaghdaíonn bacainní teicniúla ar thrádáil.

AIRTEAGAL 276

Oibrithe Imirceacha

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cóir chomhionann a chur chun cinn i leith dálaí oibre, d'fhonn deireadh a chur le haon idirdhealú ina leith sin a dhéantar ar aon oibrí, lena n-áirítear oibrithe imirceacha atá fostaithe go dleathach ar a gcríocha.

AIRTEAGAL 277

Seasamh leis na Leibhéil Chosanta

1. Ní spreagfaidh aon Pháirtí trádáil ná infheistíocht trí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlíthe comhshaoil agus saothair a laghdú. Dá réir sin, ní dhéanfaidh aon Pháirtí a dhlíthe comhshaoil agus saothair a tharscaoileadh ná a mhaolú ar shlí eile ar bhealach a laghdóidh an chosaint a thugtar sna dlíthe sin, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

2. Ní mhainneoidh Páirtí a dhlíthe comhshaoil agus saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, ar bhealach a dhéanfaidh difear do thrádáil nó d'infheistíocht idir na Páirtithe.
3. Aithníonn na Páirtithe ceart gach Páirtí chun lánrogha a fheidhmiú go réasúnach maidir le cinntí maidir le leithdháileadh acmhainní a bhaineann le himscrúdú, rialú agus forfheidhmiú rialachán agus caighdeán comhshaoil agus saothair intíre, gan an bonn a bhaint de chomhlíonadh na n-oibleagáidí arna ngabháil ar láimh faoin Teideal seo.
4. Ní fhorléireofar aon ní sa Teideal seo mar ní a thugann cumhacht tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí saothair agus comhshaoil i gcríoch Páirtí eile.

AIRTEAGAL 278

Faisnéis Eolaíoch

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé, agus bearta á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu arb é is aidhm dóibh sláinte agus sábháilteacht ag an obair nó an comhshaol a chosaint, agus a dhéanann difríocht don trádáil idir na Páirtithe a chosaint, faisnéis eolaíoch agus theicniúil, agus caighdeáin, treoirlínte nó moltaí idirnáisiúnta ábhartha a chur san áireamh, agus aithníonn siad ag an am céanna, i gcás ina mbeidh bagairtí ann go ndéanfar damáiste tromchúiseach nó do-aisiompaithe, nár cheart an easpa deimhneachta eolaíche iomláine a úsáid mar chúis le bearta cosanta a chur ar atráth⁸¹.

⁸¹ Léiríonn Peiriú an tAirteagal seo i gcomhthéacs Phrionsabal 15 de Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus Forbairt.

AIRTEAGAL 279

Athbhreithniú ar Thionchair Inbhuanaitheachta

Geallann gach Páirtí athbhreithniú, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo ar shaothar agus ar an gcomhshaol, de réir mar is iomchuí leis, trína phróisis intíre agus rannpháirteacha faoi seach.

AIRTEAGAL 280

An Sásra Institiúideach agus Faireacháin

1. Ainmneoidh gach Páirtí oifig laistigh dá riarachán a bheidh ina phointe teagmhála do na Páirtithe eile chun gnéithe den fhorbairt inbhuanaithe a bhaineann le trádáil a chur chun feidhme agus gach ábhar agus cumarsáid a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil leis an Teideal seo a threorú.
2. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe. Beidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe comhdhéanta d'ionadaithe ardleibhéil ó riaracháin gach Páirtí, atá freagrach as cúrsaí saothair, comhshaoil agus trádála.

3. D'ainneoin mhír 2, tiocfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe le chéile i seisiúin nach mbeidh ach Páirtí AE agus ceann de na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí rannpháirteach iontu nuair a bhaineann an t-ábhar go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach idir Páirtí AE agus an tír Aindéach is sínitheoir, lena n-áirítear na hábhair sin a dtugtar aghaidh orthu faoi chuimsiú na gComhairliúchán Rialtais dá bhforáiltear faoi Airteagal 283 agus an Grúpa Saineolaithe a bhunaítear faoi Airteagal 284.
4. Tiocfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe le chéile laistigh den chéad bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus ina dhiaidh sin de réir mar is gá, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Teidil seo, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair a dá dtagraítear in Airteagal 286, agus chun ábhair leasa choitinn a bhaineann leis an Teideal seo a phlé. Bunóidh an Fochoiste seo a rialacha nós imeachta féin agus glacfaidh sé cinntí de chomhthoil.
5. Beidh obair an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe bunaithe ar idirphlé, ar chomhar éifeachtach, ar ghealltanais agus tionscnaimh faoin Teideal seo a chur chun cinn agus ar réitigh chomhshásúla a lorg ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
6. Tá na feidhmeanna seo leanas ar fheidhmeanna an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe:
 - (a) an obair leantach ar an Teideal seo a dhéanamh agus gníomhaíochtaí a shainaitheint chun cuspóirí na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach;

- (b) moltaí a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil, nuair a mheasann sé gurb iomchuí sin, maidir leis an Teideal seo a chur chun feidhme go cuí agus an úsáid is fearr a bhaint as;
- (c) réimsí comhair a shainaithint agus cur chun feidhme éifeachtach an chomhair a fhíorú, gan dochar d’Airteagal 326;
- (d) measúnú a dhéanamh, nuair a mheasann sé gurb iomchuí sin, ar thionchar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo ar shaothar agus ar an gcomhshaol; agus
- (e) aon ábhar eile a réiteach faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Teidil seo, gan dochar do na sásraí a leagtar amach in Airteagail 283, 284 agus 285.

7. Cuirfidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe chun cinn trédhearcacht agus rannpháirtíocht an phobail ina chuid oibre. Dá réir sin, cuirfear ar fáil go poiblí cinntí an Fhochoiste sin, chomh maith le haon tuarascáil ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Teidil seo a fhéadfaidh sé a ullmhú, mura gcinnfidh an Fochoiste a mhalairt. Ina theannta sin, beidh an Fochoiste oscailte chun ionchur, barúlacha nó tuairimí ón bpobal a fháil agus a mheas maidir le hábhair a bhaineann leis an Teideal seo.

AIRTEAGAL 281

Sásraí Intíre

Rachaidh gach Páirtí i gcomhairle le coistí nó grúpaí intíre saothair agus comhshaoil nó forbartha inbhuanaithe, nó bunóidh sé coistí nó grúpaí den sórt sin nuair nach ann dóibh. Féadfaidh coistí nó grúpaí den sórt sin tuairimí a chur isteach agus moltaí a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an Teidil seo, lena n-áirítear ar a dtionscnamh féin, trí bhealaí inmheánacha faoi seach na bPáirtithe. Beidh na nósanna imeachta chun coistí nó grúpaí den sórt sin a bhunú agus chun dul i gcomhairle leo, a mbeidh ionadaíocht chothrom acu ar eagraíochtaí ionadaíocha sna réimsí a luaitear thuas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

AIRTEAGAL 282

Comhphlé leis an tSochaí Shibhialta

1. Faoi réir mhír 3 d’Airteagal 280, tionólfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe seisiún le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis an bpobal i gcoitinne uair sa bhliain, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, chun idirphlé a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Teidil seo. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an nós imeachta le haghaidh na seisiún sin leis an tsochaí shibhialta tráth nach déanaí ná bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Chun ionadaíocht chothrom ar leasanna ábhartha a chur chun cinn, tabharfaidh na Páirtithe an deis do na geallsealbhóirí uile sna réimsí a leagtar amach in Airteagal 281 páirt a ghlacadh sna seisiúin. Beidh achoimrí na seisiún sin ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 283

Comhairliúcháin Rialtais⁸²

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh le Páirtí eile maidir le haon ábhar leasa choitinn a eascróidh faoin Teideal seo ach iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig Pointe Teagmhála an Pháirtí sin. Tabharfaidh an Páirtí freagra go gasta.

2. Déanfaidh na Páirtithe comhairliúcháin gach iarracht teacht, trí idirphlé agus trí mheán comhairliúcháin, ar chomhréiteach sásúil ar an ábhar. I gcás inarb ábhartha, faoi réir chomhaontú an dá Pháirtí a rachaidh i gcomhairle leo, lorgóidh siad faisnéis nó tuairimí ó aon duine, eagraíocht nó comhlacht a d'fhéadfadh rannchuidiú le scrúdú a dhéanamh ar an ábhar atá i gceist, lena n-áirítear eagraíochtaí nó comhlachtaí idirnáisiúnta na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagail 269 agus 270.

⁸² Is iad na Páirtithe a bheidh rannpháirteach i gcomhairliúcháin rialtais dá bhforáiltear sa Teideal seo (dá ngairtear 'Páirtí comhairliúcháin' nó 'Páirtithe comhairliúcháin' anseo feasta) an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus Tír Aindéach amháin is sínitheoir ar an taobh eile. Ní fhéadfaidh Tír Aindéach is sínitheoir comhairliúcháin a iarraidh ar Tír Aindéach eile is sínitheoir.

3. Má mheasann Páirtí comhairliúcháin gur gá an t-ábhar a phlé a thuilleadh, féadfaidh an Páirtí sin a iarraidh go dtionólfai an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe chun an cheist a bhreithniú trí iarraidh i scríbhinn a chur chuig pointe teagmhála an Pháirtí comhairliúcháin eile. Tionólfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe go pras agus féachfaidh siad le comhaontú ar réiteach an ábhair. Mura gcinnfidh an Fochoiste a mhalairt, cuirfear a chonclúidí ar fáil go poiblí.

4. Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe tuarascálacha a fhoilsiú go tráthrialta ina ndéanfar cur síos ar thoradh na nósanna imeachta comhairliúcháin atá curtha i gcrích, agus nuair a mheasann sé gurb iomchuí sin, tuarascálacha faoi chomhairliúcháin leanúnacha.

AIRTEAGAL 284

Grúpa Saineolaithe

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe comhairliúcháin a mhalairt, féadfaidh Páirtí comhairliúcháin, tar éis 90 lá tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin a sheachadadh, a iarraidh go dtionólfai Grúpa Saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar nár tugadh aghaidh air go sásúil trí chomhairliúcháin rialtais faoi Airteagal 283.

2. Cinnfidh an Grúpa Saineolaithe a roghnófar de réir na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 an bhfuil a oibleagáidí faoin Teideal seo comhlíonta ag Páirtí.

3. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh na Páirtithe liosta de 15 dhuine ar a laghad faoi bhráid an Choiste um Thrádáil a bhfuil saineolas acu maidir leis na saincheisteanna a chumhdaítear leis an Teideal seo, agus ní bheidh cúigear díobh ar a laghad ina náisiúnaigh d'aon Pháirtí agus a bheidh ar fáil chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an nGrúpa Saineolaithe. Formhuineofar an liosta sin ag an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil. Beidh na saineolaithe neamhspleách ar aon cheann de na Páirtithe agus ní ghlacfaidh siad teoracha uathu.

4. Roghnóidh gach Páirtí i nós imeachta⁸³ saineolaí amháin ón liosta saineolaithe laistigh de 30 lá ón iarraidh ar Ghrúpa Saineolaithe a bhunú a fháil. Féadfaidh na Páirtithe sa nós imeachta a chomhaontú saineolaithe nach n-áirítear ar an liosta a cheapadh chun fónamh ar an nGrúpa Saineolaithe nuair a mheasann siad gur gá sin. Má mhainníonn Páirtí sa nós imeachta a shaineolaí a roghnú laistigh den tréimhse sin, roghnóidh an Páirtí eile sa nós imeachta as an liosta saineolaithe náisiúnach den Pháirtí nár roghnaigh saineolaí. Tiocfaidh an bheirt saineolaithe a roghnófar ar chomhaontú maidir leis an gcathaoirleach, agus ní bheidh an té sin ina náisiúnach de cheachtar Páirtí sa nós imeachta. I gcás easaontais, roghnófar an cathaoirleach trí chrannchur. Bunófar an Grúpa Saineolaithe laistigh de 40 lá tar éis an dáta a bhfaighfear an iarraidh ar é a bhunú.

⁸³ tuigfear gurb ionann 'Páirtí i nós imeachta' agus Páirtí comhairliúcháin a ghlacann páirt i nós imeachta os comhair Grúpa Saineolaithe.

5. Féadfaidh na Páirtithe sa nós imeachta aighneachtaí a chur faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe. Féadfaidh an Grúpa Saineolaithe aighneachtaí i scríbhinn nó aon fhaisnéis eile a iarraidh ar eagraíochtaí, ar institiúidí agus ar dhaoine a bhfuil faisnéis ábhartha nó eolas speisialaithe acu, lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn nó faisnéis ó na heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, nó aon fhaisnéis eile a fháil uathu, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinbhinsiúin agus na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 269 agus Airteagal 270.

6. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh na Páirtithe rialacha nós imeachta le haghaidh an Ghrúpa Saineolaithe faoi bhráid an Choiste um Thrádáil lena nglacadh ag a chéad chruinniú.

AIRTEAGAL 285

Tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe⁸⁴

1. Laistigh de 60 lá tar éis an saineolaí deireanach a roghnú, cuirfidh an Grúpa Saineolaithe tuarascáil tosaigh faoi bhráid na bPáirtithe sa nós imeachta ina mbeidh a réamhchonclúidí maidir leis an ábhar. Féadfaidh na Páirtithe sa nós imeachta barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid an Ghrúpa Phainéil maidir leis an tuarascáil tosaigh laistigh de 15 lá tar éis a chur i láthair. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na barúlacha i scríbhinn, féadfaidh an Grúpa Saineolaithe athmhachnamh a dhéanamh ar an tuarascáil tosaigh. Tabharfar aghaidh i dtuarascáil chríochnaitheach an Ghrúpa Saineolaithe ar aon argóint a chuirfidh na Páirtithe i láthair sa nós imeachta ina mbarúlacha i scríbhinn.

⁸⁴ Cuirfidh an Grúpa Saineolaithe san áireamh, agus a mholtaí á n-eisiúint aige, comhthéacs iltaobhach na n-oibleagáidí faoi chomhaontuithe agus faoi choinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagail 269 agus 270.

2. Cuirfidh an Grúpa Saineolaithe a thuarascáil chríochnaitheach, lena n-áirítear a mholtaí, faoi bhráid na bPáirtithe sa nós imeachta laistigh de 45 lá ón dáta a chuirfear an tuarascáil tosaigh i láthair de bhun mhír 1. Scaoilfidh na Páirtithe sa nós imeachta leagan neamhrúnda den tuarascáil chríochnaitheach chuig an bpobal laistigh de 15 lá tar éis a heisiúna.
3. Féadfaidh na Páirtithe sa nós imeachta a chomhaontú síneadh a chur leis na teorainneacha ama i míreanna 1 agus 2.
4. Cuirfidh an Páirtí sa nós imeachta lena mbaineann an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ar an eolas faoina bhfuil ar intinn aige maidir le moltaí an Ghrúpa Saineolaithe, lena n-áirítear plean gníomhaíochta a chur i láthair chun na moltaí a chur chun feidhme. Déanfaidh an Bord um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a chinnfidh an Páirtí.
5. Níl an oibleagáid sin faoi réir Theideal XII (Réiteach Díospóidí).

Comhar maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe

Agus cur chuige comhoibritheach an Teidil seo á chur san áireamh chomh maith le forálacha Theideal XIII (Cúnamh Teicniúil agus Forbairt Acmhainní Trádála), aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí comhair a rannchuidíonn le cur chun feidhme an Teidil seo agus le húsáid níos fearr a bhaint as agus, go háirithe, le feabhas a chur ar bheartais agus ar chleachtais a bhaineann le cosaint an tsaothair agus an chomhshaoil mar a leagtar amach ina fhorálacha. Ba cheart do ghníomhaíochtaí comhair den sórt sin gníomhaíochtaí i réimsí leasa fhrithpháirtigh a chumhdach, amhail:

- (a) gníomhaíochtaí a bhaineann le meastóireacht a dhéanamh ar thionchair an Chomhaontaithe seo ar an gcomhshaol agus ar shaothar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar fheabhas a chur ar mhodheolaíochtaí agus ar tháscairí meastóireachta den sórt sin;
- (b) gníomhaíochtaí a bhaineann le Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a imscrúdú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le trádáil;
- (c) staidéir a bhaineann le leibhéil agus caighdeáin chosaint an tsaothair agus an chomhshaoil agus sásraí chun faireachán a dhéanamh ar na leibhéil sin;
- (d) gníomhaíochtaí a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide agus lena mhaolú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí ó dhífhoraóisiú agus ó dhíghrádú foraoise a laghdú ('REDD');

- (e) gníomhaíochtaí a bhaineann le gnéithe de chóras idirnáisiúnta an athraithe aeráide atá ábhartha maidir le trádáil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trádála agus infheistíochta chun rannchuidiú le cuspóirí UNFCCC a bhaint amach;
- (f) gníomhaíochtaí a bhaineann le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche, mar a thugtar aghaidh orthu sa Teideal seo;
- (g) gníomhaíochtaí a bhaineann le tionscnamh dlíthiúil táirgí foraoise a chinneadh, le scéimeanna deonacha deimhniúcháin foraoiseachta agus le hinrianaitheacht táirgí foraoiseachta éagsúla;
- (h) gníomhaíochtaí chun dea-chleachtais a spreagadh maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí;
- (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le trádáil i dtáirgí iascaigh, mar a thugtar aghaidh orthu sa Teideal seo;
- (j) malartú faisnéise agus taithí a bhaineann le dea-chleachtais na freagrachta sóisialta corparáidí a chur chun cinn agus a chur chun feidhme; agus
- (k) gníomhaíochtaí a bhaineann le gnéithe de Chlár Oibre EIS um Obair Chuibhiúil a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear maidir leis na hidirnáise idir trádáil agus fostaíocht tháirgiúil, croíchaighdeáin saothair, cosaint shóisialta agus idirphlé sóisialta.

TEIDEAL X

TRÉDHEARCACHT AGUS NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AIRTEAGAL 287

Comhar agus trédhearcacht

Comhoibreoidh na Páirtithe i bhfóraim ábhartha dhéthaobhacha agus iltaobhacha d'fhonn trédhearcacht a mhéadú in ábhair a bhaineann le trádáil.

AIRTEAGAL 288

Foilseachán

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar a bhearta a mbeidh feidhm ghinearálta acu, lena n-áirítear dlíthe, rialacháin, cinntí breithiúnacha, nósanna imeachta agus rialuithe riaracháin a bhaineann le haon ábhar a chumhdaítear sa Chomhaontú seo, a fhoilsiú go pras nó a chur ar fáil ar shlí eile go héasca do dhaoine leasmhara ar bhealach a fhágfaidh go bhféadfaidh siad eolas a fháil orthu.

2. Tabharfaidh gach Páirtí, a mhéid is féidir, deiseanna do dhaoine leasmhara barúil a thabhairt maidir le haon dlí, rialachán, nós imeachta nó rialú riaracháin beartaithe a bhfuil feidhm ghinearálta aige agus a bhaineann le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus scrúdóidh sé na barúlacha sin, ar choinníoll go bhfuil siad ábhartha.

3. Measfar an fhaisnéis dá dtagraítear faoi mhír 1 den Airteagal seo a bheith curtha ar fáil ag Páirtí nuair a chuirtear an fhaisnéis ar fáil trí fhógra iomchuí do EDT nó nuair a chuirtear an fhaisnéis ar fáil ar shuíomh gréasáin oifigiúil, phoiblí de chuid an Pháirtí sin a bhfuil rochtain saor in aisce air.

AIRTEAGAL 289

Faisnéis Rúnda

Ní cheanglófar ar aon Pháirtí le haon ní sa Chomhaontú seo faisnéis rúnda a sholáthar a gcuirfeadh a nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí nó a bheadh contrártha do leas an phobail ar bhealach eile, nó a dhéanfadh dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar áirithe, idir phoiblí agus phríobháideach.

Malartú Faisnéise

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí eile, agus a mhéid is féidir ó thaobh an dlí de, cuirfidh Páirtí, trína Chomhordaitheoir Comhaontuithe, faisnéis ar fáil agus freagróidh sé go pras aon cheist a bhaineann le haon ábhar a d'fhéadfadh difear substaintiúil a dhéanamh don Chomhaontú seo.
2. Aon uair, de réir an Chomhaontaithe seo, a chuireann Páirtí faisnéis ar fáil do Pháirtí eile a d'ainmnigh sé mar fhaisnéis rúnda, déileálfaidh Páirtí den sórt sin leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda.
3. Arna iarraidh sin do Pháirtí, cuirfidh Comhordaitheoir Comhaontuithe an Pháirtí eile in iúl an oifig nó an t-oifigeach atá freagrach as aon ábhar a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus soláthróidh sé an tacaíocht is gá chun cumarsáid leis an bPáirtí iarrthach a éascú.

AIRTEAGAL 291

Nósanna Imeachta Riaracháin

Riarfaidh gach Páirtí gach beart a bhfuil feidhm ghinearálta acu dá dtagraítear in Airteagal 288, mír 1, ar bhealach comhsheasmhach, neamhchlaonta agus réasúnach. Chuige sin, agus na bearta sin á gcur i bhfeidhm maidir le daoine, earraí, seirbhísí nó bunaíochtaí faoi leith de chuid Páirtí i gcásanna sonracha, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

- (a) aon uair is féidir agus i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, fógra réasúnach a thabhairt do dhaoine a ndéanann imeacht difear díreach dóibh, nuair a dhéantar imeacht a thionscnamh, fógra lena n-áirítear tuairisc ar chineál an imeachta, ráiteas maidir leis an údarás dlíthiúil faoina dtionscnaítear an t-imeacht agus tuairisc ghinearálta ar aon saincheisteanna ar cúis conspóide iad;
- (b) a áirithiú go dtugtar deis réasúnach do na daoine leasmhara sin fíorais agus argóintí a chur i láthair mar thaca lena seasamh roimh aon ghníomh riaracháin críochnaitheach, nuair a cheadaíonn an t-am, cineál na n-imeachtaí agus an leas poiblí an méid sin; agus
- (c) a áirithiú go bhfuil a nósanna imeachta bunaithe ar a dhlí náisiúnta, agus i gcomhréir leis an dlí sin.

Athbhreithniú agus Achomharc

1. Bunóidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, garbhreithiúnacha nó riaracháin, nó coinneoidh sé ar bun iad, chun athbhreithniú pras a dhéanamh ar ghníomhartha riaracháin críochnaitheacha maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, agus, i gcás ina bhfuil údar leis, chun gníomhaíocht riaracháin chríochnaitheach a bhaineann le hábhair a bhaineann le trádáil a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a cheartú. Beidh binsí nó nósanna imeachta den sórt sin neamhspleách ar an oifig nó ar an údarás a bhfuil forfheidhmiú riaracháin de chúram orthu agus beidh na daoine a bheidh freagrach astu neamhchlaonta agus ní bheidh aon leas substaintiúil acu i dtoradh an ábhair.
2. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar, in aon bhinse nó nós imeachta den sórt sin, an ceart chun:
 - (a) deis réasúnach a bheith acu chun tacú lena seasaimh faoi seach nó iad a chosaint; agus
 - (b) cinneadh atá bunaithe ar fhianaise agus ar aighneachtaí taifid nó, i gcás ina gceanglófar faoina dhlí intíre é, an taifead arna thiomsú ag an údarás riaracháin.
3. Áiritheoidh gach Páirtí, faoi réir achomhairc nó athbhreithniú breise mar a fhoráiltear don mhéid sin ina dhlí, go gcuirfidh na hoifigí nó na húdaráis aon chinneadh den sórt sin chun feidhme agus go rialálfar leis cleachtas na hoifige nó an údaráis is inniúil maidir leis an ngníomhaíocht riaracháin atá i gceist.

Trédhearcacht maidir le Fóirdheontais

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, is éard is fóirdheontas a bhaineann le trádáil in earraí beart a thagann faoin sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 1.1 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus is beart sonrach é de réir bhrí Airteagal 2 den Chomhaontú sin.
2. Áiríteoidh gach Páirtí trédhearcacht i réimse na bhfóirdheontas a bhaineann le trádáil in earraí. Ag tosú 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, cuirfidh gach Páirtí tuarascáil faoi bhráid na bPáirtithe eile gach 2 bhliain maidir leis an mbunús dlí, an fhoirm, an méid nó an buiséad agus, i gcás inar féidir, faighteoir na bhfóirdheontas arna ndeonú ag a rialtas nó ag aon chomhlacht poiblí. Meastar gur cuireadh an tuarascáil sin ar fáil má chuireann an Páirtí lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha ar fáil nó má chuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fáil thar a gceann ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Agus faisnéis á malartú acu, cuirfidh na Páirtithe san áireamh ceanglais na rúndachta gairmiúla agus gnó.
3. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil athbhreithniú tréimhsiúil ar an dul chun cinn a dhéanfaidh gach Páirtí maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.
4. Tá forálacha an Airteagail seo gan dochar do chearta na bPáirtithe leigheasanna trádála a chur i bhfeidhm nó dul i muinín réiteach díospóidí nó birt iomchuí eile in aghaidh fóirdheontas arna ndeonú ag Páirtí eile i gcomhréir le forálacha ábhartha EDT.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin d'aon Pháirtí faoi ábhair a bhaineann le fóirdheontais a bhaineann le trádáil i seirbhísí agus an chéad mhalartú tuairimí maidir leis na saincheistanna sin a thionól bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

6. Níl an Airteagal seo faoi réir Theideal XII (Réiteach Díospóidí).

AIRTEAGAL 294

Rialacha Sonracha

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo gan dochar d'aon rialacha sonracha a bhunaítear i dTeidil eile den Chomhaontú seo.

TEIDEAL XI

EISCEACHTAÍ GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 295

Eisceacht Slándála

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:
 - (a) mar ní lena gceanglaítear ar aon Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar aon fhaisnéis a thabhairt, ar fhaisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó
 - (b) mar ní chun aon Pháirtí a chosc ar bheart a ghlacadh a mheasann sé a bhfuil gá leis chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:
 - (i) a bhaineann le soláthar rialtais nach féidir déanamh dá uireasa chun críocha slándála náisiúnta nó chun críocha cosanta náisiúnta;
 - (ii) ar leasanna iad a bhaineann le hábhair inscailte agus inchomhleáite nó leis na hábhair óna ndíorthaítear na hábhair sin;

- (iii) a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhar cogaidh a tháirgeadh, a sholáthar ag an rialtas nó a thrádáil iontu agus a bhaineann le trácht in earraí agus in ábhair eile agus le soláthar seirbhísí nó bunaíochta de réir mar a dhéantar go díreach nó go hindíreach chun soláthar a dhéanamh do bhunaíocht mhíleata;
 - (iv) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó
- (c) chun aon Pháirtí a chosc ó bheart is gá a ghlacadh de bhun oibleagáidí a ghlac sé chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun nó a athbhunú.
2. Cuirfear an Coiste um Thrádáil ar an eolas a mhéid is féidir faoi aon bheart arna dhéanamh ag Páirtí faoi fhomhíreanna 1(b) agus 1(c) agus faoina fhoirceannadh.

AIRTEAGAL 296

Cánachas

1. Ní bheidh feidhm ag an gComhaontú seo ach amháin maidir le bearta cánachais a mhéid is gá an cur i bhfeidhm sin chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an Chomhaontaithe seo.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí aon Pháirtí faoi aon choinbhinsiún cánach⁸⁵ idir Ballstát den Aontas Eorpach agus Tír Aindéach is sínitheoir. I gcás ina mbeidh aon neamhréir ann idir an Comhaontú seo agus aon choinbhinsiún cánach den sórt sin, beidh forlámhas ag an gcoinbhinsiún cánach sin a mhéid a bheidh neamhréir ann. I gcás coinbhinsiúin chánach idir Ballstát den Aontas Eorpach agus Tír Aindéach is sínitheoir, is ar na húdaráis inniúla faoin gcoinbhinsiún sin amháin a bheidh an fhreagracht a chinneadh an ann d'aon neamhréireacht idir an Comhaontú seo agus an coinbhinsiún sin.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a choisfidh ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

- (a) a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfar cánacha díreacha a fhorchur agus a bhailiú go héifeachtach agus go cothrom;
- (b) a dhéanann idirdhealú i gcur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha na reachtaíochta fiosaí intíre, lena n-áirítear iad siúd arb é is aidhm dóibh forchur agus bailiú dleachtanna a áirithiú, idir cáiníocóirí nach bhfuil sa staid chéanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcaipiteal infheistithe;
- (c) arb é is aidhm dó cosc a chur le seachaint nó imghabháil cánacha de bhun forálacha cánach coinbhinsiún chun cánachas dúbailte nó comhaontuithe cánach eile, nó reachtaíocht fhioscach intíre, a sheachaint; nó

⁸⁵ Chun críocha an airteagail seo, tuigfear gur coinbhinsiún chun cánachas dúbailte nó comhaontú nó socrú cánachais idirnáisiúnta eile a sheachaint é 'coinbhinsiún cánach'.

(d) nach bhfuil sé comhoiriúnach le haon oibleagáid NBF a bhunaítear faoin gComhaontú seo, ar choinníoll go dtagann an difríocht sa chóireáil ó choinbhinsiún cánach.

4. Déantar téarmaí nó coincheapa nach sainmhínítear sa Chomhaontú seo a chinneadh de réir sainmhínithe agus coincheapa cánach, nó sainmhínithe agus coincheapa coibhéiseacha nó comhchosúla, faoi dhlí náisiúnta an Pháirtí a dhéanann an beart.

AIRTEAGAL 297

Comhardú na nÍocaíochtaí

1. Má bhíonn deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais seachtracha nó deacrachtaí maidir le comhardú na n-íocaíochtaí ag Páirtí nó má bhíonn bagairt deacrachtaí den sórt sin ann, féadfaidh an Páirtí sin bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le trádáil in earraí, trádáil seirbhísí agus bunaíocht, lena n-áirítear maidir le híocaíochtaí nó aistrithe a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

2. Aon bheart sriantach a ghlacfar nó a choimeádtar ar bun de bhun mhír 1, beidh sé neamh-idirdhealaitheach agus beidh fad teoranta leis, ní rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun an staid maidir le comhardú na n-íocaíochtaí a leigheas, agus beidh sé i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear i gComhaontú EDT agus i gcomhréir le hAirteagail Chomhaontú an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme⁸⁶.

⁸⁶ Na coinníollacha a bhunaítear i gComhaontú EDT dá dtagraítear san Airteagal seo, measfar iad a bheith infheidhme, *mutatis mutandis*, maidir le bearta chomhardú na n-íocaíochtaí maidir le bunaíocht in earnálacha nach earnálacha seirbhísí iad.

3. Féachfaidh na Páirtithe le forchur na mbeart sriantach dá dtagraítear i mír 1 a sheachaint. I gcás ina ndéanfaidh Páirtí bearta den sórt sin a thabhairt isteach nó a mhodhnú, tabharfaidh an Páirtí sin fógra faoi na bearta sin go pras do na Páirtithe eile agus cuirfidh sé i láthair, a luaithé is féidir, sceideal ama chun iad a bhaint.

4. Déanfar comhairliúcháin a reáchtáil go pras laistigh den Choiste um Thrádáil. Leis na comhairliúcháin sin, déanfar measúnú ar staid chomhardú na n-íocaíochtaí ina bhfuil bearta sriantacha á nglacadh nó á gcoinneáil ar bun ag an bPáirtí faoin Airteagal seo, chomh maith leis na bearta féin, agus cuirfear san áireamh, *inter alia*, tosca amhail:

- (a) cineál agus méid na ndeacrachtaí maidir leis an gcomhardú ar íocaíochtaí agus maidir leis an staid airgeadais sheachtrach;
- (b) an timpeallacht sheachtrach eacnamaíoch agus trádála; agus
- (c) bearta ceartaitheacha malartacha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

Tabharfar aghaidh sna comhairliúcháin ar chomhlíonadh mhíreanna 2 agus 3 i gcás aon bheart sriantach. Glacfaidh na Páirtithe le gach toradh ar fhíorais staidrimh agus gach fíoras eile arna gcur i láthair ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a bhaineann le malairt eachtrach, cistí cúltaca agus comhardú íocaíochtaí, agus beidh a gconclúidí bunaithe ar mheasúnú an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ar chomhardú íocaíochtaí agus staid airgeadais sheachtrach an Pháirtí a mbeidh na bearta á dtabhairt isteach aige.

TEIDEAL XII

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

CAIBIDIL 1

CUSPÓIRÍ, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

AIRTEAGAL 298

Cuspóir

Is é cuspóir an Teidil seo aon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chosc agus a réiteach agus teacht ar réiteach comhshásúil, nuair is féidir, maidir le haon saincheist a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibriú an Chomhaontaithe. I gcás nárbh fhéidir teacht ar réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach, is é an chéad chuspóir a bheidh ag an Teideal seo go ginearálta a áirithiú go dtarraingeofar siar na bearta lena mbaineann má chinntear nach bhfuil na bearta sin ag teacht le forálacha an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 299

RAON FEIDHME

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le haon díospóid a bhaineann le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go háirithe nuair a mheasann ceann de na Páirtithe go bhfuil beart a rinne Páirtí eile, nó go bhféadfadh sé a bheith ar neamhréir lena oibleagáidí faoin gComhaontú seo.
2. Ní bheidh feidhm ag an Teideal seo maidir le díospóidí idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí.

AIRTEAGAL 300

Sainmhínithe

Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn ‘páirtí sa díospóid’ nó ‘páirtí i ndíospóid’ agus ‘páirtithe sa díospóid’ nó ‘páirtithe i ndíospóid’ Páirtí nó Páirtithe sa Chomhaontú seo atá ina pháirtí nó ina bpáirtithe i nós imeachta um réiteach díospóidí faoin Teideal seo.

CAIBIDIL 2

COMHAIRLIÚCHÁIN

AIRTEAGAL 301

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe le haon díospóid maidir le haon ábhar a bhunaítear faoi Airteagal 299 a réiteach trí dhul i mbun comhairliúcháin de mheon macánta arb é is aidhm dó sin teacht ar réiteach a chomhaontófaí go frithpháirteach.
2. Féadfaidh Páirtí féachaint le comhairliúcháin a thionscnamh trí iarraidh i scríbhinn chuig Páirtí eile, agus cóip a chur chuig an gCoiste um Thrádáil, lena saináithnítear aon bheart atá i gceist agus bunús dlí an ghearáin.
3. Tabharfaidh an Páirtí iarrtha freagra ar an iarraidh ar chomhairliúcháin, agus cuirfidh sé cóip de chuig an gCoiste um Thrádáil, laistigh de 10 lá tar éis dó an iarraidh sin a fháil. I gcásanna práinne, 5 lá a bheidh sa tréimhse ama sin.
4. Féadfaidh na páirtithe sa díospóid a chomhaontú gan dul i mbun comhairliúcháin de bhun an Airteagail seo agus dul ar aghaidh go díreach leis an nós imeachta maidir leis an bpainéal eadrána de bhun Airteagal 302. Tabharfar fógra i scríbhinn faoin gcinneadh sin don Choiste um Thrádáil tráth nach déanaí ná 5 lá roimh an iarraidh ar phainéal eadrána a bhunú.

5. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe comhairliúcháin a mhalairt, réachtálfar comhairliúcháin laistigh de 30 lá tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí iarrtha an iarraidh, agus réachtálfar iad i gcríoch an Pháirtí is iarrthóir. Ar chomhaontú ó na páirtithe sa díospóid, féadfar na comhairliúcháin a dhéanamh trí aon mhodh teicneolaíoch atá ar fáil. Beidh na comhairliúcháin agus an fhaisnéis go léir a nochtfar le linn na gcomhairliúchán faoi rún.
6. I gcásanna práinne, lena n-áirítear na cásanna sin a bhaineann le hearraí meatacha nó a bhaineann ar shlí eile le hearraí nó seirbhísí a chailleann a luach tráchtála go tapa, amhail earraí nó seirbhísí séasúracha áirithe, cuirfear tús leis na comhairliúcháin laistigh de 15 lá tar éis an dáta a bhfaighidh an Páirtí iarrtha an iarraidh agus measfar iad a bheith tugtha chun críche laistigh de na 15 lá sin.
7. Le linn comhairliúchán, seachadfaidh gach Páirtí comhairliúcháin faisnéis fhíorasach leordhóthanach chun go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbealach lena bhféadfadh an beart atá i bhfeidhm nó atá beartaithe difear a dhéanamh d'fheidhmiú agus do chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
8. Le linn comhairliúcháin faoin Airteagal seo, áiritheoidh gach Páirtí comhairliúcháin go mbeidh pearsanra a údarás rialtais inniúil rannpháirteach san eolas ábhartha ar an tsaincheist is ábhar do na comhairliúcháin.

9. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe comhairliúcháin a mhalairt, i gcás ina raibh díospóid faoi réir comhairliúchán laistigh d'fhochoiste a bhunaítear sa Chomhaontú seo, féadfar na comhairliúcháin sin a chur in ionad na gcomhairliúchán faoin Airteagal seo, ar choinníoll gur sainaithníodh an beart atá i gceist agus bunús dlí an ghearáin go cuí le linn na gcomhairliúchán sin. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe comhairliúcháin a mhalairt, measfar comhairliúcháin a thionóltar laistigh d'fhochoiste a bheith tugtha chun críche laistigh de 30 lá tar éis an dáta a bhfaighidh an Páirtí iarrtha an iarraidh ar chomhairliúcháin.

10. Laistigh de 5 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh ar chomhairliúcháin, féadfaidh Páirtí nach Páirtí comhairliúcháin é, agus a bhfuil leas aige san ábhar atá faoi réir comhairliúchán, a iarraidh i scríbhinn ar na Páirtithe comhairliúcháin, agus cóip a chur chuig an gCoiste um Thrádáil, faoina rannpháirtíocht sna comhairliúcháin. Ar choinníoll nach ndiúltóidh aon cheann de na Páirtithe comhairliúcháin an iarraidh sin, féadfaidh an Páirtí sin páirt a ghlacadh mar thríú páirtí i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta, a bhunaítear faoi Airteagal 315 (dá ngairtear 'Rialacha Nós Imeachta' anseo feasta).

CAIBIDIL 3

NÓSANNA IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDE

AIRTEAGAL 302

Imeachtaí Eadrána a Thionscnamh

1. Féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin a iarraidh go mbunófar binse eadrána más rud é:
 - (a) nach dtugann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh freagra ar an iarraidh ar chomhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagal 301, mír 3;
 - (b) nach ndéantar comhairliúcháin laistigh den tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 301 míreanna 5 nó 6, de réir mar a bheidh;
 - (c) gur mhainnigh na Páirtithe comhairliúcháin an díospóid a réiteach trí chomhairliúcháin; nó
 - (d) gur chomhaontaigh na páirtithe sa díospóid gan dul i mbun comhairliúcháin de réir Airteagal 301, mír 4.

2. Déanfar an iarraidh ar phainéal eadrána a bhunú i scríbhinn chuig an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, agus chuig an gCoiste um Thrádáil. Sonróidh Páirtí an ghearáin ina iarraidh cén beart sonrach atá i gceist, míneoidh sé conas atá an beart sin ina shárú ar fhorálacha an Chomhaontaithe seo ar bhealach a chuireann na forais dlí don ghearán i láthair go soiléir.
3. Ní fhéadfaidh Páirtí a iarraidh go mbunófar painéal eadrána chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheart atá beartaithe.
4. Laistigh de 10 lá tar éis an dáta a fhaightear an iarraidh ar phainéal eadrána a bhunú, féadfaidh Páirtí nach páirtí sa díospóid é agus a bhfuil leas substaintiúil aige ann a iarraidh i scríbhinn ar na páirtithe sa díospóid, agus cóip a dhéanamh den Choiste um Thrádáil, a rannpháirtíocht sa nós imeachta eadrána a iarraidh i scríbhinn. Féadfaidh an Páirtí sin páirt a ghlacadh mar thríú páirtí i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.

AIRTEAGAL 303

Bunú an Phainéil Eadrána

1. Triúr eadránaithe a bheidh ar Phainéal Eadrána.

2. Laistigh de 12 lá tar éis an iarraidh a fháil go mbunóidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh painéal eadrána, féadfaidh gach páirtí sa díospóid eadránaí a cheapadh ó na hiarrthóirí a mhol aon cheann de na Páirtithe don liosta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 304. Má mhainníonn aon cheann de na páirtithe sa díospóid a eadránaí a cheapadh, arna iarraidh sin don pháirtí eile sa díospóid, roghnóidh cathaoirleach an Choiste um Thrádáil nó a thoscaire an t-eadránaí trí chrannchur as measc na n-iarrthóirí a mhol an páirtí sin don díospóid le haghaidh liosta na n-eadránaithe.
3. Mura dtiocfaidh na páirtithe sa díospóid ar chomhaontú maidir le cathaoirleach an phainéil eadrána laistigh den tréimhse ama a bhunaítear i mír 2, agus arna iarraidh sin d'aon cheann de na páirtithe sa díospóid, déanfaidh Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil nó a thoscaire nó a thoscaire cathaoirleach an phainéil eadrána a roghnú trí chrannchur as measc na n-iarrthóirí a roghnófar chuige sin ar liosta na n-eadránaithe.
4. Roghnóidh Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil, nó a thoscaire, na headránaithe trí chrannchur ón liosta de bhun Airteagal 304 laistigh de 5 lá tar éis iarraidh arna cur isteach i gcomhréir le míreanna 2 nó 3, de réir mar a bheidh, a fháil.

5. D'ainneoin mhíreanna 2 go 4, féadfaidh na páirtithe sa díospóid daoine nach bhfuil ar liosta na n-eadránaithe ach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 304, mír 3 a roghnú mar eadránaithe, de chomhthoil agus laistigh de 10 lá tar éis an dáta a bhfaighidh siad an iarraidh ón bPáirtí a ndearnadh an gearán ina aghaidh.

6. Is é dáta bunaithe an phainéil eadrána an dáta a bheidh sé dearbhaithe ag na headránaithe go léir a ainmníodh gur ghlac siad an t-ainmniú i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.

AIRTEAGAL 304

Liosta Eadránaithe

1. Bunóidh an Coiste um Thrádáil ag a chéad chruinniú liosta de 25 dhuine aonair a bheidh toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe. Molfaidh gach Páirtí cúigear chun feidhmiú mar eadránaithe. Roghnóidh na Páirtithe freisin, trí chomhaontú frithpháirteach, deichniúr nach náisiúnaigh⁸⁷ d'aon cheann de na Páirtithe iad, agus a ghníomhóidh mar chathaoirleach ar an bpainéal eadrána.

2. Áiritheoidh an Coiste um Thrádáil go mbeidh an liosta a bhunaítear i gcomhréir le mír 1 iomlán i gcónaí. In aon chás, féadfar an liosta a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 303 fiú mura bhfuil sé iomlán.

⁸⁷ Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn 'náisiúnach' duine nádúrtha ag a bhfuil náisiúntacht Ballstáit den Aontas Eorpach nó Tíre Aindéi is sínitheoir nó ar buanchónaitheoir é i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dTír Aindéach is sínitheoir.

3. Beidh eolas nó taithí speisialaithe ag na headránaithe ar an dlí, ar thrádáil idirnáisiúnta, nó ar dhíospóidí a réiteach faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta. Beidh siad neamhspleách, neamhchlaonta, ní bheidh caidreamh díreach ná indíreach acu le haon cheann de na Páirtithe, agus ní bhfaighidh siad teoracha ó aon Pháirtí ná ó aon eagraíocht. Comhlíonfaidh na headránaithe an cód iompair a bhunaítear i gcomhréir leis an Teideal seo (dá ngairtear ‘Cód Iompair’ anseo feasta).

4. Bunóidh an Coiste um Thrádáil os a choinne sin liostaí breise de 12 dhuine a bhfuil taithí earnálach acu ar ábhair shonracha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Chuige sin, ainmneoidh gach Páirtí triúr chun feidhmiú mar eadránaithe. Roghnóidh na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, triúr iarrthóirí chun bheith mar chathaoirleach ar an bpainéal eadrána nach náisiúnaigh d’aon cheann de na Páirtithe iad. Féadfaidh gach páirtí sa díospóid a roghnú a eadránaí a ainmniú as measc na n-eadránaithe a mhol aon cheann de na Páirtithe le haghaidh liosta earnála. Agus Cathaoirleach an Choiste a bhunú ag dul i muinín an nós imeachta roghnúcháin a bhunaítear le hAirteagal 303, mír 3, féadfaidh an Cathaoirleach, nó a thoscaire, liosta earnála a úsáid arna aontú sin ag na páirtithe sa díospóid.

AIRTEAGAL 305

Agóid, Cur as Oifig agus Ionadú

1. Féadfaidh aon pháirtí sa díospóid agóid a dhéanamh in aghaidh eadránaí i gcásanna ina bhfuil amhras inchosanta maidir leis an gCód Iompair a bheith á chomhlíonadh aige nó aici. Glacfar an cinneadh maidir le hagóid a dhéanamh nó eadránaí a chur as oifig i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.
2. Mura bhfuil eadránaí in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí, má éiríonn sé as oifig, nó mura mór duine eile a chur ina ionad nó ina hionad, roghnófar a ionadaí de réir Airteagal 303.

AIRTEAGAL 306

Imeachtaí Eadrána a Chomhdhlúthú

I gcás ina n-iarrann níos mó ná Páirtí amháin go mbunófaí painéal eadrána i ndáil leis an mbeart céanna agus bunaithe ar na forais dlí chéanna, aon uair is féidir, bunófar painéal eadrána aonair chun scrúdú a dhéanamh ar na hiarrataí sin.

AIRTEAGAL 307

Rialú an Phainéil Eadrána

1. Tabharfaidh na painéil eadrána fógra faoina rialú do na páirtithe sa díospóid agus don Choiste a bhunú laistigh de 120 lá ó dháta a mbunaithe. I gcás ina measfaidh painéal eadrána nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, ní mór do chathaoirleach an phainéil eadrána fógra a thabhairt do na Páirtithe sa díospóid agus don Choiste um Thrádáil, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta a thabharfaidh an painéal fógra faoin rialú. Níor cheart, faoi dhálaí ar bith, fógra a thabhairt faoin rialú tráth nach déanaí ná 150 lá ó dháta bunaithe an phainéil eadrána.
2. I gcásanna práinne, lena n-áirítear na cásanna sin a bhaineann le hearraí meatacha nó a bhaineann ar shlí eile le hearraí nó seirbhísí a chailleann a luach tráchtála go tapa amhail earraí nó seirbhísí séasúracha áirithe, eiseoidh an painéal eadrána rialú i dtaobh an measann sé go bhfuil práinn leis an gcás laistigh de 10 lá tar éis a bhunaithe. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú laistigh de 60 lá ó dháta a bhunaithe, agus in imthosca nach déanaí ná 75 lá ón dáta sin.

AIRTEAGAL 308

Cur chun feidhme an Rialaithe Eadrána

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh gach beart is gá chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh gan mhoill.

2. Laistigh de thréimhse 30 lá ón dáta a fhaightear an rialú, tabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is déantóir gearáin maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na bearta sonracha a mheasann sé is gá chun an rialú a chomhlíonadh;
- (b) an tréimhse réasúnach chun déanamh amhlaidh; agus
- (c) tairiscint nithiúil ar chúiteamh sealadach go dtí go gcuirfear chun feidhme ina iomláine an beart sonrach a mheasann sé a bheith riachtanach chun an rialú a chomhlíonadh.

3. I gcás neamhréireachtaí idir na páirtithe sa díospóid maidir le hábhar an fhógra sin, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin a iarraidh ar an bpainéal eadrána a d'eisigh an rialú a shuí an bhfuil na bearta arna moladh de bhun fhomhír 2(a) comhsheasmhach leis an gComhaontú seo, má tá an tréimhse ama chun an rialú a chomhlíonadh réasúnta agus/nó an bhfuil an tairiscint ar chúiteamh díréireach go follasach. Eiseofar an rialú laistigh de 45 lá tar éis an iarraidh a thíolacadh.

4. I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, ná le haon duine dá chomhaltaí, teacht le chéile, beidh feidhm ag na himeachtaí a bhunaítear in Airteagal 303. 45 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa teorainn ama chun fógra a thabhairt faoin rialú.

5. Féadfar an tréimhse réasúnach dá dtagraítear i bhfomhír 2(b) a fhadú trí chomhaontú frithpháirteach na bpáirtithe sa díospóid.

AIRTEAGAL 309

Athbhreithniú ar aon Bheart arna Ghlacadh chun an Rialú ón bPainéal Eadrána a Chomhlíonadh

1. Tabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is déantóir gearáin agus don Choiste um Thrádáil faoi aon bheart a ghlacfar chun deireadh a chur le neamhchomhlíonadh a oibleagáidí faoin gComhaontú seo roimh dhul in éag na tréimhse réasúnta arna bunú de réir Airteagal 308, fomhír 2(b), agus mhíreanna 3 nó 5.
2. Mura bhfuil na bearta ar thug an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 cosúil leis na bearta ar thug an Páirtí sin fógra fúthu roimhe sin faoi Airteagal 308, fomhír 2(a), nó i gcás ina ndeachaigh an Páirtí is déantóir gearáin ar iontaoibh eadrána faoi Airteagal 308 mír 3 agus nach bhfuil na bearta sin a dtugtar fógra fúthu faoi mír 1 cosúil leis na bearta a chinn an painéal eadrána a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú seo, agus i gcás easaontas idir na páirtithe sa díospóid maidir leis na bearta ar tugadh fógra ina leith a bheith ann nó maidir lena gcomhoiriúnacht leis an gComhaontú, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin a iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Sainaithneofar san iarraidh sin na bearta sonracha atá i gceist agus míneofar inti a mhéid atá sé ar neamhréir leis an gComhaontú seo. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú laistigh de 30 lá ó dháta na hiarrata..
3. I gcás nach bhfuil an painéal eadrána bunaidh, ná aon duine dá chomhaltaí, ar fáil, beidh feidhm ag na nósanna imeachtaí a bhunaítear in Airteagal 303. Eiseofar an rialú laistigh de 30 lá ó dháta bunaithe an phainéil eadrána nua.

AIRTEAGAL 310

Leigheasanna Sealadacha i gcás Neamhchomhlíontachta

1. Mura dtabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra faoi aon bheart a ghlacadh chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh sula rachaidh an tréimhse réasúnta in éag, nó má chinneann an painéal eadrána de réir Airteagal 309 mír 2 go bhfuil beart ar tugadh fógra ina leith ar neamhréir leis an gComhaontú seo, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin:

- (a) a iarraidh ar an bPáirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh cúiteamh as neamhchomhlíonadh, leanúint den chúiteamh sealadach nó cúiteamh éagsúil, nó
- (b) fógra a thabhairt don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh agus don Choiste um Thrádáil go bhfuil sé ar intinn aige lamháltais de thoradh aon fhorála dá dtagraítear in Airteagal 299 a chur ar fionraí go leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis.

2. Más rud é, tar éis tréimhse 20 lá tar éis don tréimhse réasúnach dul in éag, nó tar éis chinneadh an phainéil eadrána go bhfuil an beart ar tugadh fógra ina leith faoi Airteagal 311 mír 2 ar neamhréir leis an gComhaontú seo, nach mbeidh na páirtithe sa díospóid in ann teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh faoi fhomhír 1(a), féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fógra a thabhairt don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh agus don Choiste um Thrádáil go bhfuil sé ar intinn aige sochair a chur ar fionraí faoi aon fhoráil dá dtagraítear in Airteagal 299 ar leibhéal is ionann agus an neamhniú nó an lagú arb é an sárú is cúis leis.

3. Mura gcuirfidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh an cúiteamh sealadach a bhunaítear faoi Airteagal 308 chun feidhme laistigh de thréimhse réasúnta ama⁸⁸, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fógra a thabhairt don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh agus don Choiste um Thrádáil go bhfuil sé ar intinn aige sochair a chur ar fionraí faoi aon fhoráil dá dtagraítear in Airteagal 299 ar leibhéal atá coibhéiseach leis an gcúiteamh sealadach go dtí go gcuirfear an cúiteamh sealadach chun feidhme nó go dtí go nglacfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh beart comhlíontachta, cibé acu is tuisce a tharlóidh.

4. Nuair a thabharfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fógra go bhfuil sé ar intinn aige sochair a chur ar fionraí faoi mhíreanna 2 nó 3, féadfaidh an Páirtí sin fionraí sochar a chur i bhfeidhm 10 lá tar éis an fhógra, mura rud é go n-iarrann an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh eadráin faoi mhír 5.

5. Má mheasann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh nach bhfuil an leibhéal fionraíochta ar tugadh fógra faoi coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, féadfaidh sé a iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Tabharfaidh fógra faoin iarraidh sin don Pháirtí is déantóir gearáin agus tabharfar cóip di don Choiste um Thrádáil sula rachaidh an tréimhse 10 lá dá dtagraítear i mír 4 in éag. Tabharfaidh an painéal eadrána bunaidh fógra faoina rialú maidir le leibhéal fionraí na sochar do na páirtithe sa díospóid agus don Choiste um Thrádáil laistigh de 30 lá ón dáta a fuair an painéal eadrána sin an iarraidh. Ní chuirfear na tairbhí ar fionraí go dtí go mbeidh fógra tugtha ag an bpainéal eadrána bunaidh faoi do na páirtithe sa díospóid agus comhlíonfaidh aon fhionraí an rialú sin.

⁸⁸ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní mheasfar nár chuir an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh an cúiteamh sealadach chun feidhme laistigh de thréimhse réasúnta ama ach amháin i gcás nach dtionscnaíonn an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a nós imeachta inmheánach atá fabhrach do chur chun feidhme an chúitimh laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó i gcás ina mbeidh cinneadh atá contrártha do chur chun feidhme an chúitimh shealadaigh mar thoradh ar na nósanna imeachta inmheánacha sin.

6. I gcás nach bhfuil an painéal eadrána bunaidh, ná aon duine dá chomhaltaí, ar fáil, beidh feidhm ag na nósanna imeachtaí a bhunaítear in Airteagal 303. Eiseofar an rialú laistigh de 45 lá ó dháta bunaithe an phainéil eadrána nua.

7. Beidh cúiteamh nó fionraí sochar faoin Airteagal seo sealadach agus ní tharscaoilfidh sé oibleagáid an Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh maidir lena oibleagáid an rialú a chomhlíonadh. Ní bheidh feidhm ag na leigheasanna sin ach go dtí go ndéanfar aon bheart a dhearbhaítear a bheith ar neamhréir leis an gComhaontú seo a tharraingt siar nó a mhodhnú chun forálacha an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh, nó go dtí go dtiocfaidh na páirtithe sa díospóid ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach.

AIRTEAGAL 311

Athbhreithniú ar aon Bheart a Glactar tar éis Sochair a Fhionraí nó Cúiteamh as neamhchomhlíonadh

1. Féadfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fhógra a thabhairt tráth ar bith don Pháirtí is déantóir gearáin agus don Choiste um Thrádáil faoi aon bheart atá glactha aige chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh agus faoina iarraidh ar an bPáirtí is déantóir gearáin deireadh a chur le fionraí sochar, nó an rún atá aige cur i bhfeidhm cúitimh as neamhchomhlíonadh a fhoirceannadh, de réir mar a bheidh. Ach amháin sa chás dá bhforáiltear i mír 2, tiocfaidh deireadh le fionraí na sochar 30 lá tar éis an fhógra sin.

2. Mura féidir leis na páirtithe sa díospóid teacht ar chomhaontú maidir le comhoiriúnacht an bhirt ar tugadh fógra ina leith le forálacha an Chomhaontaithe seo laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra dá bhforáiltear faoi mhír 1, féadfaidh aon cheann de na páirtithe sin iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil eadrána bhunaidh chun rialú ar an ábhar. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh agus don Choiste um Thrádáil an tráth céanna. Tabharfar fógra faoina rialú eadrána do na páirtithe sa díospóid agus don Choiste um Thrádáil laistigh de 45 lá ó dháta na hiarrata sin. Má chinneann an painéal eadrána go bhfuil an beart comhlíontachta comhoiriúnach le forálacha an Chomhaontaithe seo, déanfar fionraí na sochar a fhoirceannadh.
3. I gcás nach bhfuil an painéal eadrána bunaidh, ná aon duine dá chomhaltaí, ar fáil, beidh feidhm ag na nósanna imeachtaí a bhunaítear in Airteagal 303. Tabharfar fógra faoin rialú laistigh de 45 lá ó dháta bunaithe painéil eadrána nua.
4. Más rud é, tar éis na tréimhse 30 lá dá dtagraítear i mír 2, nár iarr aon cheann de na páirtithe sa díospóid ar an bpainéal eadrána bunaidh cinneadh a dhéanamh maidir le comhsheasmhacht an bhirt ar tugadh fógra ina leith faoi mhír 1, agus nár chomhlíon an Páirtí is déantóir gearáin a oibleagáid maidir le fionraí sochar a fhoirceannadh, féadfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh sochair a chur ar fionraí ar leibhéal atá coibhéiseach leis an leibhéal a chuireann an Páirtí is déantóir gearáin i bhfeidhm, fad a leanfaidh an Páirtí sin de shochair a chur ar fionraí.

AIRTEAGAL 312

Iarraidh ar Shoiléiriú maidir le Rialú

1. Laistigh de 10 lá tar éis an fhógra faoin rialú, féadfaidh páirtí sa díospóid iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil eadrána, agus cóip de chuig an bpáirtí eile sa díospóid agus chuig an gCoiste um Thrádáil, ar shoiléiriú gnéithe sonracha áirithe d'aon chinneadh nó moladh sa rialú a mheasann an páirtí sin a bheith débhríoch, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le comhlíonadh. Féadfaidh an páirtí eile sa díospóid barúlacha maidir leis an iarraidh sin a chur faoi bhráid an phainéil eadrána, agus cóip de a chur faoi bhráid an Pháirtí a chuir an iarraidh bhunaidh ar shoiléiriú isteach. Tabharfaidh an painéal eadrána freagra ar an iarraidh sin laistigh de 10 lá tar éis dó í a fháil.
2. Ní dhéanfaidh cur isteach iarrata faoi mhír 1 difear do na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 308.

AIRTEAGAL 313

Imeachtaí Eadrána a chur ar Fionraí agus a Fhoirceannadh

1. Féadfaidh na páirtithe sa díospóid a chomhaontú, tráth ar bith, obair an phainéil eadrána a chur ar fionraí le linn tréimhse nach faide ná 12 mhí ó dháta an chomhaontaithe sin. Tabharfaidh na páirtithe sa díospóid fógra i scríbhinn do chathaoirleach an phainéil eadrána faoi chomhaontú den sórt sin, agus cuirfidh siad cóip de chuig an gCoiste um Thrádáil. I gcás fionraí den sórt sin, cuirfear síneadh ama leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 307 ar lena linn a cuireadh an obair ar fionraí.

2. In aon chás, má cuireadh obair an phainéil eadrána ar fionraí le breis agus 12 mhí, rachaidh údarás an phainéil eadrána i léig, mura gcomhaontóidh na páirtithe sa díospóid a mhalairt. Má théann údarás an phainéil eadrána i léig, ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo cosc ar Pháirtí imeacht eadrána eile a thionscnamh maidir leis an ábhar céanna.

3. Féadfaidh na páirtithe i ndíospóid a chomhaontú imeachtaí eadrána a fhoirceannadh tráth ar bith, trí fhógra comhpháirteach i scríbhinn chuig cathaoirleach an phainéil eadrána, agus cóip a thabhairt don Choiste Trádála.

CAIBIDIL 4

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 314

Réiteach arna Chomhaontú go Frithpháirteach

Féadfaidh na Páirtithe sa díospóid teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach ar dhíospóid faoin gCaibidil seo tráth ar bith. Tabharfaidh na páirtithe sa díospóid fógra go comhpháirteach don Choiste um Thrádáil faoi aon réiteach den sórt sin. Ar fhógra a thabhairt maidir leis an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, déanfar an nós imeachta a fhoirceannadh.

AIRTEAGAL 315

Rialacha Nós Imeachta agus Cód Iompair

1. Beidh nósanna imeachta um réiteach díospóide faoin Teideal seo faoi rialú ag na Rialacha Nós Imeachta arna nglacadh ag an gCoiste um Thrádáil ag a chéad chruinniú tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ag an gcruinniú sin, glacfaidh an Coiste um Thrádáil Cód Iompair le haghaidh eadránaithe freisin.
2. Beidh aon éisteacht a thabharfar don phainéal eadrána oscailte don phobal de réir na Rialacha Nós Imeachta, mura gcomhaontóidh na páirtithe sa díospóid a mhalairt.

AIRTEAGAL 316

Eolas agus Comhairle Theicniúil

1. Arna iarraidh sin do pháirtí sa díospóid nó ex officio, féadfaidh an painéal eadrána aon fhaisnéis a mheasann sé a bheith iomchuí a fháil ó aon fhoinse, lena n-áirítear na páirtithe sa díospóid. Tá sé de cheart ag an bpainéal eadrána freisin tuairimí ábhartha a lorg ó shaineolaithe de réir mar a mheasann sé a bheith iomchuí. Déanfar aon fhaisnéis a gheofar ar an mbealach sin a sheachadadh do gach páirtí sa díospóid le haghaidh a mbarúlacha.

2. Féadfaidh an painéal eadrána a cheadú freisin do dhaoine neamhrialtasacha leasmhara atá bunaithe i gcríoch páirtí sa díospóid, coimrí *amicus curiae* a chur ar fáil i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta.

AIRTEAGAL 317

Rialacha Léirmhínithe

Déanfaidh aon phainéal eadrána na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 299 a léirmhíniú i gcomhréir leis na gnáthrialacha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta a áirítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, arna dhéanamh i Vín an 23 Bealtaine 1969. Ní fhéadfaidh rialuithe ón bpainéal eadrána na cearta agus na hoibleagáidí atá sna forálacha dá dtagraítear in Airteagal 299 a mhéadú nó a laghdú.

AIRTEAGAL 318

Cinntí agus Rialuithe ón bPainéal Eadrána

1. Déanfaidh an painéal eadrána iarracht aon chinneadh a ghlacadh de chomhthoil. Mar sin féin, i gcás nach féidir teacht ar chinneadh de chomhthoil, is trí vóta tromlaigh a dhéanfar cinneadh faoin ábhar i dtrácht. Ní fhoilseofar in aon chás na tuairimí easaontacha ó eadránaithe, áfach.

2. Beidh aon rialú ón bPainéal ceangailteach ar na Páirtithe sa díospóid agus ní chruthófar leis aon cheart ná oibleagáid do dhaoine nádúrtha ná dlítheanacha. Bunófar leis an rialú cinntí fíorasacha, infheidhmeacht fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo, cinntí maidir le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an Páirtí lena mbaineann a oibleagáidí astu, agus an réasúnaíocht bhunúsach is bonn lena chinntí agus lena chonclúidí.
3. Féadfaidh an painéal eadrána, arna iarraidh sin d'aon pháirtí sa díospóid, moltaí a eisiúint maidir le cur chun feidhme an rialaithe.
4. Beidh rialuithe ón bpainéal eadrána poiblí, mura gcomhaontóidh na páirtithe sa díospóid a mhalairt.

AIRTEAGAL 319

Caidreamh le Cearta na hEagraíochta Domhanda Trádála agus le Rogha an Fhóiraim

1. Tá na forálacha atá sa Teideal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí na bPáirtithe de bhun Chomhaontú EDT, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun díospóidí a réiteach.

2. Féadfar na díospóidí a bhaineann leis an mbeart céanna a eascraíonn as an gComhaontú seo agus de bhua Chomhaontú EDT a shocrú faoin Teideal seo nó faoi CRD de rogha an Pháirtí is déantóir gearáin. Mar sin féin, i gcás ina n-iarrfaidh Páirtí go mbunófaí painéal faoi Airteagal 6 de CRD nó painéal eadrána de bhun Airteagal 303, ní fhéadfaidh an Páirtí sin imeacht eile a thionscnamh maidir leis an ábhar céanna san fhóram eile, ach amháin i gcás nach mbeidh cinneadh déanta ag an gcomhlacht inniúil san fhóram a roghnaíodh maidir le substaint an ábhair ar chúiseanna nós imeachta nó dlísiúla.
3. Tuigeann na Páirtithe go mbaineann dhá dhíospóid nó níos mó leis an ábhar céanna nuair a bhaineann siad leis na páirtithe céanna sa díospóid, nuair a thagraíonn siad don bheart céanna agus nuair a phléann siad leis an sárú substainteach céanna.
4. Ní choiscfidh aon fhoráil sa Teideal seo ar Pháirtí fionraí na sochar atá údaraithe ag Comhlacht um Réiteach Díospóidí EDT a chur i bhfeidhm. Ní dhéanfar Comhaontú EDT a agairt chun cosc a chur ar Pháirtí sochair a chur ar fionraí i gcomhréir leis an Teideal seo.

AIRTEAGAL 320

Teorainneacha ama

1. Aon teorainn ama a bhunaítear sa Teideal seo, lena n-áirítear na teorainneacha ama do na painéil eadrána chun fógra a thabhairt faoina rialuithe, comhairfear í ón gcéad lá tar éis an ghnímh nó an fhórais dá dtagraíonn siad.

2. Féadfar síneadh a chur le haon teorainn ama dá dtagraítear sa Teideal seo trí chomhaontú frithpháirteach na bpáirtithe sa díospóid.

AIRTEAGAL 321

Modhnú ar na Rialacha Nós Imeachta agus ar an gCód Iompair

Féadfaidh an Chomhairle um Thrádáil na Rialacha Nós Imeachta agus an Cód Iompair a mhodhnú.

AIRTEAGAL 322

Sásra Idirghabhála

De bhun Iarscríbhinn XIV (Sásra Idirghabhála le haghaidh Bearta Neamhtharaife) féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh ar Pháirtí eile tabhairt faoi nós imeachta idirghabhála maidir le haon bheart neamhtharaife de chuid an Pháirtí iarrtha a bhaineann le haon ábhar a thagann faoi Theideal III (Trádáil in Earraí) a mheasann an Páirtí iarrthach a dhéanann dochar do thrádáil.

AIRTEAGAL 323

Cabhair, Idir-réiteach agus Idirghabháil

1. D'ainneoin Airteagal 322, féadfaidh na Páirtithe aontú tráth ar bith, mar mhodh malartach chun díospóidí a réiteach, cabhair, idir-réiteach nó idirghabháil a ghabháil de láimh.
2. Seolfar na modhanna malartacha réitigh díospóide dá dtagraítear i mír 1 de réir nósanna imeachta arna gcomhaontú ag na Páirtithe lena mbaineann.
3. Imeachtaí a bhunaítear faoin Airteagal seo, féadfaidh siad tús a chur le himeachtaí tráth ar bith agus iad a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh tráth ar bith ag aon cheann de na Páirtithe lena mbaineann.
4. Tá imeachtaí faoin Airteagal seo faoi rún agus gan dochar do chearta na bPáirtithe a bhfuil baint acu le haon imeachtaí eile.

TEIDEAL XIII

CÚNAMH TEICNIÚIL AGUS FOTHÚ ACMHAINNÍ A BHAINNEANN LE TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 324

Cuspóirí

1. Comhaontaíonn na Páirtithe comhar a neartú a rannchuidíonn le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus an leas is fearr is féidir a bhaint as d'fhonn a thorthaí a bharrfheabhsú, deiseanna a leathnú agus na tairbhí is mó a bhaint amach do na Páirtithe. Forbrófar an comhar sin laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúideach lena rialaítear an caidreamh comhair idir na Páirtithe, a bhfuil sé ar cheann dá phríomhchuspóirí borradh a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch inbhuanaithe lena gcumasaítear leibhéil níos airde comhtháthaithe shóisialta a bhaint amach agus, go háirithe, an bhochtaineacht a laghdú.
2. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, comhaontaíonn na Páirtithe tábhacht ar leith a leagan ar thionscnaimh chomhair atá dírithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) deiseanna nua trádála agus infheistíochta a fheabhsú agus a chruthú, iomaíochas agus nuálaíocht a chothú, chomh maith le nuachóiriú a dhéanamh ar tháirgeadh, ar éascú trádála agus ar aistriú teicneolaíochta;

- (b) forbairt micrifhiontar agus FBManna a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an trádáil mar uirlis chun an bhochtaineacht a laghdú;
- (c) trádáil chóir agus chothrom a chur chun cinn, agus rochtain ar thairbhí an Chomhaontaithe seo á héascú do gach earnáil táirgthe, na cinn is laige go háirithe;
- (d) acmhainneachtaí tráchtála agus institiúideacha sa réimse sin a neartú, chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as; agus
- (e) aghaidh a thabhairt ar riachtanais an chomhair arna sainaithint i gcodanna eile den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 325

Raon feidhme agus Modhanna

1. Déanfar comhar trí bhíthin ionstraimí, acmhainní agus sásraí atá ar fáil do na Páirtithe chuige sin, de réir na rialacha agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm, agus trí chomhlachtaí gach Páirtí atá inniúil chun caidreamh comhair a fhorghníomhú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le comhar a bhaineann le trádáil.

2. De bhun mhír 1, féadfaidh na Páirtithe úsáid a bhaint as ionstraimí amhail faisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú, cúnamh teicniúil agus airgeadais, agus tionscadail a shainaithint, a fhorbairt agus a chur chun feidhme go comhpháirteach, i measc nithe eile.

AIRTEAGAL 326

Feidhmeanna an Choiste um Thrádáil maidir le Comhar faoin Teideal seo

1. Leagfaidh na Páirtithe béim ar leith ar obair leantach a dhéanamh ar na bearta comhair a cuireadh i bhfeidhm chun rannchuidiú leis an bhforghníomhú barrmhaith agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tairbhí an Chomhaontaithe seo.
2. Déanfaidh an Coiste um Thrádáil obair leantach agus, i gcás inarb iomchuí, tabharfaidh sé spreagadh agus treoir maidir le príomhghnéithe an chomhair faoi chuimsiú na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 324 míreanna 1 agus 2.
3. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil moltaí a chur faoi bhráid chomhlachtaí inniúla gach Páirtí atá freagrach as an gcomhar a chlársceidealú agus a fhorghníomhú.

TEIDEAL XIV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 327

Iarscríbhinní, Foscríbhinní, Dearbhuithe agus Fonótaí

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad na harscríbhinní, na foscríbhinní, na dearbhuithe agus na fonótaí a ghabhann leis.

AIRTEAGAL 328

Aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach

1. Tabharfaidh Páirt AE fógra don na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí faoi aon iarraidh ar aontachas tríú tír leis an Aontas.
2. Le linn na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an tír is iarrthóir atá ag lorg aontachais leis an Aontas Eorpach, déanfaidh an Páirtí AE an méid seo a leanas:
 - (a) aon fhaisnéis maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a sholáthar, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin do Thír Aindéach is sínitheoir; agus

(b) aon ábhar imní arna chur in iúl ag na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí a chur san áireamh.

3. Tabharfaidh Páirt AE fógra do na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí faoi theacht i bhfeidhm an aon aontachais leis an Aontas Eorpach.

4. Faoi chuimsiú an Choiste um Thrádáil, agus in am trátha roimh dháta aontachais tríú tír leis an Aontas Eorpach, scrúdóidh Páirtí AE agus na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí aon éifeachtaí a bheidh ag an aontachas sin ar an gComhaontú seo. Déanfaidh an Chomhairle um Thrádáil cinneadh maidir le haon bhearta coigeartaithe nó aistrithe is gá.

AIRTEAGAL 329

Aontachas Balltíortha eile de Chomhphobal na nAindéas leis an gComhaontú seo

1. Aon Bhalltír de Chomhphobal na nAindéas nach Páirtí sa Chomhaontú seo í ar dháta a theacht i bhfeidhm idir Páirtí AE agus ceann amháin ar a laghad de Thíortha sínitheacha na nAindéas (dá ngairtear ‘an Tír Aindéach is iarrthóir’ anseo feasta), féadfaidh sí aontú don Chomhaontú seo de bhun na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta a bhunaítear san Airteagal seo.

2. Déanfaidh Páirtí AE coinníollacha a aontachais leis an gComhaontú seo a chaibidil leis an Tír Aindéach is iarrthóir. I gcomhthéacs na caibidlíochta sin, beidh sé d'aidhm ag Páirtí AE sláine an Chomhaontaithe seo a chaomhnú, agus teorainn a chur le haon solúbthacht do chaibidlíocht liostaí na lamháltas frithpháirteach a chomhfhreagraíonn d'Iarscríbhinní I (Sceidil um Dhíothú Taraife), VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) agus VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Seirbhísí Trasteorann) agus d'aon ghné a raibh gá le solúbthacht den sórt sin ina leith le haghaidh aontachas tír iarrthach na nAindéas. Tabharfaidh Páirtí AE fógra don Choiste um Thrádáil faoi thabhairt i gcrích na gcaibidlíochtaí sin chun críocha na gcomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3.

3. Rachaidh Páirtí AE i gcomhairle leis na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí laistigh den Choiste um Thrádáil maidir le haon toradh ar an gcaibidlíocht aontachais le Tír Aindéach is iarrthóir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chearta nó d'oibleagáidí na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí. Arna iarraidh sin d'aon Pháirtí, déanfaidh an Coiste um Thrádáil athbhreithniú ar éifeachtaí aontachas Tíre Aindéí is iarrthóir leis an gComhaontú seo agus déanfaidh sé cinneadh maidir le haon bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

4. Tiocfaidh aontachas Tíre Aindéí is iarrthóir in éifeacht trí phrótacal aontachais a thabhairt i gcrích, prótacal a dhéanfaidh an Coiste um Thrádáil⁸⁹ a fhormheas roimh ré. Tabharfaidh na Páirtithe faoi na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh an prótacal sin i bhfeidhm.

⁸⁹ D'ainneoin na míre seo, tuigeann na Páirtithe go ndéanfar na liostaí lamháltas a leagtar amach in Iarscríbhinní I (Sceidil um Dhíothú Taraife), VII (Liosta na nGealltanais maidir le Bunaíocht) agus VIII (Liosta na nGealltanais maidir le Soláthar Seirbhísí Trasteorann) a eascraíonn as an gcaibidlíocht idir Páirtí AE agus an Tír Aindéach is iarrthóir, a ionchorprú sa phrótacal aontachais gan formheas an Choiste um Thrádáil a bheith de dhíth orthu.

5. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm idir an Tír Aindéach is iarrthóir agus gach Páirtí ar an gcéad lá den mhí tar éis don Taiscí an fógra deireanach a fháil ón Tír Aindéach is iarrthóir agus ón bPáirtí comhfhreagrach maidir le cur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh an prótacal aontachais i bhfeidhm. Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach freisin má fhoráiltear amhlaidh sa phrótacal aontachais.

6. Más rud é, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo idir Páirtí AE agus Tír Aindéach amháin ar a laghad is sínitheoir, agus go bhfuil Balltír de Chomhphobal na nAindéas a bhí rannpháirteach i nglacadh théacs an Chomhaontaithe seo agus nár shínigh é, beidh an tír sin i dteideal é a shíniú agus ní mheasfar gur Tír Aindéach is iarrthóir í faoi mhír 1.

AIRTEAGAL 330

Teacht i bhFeidhm

1. Tabharfaidh gach Páirtí fógra i scríbhinn do gach Páirtí eile agus don Taiscí dá dtagraítear in Airteagal 332 go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo curtha i gcrích aige.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm idir Páirtí AE agus gach Tír Aindéach is sínitheoir ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an Taiscí an fógra deireanach dá bhforáiltear i mír 1 a chomhfhreagraíonn do Pháirtí AE agus don Tír Aindéach is sínitheoir, mura rud é gur chomhaontaigh na Páirtithe lena mbaineann ar dháta eile.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach go sealadach. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Taiscí agus do gach Páirtí eile maidir le cur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach. Cuirfear tús le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo idir Páirtí AE agus an Tír Aindéach is sínitheoir ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a bhfaighidh an Taiscí an fógra deireanach ón bPáirtí AE agus ón Tír Aindéach sin is sínitheoir.

4. Más rud é, i gcomhréir le mír 3, go gcuirfidh na Páirtithe foráil den Chomhaontú seo i bhfeidhm fad a bheidh teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar feitheamh, le haon tagairt san fhoráil sin do dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tuigfear go dtagraítear don dáta óna gcomhaontaíonn na Páirtithe an fhoráil sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 3.

AIRTEAGAL 331

Fad agus Tarraingt Siar

1. Beidh an Comhaontú seo bailí go ceann tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh aon Pháirtí tarraingt siar ón gComhaontú seo trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do gach Páirtí eile agus don Taiscí. Tiocfaidh an tarraingt siar sin in éifeacht 6 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an Taiscí an fógra sin.

3. D'ainneoin mhír 2, nuair a tharraingíonn tír Aindéacha is sínitheoirí siar ón gComhaontú seo, leanfaidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm idir Páirtí AE agus na Tíortha Aindéacha eile is sínitheoirí. Foirceannfar an Comhaontú seo i gcás ina dtarraingeoidh Páirtí AE siar é.

AIRTEAGAL 332

Taiscí

Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh a ghníomhóidh mar thaiscí an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 333

Modhnuithe ar Chomhaontú EDT

Tuigeann na Páirtithe go bhfuil aon fhoráil de Chomhaontú EDT atá ionchorpraithe sa Chomhaontú seo ionchorpraithe in éineacht le haon leasuithe a bheidh tagtha i bhfeidhm an tráth a chuirtear an fhoráil sin i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 334

Leasuithe

1. Féadfaidh na Páirtithe comhaontú i scríbhinn le haon leasú ar an gComhaontú seo.
2. Tiocfaidh aon leasú i bhfeidhm agus beidh sé ina chuid dhílis den Chomhaontú seo de réir na gcoinníollacha a bhunaítear in Airteagal 330, *mutatis mutandis*.
3. Féadfaidh na Páirtithe na gealltanais a gabhadh de láimh sa Chomhaontú seo a fhorbairt a thuilleadh, nó a raon feidhme a leathnú, trí chomhaontú maidir le leasuithe ar an gComhaontú seo nó trí chomhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le hearnálacha nó gníomhaíochtaí sonracha, agus an taithí a fuarthas le linn a chur chun feidhme á cur san áireamh.

AIRTEAGAL 335

Forchoimeádais

Leis an gComhaontú seo, ní cheadaítear forchoimeádais de réir bhrí Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.

AIRTEAGAL 336

Ceartha agus Oibleagáidí faoin gComhaontú seo

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena dtugtar ceartha do dhaoine ná lena bhforchuirtear oibleagáidí orthu, seachas na arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 337

Téacsanna barántúla

Tarraingítear an Comhaontú seo suas i dtrí chóip sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, tSualainnis, agus san Ungáiris agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

DÁ FHIANÚ SIN shínigh na daoine thíos-sínithe, agus iad údaraithe go cuí, an Comhaontú seo.

ARNA DHÉANAMH i dtrí chóip in/sa [...], an [...] de mhí [...] 2012